Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/403 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Márta 2021

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(IO L 113, 31.3.2021, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/619 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021	L 131	72	16.4.2021
►M2	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1329 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021	L 288	48	11.8.2021
►M3	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/37 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2022	L 8	92	13.1.2022
►M4	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/55 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2021	L 10	4	17.1.2022

▼B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/403 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Márta 2021

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429 agus maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla bunaithe ar Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán (AE) 2017/625 agus maidir leis na deimhnithe a bhfuil gá leo chun teacht isteach san Aontas ([1]) a eisiúint agus a athsholáthar, gluaiseachtaí coinsíneachtaí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha (a ngairfear "na deimhnithe" díobh uile le chéile anseo feasta) laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit.

2. Bunaítear leis an Rialachán seo deimhnithe caighdeánacha, i bhfoirm deimhnithe sláinte ainmhithe nó deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla:

(a) maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí i gcatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha idir na Ballstáit (Iarscríbhinn I); agus

(b) maidir le coinsíneachtaí i gcatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha a thabhairt isteach san Aontas (Iarscríbhinn II).

3. Leis an Rialachán seo, bunaítear dearbhuithe caighdeánacha a ghabhann le deimhnithe sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí laistigh den Aontas agus catagóirí áirithe ainmhithe talún a thabhairt isteach san Aontas (Iarscríbhinn III).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "bunaíocht táirgí geirmeacha atá cláraithe" bunaíocht táirgí geirmeacha mar de réir an tsainmhínithe i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

([1]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do "Aontas" leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

▼B

(2) ciallaíonn “bunaíocht táirgí geirmeacha atá formheasta” bunaíocht táirgí geirmeacha mar de réir an tsainmhínithe i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(3) ciallaíonn “seamhan” seamhan de réir an tsainmhínithe i bpointe (14) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(4) ciallaíonn “úicítí” úicítí de réir an tsainmhínithe i bpointe (15) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(5) ciallaíonn “suth” suth de réir an tsainmhínithe i bpointe (16) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(6) ciallaíonn “lárionad bailithe seamhain” bunaíocht táirgí geirmeacha mar de réir an tsainmhínithe i bpointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(7) ciallaíonn “foireann bhailithe suthanna” bunaíocht táirgí geirmeacha mar de réir an tsainmhínithe i bpointe (12) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(8) ciallaíonn “foireann táirgthe suthanna” bunaíocht táirgí geirmeacha mar de réir an tsainmhínithe i bpointe (13) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(9) ciallaíonn “bunaíocht próiseála táirgí geirmeacha” bunaíocht táirgí geirmeacha mar de réir an tsainmhínithe i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(10) ciallaíonn “lárionad stórála táirgí geirmeacha” bunaíocht táirgí geirmeacha mar de réir an tsainmhínithe i bpointe (19) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(11) ciallaíonn “bó-ainmhí” bó-ainmhí de réir an tsainmhínithe i bpointe (5) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(12) ciallaíonn “ainmhí den chineál caorach” ainmhí den chineál caorach de réir an tsainmhínithe i bpointe (6) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(13) ciallaíonn “ainmhí den chineál gabhair” ainmhí den chineál gabhair de réir an tsainmhínithe i bpointe (7) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(14) ciallaíonn “each-ainmhí” each-ainmhí de réir an tsainmhínithe i bpointe (9) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(15) ciallaíonn “ainmhí den chineál camaill” ainmhí den chineál camaill de réir an tsainmhínithe i bpointe (10) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(16) ciallaíonn “ainmhí den chineál fia” ainmhí den chineál fia de réir an tsainmhínithe i bpointe (11) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(17) ciallaíonn “each-ainmhí cláraithe” each-ainmhí cláraithe de réir an tsainmhínithe i bpointe (12) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(18) ciallaíonn “sicíní lae” sicíní lae de réir an tsainmhínithe i bpointe (19) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(19) ciallaíonn “uibheacha atá saor ó phataiginí sonracha” uibheacha goir de réir an tsainmhínithe i bpointe (26) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(20) ciallaíonn “beach mheala” ainmhí de réir an tsainmhínithe i bpointe (20) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(21) ciallaíonn “bumbóg” ainmhí de réir an tsainmhínithe i bpointe (21) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

▼B

(22) ciallaíonn “uimhir formheasa uathúil” uimhir de réir an tsainmhínithe i bpointe (25) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Airteagal 3

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla maidir le coinsíneachtaí d’ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha a chomhlánú

1. Deimhnithe maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí d’ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha idir na Ballstáit, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh tréidlia oifigiúil iad a chomhlánú go cuí mar a leagtar síos sna nótaí míniúcháin dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

2. Deimhnithe maidir le coinsíneachtaí d’ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha a thabhairt isteach san Aontas, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh tréidlia oifigiúil iad a chomhlánú go cuí mar a leagtar síos sna nótaí míniúcháin dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

3. Soláthróidh na hoibreoirí atá freagrach as coinsíneachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 an fhaisnéis don údarás inniúil faoi na coinsíneachtaí sin mar a thuairiscítear iad i gCuid I de na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II faoi seach.

Airteagal 4

Ceanglais le haghaidh deimhnithe maidir le hainmhithe talún agus táirgí geirmeacha

1. Déanfaidh an tréidlia oifigiúil deimhnithe maidir le coinsíneachtaí d’ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a chomhlánú i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh síniú an tréidlia oifigiúil agus an stampa oifigiúil ar an deimhniú; an síniú agus an stampa, seachas stampa cabhartha nó stampa comhartha uisce, ní ceadmhach iad a bheith ar aon dath leis an gcló;

(b) i gcás ina mbeidh ráitis iomadúla nó ráitis mhalartacha sa deimhniú, ní mór don tréidlia oifigiúil líne a chur tríd na ráitis nach bhfuil ábhartha, a inisealacha a chur léi agus í a stampáil, na ráitis sin a bhaint as an deimhniú ina n-iomláine;

(c) ní mór ceann amháin díobh seo a leanas a bheith sa deimhniú:

(i) leathanach amháin páipéir;

(ii) roinnt leathanach páipéir agus iad go léir doroinnte agus an t-iomlán acu comhtháite le chéile;

(iii) seicheamh leathanach agus gach leathanach uimhrithe chun a chur in iúl gur leathanach áirithe é i seicheamh teoranta;

(d) i gcás ina mbeidh an deimhniú comhdhéanta de sheicheamh leathanach dá dtagraítear i bpointe (c)(iii) den mhír seo, ní mór an cód uathúil dá dtagraítear in Airteagal 89(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/625, síniú an tréidlia oifigiúil agus an stampa oifigiúil a bheith ar gach leathanach;

▼B

(e) i gcás deimhnithe maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí idir na Ballstáit, ní mór an deimhniú a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sí an ceann scríbe san Aontas;

(f) i gcás deimhnithe maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ní mór an deimhniú a thíolacadh d'údarás inniúil an phoist rialaithe teorann ag an mbealach isteach san Aontas ina ndéanfar rialuithe oifigiúla ar an gcoinsíneacht;

(g) ní mór an deimhniú a eisiúint sula bhfágfaidh an choinsíneacht lena mbaineann dlínse an údaráis inniúil a eisíonn an deimhniú;

(h) i gcás deimhnithe maidir le teacht isteach san Aontas, ní mór an deimhniú a dhréachtú i dteanga oifigiúil Bhallstát an phoist rialaithe teorann ar an mbealach isteach san Aontas agus an choinsíneacht á tabhairt isteach san Aontas nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit sin.

2. De mhaolú ar phointe (h) de mhír 1, féadfaidh Ballstát toiliú leis go ndréachtófar deimhnithe i gceann eile de theangacha oifigiúla an Aontais, agus, más gá, aistriúchán fíordheimhnithe ag gabháil leo.

3. Níl feidhm ag pointí (a) go (e) de mhír 1 maidir le deimhnithe leictreonacha arna n-eisiúint i gcomhréir le ceanglais Airteagal 39(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

4. Ní bheidh feidhm ag pointí (b), (c) agus (d) de mhír 1 maidir le deimhnithe arna n-eisiúint i bpáipéar agus arna gcomhlánú agus arna bpriontáil ó TRACES.

Airteagal 5

Deimhnithe maidir le hainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a athsholáthar

1. Ní eiseoidh na húdaráis inniúla deimhniú athsholáthair maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha ach amháin i gcás ina mbeidh earráidí riaracháin sa chéad deimhniú nó i gcás ina ndearnadh damáiste don deimhniú tosaigh nó inar cailleadh é.

2. Sa deimhniú athsholáthair, ní mhodhnóidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis a bheidh sa chéad deimhniú maidir leis an gcoinsíneacht a shainaithint, maidir lena hinrianaitheacht agus maidir leis na ráthaíochtaí dá bhforáiltear maidir leis an gcoinsíneacht sa deimhniú tosaigh.

3. Sa deimhniú athsholáthair, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) déanfar tagairt shoiléir don chód uathúil dá dtagraítear in Airteagal 89(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/625 agus do dháta eisiúna an deimhnithe tosaigh, agus luafar go soiléir go gcuirfear é in ionad an deimhnithe tosaigh;

(b) luafaidh sé uimhir dheimhnithe nua nach ionann agus uimhir an chéad deimhnithe;

(c) luafaidh sé a dháta eisiúna féin, nach ionann agus dáta eisiúna an chéad deimhnithe;

(d) táirgfidh sé bundoiciméad a eiseofar i bpáipéar, ach amháin i gcás deimhnithe athsholáthair leictreonacha a chuirtear isteach in TRACES.

4. I gcás ina dtiocfaidh coinsíneachtaí isteach san Aontas, féadfaidh údarás inniúil an phoist rialaithe teorann ar an mbealach isteach staonadh ó iarraidh ar an oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht deimhniú athsholáthair a sholáthar nuair a tháinig athrú ar fhaisnéis faoin gcoinsíní, faoin allmhaireoir, faoin bpost rialaithe teorann ar an

▼B

mbealach isteach san Aontas nó faoi na modhanna iompair tar éis don deimhniú a bheith eisithe agus nuair is é an t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht a sholáthraíonn an fhaisnéis nua sin.

Airteagal 6

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí catagóirí áirithecrúbach idir na Ballstáit

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) a úsáidfear le haghaidh gluaiseachtaí catagóirí áirithe crúbach idir na Ballstáit ag freagairt do cheann de na samhlacha seo a leanas, de réir an speicis lena mbaineann:

(a) BOV-INTRA-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 1 d'Iarscríbhinn I, maidir le bó-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(b) BOV-INTRA-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I, maidir le bó-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(c) POR-INTRA-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn I, maidir le muc-ainmhithe nach a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(d) POR-INTRA-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I, maidir le muc-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(e) OV/CAP-INTRA-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 5 d'Iarscríbhinn I, maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(f) OV/CAP-INTRA-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 6 d'Iarscríbhinn I, maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(g) EQUI-INTRA-IND arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 7 d'Iarscríbhinn I, maidir le heach-ainmhí aonair nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(h) EQUI-INTRA-CON arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 8 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneacht each-ainmhithe;

(i) CAM-INTRA-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 9 d'Iarscríbhinn I, maidir le hainmhithe den chineál camaill nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(j) CAM-INTRA-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 10 d'Iarscríbhinn I, maidir le hainmhithe den chineál camaill a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(k) CER-INTRA-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 11 d'Iarscríbhinn I, maidir le hainmhithe den chineál fia nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(l) CER-INTRA-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 12 d'Iarscríbhinn I, maidir le hainmhithe den chineál fia a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(m) OTHER-UNGULATES-INTRA-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 13 d'Iarscríbhinn I, maidir le crúbaigh ar coimeád, seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair, muc-ainmhithe, each-ainmhithe, ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia, nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

▼B

(n) OTHER-UNGULATES-INTRA-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 14 d'Iarscríbhinn I, maidir le crúbaigh ar coimeád seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair, muc-ainmhithe, each-ainmhithe, ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a bhfuil sé beartaithe iad a mharú.

Airteagal 7

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe/oifigiúla maidir legluaiseachtaí catagóirí áirithe éan agus gluaiseachtaí a dtáirgí geirmeacha idir na Ballstáit

Na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) a úsáidfear le haghaidh gluaiseachtaí catagóirí áirithe éan agus ghluaiseachtaí a dtáirgí geirmeacha idir na Ballstáit, freagróidh siad do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir na gcatagóirí éan agus táirgí lena mbaineann:

(a) POU-INTRA-HEP arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 15 d'Iarscríbhinn I, maidir le huibheacha goir ó éanlaith chlóis;

(b) POU-INTRA-DOC arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 16 d'Iarscríbhinn I, maidir le sicíní lae;

(c) POU-INTRA-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 17 d'Iarscríbhinn I, maidir le héanlaith phórúcháin nó éanlaith chlóis tháirgiúil;

(d) POU-INTRA-LT20 arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 18 d'Iarscríbhinn I, maidir le níos lú ná 20 cloigeann éanlaithe seachas raitítigh nó níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh;

(e) POU-INTRAY-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 19 d'Iarscríbhinn I, maidir le héanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(f) POU-INTRA-SPF arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 20 d'Iarscríbhinn I, maidir le huibheacha sonraithe atá saor ó phataiginí;

(g) CAPTIVE-BIRDS-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 21 d'Iarscríbhinn I, maidir le héin i mbraighdeanas;

(h) HE-CAPTIVE-BIRDS-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 22 d'Iarscríbhinn I, maidir le huibheacha goir éan i mbraighdeanas.

Airteagal 8

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeachaó bhó-ainmhithe idir na Ballstáit

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) a úsáidfear le haghaidh gluaiseacht cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe idir na Ballstáit ag freagairt do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

▼B

(a) BOV-SEM-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 23 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneacht de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(b) BOV-SEM-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 24 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneacht de stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021, i gcomhréir le Treoir (AE) 88/407/CEE ([2]) ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ([3]) ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) BOV-SEM-C-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 25 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 de réir Threoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(d) BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 26 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneacht d'úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna;

(e) BOV-EMB-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 27 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneacht de stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle ([4]), arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na suthanna tar éis an 20 Aibreán 2021;

(f) BOV-GP-PROCESSING-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 28 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha:

— seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

([2]) Treoir 88/407/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1988 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le seamhan ainmhithe clóis den speiceas buaibheach a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus a allmhairiú (IO L 194, 22.7.1988, lch. 10).

([3]) Treoir 2003/43/CE ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena leasaítear Treoir 88/407/CEE lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le seamhan ainmhithe clóis den speiceas buaibheach a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus a allmhairiú (IO L 143, 11.6.2003, lch. 23.)

([4]) Treoir 89/556/CEE ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 1989 maidir le coinníollacha le haghaidh sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil laistigh den Chomhphobal agus allmhairiú ó thríú tíortha suthanna ainmhithe clóis den speiceas buaibheach.(IO L 302, 19.10.1989, lch. 1).

▼B

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle;

— úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú, nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021;

(g) BOV-GP-STORAGE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 29 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha :

— seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle;

— úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021.

Airteagal 9

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair idir na Ballstáit

Na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) a úsáidfear le haghaidh gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair idir na Ballstáit, beidh siad ag freagairt do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

▼B

(a) OV/CAP-SEM-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 30 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(b) OV/CAP-SEM-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 31 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil, agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) OV/CAP-SEM-C-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 32 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil de réir Threoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(d) OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 33 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(e) OV/CAP-OOCYTES-EMB-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 34 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(f) OV/CAP-OOCYTES-EMB-C-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 35 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(g) OV/CAP-GP-PROCESSING-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 36 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha :

— seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

▼B

— stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

— úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

(h) OV/CAP-GP-STORAGE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 37 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha:

— seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

— úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 1 Meán Fómhair 2010.

▼B

Airteagal 10

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe idir na Ballstáit

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) a úsáidfear le haghaidh gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe idir na Ballstáit ag freagairt do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

(a) POR-SEM-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 38 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(b) POR-SEM-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 39 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE ([5]) roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) POR-OOCYTES-EMB-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 40 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(d) POR-OOCYTES-EMB-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 41 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil de réir Threoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna;

(e) POR-OOCYTES-EMB-C-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 42 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(f) POR-GP-PROCESSING-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 43 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha :

([5]) Treoir 90/429/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le seamhan ainmhithe clóis den speiceas mucach a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus a allmhairiú (IO L 224, 18.8.1990, lch. 62).

▼B

— seamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021;

— úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil nó arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

(g) POR-GP-STORAGE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 44 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha:

— seamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021;

— úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010.

Airteagal 11

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe idir na Ballstáit

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) a úsáidfear le haghaidh gluaiseachtaí cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe idir na Ballstáit ag freagairt do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

▼B

(a) EQUI-SEM-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 45 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(b) EQUI-SEM-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 46 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) EQUI-SEM-C-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 47 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(d) EQUI-SEM-D-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 48 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(e) EQUI-OCCYTES-EMB-A-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 49 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(f) EQUI-OOCYTES-EMB-B-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 50 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(g) EQUI-OOCYTES-EMB-C-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 51 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(h) EQUI-OOCYTES-EMB-D-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 52 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna tar éis an 20 Aibreán 2021 a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

▼B

(i) EQUI-GP-PROCESSING-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 53 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha:

— seamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

— úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

(j) EQUI-GP-STORAGE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 54 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha:

— seamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mhailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014;

▼B

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

— úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010.

Airteagal 12

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí catagóirí áirithe beach idir na Ballstáit

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) a úsáidfear le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit i gcás catagóirí áirithe beach ag freagairt do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir an speicis lena mbaineann:

(a) HBEE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 55 d'Iarscríbhinn I, maidir le beacha meala;

(b) QUE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 56 d'Iarscríbhinn I, maidir le beacha meala atá faoi mhaolú;

(c) BBEE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 57 d'Iarscríbhinn I, maidir le bumbóga.

Airteagal 13

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus dearbhuithe caighdeánachamaidir le gluaiseachtaí áirithe ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha idir na Ballstáit

Na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) agus na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a úsáidfear le haghaidh gluaiseachtaí catagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha idir na Ballstáit, beidh siad ag freagairt do cheann de na samhlacha seo a leanas, de réir na speiceas agus na gcatagóirí táirgí lena mbaineann:

(a) CONFINED-LIVE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 58 d'Iarscríbhinn I maidir le hainmhithe talún a aistrítear idir bunaíochtaí teoranta;

▼B

(b) CONFINED-PRIMATE-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 59 d'Iarscríbhinn I, maidir le príomhaigh arna n-aistriú isteach i mbunaíocht theoranta;

(c) GP-CONFINED-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 60 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneacht de sheamhan, úicítí agus suthanna ainmhithe talún arna gcoinneáil i mbunaíocht theoranta agus arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ;

(d) CANIS-FELIS-FERRETS-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 61 d'Iarscríbhinn I, maidir le madraí, cait agus firéid;

(e) GP-CANIS-FELIS-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 62 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneacht de sheamhan, úicítí agus suthanna madraí (*Canis lupus familiaris*) agus cat (*Felis silvestris catus*) arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

(f) OTHCARN-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 63 d'Iarscríbhinn I, maidir le feoiliteoirí eile;

(g) WILD-ANIMALS-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 64 d'Iarscríbhinn I, maidir le hainmhithe talún fiáine;

(h) GP-CAM-CER-INTRA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 65 d'Iarscríbhinn I, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan, úicítí agus suthanna ainmhithe den fhine Camelidae agus den fhine Cervidae arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.

Airteagal 14

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla chun catagóirí áirithe crúbach a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun catagóirí áirithe beach a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir an speicis lena mbaineann:

(a) BOV-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 1 d'Iarscríbhinn II, maidir le bó-ainmhithe;

(b) BOV-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn II, maidir le bó-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(c) BOV-X-TRANSIT-RU i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn II, maidir le bó-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a iompar ó réigiún Kaliningrad go réigiúin eile na Rúise trí chríoch na Liotuáine;

▼B

(d) OV/CAP-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;

(e) OV/CAP-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 5 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(f) SUI-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 6 d'Iarscríbhinn II, maidir le muc-ainmhithe agus ainmhithe den fhine Tayassuidae;

(g) SUI-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 7 d'Iarscríbhinn II, maidir le muc-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(h) RUM arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 8 d'Iarscríbhinn II maidir le hainmhithe den fhine Antilocapridae, ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair), ainmhithe den fhine Giraffidae, ainmhithe den fhine Moschidae agus ainmhithe den fhine Tragulidae;

(i) RHINO arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 9 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe den fhine Tapiridae, den fhine Rhinocerotidae agus den fhine Elephantidae;

(j) HIPPO arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 10 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe den fhine Hippopotamidae;

(k) CAM-CER arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 11 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia;

▼M4

(l) ENTRY-EVENTS arna ndréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 12 d'Iarscríbhinn II, le haghaidh crúbacha áirithe ar de thionscnamh an Aontais iad a theacht isteach san Aontas, crúbacha a aistrítear chuig tríú tír nó chuig críoch chun bheith rannpháirteach in imeachtaí, taispeántais, léirithe agus seónna, agus a aistrítear ar ais go dtí an tAontas ina dhiaidh sin.

▼B

Airteagal 15

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúla agus dearbhuithe maidir le catagóirí áirithe each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) agus na dearbhuithe a ghabhann le deimhnithe sláinte ainmhithe nó deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a úsáidfear chun catagóirí áirithe each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas nó a iompar tríd an Aontas ag freagairt do cheann de na samhlacha seo a leanas, de réir na ngluaiseachtaí lena mbaineann:

(a) EQUI-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 12 d'Iarscríbhinn II, maidir le heach-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú a thabhairt isteach san Aontas;

(b) EQUI-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 13 d'Iarscríbhinn II, maidir le heach-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú a thabhairt isteach san Aontas;

(c) EQUI-TRANSIT-X arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 14 d'Iarscríbhinn II, maidir le heach-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú a iompar tríd an Aontas;

▼B

(d) EQUI-TRANSIT-Y arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 15 d'Iarscríbhinn II, maidir le heachainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú a iompar tríd an Aontas;

(e) EQUI-RE-ENTRY-30 arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 16 d'Iarscríbhinn II, maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh rásaíochta, iomaíochta agus imeachtaí cultúrtha tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá;

(f) EQUI-RE-ENTRY-90-COMP arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 17 d'Iarscríbhinn II, maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá chun gur féidir leo páirt a ghlacadh in imeachtaí eachaíochta arna n-eagrú faoi choimirce an Fédération Equestre Internationale (FEI);

(g) EQUI-RE-ENTRY-90-COMP arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 18 d'Iarscríbhinn II, maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá chun gur féidir leo páirt a ghlacadh in imeachtaí rásaíochta ar leith san Astráil, i gCeanada, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i Hong Cong, sa tSeapáin, i Singeapór, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha nó i gCatar.

Airteagal 16

Deimhnithe sláinte ainmhithe maidir le crúbaigh a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun crúbaigh a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann de na samhlacha seo a leanas, de réir an speicis lena mbaineann:

(a) CONFINED-RUM arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i Roinn 2 de Chaibidil 19 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe a liostaítear i Roinn 1 den Chaibidil sin agus ar de thionscnamh bunaíochta teoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil sa bhunaíocht theoranta sin;

(b) CONFINED-SUI arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i Roinn 2 de Chaibidil 20 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe a liostaítear i Roinn 1 den Chaibidil sin agus ar de thionscnamh bunaíochta teoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil sa bhunaíocht theoranta sin;

(c) CONFINED-TRE arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i Roinn 2 de Chaibidil 21 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe a liostaítear i Roinn 1 den Chaibidil sin agus ar de thionscnamh bunaíochta teoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil sa bhunaíocht theoranta sin;

(d) CONFINED-HIPPO arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 22 d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe den fhine Hippopotamidae ar de thionscnamh bunaíocht theoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta.

▼B

Airteagal 17

Deimhnithe sláinte ainmhithe agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha maidir le catagóirí áirithe éan agus a dtáirgí geirmeacha a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun catagóirí áirithe éan agus a dtáirgí geirmeacha a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann de na samhlacha seo a leanas, de réir na gcatagóirí éan agus táirgí geirmeacha lena mbaineann maidir leo:

(a) BPP arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 23 d'Iarscríbhinn II, maidir le héanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh;

(b) BPR arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 24 d'Iarscríbhinn II, maidir le raitítigh phórúcháin nó raitítigh tháirgiúla;

(c) DOC arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 25 d'Iarscríbhinn II, maidir le sicíní lae seachas raitítigh;

(d) DOR arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 26 d'Iarscríbhinn II, maidir le sicíní lae raitíteach;

(e) HEP arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 27 d'Iarscríbhinn II, maidir le huibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh;

(f) HER arna dhréachtú thairis sin i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 28 d'Iarscríbhinn II, maidir le huibheacha goir raitíteach;

(g) SPF arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 29 d'Iarscríbhinn II, maidir le huibheacha sonraithe a bheidh saor ó phataiginí;

(h) SP arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 30 d'Iarscríbhinn II, maidir le héanlaith chlóis bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh;

(i) SR arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 31 d'Iarscríbhinn II, maidir le raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

(j) POU-LT20 arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 32 d'Iarscríbhinn II, maidir le níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh;

(k) HE-LT20 arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 33 d'Iarscríbhinn II, maidir le níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh;

▼M3

(l) CAPTIVE-BIRDS, seachas colúir rásaíochta, arna dhréachtú i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 34 d'Iarscríbhinn II, maidir le héin i mbraighdeanas, seachas colúir rásaíochta arna scaoileadh láithreach tar éis a dteacht isteach san Aontas;

(m) RACING PIGEONS-IMMEDIATE RELEASE arna dhréachtú i gcomhréir le Caibidil 34a d'Iarscríbhinn II, maidir le colúir rásaíochta arna scaoileadh láithreach tar éis a dteacht isteach san Aontas;

(n) HE-CAPTIVE-BIRDS arna dhréachtú i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 35 d'Iarscríbhinn II, maidir le huibheacha goir ó éin i mbraighdeanas.

▼B

Airteagal 18

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le catagóirí áirithe beach a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun catagóirí áirithe beach a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann amháin de na samhlacha seo a leanas, de réir an speicis lena mbaineann:

(a) QUE arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 36 d'Iarscríbhinn II, maidir le beacha meala banríon;

(b) BBEE arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 37 d'Iarscríbhinn II, maidir le bumbóga.

Airteagal 19

Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánacha chun madraí, cait agus firéid a thabhairt isteach san Aontas

Beidh an deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun madraí, cait agus firéid a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt don tsamhail CANIS-FELIS-FERRETS arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 38 d'Iarscríbhinn II.

Airteagal 20

Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann amháin de na deimhnithe caighdeánacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

(a) BOV-SEM-A-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 39 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(b) BOV-SEM-B-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 40 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 20 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE, arna leasú le Treoir 2003/43/CE, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) BOV-SEM-C-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 41 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ó lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

▼B

(d) BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 42 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(e) BOV-in vivo-EMB-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 43 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de shuthanna bó-ainmhithe díorthaithe *in vivo* arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe suthanna a bhailigh na suthanna;

(f) BOV-in vitro-EMB-C-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 44 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro*, arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil, agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle, arna nginiúint le seamhan a chomhlíonann ceanglais Threoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag foireann táirgthe suthanna a tháirg na suthanna;

(g) BOV-in vitro-EMB-D-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 45 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro*, arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle, arna nginiúint le seamhan ó ionaid bhailithe nó stórála seamhain atá formheasta ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann táirgthe suthanna a tháirg na suthanna;

(h) BOV-GP-PROCESSING arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 46 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha:

— seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle arna leasú le Treoir 93/60/CEE;

▼B

— úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú, nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe díorthaithe *in vivo* arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan a chomhlíonann ceanglais Threoir 88/407/CEE;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan ó ionaid bhailithe nó stórála seamhain arna bhformheas ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir;

(i) BOV-GP-STORAGE-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 47 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha:

— seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle;

— úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú, nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe díorthaithe *in vivo* arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan a chomhlíonann ceanglais Threoir 88/407/CEE;

▼B

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan ó ionaid bhailithe nó stórála seamhain arna bhformheas ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir.

Airteagal 21

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann amháin de na deimhnithe caighdeánacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

(a) OV/CAP-SEM-A-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 48 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(b) OV/CAP-SEM-B-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 49 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 50 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil nó arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(d) OV/CAP-OOCYTES-EMB-B-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 51 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna bhailiú nó a tháirgeadh;

(e) OV/CAP-GP-PROCEING-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 52 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha:

— seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

▼B

— stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021;

— úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021;

(f) OV/CAP-GP-STORAGE-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 53 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha:

— seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021;

— úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021.

Airteagal 22

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann amháin de na deimhnithe caighdeánacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

(a) POR-SEM-A-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 54 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

▼B

(b) POR-SEM-B-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 55 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan muc-ainmhithe a arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) POR-OOCYTES-EMB-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 56 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna ó mhuc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(d) POR-GP- PROCESSING arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 57 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha:

— seamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021;

— úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

(e) POR-GP-STORAGE-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 58 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha:

— seamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021;

— úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021.

Airteagal 23

Deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas

Beidh na deimhnithe sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun cineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas ag freagairt do cheann amháin de na deimhnithe caighdeánacha seo a leanas, de réir an chineáil táirgí lena mbaineann:

▼B

(a) EQUI-SEM-A-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 59 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de sheamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(b) EQUI-SEM-B-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 60 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(c) EQUI-SEM-C-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 61 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(d) EQUI-SEM-D-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 62 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan;

(e) EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 63 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(f) EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 64 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(g) EQUI-OOCYTES-EMB-C-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 65 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí de stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna rinne na húicítí nó na suthanna a bhailiú nó a tháirgeadh;

(h) EQUI-GP-PROCESSING-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 66 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí táirgí geirmeacha arna liostáil thíos arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht phróiseála táirgí geirmeacha:

▼B

— seamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

— úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014;

(i) EQUI-GP-STORAGE-ENTRY arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 67 d'Iarscríbhinn II, maidir le coinsíneachtaí táirgí geirmeacha arna liostáil thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha:

— seamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

— úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

▼B

— stoic d'úicítí agus de shuthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014.

Airteagal 24

Deimhniú caighdeánach maidir le táirgí geirmeachaó chatagóirí áirithe ainmhithe talún a thabhairt isteach san Aontas

An deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) a úsáidfear chun coinsíneachtaí de sheamhan, úicítí agus suthanna ainmhithe talún arna gcoinneáil i mbunaíocht theoranta arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a thabhairt isteach san Aontas, comhfhreagróidh sé don tsamhail GP-CONFINED-ENTRY arna dréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 68 d'Iarscríbhinn II.

Airteagal 25

Dearbhuithe oifigiúla caighdeánacha maidir le catagóirí áirithe ainmhithe talún a thabhairt isteach san Aontas

1. An dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a úsáidfear chun ainmhithe talún a thiocfaidh isteach san Aontas ar muir a iompar, beidh sé ag comhfhreagairt don aguisín caighdeánach AT-TERRE-SEA arna dhréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 1 d'Iarscríbhinn III agus comhlánóidh máistir an tsoithigh é.

2. An dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a úsáidfear le haghaidh trasloingsiú each-ainmhithe chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus in Airteagal 10(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún a chomhlíonadh, beidh sé ag teacht leis an tsamhail EQUI-TRANS arna dréachtú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Déanfar dearbhuithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a cheangal leis na deimhnithe sláinte ainmhithe nó na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla.

Airteagal 26

Aisghairmeacha

1. Aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE le héifeacht ón 21 Aibreán 2021.

2. Déanfar tagairtí don Chinneadh seo a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn IV.

▼M1

Airteagal 27

Forálacha idirthréimhseacha

▼M2

1. Coinsíneachtaí d'ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008 agus (AE) Uimh. 206/2010, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 agus (AE) 2018/659, Cinntí 2006/168/CE agus 2010/472/AE, agus i gcomhréir le Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/630/AE, 2012/137/AE agus (AE) 2019/294 freisin, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 15 Márta 2022 ar choinníoll go raibh an deimhniú sínithe ag an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíniú i gcomhréir leis na Rialacháin, leis na Rialacháin Chur Chun Feidhme, leis na Cinntí agus leis na Cinntí Cur Chun Feidhme sin roimh an 15 Eanáir 2022.

▼M1

2. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe crúbach a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoracha 64/432/CEE ([6]), 91/68/CEE ([7]), Treoir 92/65/CEE ón gComhairle agus Treoir 2009/156/CE ([8]) ón gComhairle, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

3. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe éan agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 2009/158/CE ([9]) ón gComhairle, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

4. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe táirgí geirmeacha ó bhóainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoracha 88/407/CEE agus 89/556/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

5. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

6. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhucainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoir 90/429/CEE agus i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

7. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó eachainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

([6]) IO 121, 29.7.1964, lch. 1977.
([7]) IO L 46, 19.2.1991, lch. 19.
([8]) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.
([9]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.

▼M1

8. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe beach a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 92/65/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

9. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha áirithe a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 92/65/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

10. Tagairtí d'fhorálacha de ghníomhartha aisghairthe sna deimhnithe, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha a cuireadh ina n-ionad agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil, i gcás inarb infheidhme.

▼B

Airteagal 28

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

Tá na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla seo a leanas maidir le gluaiseacht idir na Ballstáit in Iarscríbhinn I.

Samhail

Crúbacha	
BOV-INTRA-X	Caibidil 1: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht bó-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
BOV-INTRA-Y	Caibidil 2: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht bó-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
POR-INTRA-X	Caibidil 3: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht muc-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
POR-INTRA-Y	Caibidil 4: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht muc-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
OV/CAP-INTRA-X	Caibidil 5: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
OV/CAP-INTRA-Y	Caibidil 6: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
EQUI-INTRA-IND	Caibidil 7: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht each-ainmhí aonair nach bhfuil sé beartaithe é a mharú idir na Ballstáit
EQUI-INTRA-CON	Caibidil 8: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachta each-ainmhithe idir na Ballstáit
CAM-INTRA-X	Caibidil 9: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál camaill nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
CAM-INTRA-Y	Caibidil 10: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál camaill a bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
CER-INTRA-X	Caibidil 11: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál fia nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
CER-INTRA-Y	Caibidil 12: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál fia a bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
CRÚBAIGH-EILE-INTRA-X	Caibidil 13: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht crúbach ar coimeád seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair, muc-ainmhithe, each-ainmhithe, ainmhithe de chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
OTHER-UNGULATES-INTRA-Y	Caibidil 14: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht crúbach ar coimeád seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair, muc-ainmhithe, each-ainmhithe, ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
Éin agus táirgí geirmeacha díobh	
POU-INTRA-HEP	Caibidil 15: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le gluaiseacht uibheacha goir ó éanlaith chlóis idir na Ballstáit
POU-INTRA-DOC	Caibidil 16: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le gluaiseacht sicíní lae idir na Ballstáit
POU-INTRA-X	Caibidil 17: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le gluaiseacht éanlaith chlóis phórúcháin agus éanlaith chlóis tháirgiúil idir na Ballstáit

▼B

POU-INTRA-LT20	Caibidil 18: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le gluaiseacht níos lú ná 20 cloigeann éanlaith chlóis seachas raitítigh nó níos lú ná 20 ubh ghoir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh idir na Ballstáit
POU-INTRA-Y	Caibidil 19: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le gluaiseacht éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú idir na Ballstáit
POU-INTRA-SPF	Caibidil 20: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht uibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe idir na Ballstáit
CAPTIVE-BIRDS-INTRA	Caibidil 21: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht éan i mbraighdeanas idir na Ballstáit
HE-CAPTIVE-BIRDS-INTRA	Caibidil 22: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht uibheacha goir éan i mbraighdeanas idir na Ballstáit
Táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe	
BOV-SEM-A-INTRA	Caibidil 23: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí seamhain ó bhó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021 idir na Ballstáit, agus arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
BOV-SEM-B-INTRA	Caibidil 24: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí de stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021 idir na Ballstáit, i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, agus arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
BOV-SEM-C-INTRA	Caibidil 25: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí de stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 idir na Ballstáit, i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60//CEE ón gComhairle, agus arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA	Caibidil 26: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil idir na Ballstáit, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, agus arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna
BOV-EMB-B-INTRA	Caibidil 27: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí de stoic suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 idir na Ballstáit, i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle agus arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na suthanna tar éis an 20 Aibreán 2021

▼B

BOV-GP-PROCESSING-INTRA	Caibidil 28: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí táirgí geirmeacha a liostaítear thíos idir na Ballstáit agus arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ó bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha: — seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle; — úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021
BOV-GP-STORAGE-INTRA	Caibidil 29: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí táirgí geirmeacha a liostaítear thíos idir na Ballstáit, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha: — seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan ó bhó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CE ón gComhairle; — úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021
Táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair	
OV/CAP-SEM-A-INTRA	Caibidil 30: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí seamhain ó ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021 idir na Ballstáit, agus arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
OV/CAP-SEM-B-INTRA	Caibidil 31: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí de stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021 idir na Ballstáit, agus arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan

▼B

OV/CAP-SEM-C-INTRA	Caibidil 32: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí de stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010 idir na Ballstáit, agus arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-INTRA	Caibidil 33: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí d'úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil idir na Ballstáit, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021, agus arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna
OV/CAP-OOCYTES-EMB-B-INTRA	Caibidil 34: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí de stoic úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil idir na Ballstáit, i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 21 Aibreán 2021, agus arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna tar éis an 20 Aibreán 2021
OV/CAP-OOCYTES-EMB-C-INTRA	Caibidil 35: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le gluaiseacht coinsíneachtaí de stoic úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil idir na Ballstáit, i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, agus arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna
I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-X**

	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC
Cuid II: Deimhniú	**II.1. Fianú sláinte ainmhithe** Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le: II.1.1. maidir leis an [éanlaith chlóis phórúcháin[1]][2] [éanlaith chlóis tháirgiúil[3]][2] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I den deimhniú seo, bhí cónaí orthu go leanúnach i mbunaíocht amháin nó níos mó arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún [2][4]*cibé acu* [ó goradh iad nó ar feadh an 42 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta;] [2][5]*nó* [ó goradh iad nó ar feadh an 21 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta, agus ní raibh siad i dteagmháil le héin ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn an ama sin;] II.1.2. tagann an éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht: (a) nach bhfuil faoi réir srianta gluaiseachta ná suite i gcrios teoranta arna bhunú ar chúiseanna galar liostaithe ábhartha don speiceas éanúil; [2]*cibé acu* [(b) nár deimhníodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Salmonella* Pullorum, *S.* Gallinarum ná *S. arizonae* inti ar feadh an 12 mhí roimh imeacht na coinsíneachta;] [2]*nó* [(b) ar deimhníodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Salmonella* Pullorum, *S.* Gallinarum nó *S. arizonae* inti le linn an 12 mhí roimh imeacht na coinsíneachta agus inar cuireadh na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 34(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún i bhfeidhm;] [2]*cibé acu* [(c) nár deimhníodh gurbh ann do mhíceaplasmóis éanúil (Mycoplasma gallisepticum agus M. meleagridis) inti ar feadh an 12 mhí roimh imeacht na coinsíneachta;] [2]*nó* [(c) [ar deimhníodh gurbh ann do mhíceaplasmóis éanúil (Mycoplasma gallisepticum agus M. meleagridis) inti ar feadh an 12 mhí roimh imeacht na coinsíneachta agus inar cuireadh na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 34(1)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 i bhfeidhm;] II.1.3. de réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann an éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe inti; II.1.4. tagann an éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ealta: (a) nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Salmonella* Pullorum, *Salmonella* Gallinarum ná *Salmonella arizonae* inti; (b) nár tuairiscíodh gurbh ann do mhíceaplasmóis éanúil (Mycoplasma gallisepticum agus M. meleagridis) inti; (c) nár tuairiscíodh gurbh ann d'aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh inti le linn an 21 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta, i gcomhréir leis an bhfaireachas dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún;		

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-X**

II.1.5. maidir leis an éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

(2)(6)*cibé acu* [(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]

(2)(6)*nó* [(a) vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le [vacsaíní díghníomhaithe](2) [vacsaíní caolaithe beo a chomhlíonann critéir Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688] (2)

……..

(ainm an phórtha a úsáideadh sa vacsaín)

an……. (dáta) ag aois..... seachtaine;]

(2)(7)*nó* [(a) tá siad dírithe ar Bhallstát nó ar chrios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú, agus:

(i) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(ii) coimeádadh ar leithlis iad ar feadh 14 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta sa bhunaíocht tionscnaimh faoi mhaoirseacht tréidlia oifigiúil, nó i mbunaíocht choraintín fhormheasta, áit:

- nár vacsaíníodh aon éanlaith chlóis in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh imeacht;
- nár tháinig aon éin eile isteach sa bhunaíocht le linn an ama sin;
- nach ndearnadh aon vacsaíniú sa bhunaíocht choraintín;

(iii) fuair siad toradh diúltach de dhroim tástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, a rinneadh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú agus é i measc 5 % díobh agus a tógadh i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh imeacht;]

(8) [(b) is lachain nó géanna iad agus fuair siad toradh diúltach ar scrúdú víreolaíoch de fhliú éanúil ardphataigineach, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, i rith na seachtaine roimh an am luchtaithe lena seoladh;]

II.1.6. rinneadh iniúchadh cliniciúil ar an ealta thionscnaimh agus ar ainmhithe na coinsíneachta laistigh de na 48 n-uair an chloig roimh luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus níor léirigh siad aon chomharthaí cliniciúla ná ní raibh aon amhras gurbh ann do ghalair liostaithe ábhartha don speiceas;

II.1.7. rinneadh socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcoimeádáin a chomhlíonann Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus i gcóracha iompair a chomhlíonann Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

(9)[II.1.8. Ó d'fhág siad a mbunaíochtaí tionscnaimh agus sular tháinig siad chuig an mbunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, ní dhearnadh níos mó ná dhá oibríocht tionóil ar aon cheann d'ainmhithe na coinsíneachta, agus

(2)*cibé acu* [tagann siad óna mbunaíochtaí tionscnaimh.]]

(2)*nó* [rinneadh oibríocht tionóil amháin ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta ar bhunaíocht fhormheasta.]]

(2)*nó* [rinneadh dhá oibríocht tionóil ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta ar bhunaíochtaí formheasta.]]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-X**

II.2. Fianú sláinte poiblí

(10)[II.2.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an ealta thionscnaimh agus rinneadh tástáil ar an ealta le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	**Aois na n-éan**	**Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]**	**Toradh na tástála uile san ealta(11)**	
			dearfach	diúltach

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella* , laistigh de na 3 seachtaine sular tugadh isteach san Aontas iad:

(2)*cibé acu* [níor riaradh frithmhiocróbacha don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh;]

(2)(12)*nó* [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh: ……;]]

(10)[II.2.2. Más éanlaith chlóis phórúcháin iad, níor braitheadh *Salmonella* Enteritidis ná *Salmonella* Typhimurium laistigh den chlár rialaithe dá dtagraítear i bpointe II.2.1.]

(13)[II.2.3. Más rud é go bhfuil an Fhionlainn nó an tSualainn ar na Ballstáit chinn scríbe:

(2) *cibé acu* [fuarthas toradh diúltach san éanlaith chlóis phórúcháin maidir le *Salmonella* i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2003/644/CE ón gCoimisiún;]

(2) *nó* [fuarthas toradh diúltach ar thástáil le haghaidh *Salmonella* ar na béaróga (éanlaith chlóis tháirgiúil arna dtógáil d'fhonn uibheacha a tháirgeadh lena n-ithe) i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2004/235/CE ón gCoimisiún.]]

Nótaí:

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.17: I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát tionscnaimh, féadfar uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an doiciméid oifigiúil nó na ndoiciméad oifigiúil, bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh na coinsíneachta sa bhunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, a shonrú. I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát trasnaithe, ní mór uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an deimhnithe(na ndeimhnithe), bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh na coinsíneachta seo sa bhunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, a shonrú.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-X**

Bosca I.30: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.05 nó 01.06.39.

'*Catagóir*': roghnaigh ceann díobh seo a leanas: Íonphór/seantuismitheoirí/tuismitheoirí/puiléid bhreithe/eile.

Cuid II:

(1) Ciallaíonn ‘éanlaith chlóis phórúcháin’ éanlaith chlóis atá 72 uair an chloig d’aois nó níos sine, agus atá beartaithe chun uibheacha goir a tháirgeadh, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(2) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(3) Ciallaíonn ‘éanlaith chlóis tháirgiúil’ éanlaith chlóis atá 72 uair an chloig d’aois nó níos sine, atá á saothrú chun go ndéanfar feoil, uibheacha lena n-ithe nó táirgí eile a tháirgeadh nó chun soláthairtí éanlaithe géim a athstocáil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(4) Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis phórúcháin agus le héanlaith chlóis tháirgiúil chun go dtáirgfear feoil, uibheacha lena n-ithe nó táirgí eile.

(5) Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis tháirgiúil chun soláthairtí éanlaithe géim a athstocáil.

(6) Scrios nuair atá an choinsíneacht á seoladh ó Bhallstát nó ó chrios de nach bhfuil stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú aige chuig Ballstát nó chuig crios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú.

(7) Éilítear an ráthaíocht seo maidir le coinsíneachtaí a sheoltar ó Bhallstát nó ó chrios de nach bhfuil stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú aige chuig Ballstát nó crios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir le coinsíneacht.

(8) Is infheidhme maidir le lachain agus géanna. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(9) Is infheidhme i gcás ina seoltar an choinsíneacht ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil. Cinneann an t-ainmhí sa choinsíneacht ar a ndearnadh an líon is airde oibríochtaí tionóil an líon oibríochtaí tionóil ceadaithe atá fágtha le haghaidh na coinsíneachta seo. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(10) Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir le héanlaith chlóis den speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe.

(11) Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh na séiritíopaí i rith shaol na healta, sonraigh gur toradh dearfach atá ann:

- ealtaí éanlaith chlóis phórúcháin: *Salmonella* Hadar, *Salmonella* Virchow agus *Salmonella* Infantis;
- ealtaí éanlaith chlóis tháirgiúil: *Salmonella* Enteritidis agus *Salmonella* Typhimurium.

(12) Líon isteach más iomchuí: sonraigh ainm agus substaint ghníomhach na bhfrithmhiocróbach a úsáideadh.

(13) Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼M3

CAIBIDIL 18: DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT NÍOS LÚ NÁ 20 CLOIGEANN ÉANLAITH CHLÓIS SEACHAS RAITÍTIGH NÓ NÍOS LÚ NÁ 20 UBH GHOIR Ó ÉANLAITH CHLÓIS SEACHAS RAITÍTIGH IDIR NA BALLSTÁIT (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH 'POU-INTRA-LT20')

AN tAONTAS EORPACH					INTRA	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	I.2 I.2a I.3 I.4	**Tagairt IMSOC** **Tagairt áitiúil** **Príomhúdarás Inniúil** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	I.6	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	I.9	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	I.10	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	I.12	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		I.14	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** ☐ Soitheach ☐ Iarnród Aitheantas Doiciméad	☐ Aerárthach ☐ Feithicil bhóthair ☐ Eile	I.16 I.17	**Iompróir** Ainm Seoladh Tír **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	☐ Comhthimpeallach	☐ Fuaraithe	☐ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**				
	☐ Coimeád breise	☐ Marú	☐ Bunaíocht theoranta	☐ Táirgí geirmeacha		
	☐ Each-ainmhí cláraithe	☐ Sorcas taistil/seó ainmhí	☐ Taispeántas	☐ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha		
	☐ Scaoileadh isteach san fhiántas	☐ Lárionad seolta	☐ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	☐ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach		
	☐ Tuilleadh próiseála	☐ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	☐ Slándáil theicniúil	☐ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil		
	☐ Táirgí mar bhia don duine	☐ Pailniú	☐ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	☐ Eile		

▼M3

I.21	**☐ Le hiompar trí thríú tír**						
	Tríú tír			Cód tíre ISO			
	Pointe scoir			Cód BCP			
	Pointe iontrála			Cód BCP			
I.22	**☐ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**			**I.23**	**☐ Le honnmhairiú**		
	Ballstát		Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO	
	Ballstát		Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP	
	Ballstát		Cód tíre ISO				
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**			**I.25**	**Loga an turais**	☐ is ea	☐ ní hea
I.26	**Líon iomlán pacáistí**			**I.27**	**Cainníocht iomlán**		
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**			**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**		
I.30	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**						
Cód AC	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-LT20**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte

II.a Tagairt an deimhnithe	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1.1. tagann an [éanlaith chlóis seachas raitítigh][1] [uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh][1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I den deimhniú seo ó bhunaíocht [chláraithe][1] [arna formheas][1], nach bhfuil faoi réir srianta gluaiseachta ná suite i gcrios teoranta arna bhunú ar chúiseanna galar liostaithe ábhartha do speiceas éanúil;

II.1.2. de réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann an [éanlaith chlóis seachas raitítigh][1] [uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh][1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe inti;

II.1.3. tagann an [éanlaith chlóis seachas raitítigh][1] [uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh][1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ealta ar a raibh cónaí go leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh ó thráth a ngortha nó ar feadh an 21 lá ar a laghad roimh

[1][2][3][4]*cibé acu* [imeacht na coinsíneachta;]

[1][5]*nó* [bailiú na n-uibheacha;]

[1]Cibé*cibé acu* [II.1.4. fuarthas toradh diúltach, laistigh de 21 lá roimh am an luchtaithe le haghaidh seolta, i dtástálacha séireolaíocha agus/nó baictéareolaíochta[6] a rinneadh ar [an éanlaith chlóis seachas raitítigh a thuairiscítear i gCuid I][2][3] i dtaca le:

[1]*cibé acu* [*Salmonella* Pullorum, *Salmonella* Gallinarum agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Gallus gallus*);]

[1]*nó* [*Salmonella arizonae* (séireaghrúpa O:18(k)), *Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum, *Mycoplasma meleagridis* agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Meleagris gallopavo*);]

[1]*nó* [*Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum (i gcás *Numida meleagris*, *Coturnix coturnix*, *Phasianus colchicus*, *Perdix perdix* agus *Anas spp*);]

[1]*nó* [II.1.4. go dtagann [sicíní lae seachas raitítigh][1] [uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh][1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ealta a fuair toradh diúltach, laistigh de 21 lá roimh am an luchtaithe le haghaidh seolta, i dtástálacha séireolaíocha agus/nó baictéareolaíochta[6] maidir le:

[1]*cibé acu* [*Salmonella* Pullorum, *Salmonella* Gallinarum agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Gallus gallus*);]

[1]*nó* [*Salmonella arizonae* (séireaghrúpa O:18(k)), *Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum, *Mycoplasma meleagridis* agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Meleagris gallopavo*);]

[1]*nó* [*Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum (i gcás *Numida meleagris*, *Coturnix coturnix*, *Phasianus colchicus*, *Perdix perdix* agus *Anas spp*);]

[1][2][3][4] *cibé acu* [II.1.5. maidir leis an éanlaith chlóis seachas raitítigh ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

II.1.5.1. ní raibh siad i dteagmháil le héanlaith chlóis nuathagtha ná le héin ag a raibh stádas sláinte níos ísle ar feadh an 21 lá roimh imeacht na coinsíneachta;

II.1.5.2. tagann siad ó ealta nár tuairiscíodh gurbh ann d'aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh inti 21 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta, i gcomhréir leis an bhfaireachas dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún;

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-LT20**

	II.1.5.3. maidir leo (1)(7)Cibé*cibé acu* [(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;] (1)(7)*nó* [(a) vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le [vacsaíní díghníomhaithe](1) [vacsaíní caolaithe beo a chomhlíonann critéir Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún] (1) ..... (ainm an phórtha a úsáideadh sa vacsaín) an……. (dáta) ag aois..... seachtaine;] (1)(8)*nó* [(a) tá siad dírithe ar Bhallstát nó ar chrios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú, agus: (1)(2)Cibé*cibé acu* [(i) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle; (ii) coimeádadh ar leithlis iad ar feadh 14 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta sa bhunaíocht tionscnaimh faoi mhaoirseacht tréidlia oifigiúil, nó i mbunaíocht choraintín fhormheasta, áit: - nár vacsaíníodh aon éanlaith chlóis in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh imeacht; - nár tháinig aon éin eile isteach sa bhunaíocht le linn an ama sin; - nach ndearnadh aon vacsaíniú sa bhunaíocht choraintín; (iii) fuarthas toradh diúltach de dhroim tástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, a rinneadh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú agus é i measc 5 % díobh agus a tógadh i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh imeacht;] (1)(3)*nó* [tagann siad ó ealta: (1)*cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus dá bhfuarthas toradh diúltach, le linn na 14 lá roimh imeacht na coinsíneachta, de dhroim tástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, a rinneadh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú agus é i measc 5 % díobh;]

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-LT20**

				[1]*nó*		[ar vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus dá bhfuarthas toradh diúltach, le linn na 14 lá roimh imeacht na coinsíneachta, de dhroim tástála chun víreas ghalar Newcastle a bhrath, a rinneadh ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú agus é i measc 5 % díobh;]]
			[1][4]*nó*	[(i)		níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;
				(ii)		tagann siad ó uibheacha goir:
					-	nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;
					-	tagann siad ó ealta:
					[1]*cibé acu*	[nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]
					[1]*nó*	[ar vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le [vacsaíní díghníomhaithe][1] [vacsaíní caolaithe beo a chomhlíonann critéir Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus rinneadh an vacsaíniú 30 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-uibheacha goir][1] ..... (ainm an phórtha a úsáideadh sa vacsaín) an……. (dáta) ag aois..... seachtaine;]
				(iii)		tagann siad ó ghorlann ina n-áirithítear le cleachtais oibre gur goradh na huibheacha ar gor ag amanna agus ag suíomhanna a bhí iomlán ar leithligh ó uibheacha ar gor nach gcomhlíonann na ceanglais i bpointe (ii);]]
			[9]	[(b)		is lachain nó géanna iad agus fuarthas toradh diúltach ar scrúdú víreolaíoch de fhliú éanúil ardphataigineach, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, i rith na seachtaine roimh an am luchtaithe lena seoladh;]
		II.1.5.4.				rinneadh iniúchadh cliniciúil ar an ealta thionscnaimh agus ar ainmhithe na coinsíneachta laistigh de na 48 n-uair an chloig roimh luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil ná ní raibh aon amhras gurbh ann do ghalair liostaithe ábhartha don speiceas;]
	[4][14]	II.1.5.5.				rinneadh na sicíní lae seachas raitítigh ar a dtugtar tuairisc i gCuid I den deimhniú seo a ghoradh ó uibheacha goir a tháinig isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios de i gcomhréir le forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún.

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-LT20**

	[(1)(5) *nó* [II.1.5. maidir leis na huibheacha goir ar a dtugtar tuairisc i gCuid I II.1.5.1. tagann siad ó ealta agus, ar an mbonn [(1) *cibé acu* [nach léirítear le hiniúchadh cliniciúil laistigh den 72 uair an chloig roimh imeacht na coinsíneachta agus na taifid sláinte agus táirgeachta arna gcoimeád ar an mbunaíocht, arna seiceáil laistigh den 72 uair an chloig roimh imeacht na coinsíneachta, aon chomhartha cliniciúil ná aon amhras faoi ghalair liostaithe ábhartha don speiceas;] (1) *nó* [nach léirítear le cuairteanna iniúchta sláinte míosúla, a ndearnadh an ceann is déanaí acu laistigh den 31 lá roimh imeacht na coinsíneachta agus na taifid sláinte agus táirgeachta arna gcoimeád ar an mbunaíocht, arna seiceáil laistigh den 72 uair an chloig roimh imeacht na coinsíneachta, aon chomhartha cliniciúil ná aon amhras faoi ghalair liostaithe ábhartha don speiceas;] (1)(7) *cibé acu* [II.1.5.2. tagann siad ó ealta nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;] (1)(7) *nó* [II.1.5.2. tagann siad ó ealta ar vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le [vacsaíní díghníomhaithe](1) [vacsaíní caolaithe beo a chomhlíonann critéir Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688] (1) ..... (ainm an phórtha a úsáideadh sa vacsaín) an……. (dáta) ag aois..... seachtaine;] (1)(8) *nó* [II.1.5.2. tá siad dírithe ar Bhallstát dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú, agus: (a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle; (b) tagann siad ó ealta: (1) *cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;] (1) *nó* [ar vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le [vacsaíní díghníomhaithe](1) [vacsaíní caolaithe beo a chomhlíonann critéir Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus rinneadh an vacsaíniú 30 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-uibheacha goir](1) ..... (ainm an phórtha a úsáideadh sa vacsaín) an……. (dáta) ag aois..... seachtaine;]]] II.1.6. rinneadh socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcoimeádáin a chomhlíonann Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus i gcóracha iompair a chomhlíonann Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-LT20**

II.2. Fianú sláinte poiblí

II.2.1. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an [éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh][1] [éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh][1] [éanlaith chlóis seachas raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú][1] [sicíní lae seachas raitítigh][1] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

[10][II.2.1.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an ealta thionscnaimh agus rinneadh tástáil ar an ealta le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	**Aois na n-éan**	**Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]**	**Toradh na tástála uile san ealta[11]**	
			dearfach	diúltach

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella*, laistigh de na 3 seachtaine sular tugadh isteach san Aontas iad:

[1]*cibé acu* [níor riaradh frithmhiocróbacha don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh;]

[1][12]*nó* [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh: ……;]]

[10][II.2.1.2. Más éanlaith chlóis phórúcháin atá i gceist, níor braitheadh *Salmonella* Enteritidis ná *Salmonella* Typhimurium laistigh den chlár rialúcháin dá dtagraítear i bpointe II.2.1.1.]

[13][II.2.1.3. Más rud é go bhfuil an Fhionlainn nó an tSualainn ar na Ballstáit chinn scríbe:

[1] *cibé acu* [fuarthas toradh diúltach san éanlaith chlóis phórúcháin maidir le *Salmonella* i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2003/644/CE ón gCoimisiún;]

[1] *nó* [fuarthas toradh diúltach ar thástáil ar na béaróga (éanlaith chlóis tháirgiúil arna dtógáil d'fhonn uibheacha a tháirgeadh lena n-ithe) i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2004/235/CE ón gCoimisiún.]]

Nótaí:

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-LT20**

Cuid I:

Bosca I.30: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

"*Cód AC*": úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.05, 01.06.39, 04.07.

'Catagóir': roghnaigh ceann díobh seo a leanas: Íonphór/seantuismitheoirí/tuismitheoirí/puiléid bhreithe/eile.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis phórúcháin agus le héanlaith chlóis tháirgiúil. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(3) Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(4) Is infheidhme maidir le sicíní lae. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(5) Is infheidhme maidir le huibheacha goir. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(6) Má vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le haon steiréitíopa de *Salmonella* nó *Mycoplasma*, ní mór tástáil bhaictéareolaíoch agus sin amháin a úsáid. Ní mór don mhodh deimhnithe sin a bheith in ann idirdhealú a dhéanamh idir tréithchineálacha vacsaíne beo agus tréithchineálacha goirt.

(7) Scrios nuair atá an choinsíneacht á seoladh ó Bhallstát nó ó chrios de nach bhfuil stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú aige chuig Ballstát nó chuig crios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú.

(8) Éilítear an ráthaíocht seo maidir le coinsíneachtaí a sheoltar ó Bhallstát nó ó chrios de nach bhfuil stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú aige chuig Ballstát nó crios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(9) Is infheidhme maidir le lachain agus géanna, cé is moite díobh sin a bhfuil sé beartaithe iad a mharú. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(10) Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir le héanlaith chlóis den speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe.

(11) Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh na séiritíopaí i rith shaol na healta, sonraigh gur toradh dearfach atá ann:

- ealtaí éanlaith chlóis phórúcháin: *Salmonella* Hadar, *Salmonella* Virchow agus *Salmonella* Infantis;
- ealtaí éanlaith chlóis tháirgiúil: *Salmonella* Enteritidis agus *Salmonella* Typhimurium.

(12) Líon isteach más iomchuí: sonraigh ainm agus substaint ghníomhach na bhfrithmhiocróbach a úsáideadh.

(13) Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

(14) I gcás ina ngortar na sicíní lae ó uibheacha a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios de, ní mór urraim a thabhairt do na ceanglais sláinte ainmhithe shonracha maidir le gluaiseacht agus láimhseáil na n-ainmhithe sin sa bhunaíocht chinn scríbe, mar a leagtar síos i gCaibidil 5 de Theideal 2 de Chuid III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha) Cáilíocht agus teideal

Ainm an Aonaid Rialaithe
Áitiúil

Cód an Aonaid Rialaithe
Áitiúil

Dáta

Stampa Síniú

▼M3

CAIBIDIL 19: DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT ÉANLAITH CHLÓIS A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ IDIR NA BALLSTÁIT (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH 'POU-INTRA-Y')

AN tAONTAS EORPACH				INTRA	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1 **Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		I.2 **Tagairt IMSOC** I.2a **Tagairt áitiúil** I.3 **Príomhúdarás Inniúil** I.4 **Údarás Inniúil Áitiúil**		**CÓD QR**
	I.5 **Coinsíní** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		I.6 **Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm — Uimh. Chlárúcháin Seoladh Tír — Cód tíre ISO		
	I.7 **An tír thionscnaimh** — Cód tíre ISO		I.9 **An tír chinn scríbe** — Cód tíre ISO		
	I.8 **An réigiún tionscnaimh** — Cód		I.10 **An réigiún cinn scríbe** — Cód		
	I.11 **Áit seolta** Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO		I.12 **Ceann scríbe** Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO		
	I.13 **Áit luchtaithe**		I.14 **Dáta agus am imeachta**		
	I.15 **Cóir iompair** ☐ Soitheach — ☐ Aerárthach ☐ Iarnród — ☐ Feithicil bhóthair Aitheantas — ☐ Eile Doiciméad		I.16 **Iompróir** Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Seoladh Tír — Cód tíre ISO I.17 **Doiciméid tionlacain** Cineál — Cód Tír — Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18 **Coinníollacha iompair** ☐ Comhthimpeallach		☐ Fuaraithe	☐ Reoite	
	I.19 **Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin — Uimhir shéala				
	I.20 **Deimhnithe mar nó le haghaidh**				
	☐ Coimeád breise	☐ Marú	☐ Bunaíocht theoranta	☐ Táirgí geirmeacha	
	☐ Each-ainmhí cláraithe	☐ Sorcas taistil/seó ainmhí	☐ Taispeántas	☐ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha	
	☐ Scaoileadh isteach san fhiántas	☐ Lárionad seolta	☐ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	☐ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach	
	☐ Tuilleadh próiseála	☐ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	☐ Slándáil theicniúil	☐ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil	
	☐ Táirgí mar bhia don duine	☐ Pailniú	☐ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	☐ Eile	

▼M3

I.21	**☐ Le hiompar trí thríú tír**						
	Tríú tír			Cód tíre ISO			
	Pointe scoir			Cód BCP			
	Pointe iontrála			Cód BCP			
I.22	**☐ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**			**I.23**	**☐ Le honnmhairiú**		
	Ballstát		Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO	
	Ballstát		Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP	
	Ballstát		Cód tíre ISO				
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**			**I.25**	**Loga an turais**	☐ is ea	☐ ní hea
I.26	**Líon iomlán pacáistí**			**I.27**	**Cainníocht iomlán**		
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**			**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**		
I.30	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**						
Cód AC	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Deimhniú caighdeánach POU-INTRA-Y**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte

II.a Tagairt an deimhnithe	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1.1. maidir leis an éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I den deimhniú seo, bhí cónaí orthu go leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh ó thráth a ngortha nó ar feadh an 21 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta;

II.1.2. tagann an éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht:

[2]*cibé acu* [(a) nach bhfuil faoi réir srianta gluaiseachta ná suite i gcrios teoranta arna bhunú ar chúiseanna galar liostaithe ábhartha don speiceas éanúil;]

[2]or [(b) atá suite i gcrios cosanta a bunaíodh ar chúiseanna galar liostaithe is ábhartha do speiceas éanúil, nuair nár dearbhaíodh go hoifigiúil ráig de dheasca galar liostaithe is ábhartha do speiceas éanúil agus go gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 28(1), (2), (3), (4), (5) agus (7) agus Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún;]

[2]or [(c) atá suite i gcrios faireachais a bunaíodh ar chúiseanna galar liostaithe is ábhartha do speiceas éanúil, nuair nár dearbhaíodh go hoifigiúil ráig de dheasca galar liostaithe is ábhartha do speiceas éanúil agus go gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 43(1), (2), (3), (4), (5) agus (7) agus Airteagal 44(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún;]

II.1.3. de réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann an éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe inti;

II.1.4. maidir leis an éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

[2][3]Cibé*cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]

[2][3]*nó* [vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le [vacsaíní díghníomhaithe][2] [vacsaíní caolaithe beo a chomhlíonann critéir Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún] [2]

.....

(ainm an phórtha a úsáideadh sa vacsaín)

an…… (dáta) ag aois..... seachtaine;]

[2][4]*nó* [tá siad dírithe ar Bhallstát nó ar chrios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú, agus tagann siad ó ealtaí:

[2]*cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus dá bhfuarthas toradh diúltach, le linn na 14 lá roimh imeacht na coinsíneachta, de dhroim tástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, a rinneadh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú agus é i measc 5 % díobh;]

[2]*nó* [ar vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus dá bhfuarthas toradh diúltach, le linn na 14 lá roimh imeacht na coinsíneachta, de dhroim tástála chun víreas ghalar Newcastle a bhrath, a rinneadh ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú agus é i measc 5 % díobh;]]

▼M3

AN tAONTAS EORPACH	Deimhniú caighdeánach POU-INTRA-Y

II.1.5. rinneadh iniúchadh cliniciúil ar an ealta thionscnaimh agus ar ainmhithe na coinsíneachta laistigh de na 5 lá roimh imeacht na coinsíneachta agus níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil ná aon amhras maidir le galair liostaithe ábhartha don speiceas;

II.1.6. rinneadh socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcoimeádáin a chomhlíonann Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus i gcóracha iompair a chomhlíonann Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

[5][II.1.7. Ó d'fhág siad a mbunaíochtaí tionscnaimh agus sular tháinig siad chuig an mbunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, ní dhearnadh níos mó ná dhá oibríocht tionóil ar aon cheann d'ainmhithe na coinsíneachta, agus

[2]*cibé acu* [tagann siad óna mbunaíochtaí tionscnaimh.]]

[2]*nó* [rinneadh oibríocht tionóil amháin ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta ar bhunaíocht fhormheasta.]]

[2]*nó* [rinneadh dhá oibríocht tionóil ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta ar bhunaíochtaí formheasta.]]

II.2. Fianú sláinte poiblí

[6][II.2.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an ealta thionscnaimh agus tástáladh an ealta sin le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	**Aois na n-éan**	**Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]**	**Toradh na tástála uile san ealta[7]**	
			dearfach	diúltach

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella* :

[2]*cibé acu* [níor riaradh frithmhiocróbacha don éanlaith chlóis a bhí le marú;]

[2][8]*nó* [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas don éanlaith chlóis a bhí le marú: ……..;]]

[9][II.2.2. Más í an Fhionlainn nó an tSualainn an Ballstát cinn scríbe, rinneadh tástáil mhicribhitheolaíochta ar an éanlaith chlóis trí shampláil ar an ngabháltas tionscnaimh agus dá bhfuarthas toradh diúltach maidir le *Salmonella* i gcomhréir leis na nósanna imeachta i gCinneadh 95/410/CE de bhun Airteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003.]

Nótaí:

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo.

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼M3

AN tAONTAS EORPACH **Deimhniú caighdeánach POU-INTRA-Y**

Cuid I:

Bosca I.17: I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát tionscnaimh, féadfar uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an doiciméid oifigiúil nó na ndoiciméad oifigiúil, bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh na coinsíneachta sa bhunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, a shonrú. I gcás ina ndéantar na hainmhithe a sheoladh ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil sa Bhallstát trasnaithe, ní mór uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha an deimhnithe(na ndeimhnithe), bunaithe ar cá n-eisítear an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh na coinsíneachta seo sa bhunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, a shonrú.

Bosca I.30: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

"*Cód AC*": úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.05 nó 01.06.39.

Cuid II:

(1) Ciallaíonn 'éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú' éanlaith chlóis atá le hiompar díreach chuig seamlas nó tar éis dóibh dul faoi oibríocht tionóil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(2) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(3) Scrios nuair atá an choinsíneacht á seoladh ó Bhallstát nó ó chrios de nach bhfuil stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú aige chuig Ballstát nó chuig crios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú.

(4) Éilítear an ráthaíocht seo maidir le coinsíneachtaí a sheoltar ó Bhallstát nó ó chrios de nach bhfuil stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú aige chuig Ballstát nó crios de dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(5) Is infheidhme i gcás ina seoltar an choinsíneacht ó bhunaíocht arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil. Cinneann an t-ainmhí sa choinsíneacht ar a ndearnadh an líon is airde oibríochtaí tionóil an líon oibríochtaí tionóil ceadaithe atá fágtha le haghaidh na coinsíneachta seo. Scrios an tagairt murab infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht.

(6) Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir leis an speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe.

(7) Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh na séiritíopaí seo a leanas i rith shaol na healta, sonraigh gur toradh dearfach atá ann: *Salmonella* Enteritidis agus *Salmonella* Typhimurium.

(8) Líon isteach más iomchuí: sonraigh ainm agus substaint ghníomhach na bhfrithmhiocróbach a úsáideadh.

(9) Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil

Dáta

Stampa

Cáilíocht agus teideal

Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil

Síniú

▼B

CAIBIDIL 20

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT UIBHEACHA ATÁ SAOR Ó PHATAIGINÍ SONRAIHTE IDIR NA BALLSTÁIT (SAMHAIL 'POU-INTRA-SPF')

AN tAONTAS EORPACH				**INTRA**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt IMSOC** **I.2a** **Tagairt áitiúil** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Soitheach □ Iarnród Aitheantas Doiciméad	□ Aerárthach □ Feithicil bhóthair □ Eile	**I.16** **Iompróir** Ainm Seoladh Tír **I.17** **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala		

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**	
	Tríú tír	Cód tíre ISO
	Pointe scoir	Cód BCP
	Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe POU-INTRA-SPF**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. seoladh na huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I den deimhniú seo ó bhunaíocht arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún, nach bhfuil faoi réir srianta gluaiseachta ná suite i gcrios teoranta arna bhunú ar chúiseanna galar liostaithe ábhartha do speiceas éanúil;

II.2. de réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann na huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe inti;

II.3. tagann na huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ealtaí atá saor ó phataiginí sonraithe mar a thuairiscítear in Pharmacopoeia Eorpach agus a raibh torthaí na dtástálacha agus na scrúduithe cliniciúla uile a éilíodh don stádas sonrach seo fabhrach;

II.4. tá na huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I marcáilte go haonair le huimhir faofa na bunaíochta tionscnaimh;

II.5. rinneadh socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcoimeádáin a chomhlíonann Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún agus i gcóracha iompair a chomhlíonann Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

Nótaí:

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh áit an tseolta ag freagairt don lárionad bailithe seamhain (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) an chéad fhleasc de Threoir 88/407/CEE) inar bailíodh an seamhan.

Bosca I.12: Beidh an ceann scríbe ag freagairt don lárionad bailithe nó stórála seamhain (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) de Threoir 88/407/CEE), nó don ghabháltas a mbeidh an seamhan á sheoladh chuige.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tSéala.

Bosca I.30: Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Beidh uimhir formheasa an lárionaid ag freagairt d'uimhir formheasa an lárionaid seamhain a shonraítear i mBosca I.12. inar bailíodh an seamhan.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-SEM-B-INTRA**

Cuid II:

(1) Na lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag an údarás inniúil agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir 88/407/CEE ón gComhairle, agus na lárionaid bailithe seamhain sin amháin.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(3) Ainm na saotharlainne.

(4) Is féidir é seo a scriosadh i gcás seamhain úir.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 25

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ DE STOIC DE SHEAMHAN Ó BHÓ-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL ROIMH AN 1 EANÁIR 2005, I GCOMHRÉIR LE TREOIR 88/407/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA LEASÚ LE TREOIR 93/60/CEE ÓN GCOMHAIRLE IDIR NA BALLSTÁIT, AGUS ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'BOV-SEM-C-INTRA')

<table>
<tr><td colspan="3">AN tAONTAS EORPACH</td><td colspan="3">INTRA</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td>Coinsíneoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt IMSOC
I.2a Tagairt áitiúil
I.3 Príomhúdarás Inniúil
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td>Coinsíní
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht
Ainm Uimh. Chlárúcháin
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td>An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td>An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td>An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td>An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td>Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td>Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td>Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="3">I.15</td><td rowspan="3">Cóir iompair
□ Soitheach □ Aerárthach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas □ Eile
Doiciméad</td><td colspan="2">I.16 Iompróir
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td colspan="2">I.17 Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td>Coinníollacha iompair □ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td colspan="3">I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
</table>

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**	
	Tríú tír	Cód tíre ISO
	Pointe scoir	Cód BCP
	Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			

I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-SEM-C-INTRA**

	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC
Cuid II: Deimhniú	**II.1. Fianú sláinte ainmhithe** Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le: II.1.1. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I roimh an 31 Nollaig 2004 ag lárionad bailithe seamhain[1]: (a) a formheasadh faoi choinníollacha a leagtar síos i gCaibidil I d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle; (b) a oibríodh agus a maoirsíodh faoi choinníollacha a leagtar síos i gCaibidil II d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 88/407/CEE. II.1.2. Ag tráth bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, maidir le gach bó-ainmhí ag an lárionad bailithe seamhain: (a) tháinig siad ó thréada agus/nó rugadh do mháithreacha iad lena gcomhlíontar coinníollacha phointí 1(b) agus (c) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE; (b) fuair siad torthaí diúltacha, laistigh den 30 lá roimh an tréimhse choraintín ar leithlis, ar na tástálacha seo a leanas: - na tástálacha dá dtagraítear i bpointí 1(d)(i), (ii) agus (iii) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE, agus - tástáil neodraithe séirim nó tástáil ELISA le haghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, agus - tástáil scoite víreas (tástáil antasubstaintí fluaraiseacha nó tástáil imdhíonsárocsaíodáise) le haghaidh buinneach víreasach bhólachta, tástáil arna cur siar go dtí go mbaineann an t-ainmhí 6 mhí d'aois amach i gcás ainmhithe níos óige; (c) rinne siad an tréimhse choraintín ar leithlis ar feadh 30 lá agus cuireadh faoi na tástálacha sláinte seo a leanas iad, agus torthaí diúltacha orthu mar a éilítear: - tástáil shéireolaíoch le haghaidh bruisealóise arna déanamh i gcomhréir leis an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 64/432/CEE; - cibé acu, tástáil le haghaidh antasubstaintí fluaraiseacha nó tástáil chultúir le haghaidh ionfhabhtú le *Campylobacter fetus* ar shampla d'ábhar forchraicneach nó de sciúradh faighne saorga, nó, i gcás ainmhí bhaininn, tástáil gleanúna múcais faighne; - scrúdú micreascópach agus tástáil chultúir le haghaidh *Trichomonas foetus* ar shampla d'ábhar forchraicneach nó de sciúradh faighne saorga, nó, i gcás ainmhí bhaininn, tástáil gleanúna múcais faighne; (d) rinneadh, uair sa bhliain ar a laghad, na tástálacha gnáthúla orthu dá dtagraítear i bpointí 1(a), (b) agus (c) i gCaibidil II d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE, agus torthaí diúltacha orthu.		

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-SEM-C-INTRA**

II.1.3. Tráth bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,

(a) fuair gach bó-ainmhí baineann sa lárionad, uair sa bhliain ar a laghad, toradh diúltach ar thástáil gleanúna múcais faighne le haghaidh ionfhabhtú le *Campylobacter fetus*, agus

(b) fuair gach tarbh arna úsáid chun seamhan a tháirgeadh toradh diúltach ar thástáil antasubstaintí fluaraiseacha nó tástáil chultúir le haghaidh ionfhabhtú *Campylobacter fetus* ar shampla d'ábhar forchraicneach nó de sciúradh faighne saorga arna déanamh laistigh de 12 mhí roimh bhailiú.

II.1.4. An seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, bailíodh ó thairbh é a bhí ina seasamh i lárionad bailithe seamhain:

[(2)]*cibé acu* [nár vacsaíníodh gach bó-ainmhí in aghaidh rineatraicéitis tógálaigh buaibhigh ann agus fuair siad toradh diúltach uair sa bhliain ar a laghad ar thástáil neodraithe séirim nó tástáil ELISA le haghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch;]

[(2)]*nó* [gur cuireadh bó-ainmhithe nár vacsaíníodh in aghaidh rineatraicéitis tógálaigh buaibhigh, uair sa bhliain ar a laghad, faoi thástáil neodraithe séirim nó tástáil ELISA le haghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch ann, agus ní dhéantar tástáil le haghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach ar thairbh a fuair a chéad vacsaíniú in aghaidh rineatraicéitis tógálaigh buaibhigh ag an lárionad inseamhnaithe tar éis dóibh toradh diúltach a fháil ar thástáil neodraithe séirim nó tástáil ELISA le haghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus a athvacsaíníodh go tráthrialta ar eatraimh nach mó ná 6 mhí ón gcéad vacsaíniú;].

II.1.5. An seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, bailíodh ó thairbh é:

II.1.5.1.

[(2)]*cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil laistigh de 12 mhí roimh bhailiú an tseamhain;]

[(2)]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil níos gaire ná 12 mhí agus níos mó ná 30 lá roimh bhailiú dóibh, agus cuireadh 5 %, le cúig shop ar a laghad, den seamhan i ngach bailiúchán faoi thástáil scoite víreas le haghaidh an ghalair crúb is béil, agus torthaí diúltacha uirthi, sa tsaotharlann (……)[(3)], atá lonnaithe sa Bhallstát ceann scríbe nó atá ainmnithe aige;]

II.1.5.2.

[(2)]*cibé acu* [nár vacsaíníodh in aghaidh rineatraicéitis tógálaigh buaibhigh,]

[(2)]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh rineatraicéitis tógálaigh buaibhigh i gcomhréir le pointe II.1.4,].

II.1.6. An seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, stóráladh faoi choinníollacha formheasta é ar feadh tréimhse íosta 30 lá díreach tar éis a bhailithe[(4)].

II.1.7. Seoladh chuig an áit luchtaithe i gcoimeádán séalaithe an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, agus tá an uimhir a mhionsonraítear i mBosca I.19. air.

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-SEM-C-INTRA**

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh áit an tseolta ag freagairt don lárionad bailithe seamhain (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) an chéad fhleasc de Threoir 88/407/CEE) inar bailíodh an seamhan.

Bosca I.12: Beidh an ceann scríbe ag freagairt don lárionad bailithe nó stórála seamhain (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) de Threoir 88/407/CEE), nó don ghabháltas a mbeidh an seamhan á sheoladh chuige.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tSéala.

Bosca I.30: Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: ll/mm/bbbb agus beidh sé níos luaithe ná an 31 Nollaig 2004.

Beidh uimhir formheasa an lárionaid ag freagairt d'uimhir formheasa an lárionaid seamhain a shonraítear i mBosca I.11. inar bailíodh an seamhan.

Cuid II:

(1) Na lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag an údarás inniúil agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir 88/407/CEE ón gComhairle, agus na lárionaid bailithe seamhain sin amháin.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(3) Ainm na saotharlainne.

(4) Is féidir é seo a scriosadh i gcás seamhain úir.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 26

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ D'ÚICÍTÍ AGUS SUTHANNA Ó BHÓ-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/686 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 IDIR NA BALLSTÁIT, AGUS ARNA SEOLADH AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA LENAR BAILÍODH NÓ LENAR TÁIRGEADH NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA (SAMHAIL 'BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA')

<table>
<tr><td colspan="3">AN tAONTAS EORPACH</td><td colspan="3">INTRA</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td>Coinsíneoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2 Tagairt IMSOC
I.2a Tagairt áitiúil
I.3 Príomhúdarás Inniúil
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td colspan="2">CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td>Coinsíní
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht
Ainm Uimh. Chlárúcháin
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td>An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td>An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td>An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td>An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td>Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td>Áit luchtaithe</td><td colspan="2">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="3"></td><td rowspan="2">I.15</td><td rowspan="2">Cóir iompair
□ Soitheach □ Aerárthach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas □ Eile
Doiciméad</td><td colspan="2">I.16 Iompróir
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td colspan="2">I.17 Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="3">Coinníollacha iompair □ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td></td><td>I.19</td><td colspan="3">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
</table>

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**	
	Tríú tír	Cód tíre ISO
	Pointe scoir	Cód BCP
	Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

[(1)][II.1. Rinneadh na suthanna bó-ainmhithe arna ndíorthú *in vivo* ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil ag an bhfoireann bailithe suthanna[(2)]

II.1.1. atá formheasta agus coimeádta i gclár ag an údarás inniúil;

II.1.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.]

[(1)][II.1. Rinneadh na húicítí[(1)]/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[(1)]/ na suthanna micri-ionramháilte[(1)] ó bhó-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil ag an bhfoireann táirgthe suthanna[(2)]

II.1.1. atá formheasta agus coimeádta i gclár ag an údarás inniúil;

II.1.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCodanna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.]

II.2. Tá na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)], ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, beartaithe le haghaidh atáirgeadh saorga agus fuarthas ó ainmhithe bronntacha iad

II.2.1. a rugadh san Aontas agus a d'fhan ann ó rugadh iad, nó a tháinig isteach san Aontas i gcomhréir leis na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas;

II.2.2. a thagann ó bhunaíochtaí i mBallstát nó i gcrios de, nó ó bhunaíochtaí atá faoi rialú oifigiúil an údaráis inniúil i dtríú tír nó críoch, nó i gcrios di

II.2.2.1. atá saor ó ionfhabhtú le *coimpléasc* Mycobacterium tuberculosis (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*), agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht lena mbaineann stádas sláinte níos ísle;

II.2.2.2. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

[(1)]*cibé acu* [II.2.2.3. atá saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;]

[(1)]*nó* [II.2.2.3. nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus go bhfuil deimhniú déanta ag tréidlia oifigiúil na bunaíochta tionscnaimh nach raibh aon chás cliniciúil de liúcóis bhólachta eansótach ann le linn na tréimhse 3 bliana roimhe sin ar a laghad;]

[(1)]*cibé acu* [II.2.2.4. atá saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht lena mbaineann stádas sláinte níos ísle;]

[(1)]*nó* [II.2.2.4. nach bhfuil saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus go bhfuil deimhniú déanta ag tréidlia oifigiúil na bunaíochta tionscnaimh nach raibh aon chás cliniciúil de rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch ann le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin ar a laghad;]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA**

	II.2.2.5. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ann le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiú[(1)]/tháirgeadh[(1)] na n-úicítí[(1)]/na suthanna[(1)], agus [(1)]*cibé acu* [nár tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí sa 2 bhliain roimh bhailiú[(1)]/tháirgeadh[(1)] na n-úicítí[(1)]/suthanna[(1)];] [(1)]*nó* [gur tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí sa 2 bhliain roimh bhailiú[(1)]/tháirgeadh[(1)] na n-úicítí[(1)]/na suthanna[(1)] agus gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí go dtí – gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht, agus – gur cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht;] II.2.3. a ndearna tréidlia na foirne nó comhalta foirne scrúdú orthu agus nár thaispeáin siad siomptóim ná comharthaí cliniciúla galar ainmhithe in-tarchurtha ar lá bailithe[(1)]/táirgthe[(1)] na n-úicítí[(1)]/na suthanna[(1)]; II.2.4. tá siad sainaitheanta go haonarach de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2019/2035; II.2.5. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe[(1)]/táirgthe[(1)] na n-úicítí[(1)]/na suthanna[(1)] den chéad uair agus le linn na tréimhse bailiúcháin II.2.5.1. a coimeádadh i mbunaíochtaí nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach agus galar an chraicinn chnapánaigh nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha d'ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair; II.2.5.2. a coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin nár tuairiscíodh inti ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis* coimpléasc (*M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*), confadh, antrasc, surra *(Trypanosoma evansi),* liúcóis bhólachta eansótach, rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, buinneach víreasach bhólachta, ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA**

	II.2.5.3. ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá lonnaithe i gcrios srianta mar gheall ar tharlú na ngalar dá dtagraítear i bpointe II.2.5.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.2.5.2.;
	II.2.5.4. níor úsáideadh le haghaidh pórúchán nádúrtha iad;
	II.2.6. a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas maidir leis an ngalar crúb is béil
	II.2.6.1. tagann siad ó bhunaíochtaí
	– atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an mbunaíocht ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe n-úicítí[1]/na suthanna[1];
	– nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na n-úicítí[1]/na suthanna[1];
	[1]*cibé acu* [II.2.6.2. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil;]
	[1][3]*nó* [II.2.6.2. vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta bailithe nó táirgthe na suthanna agus
	II.2.6.2.1. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil laistigh den tréimhse 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na suthanna;
	II.2.6.2.2. bailíodh an seamhan a úsáideadh le haghaidh toirchiú ó ainmhí bronntach fireann a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1(b), é sin nó comhlíonann an seamhan na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 2 de Chaibidil I de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;
	II.2.6.2.3. roimh reo dóibh, rinneadh glanadh tripsine ar na suthanna arna dhéanamh i gcomhréir le moltaí Lámhleabhar IETS[4];
	II.2.6.2.4. stóráladh na suthanna íosreoite ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ón dáta bailithe, agus le linn na tréimhse sin, níor thaispeáin an t-ainmhí bronntach aon chomhartha sóirt cliniciúil den ghalar crúb is béil;]
	[1][5][II.2.7. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):
	[1]*cibé acu*[II.2.7.1. coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn i dtríú tír, críoch nó crios di atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcás nár deimhníodh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le linn na 24 mhí roimhe sin sa daonra ainmhithe spriocdhírithe;]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA**

	[(1)*agus/nó* [II.2.7.2. coimeádadh iad i gcrios a bhíonn saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse sin nach mbíonn galar de chineál séasúrach ann, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú na n-úicítí, i dtríú tír, críoch nó crios di a bhfuil clár díothaithe formheasta ann in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]
	[(1)*agus/nó* [II.2.7.3. coimeádadh iad i gcrios a bhíonn saor ó ghalar de chineál séasúrach, le linn na tréimhse sin nach mbíonn galar de chineál séasúrach ann, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú na n-úicítí, i dtríú tír, críoch nó crios di ina bhfuair údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta úicítí(1)/suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*(1) toiliú scríofa ó údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe roimh ré maidir leis na coinníollacha chun an crios sin a bhíonn saor ó ghalar de chineál séasúrach a bhunú agus chun go nglacfaí le coinsíneacht na n-úicítí(1)/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*(1);]
	[(1)*agus/nó* [II.2.7.4. coimeádadh i mbunaíocht iad atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn sin;]
	[(1)*agus/nó* [II.2.7.5. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí maidir le séireaghrúpa 1-24 an víris gormtheanga a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, idir 28 agus 60 lá ó dháta gach bailiúcháin úicítí;]
	[(1)*agus/nó* [II.2.7.6. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil ar lá bailithe na n-úicítí;]]
	[(1)(5)[II.2.8. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (séiritíopaí 1-7) (EHDV 1-7):
	[(1)*cibé acu*[II.2.8.1. coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú na n-úicítí, i dtríú tír, críoch nó crios di nár tuairiscíodh EHDV 1-7 ar feadh na tréimhse 2 bhliain roimhe ar a laghad laistigh de gha 150 km ón mbunaíocht;]
	[(1)*agus/nó* [II.2.8.2. coimeádadh i mbunaíocht iad atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn sin;]
	[(1)*agus/nó* [II.2.8.3. bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de EHDV de réir torthaí oifigiúla: …… agus cuireadh faoi na tástálacha seo a leanas iad, agus torthaí diúltacha orthu i ngach cás, agus rinneadh na tástálacha i saotharlann oifigiúil:
	[(1)*cibé acu* [II.2.8.3.1. tástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí EHDV 1-7 a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil idir 28 agus 60 lá ó dháta bailithe na n-úicítí;]]
	[(1)*agus/nó* [II.2.8.3.2. tástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh EHDV 1-7, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil ar lá bailithe na n-úicítí.]]]
	[(1)(5)[II.2.9. a gcomhlíontar leo na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos i gCaibidil III de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA**

II.3. Maidir leis na húicítí(1)/na suthanna(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

II.3.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid 2(1)/Cuid 3(1)/Cuid 4(1)/Cuid 5(1) agus Cuid 6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.3.2. cuirtear i soip nó i bpacáistí eile iad ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 agus tá an marc sin á shonrú i mBosca I.30;

II.3.3. aistrítear i gcoimeádán iad:

II.3.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh sular sheol an fhoireann bailithe nó táirgthe suthanna é faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.3.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

(1)(6)[II.3.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe sin;]

(1)(7)[II.3.4. a chuirtear i soip nó i bpacáistí eile a shéalaítear go daingean heirméiteach;

II.3.5. a aistrítear i gcoimeádán ina gcoinnítear iad amach óna chéile le hurranna fisiciúla nó trína gcur i málaí cosanta tánaisteacha.]

(1)(8)[II.4. Na suthanna arna ndíorthú *in vivo*(1)/na suthanna arna dtáirgeadh*in vitro*(1)/ na suthanna micrionramháilte(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, gineadh trí inseamhnú saorga iad trí úsáid a bhaint as seamhan ó lárionad bailithe seamhain, ó bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha nó ó lárionad stórála táirgí geirmeacha arna fhormheas nó arna formheas le seamhan a bhailiú, a phróiseáil agus/nó a stóráil ag údarás inniúil Ballstáit nó ag údarás inniúil tríú tír nó críche nó creasa di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.]

(1)(9)[II.5. Cuireadh an t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach seo a leanas(10) leis na córacha bailithe, próiseála, níocháin nó stórála: ……]

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: '*Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a sheol an choinsíneacht úicítí nó suthanna.

Tagairt bhosca I.12: '*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht úicítí nó suthanna á seoladh chuici.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA**

Tagairt bhosca I.19:	Sonrófar uimhir an tséala.
Tagairt bhosca I.26:	Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.
Tagairt bhosca I.30:	'*Speiceas*': roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí. *'Cineál':* sonraigh más úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte iad. '*Speiceas*': roghnaigh idir '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta atá á seoladh. *'An dáta bailithe/táirgthe':* sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna. *'Cainníocht'*: Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) Na foirne bailithe nó táirgthe suthanna atá formheasta ag an údarás inniúil agus atá san áireamh ar an gclár dá dtagraítear in Airteagal 101(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/429 agus Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus na foirne sin amháin.

(3) Níl an rogha seo ar fáil ach i gcás coinsíneachta suthanna arna ndíorthú *in vivo*.

(4) Lámhleabhar an Chumainn Aistrithe Suthanna Idirnáisiúnta — treoir nós imeachta agus faisnéis ghinearálta maidir le teicneolaíocht a bhaineann le haistriú suthanna a úsáid ina leagtar béim ar nósanna imeachta sláintíochta, lámhleabhar a d'fhoilsigh an Cumann Aistrithe Suthanna Idirnáisiúnta 1 111 North Dunlap Avenue, Savoy, Illinois 61 874 USA (http://www.iets.org/).

(5) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht úicítí agus suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*.

(6) Is infheidhme maidir le húicítí nó suthanna reoite.

(7) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht ina ndéantar úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* agus suthanna micri-ionramháilte bó-ainmhithe a chur agus a iompar in aon choimeádán amháin.

(8) Níl feidhm aige maidir le húicítí.

(9) Deimhniú éigeantach i gcás inar cuireadh antaibheathaigh leis.

(10) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 27

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ DE STOIC SUTHANNA Ó BHÓ-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021 I GCOMHRÉIR LE TREOIR 89/556/CEE ÓN GCOMHAIRLE IDIR NA BALLSTÁIT, AGUS ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA LENAR BAILÍODH NÓ LENAR TÁIRGEADH NA SUTHANNA (SAMHAIL 'BOV-EMB-B-INTRA')

<table>
<tr><td colspan="2">AN tAONTAS EORPACH</td><td colspan="3"></td><td colspan="3">INTRA</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir
Ainm
Seoladh
Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2 Tagairt IMSOC
I.2a Tagairt áitiúil
I.3 Príomhúdarás Inniúil
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní
Ainm
Seoladh
Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.6 Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht
Ainm
Seoladh
Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin
Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9 An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10 An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh
Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Cód tíre ISO</td><td>I.12 Ceann scríbe
Ainm
Seoladh
Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="2">Áit luchtaithe</td><td></td><td>I.14 Dáta agus am imeachta</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>I.15</td><td colspan="2">Cóir iompair
□ Soitheach
□ Iarnród
Aitheantas
Doiciméad</td><td>□ Aerárthach
□ Feithicil bhóthair
□ Eile</td><td>I.16 Iompróir
Ainm
Seoladh
Tír
I.17 Doiciméid tionlacain
Cineál
Tír
Tagairt doiciméid tráchtála</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe
Cód tíre ISO

Cód
Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td></td><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td>□ Reoite</td></tr>
<tr><td></td><td>I.19</td><td colspan="5">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin
Uimhir shéala</td></tr>
</table>

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**	
	Tríú tír	Cód tíre ISO
	Pointe scoir	Cód BCP
	Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-EMB-B-INTRA**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, maidir leis na suthanna ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh iad i gcomhréir le hIarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle;

II.2. seoladh chuig an áit luchtaithe i gcoimeádáin shéalaithe iad i gcomhréir le hIarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;

II.3. tagann siad ó ainmhithe bronntacha den speiceas buaibheach atá i gcomhréir le hIarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;

II.4. gineadh trí inseamhnú saorga nó trí thoirchiú *in vitro*([1]) iad ag úsáid seamhain a tháinig ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain arna bhformheas i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle agus a luchtaíodh i mBallstát den Chomhphobal Eorpach nó i dtríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2004/639/CE ón gCoimisiún ([1])([2]).

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.17: I gcás suthanna allmhairithe, cuir isteach uimhir an deimhnithe allmhairithe.

Tagairt bhosca I.30: 'Marc aitheantais': a fhreagraíonn do na mionsonraí lenar féidir na ba bronntacha a aithint agus don dáta bailithe ar an sop.

'Cineál': sonraigh cé acu atá ann: (a) treá nó (b) neamh-threá de *zona pellucida*.

Cuid II:

(1) Scrios mar is iomchuí.

(2) IO L 292, 15.9.2004, lch. 21.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 28

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ TÁIRGÍ GEIRMEACHA A LIOSTAÍTEAR THÍOS IDIR NA BALLSTÁIT ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN MBUNAÍOCHT PRÓISEÁLA TÁIRGÍ GEIRMEACHA:

— seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan ó bhó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CE ón gComhairle;

— úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021

(SAMHAIL ‘BOV-GP-PROCESSING-INTRA’)

- seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;
- stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;
- stoic de sheamhan ó bhó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CE ón gComhairle;
- úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tar éis an 20 Aibreán 2021;
- stoic suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021

(SAMHAIL ‘BOV-GP-PROCESSING-INTRA’)

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt IMSOC** **I.2a Tagairt áitiúil** **I.3 Príomhúdarás Inniúil** **I.4 Údarás Inniúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Soitheach □ Iarnród Aitheantas Doiciméad	□ Aerárthach □ Feithicil bhóthair □ Eile	**I.16** **I.17**	**Iompróir** Ainm Seoladh Tír **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO

▼B

I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite
I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala**			
	Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala		
I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha	
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha	
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárion ad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach	
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil	
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile	
I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**			
	Tríú tír	Cód tíre ISO		
	Pointe scoir	Cód BCP		
	Pointe iontrála	Cód BCP		

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-GP-PROCESSING-INTRA**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Maidir leis an mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[1] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. inar próiseáladh agus stóráladh an seamhan[2]/na húicítí[2]/na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[2]/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[2]/ na suthanna micri-ionramháilte[2]:

II.1.1. atá formheasta agus coimeádta i gclár ag an údarás inniúil;

II.1.2. comhlíontar na ceanglais inti maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.]

II.2. Maidir leis seamhan[2]/ na húicítí[2]/ na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[2]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[2]/ na suthanna micri-ionramháilte[2] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, tá sé/siad beartaithe le haghaidh atáirgeadh saorga agus

[2]*cibé acu* [II.2.1. rinneadh é/iad a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i lárionad bailithe seamhain[2][3]/ ag foireann bailithe suthanna[2][3]/foireann táirgthe suthanna[2][3], agus/nó rinneadh é/iad a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[2][3], agus/nó rinneadh é/iad a stóráil i lárionad stórála táirgí geirmeacha[2][3] suite i mBallstát a bhailithe/mbailithe nó a tháirgthe/dtáirgthe, áit ina gcomhlíontar ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 1[2]/Cuid 2[2]/Cuid 3[2]/Cuid 4[2]/Cuid 5[2] d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus aistríodh é/iad chuig an mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha a shonraítear i mBosca I.11. suite i mBallstát a bhailithe/mbailithe nó a tháirgthe/dtáirgthe faoi cheanglais maidir le deimhniú sláinte ainmhithe atá chomh dian leis na ceanglais dá bhforáiltear iontu seo a leanas ar a laghad:

[2]*cibé acu* [Samhail BOV-SEM-A-INTRA[4];]

[2]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-B-INTRA[4];]

[2]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-C-INTRA[4];]

[2]*agus/nó* [Samhail BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA[4];]

[2]*agus/nó* [Samhail BOV-EMB-B-INTRA[4];]

[2]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-PROCESSING-INTRA[4];]

[2]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-STORAGE-INTRA[4];]]

[2]*agus/nó* [II.2.1. rinneadh é/iad a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i lárionad bailithe seamhain[2][3]/ ag foireann bailithe suthanna[2][3]/ foireann táirgthe suthanna[2][3], agus/nó rinneadh é/iad a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[2][3], agus/nó rinneadh é/iad a stóráil i lárionad stórála táirgí geirmeacha[2][3] atá suite i mBallstát a bhailithe/mbailithe nó a tháirgthe/dtáirgthe, agus ina gcomhlíontar ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 1[2]/Cuid 2[2]/Cuid 3[2]/Cuid 4[2]/Cuid 5[2] d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus aistríodh é/iad chuig an lárionad stórála táirgí geirmeacha a shonraítear i mBosca I.11. suite i mBallstát eile agus deimhniú/deimhnithe ag gabháil leo i gcomhréir le:

[2]*cibé acu* [Samhail BOV-SEM-A-INTRA[4];]

[2]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-B-INTRA[4];]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-GP-PROCESSING-INTRA**

	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-C-INTRA[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-OOCYTES-EMB-A-INTRA[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-EMB-B-INTRA[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-PROCESSING-INTRA[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-STORAGE-INTRA[(4)];]]
	[(2)]*agus/nó* [II.2.1. rinneadh é/iad a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i lárionad bailithe seamhain[(2)(3)]/ ag foireann bailithe suthanna[(2)(3)]/ foireann táirgthe suthanna[(2)(3)], agus/nó rinneadh é/iad a phróiseáil agus a stóráil i mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[(2)(3)], agus/nó rinneadh é/iad a stóráil i lárionad stórála táirgí geirmeacha[(2)(3)] atá suite i dtríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún agus ina gcomhlíontar ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 1[(2)]/Cuid 2[(2)]/Cuid 3[(2)]/Cuid 4[(2)]/Cuid 5[(2)] d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus tugadh isteach san Aontas é/iad agus deimhniú nó deimhnithe ag gabháil leis/leo i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
	[(2)]*cibé acu* [Samhail BOV-SEM-A-ENTRY[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-B-ENTRY [(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-C-ENTRY [(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY [(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vitro-EMB-D-ENTRY[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-PROCESSING-ENTRY[(4)];]
	[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-STORAGE-ENTRY[(4)];]]
	II.2.2. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh é/iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;
	II.2.3. cuirtear i soip nó i bpacáistí eile é/iad ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 agus/nó Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus tá an marc sin á shonrú i mBosca I.30;
	II.2.4. iompraítear i gcoimeádán é/iad:
	II.2.4.1. a séalaíodh agus a uimhríodh roimh an seoladh ón mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;
	II.2.4.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;
	[(2)(5)][II.2.4.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe sin;]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe BOV-GP-PROCESSING-INTRA**

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: '*Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh an lárionaid bailithe seamhain a sheol an choinsíneacht seamhain.

Tagairt bhosca I.12: '*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht seamhain á seoladh chuici.

Tagairt bhosca I.19: Sonrófar uimhir an tséala.

Tagairt bhosca I.26: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Tagairt bhosca I.30: '*Cineál':* seamhan.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

Treoraíocht maidir leis an tábla i bpointe II.2.9. a chomhlánú.

Giorrúcháin:

EIA-1	Tástáil le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) an chéad ócáid
EIA-2	Tástáil le haghaidh EIA an dara hócáid
EVA-B1	Tástáil le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) ar shampla fola an chéad ócáid
EVA-B2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla fola an dara hócáid
EVA-S1	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an chéad ócáid
EVA-S2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an dara hócáid
CEM-11	Tástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) an chéad ócáid an chéad sampla
CEM-12	Tástáil le haghaidh CEM an chéad ócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-11
CEM-21	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an chéad sampla
CEM-22	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-21

Treoracha:

Maidir le gach seamhan arna shainaithint i gcolún A a fhreagraíonn do Bhosca I.30, sonrófar an clár tástála (pointe II.2.8.1., pointe II.2.8.2. agus/nó pointe II.2.8.3.) i gcolún B, agus líonfar isteach colúin C agus colún D leis na dátaí a éilítear.

Maidir leis na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a dtástála i saotharlann roimh an gcéad bhailiúchán seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus a éilítear i bpointe II.2.8.1., i bpointe II.2.8.2. agus i bpointe II.2.8.3., iontrálfar sa líne uachtarach de cholúin 5 9 den tábla iad, is é sin na boscaí arna marcáil le EIA-1, EVA-B1 nó EVA-S1 agus CEM-11 agus CEM-12 sa sampla thíos.

Maidir leis na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a n-atástála i saotharlann mar a éilítear i gcomhréir le pointe II.2.8.2. nó pointe II.2.8.3., iontrálfar sa líne íochtarach de cholúin 5 go 9 den tábla iad, is é sin na boscaí EIA-2, EVA-B2 nó EVA-S2 agus CEM-21 agus CEM-22 sa sampla thíos.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-INTRA**

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaigh		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte				
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	EIA II.2.7.1.	EVA II.2.7.2.		CEM II.2.7.3.	
					Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla
A	**B**	**C**	**D**	**EIA-1**	**EVA-B1**	**EVA-S1**	**CEM-11**	**CEM-12**
				EIA-2	**EVA-B2**	**EVA-S2**	**CEM-21**	**CEM-22**

(1) Lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag an údarás inniúil agus atá san áireamh ar an gclár dá dtagraítear in Airteagal 101(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/429 agus Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus na lárionaid sin amháin.

(2) Scrios murab infheidhme.

(3) Cuir líne trí na cláir nach bhfuil feidhm acu maidir leis an gcoinsíneacht.

(4) Cuir an dáta isteach sa tábla i bpointe II.2.9. (lean an Treoraíocht i gCuid II de na Nótaí).

(5) Is infheidhme maidir le seamhan reoite.

(6) Deimhniú éigeantach i gcás inar cuireadh antaibheathaigh leis.

(7) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan nó ainm trádála an chaolaitheora seamhain a bhfuil na hantaibheathaigh ann.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil

Dáta

Stampa

Cáilíocht agus teideal

Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil

Síniú

▼B

CAIBIDIL 46

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ DE STOIC DE SHEAMHAN Ó EACH-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE TAR ÉIS AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 AGUS ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021 IDIR NA BALLSTÁIT, AGUS ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'EQUI-SEM-B-INTRA')

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **I.2a** **I.3** **I.4**	**Tagairt IMSOC** **Tagairt áitiúil** **Príomhúdarás Inniúil** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Soitheach □ Iarnród Aitheantas Doiciméad	□ Aerárthach □ Feithicil bhóthair □ Eile	**I.16** **I.17**	**Iompróir** Ainm Seoladh Tír **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**
Tríú tír	Cód tíre ISO
Pointe scoir	Cód BCP
Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO	
Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP	
Ballstát	Cód tíre ISO				
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-INTRA**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Maidir leis an lárionad bailithe seamhain[1], inar bailíodh, inar próiseáladh agus inar stóráladh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I lena thrádáil, rinne an t-údarás inniúil é a fhormheas agus a mhaoirsiú i gcomhréir le Caibidil I(I)(1) agus le Caibidil I(II)(1) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE[2];

II.1.1. i rith na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I go dtí an dáta a seoladh an seamhan úr nó an seamhan fuaraithe nó go dtí go rachaidh an tréimhse íosta stórála 30 lá do sheamhan reoite in éag, maidir leis an lárionad bailithe seamhain:

II.1.1.1. bhí sé suite ar an gcríoch nó i gcás réigiúnaithe i gcuid de chríoch[3] Ballstáit nár measadh a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le hAirteagal 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE[4];

II.1.1.2. chomhlíon sé na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE;

II.1.1.3. nach raibh ach each-ainmhithe ann a bhí saor ó aon chomhartha cliniciúil d'artairíteas víreasach eachaí agus de mheitríteas tógálach eachaí;

II.2. Níor ligeadh isteach sa lárionad ach each-ainmhithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 4 agus 5 nó in Airteagail 12 go 16 de Threoir 2009/156/CE.

II.3. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó staileanna bronntacha:

II.3.1. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil de ghalar tógálach ionfhabhtaíoch san am a ceadaíodh isteach sa lárionad bailithe seamhain iad ná ar lá bailithe an tseamhain;

II.3.2. a coimeádadh ar feadh tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain i ngabháltais áit nach raibh aon each-ainmhí ag taispeáint aon chomhartha cliniciúil d'artairíteas víreasach eachaí nó de mheitríteas tógálach eachaí le linn na tréimhse sin;

II.3.3. nár úsáideadh ar mhaithe le síolrú nádúrtha i rith tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain agus idir dátaí an chéad sampla dá dtagraítear i bpointe II.3.5.1., i bpointe II.3.5.2. agus/nó i bpointe II.3.5.3. agus deireadh na tréimhse bailiúcháin;

II.3.4. a ndearnadh na tástálacha orthu, tástálacha lena gcomhlíontar, ar a laghad, ceanglais na Caibidle ábhartha den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE, arna ndéanamh i saotharlann atá sainaitheanta ag an údarás inniúil agus a bhfuil na tástálacha dá dtagraítear ina dhiaidh seo san áireamh ina creidiúnú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004[5], mar a leanas:

II.3.4.1. i gcás ainéime tógálaí eachaí (EIA), triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (AGID nó tástáil Coggins) nó measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le haghaidh ainéime thógálach eachaí le toradh diúltach;

II.3.4.2. i gcás artairítis víreasaigh eachaí (EVA),

[3] *cibé acu* [II.3.4.2.1.tástáil neodraithe séirim le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 4;]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-INTRA**

[3]*agus/nó* [II.3.4.2.2.tástáil scoite víreas, imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) nó ISP fíor-ama arna déanamh ar shlánchuid sheamhan iomlán na staile bronntaí, agus toradh diúltach uirthi;]

II.3.4.3. i gcás meitrítis thógálaigh eachaí (CEM): tástáil sainaitheantais oibreáin arna déanamh ar thrí eiseamal tástála (maipíneachtaí) arna dtógáil ar dhá ócáid ón stail bhronntach, is é sin ón bhforchraiceann, ón úiréadra agus ón fossa glandis agus tréimhse nach lú ná 7 lá ar a laghad idir an dá ócáid sin;

Ní dhearnadh na samplaí a thógáil in aon chás níos luaithe ná 7 lá (cóireáil shistéamach) nó 21 lá (cóireáil áitiúil) tar éis teiripe fhrithmhiocróbach a thabhairt don stail bhronntach agus cuireadh i gcóir iompair iad le fioghual gníomhachtaithe, amhail meán iompair Amies, sular seoladh chuig an tsaotharlann iad, áit ar cuireadh faoi thástáil le toradh diúltach iad le haghaidh:

[3]*cibé acu* [II.3.4.3.1.leithlisiú *Taylorella equigenitalis* tar éis a shaothraithe faoi choinníollacha miocraeraifileacha ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad, arna shocrú laistigh den tréimhse 24 uair an chloig tar éis na heiseamail tástála a thógáil ón ainmhí bronntach, nó an tréimhse 48 n-uair an chloig i gcás ina gcoimeádtar na heiseamail tástála fionnuar le linn a n-iompartha;]

[3]*agus/nó* [II.3.4.3.2.géanóm *Taylorella equigenitalis* a bhrath trí ISP nó ISP fíor-ama, arna déanamh laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig tar éis na heiseamail tástála a thógáil ón ainmhí bronntach;]

II.3.5. a cuireadh, leis na torthaí arna sonrú i bpointe II.3.4. i ngach cás, faoi cheann amháin ar a laghad de na cláir thástála a mhionsonraítear i bpointe II.3.5.1., i bpointe II.3.5.2. agus i bpointe II.3.5.3., mar a leanas:

[6][II.3.5.1. Bhí cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc thuas, agus níor tháinig aon eachainmhí sa lárionad bailithe seamhain i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná an stail bhronntach.

Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4. ar shamplaí arna dtógáil[7] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin nó roimh an gcéad bhailiúchán seamhain a bhí beartaithe lena thrádáil mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe na tréimhse cónaithe 30 lá ar a laghad roimh an gcéad bhailiúchán seamhain.]

[6][II.3.5.2. Bhí cónaí ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, ach d'fhág sé an lárionad faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid ar feadh tréimhse leanúnach ba lú ná 14 lá, agus/nó tháinig each-ainmhithe eile sa lárionad bailithe seamhain i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle.

Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4. ar shamplaí arna dtógáil[7] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin nó roimh an gcéad bhailiúchán seamhain a bhí beartaithe lena thrádáil mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe na tréimhse cónaithe 30 lá ar a laghad roimh an gcéad bhailiúchán seamhain,

▼B

AN tAONTAS EORPACH	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-INTRA

agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain a bhí beartaithe lena thrádáil mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite, cuireadh an stail bhronntach faoi na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4., mar a leanas:

(a) i gcás ainéime tógálaí eachaí: rinneadh ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.1. den uair dheiridh ar shampla fola arna thógáil[7] tráth nach mó ná 90 lá roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;

(b) i gcás artairítis víreasaigh eachaí:

[3]*cibé acu* [ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.2., rinneadh den uair dheiridh í ar shampla arna thógáil[7] tráth nach mó ná 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;]

[3]*nó* [ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.2.2, rinneadh ar shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí í arna thógáil[7] tráth nach mó ná 6 mhí roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus, maidir le sampla fola arna thógáil[7] ón stail bhronntach le linn na tréimhse 6 mhí, bhí toradh dearfach air i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí ar chaolú séirim de bhreis is ceann amháin as ceithre cinn;]

(c) i gcás meitrítis thógálaigh eachaí: rinneadh ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.3. den uair dheiridh í ar thrí eiseamal tástála (maipíneachtaí) arna dtógáil[7] tráth nach mó ná 60 lá roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;

[3]*cibé acu* [ar dhá ócáid agus 7 lá ar a laghad eatarthu;]

[3]*nó* [ar ócáid amháin agus cuireadh faoi ISP nó ISP fíor-ama iad.]]

[6][II.3.5.3. Ní chomhlíonann an stail bhronntach na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 1.6(a) agus (b) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus bailítear an seamhan lena thrádáil mar sheamhan reoite.

Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.1, i bpointe II.3.4.2. agus i bpointe II.3.4.3. ar shamplaí arna dtógáil[7] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin,

agus na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.1 agus i bpointe II.3.4.3., rinneadh iad ar shamplaí arna dtógáil[7] ón stail bhronntach le linn thréimhse stórála an tseamhain ar tréimhse íosta 30 lá í ó dháta bailithe an tseamhain agus sular tógadh an seamhan amach as an lárionad bailithe seamhain, tráth nach lú ná 14 lá agus nach mó ná 90 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,

agus [3]*cibé acu* [na tástálacha le haghaidh artairíteas víreasach eachaí ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.2., rinneadh iad ar shamplaí arna dtógáil[7] le linn thréimhse stórála an tseamhain ar tréimhse íosta 30 lá í ó dháta bailithe an tseamhain agus sular tógadh an seamhan amach as an lárionad bailithe seamhain nó sular úsáideadh é, tráth nach lú ná 14 lá agus nach mó ná 90 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I.]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-INTRA**

[(3)]*nó* [deimhníodh staid neamh-shilteach staile bronntaí séiridhearfaí maidir le hartairíteas víreasach eachaí le tástáil scoite víreas, ISP nó ISP fíor-ama a rinneadh le toradh diúltach ar shamplaí de shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí arna tógáil[(7)] faoi dhó sa bhliain ar eatramh 4 mhí ar a laghad agus gur fhreagair an stail bhronntach le toradh dearfach ag caolú séirim de cheann amháin ar a laghad as ceithre cinn i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí.]]

II.3.6. a chuaigh faoin tástáil dá bhforáiltear i bpointe II.3.5. ar shamplaí arna dtógáil ar na dátaí seo a leanas.

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaithe[(7)]		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte[(7)]				
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	EIA II.3.4.1.	EVA II.3.4.2.		CEM II.3.4.3.	
					Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla

[(3)]*cibé acu* [II.4. Níor cuireadh aon antaibheathach leis an seamhan;]

[(3)]*nó* [II.4. Cuireadh an t-antaibheathach seo a leanas nó an meascán antaibheathach seo a leanas leis chun tiúchan a tháirgeadh sa seamhan caolaithe críochnaitheach nach lú ná[(8)]: ……...

…….. ;]

II.5. An seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.5.1. bailíodh, próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh é faoi choinníollacha a chomhlíonann ceanglais Chaibidil II(I)(1) agus Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.5.2. i gcás seamhain reoite, stóráladh é ar feadh tréimhse íosta 30 mhí ó dháta bailithe an tseamhain;

II.5.3. seoladh chuig an áit luchtaithe i gcoimeádán séalaithe é i gcomhréir le pointe 1.4 de Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19. air.

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-INTRA**

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh áit an tseolta ag freagairt do lárionad bailithe seamhain tionscnaimh an seamhan.

Bosca I.12: Beidh an ceann scríbe ag freagairt don lárionad bailithe nó stórála seamhain nó don ghabháltas a mbeidh an seamhan á sheoladh chuige.

Bosca I.19: Sonrófar sainaitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.30: Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.
Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Cuid II:

Treoraíocht maidir leis an tábla i bpointe II.3.6. a líonadh isteach:

Giorrúcháin:

EIA-1	Tástáil le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) an chéad ócáid
EIA-2	Tástáil le haghaidh EIA an dara hócáid
EVA-B1	Tástáil le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) ar shampla fola an chéad ócáid
EVA-B2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla fola an dara hócáid
EVA-S1	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an chéad ócáid
EVA-S2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an dara hócáid
CEM-11	Tástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) an chéad ócáid an chéad sampla
CEM-12	Tástáil le haghaidh CEM an chéad ócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-11
CEM-21	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an chéad sampla
CEM-22	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-21

Treoracha:

Maidir le gach seamhan arna shainaithint i gcolún A sa sampla thíos, tabharfar tuairisc ar an gclár tástála (pointe II.3.5.1., pointe II.3.5.2. agus/nó pointe II.3.5.3.) i gcolún B, agus líonfar isteach colúin C agus D leis na dátaí a éilítear.

Na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a dtástála i saotharlann roimh an gcéad bhailiúchán seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I de réir mar a éilítear i bpointe II.3.5.1., i bpointe II.3.5.2. agus i bpointe II.3.5.3., cuirfear isteach sa líne uachtarach de cholúin 5 go 9 den tábla iad, is é sin na boscaí arna marcáil le EIA-1, EVA-B1 nó EVA-S1 agus CEM-11 agus CEM-12 sa sampla thíos.

Na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a n-atástála i saotharlann de réir mar a éilítear i gcomhréir le pointe II.3.5.2. nó pointe II.3.5.3., cuirfear isteach sa líne íochtarach de cholúin 5 go 9 den tábla iad, is é sin na boscaí EIA-2, EVA-B2 nó EVA-S2 agus CEM-21 agus CEM-22 sa sampla thíos.

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaithe[7]		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte[7]				
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	EIA II.3.4.1.	EVA II.3.4.2.		CEM II.3.4.3.	
					Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla
A	**B**	**C**	**D**	**EIA-1**	**EVA-B1**	**EVA-S1**	**CEM-11**	**CEM-12**
				EIA-2	**EVA-B2**	**EVA-S2**	**CEM-21**	**CEM-22**

(1) Na lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag an údarás inniúil agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Threoir 92/65/CEE, agus na lárionaid bailithe seamhain sin amháin.

(2) IO L 268, 14.9.1992, lch. 54.

(3) Scrios de réir mar is iomchuí.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-INTRA**

(4) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.
(5) IO L 165, 30.4.2004, lch. 1.
(6) Cuir líne tríd an gclár nó na cláir nach bhfuil feidhm aige nó acu maidir leis an gcoinsíneacht.
(7) Cuir an dáta isteach sa tábla i bpointe II.3.6 (lean an Treoraíocht i gCuid II de na Nótaí).
(8) Cuir isteach na hainmneacha agus na tiúchain.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 47

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ DE STOIC DE SHEAMHAN Ó EACH-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE TAR ÉIS AN 31 LÚNASA 2010 AGUS ROIMH AN 1 DEIREADH FÓMHAIR 2014 IDIR NA BALLSTÁIT, AGUS ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'EQUI-SEM-C-INTRA')

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **I.2a** **I.3** **I.4**	**Tagairt IMSOC** **Tagairt áitiúil** **Príomhúdarás Inniúil** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Soitheach □ Iarnród Aitheantas Doiciméad	□ Aerárthach □ Feithicil bhóthair □ Eile	**I.16** **I.17**	**Iompróir** Ainm Seoladh Tír **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe	□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**
Tríú tír	Cód tíre ISO
Pointe scoir	Cód BCP
Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-INTRA**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**		**II.a**	**Tagairt an deimhnithe**	**II.b** **Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Maidir leis an lárionad bailithe seamhain[1], inar bailíodh, inar próiseáladh agus inar stóráladh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I lena thrádáil, rinne an t-údarás inniúil é a fhormheas agus a mhaoirsiú i gcomhréir le Caibidil I(I)(1) agus Caibidil I(II)(1) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.1.1. le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I go dtí an dáta a seoladh an seamhan úr nó an seamhan fuaraithe nó go dtí go rachaidh an tréimhse stórála 30 lá do sheamhan reoite in éag, maidir leis an lárionad bailithe seamhain:

II.1.1.1. bhí sé suite ar an gcríoch nó, i gcás réigiúnaithe, i gcuid de chríoch[2] Ballstáit nár measadh a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le hAirteagal 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE[3];

II.1.1.2. chomhlíon sé na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE[3];

II.1.1.3. nach raibh ach each-ainmhithe ann a bhí saor ó aon chomhartha cliniciúil d'artairíteas víreasach eachaí agus de mheitríteas tógálach eachaí;

II.2. Níor ligeadh isteach sa lárionad ach each-ainmhithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 4 agus 5 nó in Airteagail 12 go 16 de Threoir 2009/156/CE[3].

II.3. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó stáileanna bronntacha:

II.3.1. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil de ghalar tógálach ionfhabhtaíoch san am a ceadaíodh isteach sa lárionad bailithe seamhain iad ná ar lá bailithe an tseamhain;

II.3.2. a coimeádadh ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain i ngabháltais nár thaispeáin aon each-ainmhí aon chomhartha cliniciúil den artairíteas víreasach eachaí ná den mheitríteas tógálach eachaí iontu le linn na tréimhse sin;

II.3.3. nár úsáideadh le haghaidh cúpláil nádúrtha iad i rith tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain agus idir dátaí an chéad sampla dá dtagraítear i bpointe II.3.5.1., i bpointe II.3.5.2. agus/nó i bpointe II.3.5.3. agus deireadh na tréimhse bailiúcháin;

II.3.4. a ndearnadh na tástálacha seo a leanas orthu a chomhlíonann ar a laghad ceanglais na Caibidle ábhartha den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE, arna ndéanamh ar shamplaí arna dtógáil i gcomhréir le ceann de na cláir a shonraítear i bpointe II.3.5 i saotharlann atá sainaitheanta ag an údarás inniúil:

[2]*cibé acu* [II.3.4.1. triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) le toradh diúltach;]

[2]*nó* [II.3.4.1. ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) le toradh diúltach;]

agus [2]*cibé acu* [II.3.4.2. tástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 4;]

[2]*nó* [II.3.4.2. tástáil scoite víreas le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) arna déanamh le toradh diúltach ar shlánchuid sheamhan iomlán na staile bronntaí;]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-INTRA**

	agus	II.3.4.3.	a ndearnadh tástáil sainaitheantais oibreáin orthu le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) arna déanamh ar dhá ócáid ar shamplaí fola arna dtógáil le heatramh 7 lá trí leithlisiú maidir le *Taylorella equigenitalis* tar éis saothrú idir 7 agus 14 lá ó leacht réamh-sheadta nó ó shampla seamhain agus ó mhaipíneachtaí ginitiúla arna dtógáil ón bhforchraiceann, ón úiréadra agus ón fossa glandis le toradh diúltach i ngach cás;
		II.3.5.	a cuireadh, leis na torthaí a shonraítear i bpointe II.3.4. i ngach cás, faoi cheann amháin ar a laghad de na cláir thástála[4] a mhionsonraítear i bpointe II.3.5.1., i bpointe II.3.5.2. agus i bpointe II.3.5.3. mar a leanas:
		II.3.5.1.	Bhí cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, agus níor tháinig aon eachainmhí sa lárionad bailithe seamhain i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná an stail bhronntach. Rinneadh a tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4. ar shamplaí arna dtógáil[5] roimh an gcéad bhailiúchán seamhain agus 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaithe na tréimhse cónaithe 30 lá ar a laghad.
		II.3.5.2.	Bhí cónaí ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, ach d'fhág sé an lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid ar feadh tréimhse leanúnach ba lú ná 14 lá, agus/nó tháinig each-ainmhithe eile sa lárionad bailithe i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle. Na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4., rinneadh ar shamplaí iad arna dtógáil[5] roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain den séasúr pórúcháin nó den tréimhse bailiúcháin sa bhliain inar bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaithe na tréimhse cónaithe 30 lá ar a laghad,
	agus		rinneadh an tástáil ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.1. le haghaidh ainéime thógálach eachaí den uair dheiridh ar shampla fola arna thógáil[5] tráth nach mó ná 90 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,
	agus	[2]*cibé acu*	[rinneadh ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4.2. le haghaidh artairíteas víreasach eachaí den uair dheiridh ar shampla fola arna thógáil[5] tráth nach mó ná 30 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,]
		[2]*nó*	[rinneadh tástáil scoite víreas le haghaidh artairíteas víreasach eachaí le toradh diúltach ar shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí arna tógáil[5] tráth nach mó ná 6 mhí roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus maidir le sampla fola arna thógáil an dáta céanna[5] d'fhreagair sé le toradh dearfach i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí ar chaolú séirim de bhreis is ceann amháin as ceithre cinn,]
	agus		rinneadh an tástáil a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe II.3.4.3. le haghaidh meitríteas tógálach eachaí den uair dheiridh ar shamplaí arna dtógáil[5], tráth nach mó ná 60 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I.
		II.3.5.3.	Na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4., rinneadh iad ar shamplaí arna dtógáil[5] roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain den séasúr pórúcháin nó den tréimhse bhailiúcháin sa bhliain inar bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-INTRA**

agus rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.4. den uair dheiridh ar shamplaí arna dtógáil[5] tráth nach lú ná 14 lá agus nach mó ná 90 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I.

II.3.6. a chuaigh faoin tástáil dá bhforáiltear i bpointe II.3.5. ar shamplaí arna dtógáil ar na dátaí seo a leanas:

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaithe[5]		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte[5]				
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	EIA II.3.4.1.	EVA II.3.4.2.		CEM II.3.4.3.	
					Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla

[2]*cibé acu* [II.4. Níor cuireadh aon antaibheathach leis an seamhan;]

[2]*nó* [II.4. Cuireadh an t-antaibheathach seo a leanas nó an meascán antaibheathach seo a leanas leis chun tiúchan a tháirgeadh sa seamhan caolaithe críochnaitheach nach lú ná[6]: ……

…….. ;]

II.5. An seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.5.1. bailíodh, próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh é faoi choinníollacha a chomhlíonann ceanglais Chaibidil II(I)(1) agus Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.5.2. seoladh chuig an áit luchtaithe i gcoimeádán séalaithe é i gcomhréir le pointe 1.4 de Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19. air.

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh áit an tseolta ag freagairt do lárionad bailithe seamhain tionscnaimh an seamhan.

Bosca I.12: Beidh an ceann scríbe ag freagairt don lárionad bailithe nó stórála seamhain nó don ghabháltas a mbeidh an seamhan á sheoladh chuige.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.30: Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Beidh uimhir formheasa an lárionaid ag freagairt d'uimhir formheasa an lárionaid seamhain a shonraítear i mBosca I.11 inar bailíodh an seamhan.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-INTRA**

Cuid II:

Treoraíocht maidir leis an tábla i bpointe II.3.6 a líonadh isteach:

Giorrúcháin:

EIA-1	Tástáil le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) an chéad ócáid
EIA-2	Tástáil le haghaidh EIA an dara hócáid
EVA-B1	Tástáil le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) ar shampla fola an chéad ócáid
EVA-B2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla fola an dara hócáid
EVA-S1	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an chéad ócáid
EVA-S2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an dara hócáid
CEM-11	Tástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) an chéad ócáid an chéad sampla
CEM-12	Tástáil le haghaidh CEM an chéad ócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-11
CEM-21	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an chéad sampla
CEM-22	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-21

Treoracha:

Maidir le gach seamhan arna shainaithint i gcolún A sa sampla thíos, ní mór tuairisc a thabhairt ar an gclár tástála (pointe II.3.5.1., pointe II.3.5.2. agus/nó pointe II.3.5.3.) i gcolún B, agus ní mór colúin C agus D a líonadh isteach leis na dátaí a éilítear.

Na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a dtástála i saotharlann roimh an gcéad bhailiúchán seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I de réir mar a éilítear in II.3.5.1., II.3.5.2. agus II.3.5.3., iontrálfar sa líne uachtarach de cholúin 5 go 9 den tábla iad, is é sin na boscaí arna marcáil le EIA-1, EVA-B1 nó EVA-S1 agus CEM-11 agus CEM-12 sa sampla thíos.

Na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a n-atástála i saotharlann de réir mar a éilítear i gcomhréir le II.3.5.2. nó II.3.5.3., iontrálfar sa líne íochtarach de cholúin 5 go 9 sa tábla iad, is é sin na boscaí EIA-2, EVA-B2 nó EVA-S2 agus CEM-21 agus CEM-22 sa sampla thíos.

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaithe[5]		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte[5]				
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	EIA II.3.4.1.	EVA II.3.4.2.		CEM II.3.4.3.	
					Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla
A	**B**	**C**	**D**	**EIA-1**	**EVA-B1**	**EVA-S1**	**CEM-11**	**CEM-12**
				EIA-2	**EVA-B2**	**EVA-S2**	**CEM-21**	**CEM-22**

(1) Na lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag an údarás inniúil agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Threoir 92/65/CEE ón gComhairle, agus na lárionaid bailithe seamhain sin amháin.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(3) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.

(4) Cuir líne tríd an gclár nó na cláir nach bhfuil feidhm aige nó acu maidir leis an gcoinsíneacht.

(5) Cuir an dáta isteach sa tábla i bpointe II.3.6 (lean an Treoraíocht i gCuid II de na Nótaí).

(6) Cuir isteach na hainmneacha agus na tiúchain.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha) Cáilíocht agus teideal

Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil

Dáta

Stampa Síniú

▼B

CAIBIDIL 48

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ DE STOIC DE SHEAMHAN Ó EACH-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE ROIMH AN 1 MEÁN FÓMHAIR 2010 IDIR NA BALLSTÁIT, AGUS ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'EQUI-SEM-D-INTRA')

<table>
<tr><td colspan="3">AN tAONTAS EORPACH</td><td colspan="3">INTRA</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td>Coinsíneoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt IMSOC
I.2a Tagairt áitiúil
I.3 Príomhúdarás Inniúil
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td>Coinsíní
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht
Ainm Uimh. Chlárúcháin
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td>An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td>An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td>An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td>An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td>Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td>Áit luchtaithe</td><td colspan="2">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td></td><td>I.15</td><td>Cóir iompair
□ Soitheach □ Aerárthach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas □ Eile
Doiciméad</td><td colspan="2">I.16 Iompróir
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe
Seoladh
Tír Cód tíre ISO
I.17 Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td></td><td>I.18</td><td colspan="3">Coinníollacha iompair □ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td></td><td>I.19</td><td colspan="3">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
</table>

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21 □ Le hiompar trí thríú tír	
Tríú tír	Cód tíre ISO
Pointe scoir	Cód BCP
Pointe iontrála	Cód BCP

I.22 □ Le hiompar trí Bhallstá(i)t		**I.23 □ Le honnmhairiú**	
Ballstát	Cód tíre ISO	Tríú tír	Cód tíre ISO
Ballstát	Cód tíre ISO	Pointe scoir	Cód BCP
Ballstát	Cód tíre ISO		

I.24 Tréimhse mheasta an turais			**I.25 Loga an turais**	□ tá	□ níl
I.26 Líon iomlán pacáistí			**I.27 Cainníocht iomlán**		
I.28 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán			**I.29 Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**		

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-D-INTRA**

	II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**
Cuid II: Deimhniú	Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le: II.1. Maidir leis an lárionad bailithe seamhain[1] inar bailíodh, inar próiseáladh agus inar stóráladh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I lena thrádáil: II.1.1. rinne an t-údarás inniúil é a fhormheas agus a mhaoirsiú de réir choinníollacha Chaibidil I d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE; II.1.2. bhí sé suite ar an gcríoch nó, i gcás réigiúnaithe, i gcuid de chríoch[2] Ballstáit nár measadh a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le hAirteagal 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE[3] an lá a bailíodh an seamhan go dtí an dáta ar ar seoladh an seamhan mar sheamhan úr/fuaraithe[2] nó go dtí gur imigh an tréimhse stórála éigeantach 30 lá do sheamhan reoite in éag[2]; II.1.3. comhlíon sé, le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain go dtí an dáta ar ar seoladh an seamhan mar sheamhan úr nó fuaraithe[2] nó go dtí gur imigh an tréimhse stórála éigeantach 30 lá do sheamhan reoite in éag[2], coinníollacha Airteagal 4 de Threoir 2009/156/CE; II.1.4. le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain go dtí an dáta ar ar seoladh an seamhan mar sheamhan úr nó fuaraithe[2] nó go dtí gur imigh an tréimhse stórála éigeantach 30 lá do sheamhan reoite in éag[2], ní raibh ann ach each-ainmhithe a bhí saor ó aon chomhartha cliniciúil d'artairíteas víreasach eachaí agus meitríteas tógálach eachaí; II.2. Ligeadh gach each-ainmhí isteach sa lárionad i gcomhréir le forálacha Airteagail 4 agus 5 de Threoir 2009/156/CE[3]; II.3. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó staileanna bronntacha: II.3.1. nár léirigh, an lá a bailíodh an seamhan, comharthaí cliniciúla de ghalar ionfhabhtaíoch ná galar tógálach, II.3.2. nár úsáideadh le haghaidh a bpórúcháin nádúrtha ar feadh 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, II.3.3. a coimeádadh le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiú an tseamhain ar ghabháltais nár thaispeáin aon each-ainmhí ann comharthaí cliniciúla den artairíteas víreasach eachaí, II.3.4. a coimeádadh le linn na tréimhse 60 lá roimh bhailiú an tseamhain ar ghabháltais nár thaispeáin aon each-ainmhí ann comharthaí cliniciúla den mheitríteas tógálach eachaí, II.3.5. chomh fada le m'eolas agus a mhéid arbh fhéidir liom a dhéanamh amach, nach raibh i dteagmháil le heach-ainmhithe a raibh galar ionfhabhtaíoch ná galar tógálach orthu le linn na 15 lá díreach roimh bhailiú an tseamhain, II.3.6. a ndearnadh na tástálacha sláinte ainmhithe seo a leanas orthu arna ndéanamh i saotharlann arna sainaithint ag an údarás inniúil, i gcomhréir le clár tástála mar a shonraítear i bpointe II.3.7. II.3.6.1. triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) le haghaidh ainéime thógálach eachaí le toradh diúltach;		

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-D-INTRA**

	agus[(2)]*cibé acu*	[II.3.6.2.	tástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí le toradh diúltach ar chaolú séirim de cheann amháin as ceithre cinn; agus]
	[(2)]*nó*	[II.3.6.2.	tástáil scoite víreas le haghaidh artairíteas víreasach eachaí arna déanamh le toradh diúltach ar shlánchuid sheamhan iomlán na staile bronntaí;]
	agus	II.3.6.3.	tástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh meitríteas tógálach eachaí arna déanamh ar dhá ócáid ar shamplaí fola arna mbailiú ón stail bhronntach le heatramh 7 lá trí leithlisiú *Taylorella equigenitalis* ó leacht réamh-sheadta nó ó shampla seamhain agus ó mhaipíneachtaí ginitiúla arna dtógáil ón bhforchraiceann, ón úiréadra agus ón fossa glandis le toradh diúltach i ngach cás;
		II.3.7.	a cuireadh faoi cheann de na cláir thástála seo a leanas[(4)]:
			II.3.7.1. Bhí cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe ar feadh 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, agus le linn na tréimhse bailiúcháin, agus níor tháinig aon eachainmhí sa lárionad bailithe le linn an ama sin i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná na staileanna bronntacha. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.6. ar shamplaí arna dtógáil an……..[(5)] agus i gcás meitrítis thógálaigh eachaí ar an dara sampla arna thógáil an……..[(5)], 14 lá ar a laghad tar éis thosú na tréimhse cónaithe thuas agus ag tús an tséasúir pórúcháin ar a laghad;
			II.3.7.2. Ní raibh cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe nó tháinig each-ainmhithe eile sa lárionad bailithe i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná na stail bhronntach. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.6. ar shamplaí arna dtógáil an……..[(5)] agus i gcás meitrítis thógálaigh eachaí ar an dara sampla arna thógáil an……..[(5)], laistigh den tréimhse 14 lá roimh an gcéad bhailiúcháin seamhain agus ag tús an tséasúir pórúcháin ar a laghad;
		agus	rinneadh an tástáil ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.6.1. le haghaidh ainéime thógálach eachaí den uair dheiridh ar shampla fola arna thógáil……..[(5)], tráth nach mó ná 120 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;
		agus [(2)]*cibé acu*	[rinneadh ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.6.2. le haghaidh artairíteas víreasach eachaí den uair dheiridh ar shampla fola arna thógáil……..[(5)], tráth nach mó ná 30 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,]
		[(2)]*nó*	[deimhníodh staid neamh-shilteach na staile bronntaí séiridhearfaí maidir le hartairíteas víreasach eachaí le tástáil scoite víreas a rinneadh ar shlánchuid sheamhan iomlán na staile bronntaí a bailíodh an……..[(5)], tráth nach mó ná bliain amháin sular bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-D-INTRA**

II.3.7.3. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.6. le linn na tréimhse stórála éigeantach 30 lá maidir le seamhan reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar shamplaí arna dtógáil an……..[5] agus i gcás meitrítis thógálaigh eachaí ar an dara sampla arna thógáil an……..[5];

II.4. Bailíodh, próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faoi choinníollacha lena gcomhlíontar ceanglais Chaibidil II agus Chaibidil III d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE.

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: beidh áit an tseolta ag freagairt do lárionad bailithe seamhain tionscnaimh an seamhan.

Bosca I.12: beidh an ceann scríbe ag freagairt don lárionad bailithe nó stórála seamhain nó don ghabháltas a mbeidh an seamhan á sheoladh chuige.

Bosca I.19: sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.30: beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

beidh uimhir formheasa an lárionaid ag freagairt d'uimhir formheasa an lárionaid seamhain a shonraítear i mBosca I.11. inar bailíodh an seamhan.

Cuid II:

(1) Na lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag an údarás inniúil agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Threoir 92/65/CEE ón gComhairle, agus na lárionaid bailithe seamhain sin amháin.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(3) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.

(4) Cuir líne tríd an gclár nó na cláir nach bhfuil feidhm aige nó acu maidir leis an gcoinsíneacht.

(5) Cuir an dáta isteach.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 49

(5) Ballstáit nó codanna díobh a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún.

(6) Maidir le cóireálacha in aghaidh *Echinococcus multilocularis*, má thugtar iad tar éis an dáta a síníodh an deimhniú seo, ní mór iad a chríochnú agus a dhoiciméadú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

Dearbhú caighdeánach dá dtagraítear sa deimhniú, agus atá le ceangal leis sin, de bhun Airteagal 54(1)(b)(i) nó Airteagal 56(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688

Déanaimse, a bhfuil m'ainm anseo thíos,

……..[1].

[oibreoir nó coimeádaí peataí a dhéanann gluaiseacht madraí, cat nó firéad seachas gluaiseachtaí neamhthráchtála dá bhforáiltear in Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688]

a dhearbhú gurb amhlaidh, ón mbreith go dtí an tráth imeachta, nach raibh aon teagmháil ag na hainmhithe le hainmhithe talún ar coimeád atá faoi bhrat amhrais ionfhabhtaithe le víreas an chonfaidh ná le hainmhithe fiáine de speicis liostaithe le haghaidh ionfhabhtú le víreas an chonfaidh.

Trasfhreagróir/tatú[2]	Uimhir phas/dheimhnithe sláinte ainmhithe[2]

[1] Le líonadh isteach ag úsáid bloclitreacha

[2] Scrios de réir mar is iomchuí

▼B

CAIBIDIL 62

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ DE SHEAMHAN, ÚICÍTÍ AGUS SUTHANNA MADRAÍ (*CANIS LUPUS FAMILIARIS*) AGUS CAT (*FELIS SILVESTRIS CATUS*) ARNA BHAILIÚ NÓ ARNA MBAILIÚ, NÓ ARNA THÁIRGEADH NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA PHRÓISEÁIL NÓ ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/686 IDIR NA BALLSTÁIT (SAMHAIL 'GP-CANIS-FELIS-INTRA')

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **I.2a** **I.3** **I.4**	**Tagairt IMSOC** **Tagairt áitiúil** **Príomhúdarás Inniúil** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Soitheach □ Iarnród Aitheantas Doiciméad	□ Aerárthach □ Feithicil bhóthair □ Eile	**I.16** **I.17**	**Iompróir** Ainm Seoladh Tír **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe	□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**
Tríú tír	Cód tíre ISO
Pointe scoir	Cód BCP
Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**	**I.23**	**□ Le honnmhairiú**
Ballstát	Cód tíre ISO	Tríú tír	Cód tíre ISO
Ballstát	Cód tíre ISO	Pointe scoir	Cód BCP
Ballstát	Cód tíre ISO		
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**	**I.25**	**Loga an turais** □ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**	**I.27**	**Cainníocht iomlán**
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**	**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe GP-CANIS-FELIS-INTRA**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**		**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**	

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá seamhan[(1)]/ úicítí[(1)]/ suthanna[(1)] na madraí[(1)]/ na gcat[(1)] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe le haghaidh atáirgeadh saorga agus fuarthas ó ainmhithe bronntacha é nó iad

II.1.1. a rugadh san Aontas agus a d'fhan ann ó rugadh iad, nó a tháinig isteach san Aontas i gcomhréir leis na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas;

II.1.2. atá

[(1)]cibé acu [marcáilte le hionphlandú trasfhreagróra i gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013;]

[(1)]nó [marcáilte le tatú atá inléite go soiléir i gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013;]

[(1)]nó [sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;]

II.1.3. ag a bhfuil vacsaíniú frithchonfaidh faighte lena gcomhlíontar na ceanglais bhailíochta a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún.

II.2. Tagann an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht chláraithe dá sannann an t-údarás inniúil cláruimhir uathúil a shonraítear i mBosca I.11.

II.3. De réir faisnéis oifigiúil, fuarthas an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha

II.3.1. a thagann ó bhunaíochtaí nach ndearnadh ionfhabhtú le víreas an chonfaidh a dheimhniú iontu ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain[(1)]/ na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)];

II.3.2. a chomhlíonann aon bheart sláinte coisctheach le haghaidh galar nó ionfhabhtuithe seachas an confadh a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

II.4. De réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, fuarthas an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ó ainmhithe bronntacha

II.4.1. nár léirigh aon siomptóm galar lá bailithe an tseamhain[(1)]/ na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)];

II.4.2. nár úsáideadh le haghaidh síolrú nádúrtha le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain[(1)]/ na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ná le linn na tréimhse bailiúcháin.

II.5. Cuirtear an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)], ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, i gcoimeádán iompair séalaithe, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19. ar an séala.

II.6. De réir mar is fearr is eol dom agus bunaithe ar an tseiceáil dhoiciméadach ar na sonraí arna gcur isteach ag an oibreoir, cuirtear an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)], ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, i soip nó i bpacáistí eile ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún agus sonraítear an marc sin i mBosca I.30.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe GP-CANIS-FELIS-INTRA**

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: *'Áit seolta':* sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil bhunaíocht seolta na coinsíneachta de sheamhan, d'úicítí nó de shuthanna.

Tagairt bhosca I.12: '*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh bhunaíocht chinn scríbe na coinsíneachta de sheamhan, d'úicítí nó de shuthanna, agus a cláruimhir uathúil, má shannann an t-údarás inniúil ceann di.

Tagairt bhosca I.30: '*Cineál':* Sonraigh más seamhan, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, úicítí arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte atá ann.

'*Speiceas*': Sonraigh '*Canis lupus familiaris*' nó '*Felis silvestris catus*' de réir mar is iomchuí.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh an uimhir aitheantais aonair de chuid gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan, úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh seamhan, úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh cláruimhir uathúil na bunaíochta inar bailíodh nó inar táirgeadh seamhan, úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 63

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT FEOILITEOIRÍ EILE IDIR NA BALLSTÁIT (SAMHAIL 'OTHCARN-INTRA')

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **I.2a** **I.3** **I.4**	**Tagairt IMSOC** **Tagairt áitiúil** **Príomhúdarás Inniúil** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Soitheach □ Iarnród Aitheantas Doiciméad	□ Aerárthach □ Feithicil bhóthair □ Eile	**I.16** **I.17**	**Iompróir** Ainm Seoladh Tír **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe	□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**	
	Tríú tír	Cód tíre ISO
	Pointe scoir	Cód BCP
	Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe OTHCARN-INTRA**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas:

II.1. Comhlíonann na feoiliteoirí eile[1][2] de chuid na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ceanglais seo a leanas:

II.1.1. Déantar iad a shainaithint:

[3]*cibé acu* [go haonarach;]

[3]*agus/nó* [mar ghrúpa ainmhithe den speiceas céanna arna gcoimeád le chéile le linn dóibh a bheith á n-aistriú chuig an gceann scríbe;]

II.1.2. Chuaigh siad faoi scrúdú cliniciúil nó iniúchadh cliniciúil an……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*) laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig roimh imeacht agus níor léirigh siad siomptóim ná comharthaí cliniciúla galar.

II.1.3. Tagann siad ó bhunaíocht chláraithe nó fhormheasta nár tuairiscíodh nach raibh ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád inti le linn na tréimhse 30 lá roimh imeacht agus nach raibh, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh t-oibreoir, aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe inti.

II.2. Comhlíonann na feoiliteoirí eile[1] de chuid na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ceanglais seo a leanas:

[3]*cibé acu*[II.2.1. Tá cúrsa iomlán príomhúil de vacsaíniú frithchonfaidh faighte acu agus tá 21 lá ar a laghad caite ó críochnaíodh an vacsaíniú frithchonfaidh príomhúil arna dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais bhailíochta a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus rinneadh aon athvacsaíniú dá éis sin laistigh den tréimhse bhailíochta a bhain leis an vacsaíniú roimhe sin.]

[3]*nó* [II.2.1. [Tá sé beartaithe iad a iompar go díreach, i gcomhréir le hAirteagal 58(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, chuig ceann de na bunaíochtaí seo a leanas:

[3]*cibé acu* [an bhunaíocht theoranta a sonraítear i mBosca I.20 de Chuid I;]

[3] *nó* [an bhunaíocht a sonraítear i mBosca I.20 de Chuid I ina gcoimeádtar na hainmhithe sin mar ainmhithe fionnaidh mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún.]]

[II.2.2. Maidir leis na cainidí, seachas madraí, de thoradh a gcinn scríbe sceidealaithe[4] a sonraítear i mBosca I.10, nó i mBosca I.11 i gcás ina bhfuil an réigiúnú i bhfeidhm:

[3]*cibé acu* [cuireadh cóireáil orthu in aghaidh *Echinococcus multilocularis* i gcomhréir le Cuid 2(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;]]

[3]*nó* [níor cuireadh cóireáil orthu in aghaidh[5] *Echinococcus multilocularis*.]]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe OTHCARN-INTRA**

Aitheantas	Cóireáil frith-Echinococcus		Tréidlia tabhartha
	Ainm agus monaróir an táirge	Dáta [ll/mm/bbbb] agus am [00:00] na cóireála	Ainm i gceannlitreacha, stampa agus síniú

[3]*nó*[tá sé beartaithe iad a iompar go díreach, i gcomhréir le hAirteagal 58(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, chuig:

[3]*cibé acu* [an bhunaíocht theoranta a sonraítear i mBosca I.20 de Chuid I.]]]

[3]*nó* [an bhunaíocht a sonraítear i mBosca I.20 de Chuid I ina gcoimeádtar na hainmhithe sin mar ainmhithe fionnaidh mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]

II.3. Déantar socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

II.4. Tá an deimhniú seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an deimhnithe ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

Fianú leasa ainmhithe

Ag tráth an iniúchta, bhí na hainmhithe atá cumhdaithe ag an deimhniú sláinte seo oiriúnach lena n-iompar i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle ar an turas a bhí beartaithe dóibh a bhí le tosú an..... *(cuir isteach an dáta)*.

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: '*Áit seolta':* Sonraigh bunaíocht chláraithe nó fhormheasta seolta.

Tagairt bhosca I.12: '*Ceann scríbe':* Sonraigh bunaíocht chláraithe nó fhormheasta chinn scríbe.

Tagairt bhosca I.30: '*Uimhir aitheantais*': Sonraigh an sainaitheantas de chuid gach ainmhí sa choinsíneacht.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe OTHCARN-INTRA**

Cuid II:

(1) Is féidir le hainmhí amháin nó níos mó a bheith sa choinsíneacht.

(2) Ciallaíonn feoiliteoirí eile ainmhithe den speiceas a bhaineann leis an ord Carnivora seachas madraí, cait agus firéid mar a shainmhínítear in Airteagal 3(32) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(3) Scrios murab infheidhme.

(4) Ballstáit nó codanna díobh a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún.

(5) Ní mór an tábla dá dtagraítear i bpointe II.2.2. a úsáid chun mionsonraí na cóireála in aghaidh *Echinococcus multilocularis* a dhoiciméadú i gcomhréir le Cuid 2(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, má thugtar tar éis an dáta a síníodh an deimhniú í agus roimh an tabhairt isteach sceidealaithe sna Ballstáit nó i gcodanna díobh a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 64

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT AINMHITHE TALÚN FIÁINE IDIR NA BALLSTÁIT (SAMHAIL 'WILD-ANIMALS-INTRA')

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt IMSOC** **I.2a** **Tagairt áitiúil** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**		**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Soitheach □ Aerárthach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas □ Eile Doiciméad		**I.16** **Iompróir** Ainm Seoladh Tír **I.17** **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**	
	Tríú tír	Cód tíre ISO
	Pointe scoir	Cód BCP
	Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe WILD-ANIMALS-INTRA**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a**	**Tagairt an deimhnithe**	**II.b**	**Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá ainmhithe[1] na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ina n-ainmhithe talún fiáine agus comhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

II.1.1. Maidir le tromlach ainmhithe na coinsíneachta, ar feadh 30 lá ar a laghad roimh imeacht na coinsíneachta, nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 30 lá d'aois,

II.1.1.1. bhí cónaí orthu sa ghnáthóg thionscnaimh;

II.1.1.2. ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná faoi réir srianta gluaiseachta ar chúiseanna sláinte ainmhithe;

II.1.1.3. ní raibh siad i dteagmháil dhíreach ná indíreach le hainmhithe ar coimeád a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch le linn na tréimhse 30 lá roimh imeacht an ainmhí.

II.1.2. Níor léirigh siad comharthaí cliniciúla ná siomptóim de ghalair liostaithe le haghaidh ainmhithe den speiceas lena mbaineannná de ghalair atá ag teacht chun cinn le linn an scrúdaithe chliniciúil, nó i gcás nach indéanta sin, an iniúchta chliniciúil, arna dhéanamh laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh imeacht na coinsíneachta, an……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*).

II.2. De réir faisnéis oifigiúil, ní thagann na hainmhithe talún fiáine, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, ó ghnáthóg atá faoi réir srianta gluaiseachta nó atá suite i gcrios teoranta arna bhunú ar chúiseanna galar liostaithe le haghaidh ainmhithe den speiceas lena mbaineann.

[2][II.3. De réir faisnéis oifigiúil, is crúbacha iad na hainmhithe talún fiáine, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, agus comhlíonann siad na ceanglais sláinte seo a leanas:

[2][II.3.1. Tagann siad ó ghnáthóg nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis* inti in ainmhithe talún fiáine de speicis liostaithe le haghaidh an ghalair sin le linn an 42 lá roimh imeacht.]

[2][II.3.2. Tagann siad ó ghnáthóg nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* inti in ainmhithe talún fiáine de speicis liostaithe le haghaidh an ghalair sin le linn an 42 lá roimh imeacht.]

[2][II.3.3. Tagann siad ó ghnáthóg nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh inti le linn na tréimhse 30 lá roimh imeacht.]

[2][II.3.4. Tagann siad ó ghnáthóg nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh inti laistigh de gha 150 km in ainmhithe talún fiáine de speiceas liostaithe an ghalair sin le linn an 2 bhliain roimh imeacht.]

[2][II.3.5. Tagann siad ó ghnáthóg nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc i gcrúbacha inti le linn na tréimhse 15 lá roimh imeacht.]

[2][II.3.6. Tagann siad ó ghnáthóg nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti le linn an 30 lá roimh imeacht.]]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe WILD-ANIMALS-INTRA**

	[(2)][II.4. De réir faisnéis oifigiúil baineann na hainmhithe talún fiáine, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, leis an bhfine Antilocapridae, leis an bhfine Bovidae, leis an bhfine Camelidae, leis an bhfine Cervidae, leis an bhfine Giraffidae, leis an bhfine Moschidae nó leis an bhfine Tragulidae agus comhlíonann siad na ceanglais sláinte seo a leanas: [(2) *cibé acu*[II.4.1. Tagann siad ó ghnáthóg i mBallstát nó i gcrios atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), áit nach ndearnadh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a dheimhniú le linn na 24 mhí roimhe sin sa daonra ainmhithe spriocdhírithe agus níor vacsaíníodh iad le vacsaín bheo in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) sa tréimhse 60 lá roimh dháta na gluaiseachta agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1)(a), (b) nó (c) nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún.] [(2)*agus/nó*[II.4.2. Tagann siad ó ghnáthóg i mBallstát nó ó i gcrios a chumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1)(a), (b) nó (c) nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus [(2)*cibé acu* [II.4.2.1. bhí cónaí orthu i mBallstát nó i gcrios atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcomhréir le hAirteagal 40(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún [(2)*cibé acu* [II.4.2.1.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta]] [(2)*agus/nó* [II.4.2.1.2. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis dháta theacht isteach an ainmhí isteach sa Bhallstát nó sa chrios atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)]] [(2) *agus/nó* [II.4.2.1.3. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta theacht isteach an ainmhí isteach sa Bhallstát nó sa chrios atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]]] [(2)*agus/nó* [II.4.2.2. vacsaíníodh iad in aghaidh na séiritíopaí sin ó 1 go 24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le 2 bhliain anuas sa Bhallstát nó sa chrios sin agus tá siad laistigh den tréimhse imdhíonachta arna ráthú sna sonraíochtaí den vacsaín agus [(2)*cibé acu* [II.4.2.2.1. vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta na gluaiseachta]] [(2)*agus/nó* [II.4.2.2.2. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na himdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne;]]]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe WILD-ANIMALS-INTRA**

	[(2)*agus/nó*	[II.4.2.3.	cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach steiréitíopa 1-24 den ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dó le linn an 2 bhliain roimhe sin sa Bhallstát nó sa chrios sin agus			
		[(2)*cibé acu*	[II.4.2.3.1.	rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 60 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta]]		
		[(2)*agus/nó*	[II.4.2.3.2.	rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta agus cuireadh an t-ainmhí faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta na gluaiseachta;]]]		
	[(2)*agus/nó*[II.4.3.	Tagann siad ó ghnáthóg i mBallstát nó i gcrios nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná nach gcumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1)(a), (b) nó (c) nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus				
		[II.4.3.1.	bhí cónaí orthu, ar feadh na tréimhse 60 lá ar a laghad roimh imeacht, i ngnáthóg atá suite i mBallstát nó i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an ngnáthóg, áit a ndearnadh faireachas le linn na tréimhse sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Ranna 1 agus 2 de Chaibidil 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/689 agus				
		[(2)*cibé acu*	[II.4.3.1.1.	vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí sin ó 1 go 24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an ngnáthóg ina raibh cónaí ar na hainmhithe agus tá siad laistigh den tréimhse imdhíonachta arna ráthú sna sonraíochtaí den vacsaín agus			
			[(2)*cibé acu*	[II.4.3.1.1.1.	vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta na gluaiseachta]]]	
			[(2)*agus/nó*	[II.4.3.1.1.2.	vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na himdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne;]]]]	
		[(2)*agus/nó*	[II.4.3.1.2.	imdhíonadh na hainmhithe ar na séiritíopaí sin ó 1 go 24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an ngnáthóg ina raibh cónaí ar na hainmhithe, agus			
			[(2)*cibé acu*	[II.4.3.1.2.1.	cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 60 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta]]]	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe WILD-ANIMALS-INTRA**

		[(2)*nó*	[II.4.3.1.2.2.	cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta agus faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta na gluaiseachta;]]]]
	[(2)*agus/nó*[II.4.4.	Ní chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i bpointí 1 go 3 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus d'údaraigh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht na n-ainmhithe sin chuig Ballstát eile nó chuig crios de		
	[(2)*cibé acu*	[II.4.4.1.	ag a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 43(2)(a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus	
		[(2)*cibé acu*	[II.4.4.1.1.	pointe 5 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus
		[(2)*agus/nó*	[II.4.4.1.2.	pointe 6 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán (AE) sin, agus
		[(2)*agus/nó*	[II.4.4.1.3.	pointe 7 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán (AE) sin, agus
		[(2)*agus/nó*	[II.4.4.1.4.	pointe 8 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1)(a), (b) nó (c) nó Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 den Rialachán Tarmligthe sin]]
	[(2)*agus/nó*	[II.4.4.2.	le clár díothúcháin formheasta maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 43(2)(a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus	
		[(2)*cibé acu*	[II.4.4.2.1.	pointe 5 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus
		[(2)*agus/nó*	[II.4.4.2.2.	pointe 6 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán (AE) sin, agus
		[(2)*agus/nó*	[II.4.4.2.3.	pointe 7 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán (AE) sin, agus
		[(2)*agus/nó*	[II.4.4.2.4.	pointe 8 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1)(a), (b) nó (c) nó Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 den Rialachán Tarmligthe sin;]]]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe WILD-ANIMALS-INTRA**

	[(2)]*agus/nó*	[II.4.4.3.	nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó nach gcumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe
		[(2)]*cibé acu* [II.4.4.3.1.	gan aon choinníollacha, agus
		[(2)]*agus/nó* [II.4.4.3.2.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe 5 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus
		[(2)]*agus/nó* [II.4.4.3.3.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe 6 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus
		[(2)]*agus/nó* [II.4.4.3.4.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe 7 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus
		[(2)]*agus/nó* [II.4.4.3.5.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe 8 de Roinn 1 de Chaibidil 2 de Chuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1)(a), (b) nó (c) nó Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 den Rialachán Tarmligthe sin.]]]
	II.5.	De réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann na hainmhithe talún fiáine ó ghnáthóg nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe inti.	
	II.6.	Déantar socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcomhréir le hAirteagal 101(1), (2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.	
	II.7.	Tá an deimhniú seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an deimhnithe ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.	
	Fianú leasa ainmhithe		
	Ag tráth an iniúchta, bhí na hainmhithe atá cumhdaithe ag an deimhniú sláinte seo oiriúnach lena n-iompar i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle ar an turas a bhí beartaithe dóibh a bhí le tosú an..... *(cuir isteach an dáta)*.		
	Nótaí:		
	I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.		
	Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.		

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe WILD-ANIMALS-INTRA**

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: *'Áit seolta':* Sonraigh gnáthóg de thionscnamh na n-ainmhithe sa choinsíneacht.

Tagairt bhosca I.12: *'Ceann scríbe':* Sonraigh gnáthóg nó bunaíocht ó cheann scríbe críochnaitheach na coinsíneachta.

Tagairt bhosca I.30: *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh cóid sainaitheantais na n-ainmhithe sa choinsíneacht.

Cuid II:

(1) Is féidir le hainmhí amháin nó níos mó a bheith sa choinsíneacht.

(2) Scrios murab infheidhme.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 65

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT COINSÍNEACHTAÍ DE SHEAMHAN, ÚICÍTÍ AGUS SUTHANNA AINMHITHE DEN FHINE CAMELIDAE AGUS DEN FHINE CERVIDAE ARNA BHAILIÚ NÓ MBAILIÚ NÓ ARNA THÁIRGEADH NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA PHRÓISEÁIL NÓ ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/686 IDIR NA BALLSTÁIT (SAMHAIL 'GP-CAM-CER-INTRA')

<table>
<tr><td colspan="3">AN tAONTAS EORPACH</td><td colspan="3">INTRA</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td>Coinsíneoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt IMSOC
I.2a Tagairt áitiúil
I.3 Príomhúdarás Inniúil
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td>Coinsíní
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht
Ainm Uimh. Chlárúcháin
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td>An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.9 An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td>An réigiún tionscnaimh Cód</td><td colspan="2">I.10 An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td>Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td>Áit luchtaithe</td><td colspan="2">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="4">I.15</td><td rowspan="4">Cóir iompair
□ Soitheach □ Aerárthach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas □ Eile
Doiciméad</td><td colspan="2">I.16 Iompróir
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td colspan="2">I.17 Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td></td><td>I.18</td><td colspan="4">Coinníollacha iompair □ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td></td><td>I.19</td><td colspan="4">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
</table>

▼B

I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh			
□ Le coimeád thairis sin	□ Marú	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Each-ainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dhobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí mar bhia don duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo mar bhia don duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríú tír**	
	Tríú tír	Cód tíre ISO
	Pointe scoir	Cód BCP
	Pointe iontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Cód tíre ISO		Tríú tír	Cód tíre ISO
	Ballstát	Cód tíre ISO		Pointe scoir	Cód BCP
	Ballstát	Cód tíre ISO			
I.24	**Tréimhse mheasta an turais**		**I.25**	**Loga an turais**	□ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**		**I.27**	**Cainníocht iomlán**	
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**		**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**	

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe GP-CAMELID-CER-INTRA**

	II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**
Cuid II: Deimhniú	Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le: II.1. Tá an seamhan(1)/ na húicítí(1)/ na suthanna(1), ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe le haghaidh atáirgeadh saorga agus fuarthas ó ainmhithe bronntacha é nó iad II.1.1. a rugadh san Aontas agus a d'fhan ann ó rugadh iad, nó a tháinig isteach san Aontas i gcomhréir leis na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas; II.1.2. a d'fhan i mbunaíocht tionscnaimh aonair ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1); (1)[II.1.3. atá ina n-ainmhithe den fhine Camelidae agus a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 73(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún.] (1)[II.1.3. atá ina n-ainmhithe den fhine Cervidae agus a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 73 (2) nó le hAirteagal 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035.] II.2. Tagann an seamhan(1)/ na húicítí(1)/ na suthanna(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht chláraithe dá sannann an t-údarás inniúil cláruimhir uathúil a shonraítear i mBosca I.11. II.3. De réir faisnéis oifigiúil, fuarthas an seamhan(1)/ na húicítí(1)/ na suthanna(1) ó ainmhithe bronntacha II.3.1. nach dtagann ó bhunaíocht, ná nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíocht, atá suite i gcrios srianta a bunaíodh de dheasca gurbh ann don ghalar crúb is béil, d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag ná do ghalar atá ag teacht chun cinn agus atá ábhartha do speiceas na n-ainmhithe talún sin ar coimeád; II.3.2. a thagann ó bhunaíocht inarb amhlaidh, le linn tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) II.3.2.1. rinneadh clár faireachais a chur i gcrích inti chun ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*) a bhrath i gcomhréir le Codanna 2 nó 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún; II.3.2.2. nach ndearnadh aon ainmhí den fhine Camelidae ná den fhine Cervidae, nach gcomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.3.2.1., a thabhairt isteach inti; II.3.2.3. i gcás amhrais ionfhabhtaithe le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*), rinneadh imscrúduithe inti agus cuireadh an galar as an áireamh; II.3.3. a thagann ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus, Brucella melitensis* ná *Brucella suis* inti le linn na tréimhse 42 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);		

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe GP-CAMELID-CER-INTRA**

	[(1)[II.3.4.	atá ina n-ainmhithe den fhine Camelidae agus a thagann ó bhunaíocht ina ndearnadh na hainmhithe uile inti a chur faoi thástáil le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, Brucella melitensis* agus *Brucella suis* dá dtagraítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil linn na tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);]
	II.3.5.	a thagann ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann do rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch inti le linn na tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);
	II.3.6.	a thagann ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh inti le linn tréimhse 2 bhliain ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) laistigh de gha 150 km timpeall na bunaíochta;
	II.3.7.	a thagann ó bhunaíocht nár deimhníodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh inti le linn na tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);
	II.3.8.	a thagann ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti le linn na tréimhse 15 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);
	II.3.9.	a thagann ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1), agus
	(1)*cibé acu*	[níor deimhníodh gurbh ann do surra inti le linn an 2 bhliain roimhe sin;]
	(1)*nó*	[deimhníodh gurbh ann do surra inti le linn an 2 bhliain roimhe sin agus tar éis na ráige deireanaí den ghalar sin d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta go dtí – gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht; agus – go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht a chur faoi thástáil le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) dá dtagraítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht;]
	II.3.10.	a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):
	(1)*cibé acu*	[II.3.10.1. rinneadh iad a choimeád, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) agus lena linn sin, i mBallstát nó i gcrios de atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) áit nach ndearnadh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a dheimhniú le linn na 24 mhí roimhe sin sa phobal ainmhithe spriocdhírithe;]
	(1)*agus/nó*	[II.3.10.2. rinneadh iad a choimeád i gcrios atá saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse atá saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain(1)/ na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) agus lena linn sin, i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe GP-CAMELID-CER-INTRA**

	[(1)*agus/nó* II.3.10.3. rinneadh iad a choimeád i gcrios atá saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse atá saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain[(1)]/ na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] agus lena linn sin, i mBallstát nó i gcrios de ina bhfuil toiliú údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe faighte i scríbhinn roimh ré ag údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta de sheamhan,[(1)]/ d'úicítí[(1)]/ de shuthanna[(1)], ar toiliú é leis na coinníollacha a bhaineann leis an gcrios sin atá saor ó ghalar go séasúrach a bhunú agus le glacadh leis an gcoinsíneacht de sheamhan[(1)]/ d'úicítí[(1)]/ de shuthanna[(1)];] [(1)*agus/nó* II.3.10.4. rinneadh iad a choimeád i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain[(1)]/ na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] agus lena linn sin;] [(1)*agus/nó* II.3.10.5. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí maidir leis an víreas gormtheanga, séireaghrúpa 1-24, a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, idir 28 agus 60 lá ó dháta gach bailiúcháin den seamhan[(1)]/ de na húicítí[(1)]/ de na suthanna[(1)];] [(1)*agus/nó* II.3.10.6. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin iad le haghaidh an víris gormtheanga (séiritíopaí 1-24), agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí fola arna dtógáil ar thosú agus ar bhailiú críochnaitheach an tseamhain agus gach 7 lá ar a laghad i gcás na tástála scoite víreas, nó gach 28 lá ar a laghad i gcás ISP, le linn an bhailiúcháin seamhain;] [(1)*agus/nó* II.3.10.7. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil ar lá bailithe na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)].] II.4. De réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, fuarthas an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha II.4.1. a ndearna tréidlia scrúdú cliniciúil orthu agus nár léirigh aon siomptóm galar lá bailithe an tseamhain[(1)]/ na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)]; II.4.2. nach raibh i dteagmháil le hainmhithe nár chomhlíon na ceanglais a leagtar amach i bpointe II.1.1. agus i bpointí II.3.1. go II.3.10. le linn na tréimhse cónaithe 30 lá ar a laghad a leagtar amach i bpointe II.1.2.; II.4.3. nár úsáideadh le haghaidh síolrú nádúrtha le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain[(1)]/ na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ná le linn na tréimhse bailiúcháin. II.5. Cuirtear an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)], ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, i gcoimeádán iompair séalaithe, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19. ar an séala. II.6. De réir mar is fearr is eol dom agus bunaithe ar an tseiceáil dhoiciméadach ar na sonraí arna gcur isteach ag an oibreoir, cuirtear an seamhan[(1)]/ na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)], ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, i soip nó i bpacáistí eile ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún agus sonraítear an marc sin i mBosca I.30.

▼B

AN tAONTAS EORPACH **Samhail deimhnithe GP-CAMELID-CER-INTRA**

Nótaí

Líonfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo isteach de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: *'Áit seolta':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil bhunaíocht seolta na coinsíneachta de sheamhan, d'úicítí nó de shuthanna.

Tagairt bhosca I.12: '*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil bhunaíocht chinn scríbe na coinsíneachta de sheamhan, d'úicítí nó de shuthanna.

Tagairt bhosca I.30: '*Cineál':* Sonraigh más seamhan, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, úicítí arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte atá ann.

'*Speiceas*': Sonraigh '*Camelidae*' nó '*Cervidae*' de réir mar is iomchuí.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh an uimhir aitheantais aonair de chuid gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan, úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'Dáta bailithe/táirgeachta: Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh seamhan, úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh cláruimhir uathúil na bunaíochta inar bailíodh nó inar táirgeadh seamhan, úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú

▼B

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II tá na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus na dearbhuithe sláinte ainmhithe/oifigiúla seo a leanas maidir le tabhairt isteach san Aontas agus le hiompar tríd an Aontas:

Samhail

Crúbacha	
BOV-X	Caibidil 1: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas
BOV-Y	Caibidil 2: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le bó-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas
BOV-X-TRANSIT-RU	Caibidil 3: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le bó-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a iompar ó réigiún Kaliningrad go réigiúin eile den Rúis trí chríoch na Liotuáine, a thabhairt isteach san Aontas
OV/CAP-X	Caibidil 4: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le hainmhithe den chineál caorach agus le hainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas
OV/CAP-Y	Caibidil 5: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le hainmhithe den chineál caorach agus le hainmhithe den chineál gabhair, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas
SUI-X	Caibidil 6: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le muc-ainmhithe agus le hainmhithe den fhine Tayassuidae a thabhairt isteach san Aontas
SUI-Y	Caibidil 7: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le muc-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas
RUM	Caibidil 8: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le hainmhithe den fhine Antilocapridae, den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair), den fhine Giraffidae, den fhine Moschidae agus den fhine Tragulidae a thabhairt isteach san Aontas
RHINO	Caibidil 9: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le hainmhithe den fhine Tapiridae, den fhine Rhinocerotidae agus den fhine Elephantidae a thabhairt isteach san Aontas
HIPPO	Caibidil 10: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le hainmhithe den fhine Hippopotamidae a thabhairt isteach san Aontas
CAM-CER	Caibidil 11: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le hainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a thabhairt isteach san Aontas
▼M4 ENTRY-EVENTS	Caibidil 12a: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le crúbacha áirithe ar de thionscnamh an Aontais iad a theacht isteach san Aontas, crúbacha a aistrítear go tríú tír nó go críoch chun bheith rannpháirteach in imeachtaí, taispeántais, léirithe agus seónna agus a aistrítear ar ais go dtí an tAontas ina dhiaidh sin
▼B **Each-ainmhithe**	
EQUI-X	Caibidil 12: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach agus dearbhú caighdeánach maidir le heach-ainmhithe, nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas
EQUI-Y	Caibidil 13: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach agus dearbhú caighdeánach maidir le heach-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas

▼B

EQUI-TRANSIT-X	Caibidil 14: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus dearbhú caighdeánach maidir le heach-ainmhithe, nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a iompar tríd an Aontas
EQUI-TRANSIT-Y	Caibidil 15: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus dearbhú caighdeánach maidir le heach-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a iompar tríd an Aontas
EQUI-RE-ENTRY-30	Caibidil 16: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus dearbhú caighdeánach maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh rásaíochta, iomaíochta agus imeachtaí cultúrtha tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach mó ná 30 lá
EQUI-RE-ENTRY-90-COMP	Caibidil 17: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus dearbhú caighdeánach maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh iomaíochta tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach mó ná 90 lá chun gur féidir leo páirt a ghlacadh in imeachtaí eachaíochta arna n-eagrú faoi choimirce an Fédération Equestre Internationale (FEI)
EQUI- RE-ENTRY-90-RACE	Caibidil 18: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus dearbhú caighdeánach maidir le capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas arís le haghaidh rásaíochta tar éis onnmhairiú sealadach ar feadh tréimhse nach mó ná 90 lá chun gur féidir leo páirt a ghlacadh in imeachtaí rásaíochta ar leith san Astráil, i gCeanada, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i Hong Cong, sa tSeapáin, i Singeapór, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha nó i gCatar
Crúbacha a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíocht theoranta	
CONFINED-RUM	Caibidil 19: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le hainmhithe a liostaítear i Roinn 1 de Chaibidil 19 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún, agus ar de thionscnamh bunaíochta teoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil sa bhunaíocht theoranta sin, a thabhairt isteach san Aontas
CONFINED-SUI	Caibidil 20: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le hainmhithe a liostaítear i Roinn 1 de Chaibidil 20 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún, agus ar de thionscnamh bunaíochta teoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil sa bhunaíocht theoranta sin, a thabhairt isteach san Aontas
CONFINED-TRE	Caibidil 21: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le hainmhithe a liostaítear i Roinn 1 de Chaibidil 21 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún, agus ar de thionscnamh bunaíochta teoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil sa bhunaíocht theoranta sin, a thabhairt isteach san Aontas
CONFINED-HIPPO	Caibidil 22: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le hainmhithe den fhine Hippopotamidae, ar de thionscnamh bunaíochta teoranta iad agus a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil sa bhunaíocht theoranta sin, a thabhairt isteach san Aontas
Éin agus táirgí geirmeacha díobh	
BPP	Caibidil 23: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le héanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas
BPR	Caibidil 24: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla a thabhairt isteach san Aontas
DOC	Caibidil 25: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le sicíní lae seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas
DOR	Caibidil 26: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le sicíní lae raitíteach a thabhairt isteach san Aontas
HEP	Caibidil 27: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le huibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas

▼B

HER	Caibidil 28: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le huibheacha goir raitíteach a thabhairt isteach san Aontas
SPF	Caibidil 29: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas
SP	Caibidil 30: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le héanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, seachas raitítigh, a thabhairt isteach san Aontas
SR	Caibidil 31: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le raitítigh, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas
POU-LT20	Caibidil 32: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le níos lú ná 20 cloigeann éanlaithe clóis, seachas raitítigh, a thabhairt isteach san Aontas
HE-LT20	Caibidil 33: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis, seachas raitítigh, a thabhairt isteach san Aontas
▼M3 ÉIN I mBRAIGHDEANAS, cé is moite de cholúir rásaíochta	Caibidil 34: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le héin i mbraighdeanas teacht isteach san Aontas, cé is moite de cholúir rásaíochta a scaoiltear láithreach tar éis a dteacht isteach
COLÚIR RÁSAÍOCHTA-SCAOILEADH LÁITHREACH	Caibidil 34a: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le teacht isteach san Aontas colúr rásaíochta a scaoiltear láithreach tar éis a dteacht isteach
▼B HE-CAPTIVE-BIRDS	Caibidil 35: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le huibheacha goir ó éin i mbraighdeanas a thabhairt isteach san Aontas
Beacha	
QUE	Caibidil 36: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le cráinbheach meala a thabhairt isteach san Aontas
BBEE	Caibidil 37: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le bumbóga a thabhairt isteach san Aontas
Madraí, cait agus firéid	
CANIS-FELIS-FERRETS	Caibidil 38: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le madraí, cait agus firéid a thabhairt isteach san Aontas
Táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe	
BOV-SEM-A-ENTRY	Caibidil 39: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de sheamhan ó bhó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
BOV-SEM-B-ENTRY	Caibidil 40: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic de sheamhan ó bhó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021, i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
BOV-SEM-C-ENTRY	Caibidil 41: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic de sheamhan ó bhó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005, i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY	Caibidil 42: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad d'úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna

▼B

BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY	Caibidil 43: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic suthanna bó-ainmhithe arna ndíorthú *in vivo* agus arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe suthanna a bhailigh na suthanna
BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY	Caibidil 44: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic suthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* agus arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle, arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan a chomhlíonann ceanglais Threoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann táirgthe suthanna a tháirg na suthanna
BOV-in-vitro-EMB-D-ENTRY	Caibidil 45: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic suthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* agus arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE ón gComhairle, arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain atá formheasta ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann táirgthe suthanna a tháirg na suthanna
BOV-GP-PROCESSING-ENTRY	Caibidil 46: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha: — seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle; — úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna ndíothú *in vivo* agus arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna ndíorthú *in vitro* agus arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint ag úsáid seamhan a chomhlíonann ceanglais Threoir 88/407/CEE ón gComhairle; — stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* agus arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain atá formheasta ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir

▼B

BOV-GP-STORAGE-ENTRY	Caibidil 47: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha: — seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021 agus; — stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle; — úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna ndíothú *in vivo* agus arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna ndíorthú *in vitro* agus arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint ag úsáid seamhan a chomhlíonann ceanglais Threoir 88/407/CEE ón gComhairle; — stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* agus arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021 agus arna nginiúint trí úsáid a bhaint as seamhan ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain atá formheasta ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir
Táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair	
OV/CAP-SEM-A-ENTRY	Caibidil 48: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de sheamhan ó ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
OV/CAP-SEM-B-ENTRY	Caibidil 49: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY	Caibidil 50: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad d'úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna
OV/CAP-OOCYTES-EMB-B-ENTRY	Caibidil 51: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad d'úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag foireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a thairg na húicítí nó na suthanna

▼B

OV/CAP-GP-PROCESSING-ENTRY	Caibidil 52: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha: — seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an Dé Céadaoin 21 Aibreán 2021; — úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021 — stoic úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an Dé Céadaoin 21 Aibreán 2021
OV/CAP-GP-STORAGE-ENTRY	Caibidil 53: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha: — seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an Dé Céadaoin 21 Aibreán 2021; — úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021 — stoic úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE ón gComhairle roimh an Dé Céadaoin 21 Aibreán 2021
Táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe	
POR-SEM-A-ENTRY	Caibidil 54: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de sheamhan ó mhuc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
POR-SEM-B-ENTRY	Caibidil 55: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
POR-OOCYTES-EMB-ENTRY	Caibidil 56: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad d'úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna

▼B

POR-GP-PROCESSING-ENTRY	Caibidil 57: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha: — seamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021; — úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021
POR-GP-STORAGE-ENTRY	Caibidil 58: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha: — seamhan muc-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan muc-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 90/429/CEE ón gComhairle roimh an 21 Aibreán 2021; — úicítí agus suthanna muc-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021
Táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe	
EQUI-SEM-A-ENTRY	Caibidil 59: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de sheamhan ó each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
EQUI-SEM-B-ENTRY	Caibidil 60: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
EQUI-SEM-C-ENTRY	Caibidil 61: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an Dé Máirt 31 Lúnasa 2010 agus roimh an Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair 2014, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan
EQUI-SEM-D-ENTRY	Caibidil 62: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan

▼B

EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY	Caibidil 63: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad d'úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021, arna seoladh ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna
EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY	Caibidil 64: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna
EQUI-OOCYTES-EMB-C-ENTRY	Caibidil 65: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an Dé Máirt 31 Lúnasa 2010 agus roimh an Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair 2014, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ag an bhfoireann bailithe nó táirgthe suthanna a bhailigh nó a tháirg na húicítí nó na suthanna
EQUI-GP-PROCESSING-ENTRY	Caibidil 66: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha: — seamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an Dé Máirt 31 Lúnasa 2010 agus roimh an Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair 2014; — stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010; — úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;
	— stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014

▼B

EQUI-GP-STORAGE-ENTRY	Caibidil 67: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí geirmeacha a liostaítear thíos, arna seoladh tar éis an 20 Aibreán 2021 ón lárionad stórála táirgí geirmeacha: — seamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an Dé Máirt 31 Lúnasa 2010 agus roimh an Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair 2014; — stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010; — úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021; — stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021; — stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014
Táirgí geirmeacha ó chatagóirí áirithe ainmhithe talún	
GP-CONFINED-ENTRY	Caibidil 68: Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de sheamhan, úicítí agus suthanna ainmhithe talún arna gcoimeád i mbunaíocht theoranta agus arna bhailiú nó arna mbailiú, arna táirgeadh nó arna dtáirgeadh, arna phróiseáil nó arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692

▼B

CAIBIDIL 1

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE BÓ-AINMHITHE A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'BOV-X')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Sorcas taistil/seónna ainmhí □ Bunaíocht choraintín □ Taispeántas					
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-X**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

– aon stilbéin ná substaint thíreastatach,

– substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle);

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

II.1.3. maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):

(a) sainaithnítear na hainmhithe le córas sainaitheantais buan lena gcumasaítear iad a rianú siar go dtí an mháthair agus an tréad tionscnaimh, agus níl siad:

(i) ina gcásanna ESB;

(ii) ina mbó-ainmhithe a tógadh le linn na chéad bhliana dá saol le cásanna ESB le linn na chéad bhliana dá saol ná a d'ith an bheatha chéanna, de réir imscrúdú, le linn na tréimhse sin, rud a d'fhéadfadh a bheith chomh héillithe céanna, nó

(iii) mura bhfuil torthaí an imscrúdaithe dá dtagraítear i bhfleasc (ii) cinntitheach, ina mbó-ainmhithe a tógadh le linn na chéad bhliana dá saol le cásanna ESB le linn na chéad bhliana dá saol, ná a rugadh sa tréad céanna leis na cásanna ESB agus laistigh de 12 mhí roimh dháta breithe nó tar éis dháta breithe na gcásanna ESB;

agus

[1] cibé acu [(b) (i) rugadh na hainmhithe agus tógadh go leanúnach iad i dtír nó i réigiún nó i dtíortha nó i réigiúin a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thíortha nó réigiúin lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB;

(ii) má bhí cásanna dúchasacha ESB sa tír lena mbaineann, rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a rinneadh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh atá díorthaithe ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a fhorfheidhmiú go héifeachtach, nó rugadh iad tar éis dháta breithe an cháis dhúchasaigh dheireanaigh ESB má rugadh iad tar éis dháta an toirmisc beatha.]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X

[(1) nó [(b) (i) aicmítear tír thionscnaimh nó réigiún tionscnaimh na n-ainmhithe i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB;

(ii) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a rinneadh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh atá díorthaithe ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a fhorfheidhmiú go héifeachtach, nó rugadh iad tar éis dháta breithe an cháis dhúchasaigh dheireanaigh ESB má rugadh iad tar éis dháta an toirmisc beatha.]

[(1) nó [(b) (i) aicmítear tír thionscnaimh nó réigiún tionscnaimh na n-ainmhithe i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB;

(ii) cuireadh toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, agus forfheidhmíodh an toirmeasc go héifeachtach sa tír thionscnaimh nó sa réigiún tionscnaimh;

(iii) rugadh na hainmhithe dhá bhliain ar a laghad tar éis an dáta a rinneadh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh atá díorthaithe ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a fhorfheidhmiú go héifeachtach nó rugadh iad tar éis dháta breithe an cháis dhúchasaigh dheireanaigh ESB má rugadh iad tar éis dháta an toirmisc beatha.]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.2.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon bhó-ainmhí ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le bó-ainmhithe a thabhairt isteach lena linn.

II.2.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

(1) *cibé acu* [II.2.5. seoladh go díreach óna mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile].

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X
	[1] *nó* [II.2.5. rinneadh aon oibríocht tionóil amháin orthu sa chrios tionscnaimh ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas: (a) rinneadh an oibríocht tionóil i mbunaíocht: (i) atá formheasta chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí tionóil ar chrúbacha i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035; (ii) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche; (iii) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír seolta nó na críche seolta leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035; (iv) a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (b) mhair an oibríocht tionóil sa lárionad tionóil tréimhse nach mó ná 6 lá.] II.2.6. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.11. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin. II.2.7. luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann: (i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di; (ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha. II.2.8. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn. II.2.9. níor vacsaíníodh in aghaidh an méid seo a leanas iad: (i) an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach), coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) agus ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, agus (ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le vacsaín bheo ar feadh 60 lá sular seoladh chuig an Aontas iad. II.2.10. tagann siad ó chrios**:** II.2.10.1. inarb amhlaidh: (i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann: *cibé acu* [ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas][1] *nó* [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)][1][4] (ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X

II.2.10.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.

II.2.10.3. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ná d'ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin:

(i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná

(ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach.

cibé acu [II.2.10.4. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)][1][5]

nó [II.2.10.4. atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):

cibé acu [II.2.10.4.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] [1][6]

nó [II.2.10.4.1. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 9(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.][1][6]

nó [II.2.10.4.1. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.] [1][6]

nó [II.2.10.4. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den thréimhse ama imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne agus

cibé acu [II.2.10.4.1. vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][1]

nó [II.2.10.4.1. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na cosanta imdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne.]] [1]

nó [II.2.10.4. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach séiritíopa (1 go 24) den víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh sa 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus:

cibé acu [II.2.10.4.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú ar a laghad 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][1]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X

nó [II.2.10.4.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]] [(1)]

cibé acu [II.2.10.5. atá saor ó liúcóis bhólachta eansótach][(1)(7)]

nó [II.2.10.5. nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus níor tuairiscíodh gurbh ann don ghalar i mbunaíocht tionscnaimh na n-ainmhithe le linn na 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus

[II.2.10.5.1. maidir le hainmhithe na coinsíneachta is sine ná 24 mhí d'aois:

cibé acu [II.2.10.5.1.1. rinneadh iad a choimeád ar leithlis ó na bó-ainmhithe eile a coimeádadh sa bhunaíocht chéanna sular seoladh chuig an Aontas iad agus le linn thréimhse an leithlisithe cuireadh faoi thástáil saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach iad ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh 4 mhí ar a laghad eatarthu.]][(1)]

nó [II.2.10.5.1.1. rinneadh iad a chur faoi scrúdú saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha air, arna dhéanamh ar shampla arna thógáil le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas agus rinneadh na bó-ainmhithe uile is sine ná 24 mhí d'aois arna gcoimeád sa bhunaíocht tionscnaimh a chur faoi scrúdú saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, arna dhéanamh, agus torthaí diúltacha air, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

[II.2.10.5.2. rugadh ainmhithe na coinsíneachta is óige ná 24 mhí d'aois do mháithreacha a cuireadh faoi scrúdú saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha air, arna dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

II.2.11. tagann siad ó bhunaíocht:

II.2.11.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad:

(i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n−ainmhithe ar an mbunaíocht;

(ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti;

(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X
	II.2.11.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht. II.2.11.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. II.2.11.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas: an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) agus ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh. *cibé acu* [II.2.11.5. nár tuairiscíodh, in achar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann don ghalar fuilreatha eipeasótach inti ná timpeall uirthi ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] (1) *nó* [II.2.11.5. atá lonnaithe i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach.](1)(8) II.2.11.6. atá saor ó ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) maidir le bó-ainmhithe (9), agus *cibé acu* [II.2.11.6.1. atá lonnithe i gcrios atá saor ón ngalar áit nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin.](1)(10) *nó* [II.2.11.6.1. cuireadh na hainmhithe faoi thástáil le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 le haghaidh ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)*, agus torthaí diúltacha uirthi, le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;](1) *nó* [II.2.11.6.1. tá na hainmhithe níos óige ná sé seachtaine d'aois.] (1) II.2.11.7. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* maidir le bó-ainmhithe(9), agus *cibé acu* [II.2.11.7.1. atá lonnaithe i gcrios atá saor ón ngalar áit nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin]. (1)(11) *nó* [II.2.11.7.1. cuireadh na hainmhithe thástáil le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla arna thógáil le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus i gcás baineannach i ndiaidh a dtuismidh, déantar an tástáil ar shampla arna thógáil 30 lá ar a laghad tar éis an tuismidh.] (1) *nó* [II.2.11.7.1. tá na hainmhithe níos óige ná 12 mhí d'aois.] (1) *nó* [II.2.11.7.1. tá na hainmhithe coillte.] (1) II.2.11.8. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh inti ar feadh 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X
	II.2.11.9. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh 15 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. *cibé acu* [II.2.11.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][(1)] *nó* [II.2.11.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nuair a tuairiscíodh gurbh ann don ghalar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) mar a thugtar tuairisc uirthi in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht.] [(1)] [(1)(12)][[II.2.12. níor vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, agus *cibé acu* [II.2.12.1. tagann siad ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios di atá saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch.]][(1)(13)] *nó* [II.2.12.1. coimeádadh i gcoraintín ar feadh 30 lá ar a laghad iad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus rinneadh tástáil shéireolaíoch orthu chun antasubstaintí in aghaidh víreas heirpéis bólachta iomlán, cineál 1, (BoHV-1) a bhrath le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla arna thógáil laistigh de 15 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)] [(1)(12)] [II.2.13. níor vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh buinneach víreasach bhólachta, agus: *cibé acu* [II.2.13.1.tagann siad ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios di atá saor ó bhuinneach víreasach bhólachta.]][(1)(14)] *nó* [II.2.13.1. cuireadh tástáil orthu le haghaidh antaigin nó géanóm na buinní víreasaigh bólachta ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún agus torthaí diúltacha uirthi, agus *cibé acu* [II.2.13.1.1. coimeádadh i mbunaíocht choraintín ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad iad sular seoladh chuig an Aontas iad.]]][(1)] *nó* [II.2.13.1.1. is máithreacha atá ag iompar iad na hainmhithe agus coimeádadh i mbunaíocht choraintín iad ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad sular seoladh chuig an Aontas iad agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil tráth nach lú ná 21 lá tar éis thús an choraintín.]]][(1)]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X

nó [II.2.13.1.1. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil sular seoladh chuig an Aontas iad.]]][(1)]

nó [II.2.13.1.1. is máithreacha atá ag iompar iad na hainmhithe a cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil roimh inseamhnú roimh an tréimhse iompair reatha.]]][(1)]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

(4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcomhréir le colún 8 i gcuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus ina gcás siúd amháin.

(5) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(7) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le LBE i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(8) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−EHD i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(10) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le TB do bhó−ainmhithe i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-X**

	(11) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BRU do bhó−ainmhithe i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (12) Infheidhme nuair is amhlaidh, i gcomhréir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002), atá stádas saor ó ghalar nó clár díothúcháin formheasta ag an mBallstát cinn scríbe nó ag an Eilvéis, agus i gcás den sórt sin amháin, agus sin le haghaidh na ngalar a luaitear i bpointe II.2.12 agus i bpointe II.2.13 (rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált−fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus buinneach víreasach bhólachta). (13) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le IBR i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (14) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BVD i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 2

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE BÓ-AINMHITHE, A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'BOV-Y')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala				
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Marú					
	I.21			**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-Y

Cuid II: Deimhniú	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC

II.1. Fianú sláinte poiblí

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. ní bhfuair siad:

– aon stilbéin ná substaint thíreastatach,

– substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle);

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

II.1.3. maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):

(a) sainaithnítear na hainmhithe le córas sainaitheantais buan lena gcumasaítear iad a rianú siar go dtí an mháthair agus an tréad tionscnaimh, agus níl siad:

(i) ina gcásanna ESB;

(ii) ina mbó-ainmhithe a tógadh le linn na chéad bhliana dá saol le cásanna ESB le linn na chéad bhliana dá saol ná a d'ith an bheatha chéanna, de réir imscrúdú, le linn na tréimhse sin, rud a d'fhéadfadh a bheith chomh héillithe céanna, nó

(iii) mura bhfuil torthaí an imscrúdaithe dá dtagraítear i bhfleasc (ii) cinntitheach, ina mbó-ainmhithe a tógadh le linn na chéad bhliana dá saol le cásanna ESB le linn na chéad bhliana dá saol, ná a rugadh sa tréad céanna leis na cásanna ESB agus laistigh de 12 mhí roimh dháta breithe nó tar éis dháta breithe na gcásanna ESB;

agus

[1] *cibé acu* [(b) (i) rugadh na hainmhithe agus tógadh go leanúnach iad i dtír nó i réigiún nó i dtíortha nó i réigiúin a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thíortha nó réigiúin lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB;

(ii) má bhí cásanna dúchasacha ESB sa tír lena mbaineann, rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a rinneadh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh atá díorthaithe ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a fhorfheidhmiú go héifeachtach, nó rugadh iad tar éis dháta breithe an cháis dhúchasaigh dheireanaigh ESB má rugadh iad tar éis dháta an toirmisc beatha.]

[1] *nó* [(b) (i) aicmítear tír thionscnaimh nó réigiún tionscnaimh na n-ainmhithe i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB;

(ii) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a rinneadh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh atá díorthaithe ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a fhorfheidhmiú go héifeachtach, nó rugadh iad tar éis dháta breithe an cháis dhúchasaigh dheireanaigh ESB má rugadh iad tar éis dháta an toirmisc beatha.]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-Y

[1] *nó* [(b) (i) aicmítear tír thionscnaimh nó réigiún tionscnaimh na n-ainmhithe i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB;

(ii) cuireadh toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, agus forfheidhmíodh an toirmeasc go héifeachtach sa tír thionscnaimh nó sa réigiún tionscnaimh;

(iii) rugadh na hainmhithe dhá bhliain ar a laghad tar éis an dáta a rinneadh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh atá díorthaithe ó athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a fhorfheidhmiú go héifeachtach nó rugadh iad tar éis dháta breithe an cháis dhúchasaigh dheireanaigh ESB má rugadh iad tar éis dháta an toirmisc beatha.]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, bó-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.2.2. tá sé beartaithe iad a mharú san Aontas.

II.2.3. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon bhó-ainmhí ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le bó-ainmhithe a thabhairt isteach lena linn.

II.2.4. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.5. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

[1] *cibé acu* [II.2.6. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile].

[1] *nó* [II.2.6. rinneadh aon oibríocht tionóil amháin orthu sa chrios tionscnaimh ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) rinneadh an oibríocht tionóil i mbunaíocht:

(i) atá formheasta chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí tionóil ar chrúbacha i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;

(ii) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-Y
	(iii) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír seolta nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035; (iv) a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún; (b) mhair an oibríocht tionóil sa lárionad tionóil tréimhse nach mó ná 6 lá.] II.2.7. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.12. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin. II.2.8. luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3]i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann: (i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di; (ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha. II.2.9. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn. II.2.10. níor vacsaíníodh in aghaidh an méid seo a leanas iad: (i) an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach), coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) agus ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, agus (ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le vacsaín bheo ar feadh 60 lá sular seoladh chuig an Aontas iad. II.2.11. tagann siad ó chrios: II.2.11.1. inarb amhlaidh: (i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann: cibé acu [ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas][1] nó [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)][1][4] (ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. II.2.11.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. II.2.11.3. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ná d'ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin: (i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná (ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-Y
	cibé acu [II.2.11.4. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24).][1][5] nó [II.2.11.4. atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24): cibé acu [II.2.11.4.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][1][6] nó [II.2.11.4.1. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 9(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú ar a laghad 28 lá tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.][1][6] nó [II.2.11.4.1. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.][1][6] nó [II.2.11.4. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den thréimhse ama imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne, agus cibé acu [II.2.11.4.1. vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][1] nó [II.2.11.4.1. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na cosanta imdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne.]][1] nó [II.2.11.4. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach séiritíopa (1 go 24) den víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh sa 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin, agus cibé acu [II.2.11.4.1 rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][1] nó [II.2.11.4.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][1] cibé acu [II.2.11.5. atá saor ó liúcóis bhólachta eansótach.][1][7] nó [II.2.11.5. nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus níor tuairiscíodh gurbh ann don ghalar i mbunaíocht tionscnaimh na n-ainmhithe le linn na 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus [II.2.11.5.1. maidir le hainmhithe na coinsíneachta is sine ná 24 mhí: cibé acu [II.2.11.5.1.1. rinneadh iad a choimeád ar leithlis ó na bó-ainmhithe eile a coimeádadh sa bhunaíocht chéanna sular seoladh chuig an Aontas iad agus le linn thréimhse an leithlisithe cuireadh faoi thástáil saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach iad ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh 4 mhí ar a laghad eatarthu.]][1]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-Y
	nó [II.2.11.5.1.1. rinneadh iad a chur faoi scrúdú saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha air, arna dhéanamh ar shampla arna thógáil le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas agus rinneadh na bó-ainmhithe uile is sine ná 24 mhí arna gcoimeád sa bhunaíocht tionscnaimh a chur faoi scrúdú saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, arna dhéanamh, agus torthaí diúltacha air, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)] [II.2.11.5.2. rugadh ainmhithe na coinsíneachta is óige ná 24 mhí d'aois do mháithreacha a cuireadh faoi scrúdú saotharlainne le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha air, arna dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)] II.2.12. tagann siad ó bhunaíocht: II.2.12.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad: (i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht; (ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti; (iii) mortlaíocht sa bhunaíocht. II.2.12.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht. II.2.12.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. II.2.12.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas: an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) agus ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh. cibé acu [II.2.12.5. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann don ghalar fuilreatha eipeasótach inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][(1)] nó [II.2.12.5. atá lonnaithe i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach.][(1)(8)] [II.2.12.6. atá saor ó ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*) maidir le bó-ainmhithe.][(1)(9)] [II.2.12.7. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* maidir le bó-ainmhithe.][(1)(9)] II.2.12.8. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh inti ar feadh 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-Y
	II.2.12.9. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh 15 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. cibé acu [II.2.12.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][1] nó [II.2.12.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nuair a tuairiscíodh gurbh ann don ghalar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) mar a thugtar tuairisc uirthi in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht.][1] [1][10][II.2.13. níor vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, agus cibé acu [II.2.13.1. tagann siad ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios di atá saor ó rineatraicéíteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch.]][1][11] nó [II.2.13.1. coimeádadh i gcoraintín ar feadh 30 lá ar a laghad iad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus rinneadh tástáil shéireolaíoch orthu chun antasubstaintí in aghaidh víreas heirpéis bólachta iomlán, cineál 1, (BoHV-1) a bhrath le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá dtagraítear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla arna thógáil laistigh de 15 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][1] [1][10][II.2.14. níor vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh buinneach víreasach bhólachta, agus: cibé acu [II.2.14.1. tagann siad ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios di atá saor ó bhuinneach víreasach bhólachta.]][1][12] nó [II.2.14.1. cuireadh tástáil orthu le haghaidh antaigin nó ghéanóm na buinní víreasaigh bólachta ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus torthaí diúltacha uirthi, agus cibé acu [II.2.14.1.1. coimeádadh i mbunaíocht choraintín iad ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad sular seoladh chuig an Aontas iad.]]][1] nó [II.2.14.1.1. is máithreacha atá ag iompar iad na hainmhithe agus coimeádadh i mbunaíocht choraintín iad ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad sular seoladh chuig an Aontas iad agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil tráth nach lú ná 21 lá tar éis thús an choraintín.]]][1] nó [II.2.14.1.1. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil sular seoladh chuig an Aontas iad.]]][1] nó [II.2.14.1.1. is máithreacha atá ag iompar iad na hainmhithe a cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil roimh inseamhnú roimh an tréimhse iompair reatha.]][1]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-Y**

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh bó-ainmhithe a mharófar san Aontas a thabhairt isteach.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: *'Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21.1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

(4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcomhréir le colún 8 i gcuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus ina gcás siúd amháin.

(5) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF-BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(7) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le LBE i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(8) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF-EHD i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(10) Is infheidhme nuair is amhlaidh, i gcomhréir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002), atá stádas saor ó ghalar nó clár díothúcháin formheasta ag an mBallstát cinn scríbe nó ag an Eilvéis, agus i gcás den sórt sin amháin, le haghaidh na ngalar a luaitear i bpointe II.2.12 agus i bpointe II.2.13 (rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus buinneach víreasach bhólachta).

(11) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le IBR i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BVD i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 3

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE BÓ-AINMHITHE, A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A IOMPAR Ó RÉIGIÚN KALININGRAD GO RÉIGIÚIN EILE DEN RÚIS TRÍ CHRÍOCH NA LIOTUÁINE, A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'BOV-X-TRANSIT-RU')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="3">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2 Tagairt an deimhnithe

I.3 Príomhúdarás Inniúil

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.9 An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td colspan="2">I.10 An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td colspan="3">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td colspan="3">I.16 Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach
I.17 Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td colspan="2">□ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="6">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="6">Deimhnithe mar nó le haghaidh</td></tr>
<tr><td colspan="7"></td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.22
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-X-TRANSIT-RU**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. tagann siad ón gcrios le cód RU-2[2] a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le bó-ainmhithe a iompar tríd an Aontas faoi choinníollacha sonracha.

[1] *cibé acu* [II.1.2. tagann siad ón Aontas agus rinneadh iad a thabhairt isteach ón Aontas sa chrios le cód RU-2 an……. (ll/mm/bbbb) agus, ón dáta sin, coimeádadh i saoráidí iad nach ndéantar ach ainmhithe a thagann ón Aontas a choimeád iontu.]

[1] *nó* [II.1.2. d'fhan siad sa chríoch le cód RU-2 ó rugadh iad, nó ar feadh na sé mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Rúis tríd an Aontas agus gan teagmháil le hainmhithe allmhairithe ar feadh an 30 lá roimhe sin.]

II.1.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe nach gcomhlíonann na ceanglais sláinte ainmhithe mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú seo.

II.1.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.1.5. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.1.10. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur seoladh chuig an Rúis tríd an Aontas iad ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin.

II.1.6. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Rúis tríd an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha.

II.1.7. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Rúis tríd an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.1.8. níor vacsaíníodh in aghaidh an méid seo a leanas iad:

(i) an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *Mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach)~~s~~, agus

(ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le vacsaín bheo ar feadh 60 lá sular seoladh chuig an Rúis tríd an Aontas iad.

II.1.9. tagann siad ón gcrios ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.1.1.:

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-X-TRANSIT-RU

II.1.9.1. inarb amhlaidh:

(iii) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann:

cibé acu [24 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Rúis tríd an Aontas][1]

nó [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)][1][4]

(iv) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin.

II.1.9.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Rúis tríd an Aontas.

II.1.9.3. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ná d'ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Rúis tríd an Aontas agus le linn na tréimhse sin:

(i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná

(ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach.

cibé acu [II.1.9.4. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)][1][5]

nó [II.1.9.4. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den thréimhse ama imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne agus vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Rúis tríd an Aontas.][1]

II.1.10. tagann siad ón mbunaíocht ar a dtugtar tuairisc faoi thagairt bhosca I.11 [áit ar fhan siad ó rugadh iad nó ar feadh 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Rúis tríd an Aontas agus][6]:

II.1.10.1. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.

II.1.10.2. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas: an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) agus ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh.

II.1.10.3. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann don ghalar fuilreatha eipeasótach inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Rúis tríd an Aontas.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-X-TRANSIT-RU**

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe an chreasa le haghaidh an iompair chuig an Rúis tríd an Aontas dá dtagraítear i bpointe II.1.1., ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh iompar na n–ainmhithe sin ón gcrios sin.

(4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcomhréir le colún 8 i gcuid 1 d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus iad siúd amháin.

(5) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) Scrios an téacs idir lúibíní cearnacha má scriostar an dara rogha le haghaidh phointe II.1.2.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 4

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HAINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS LE HAINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'OV/CAP-X')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**	
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Sorcas taistil/seónna ainmhí □ Bunaíocht choraintín □ Taispeántas				
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**	
				I.23		

▼B

I.24	Líon iomlán pacáistí	I.25	Cainníocht iomlán	I.26	Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht						
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-X**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

– aon stilbéin ná substaint thíreastatach,

– substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle);

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle, agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.2.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1 ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon ainmhí den chineál caorach ná aon ainmhí den chineál gabhair ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le hainmhithe den chineál caorach agus le hainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach lena linn.

II.2.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta chun galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

[1] *cibé acu* [II.2.5. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile].

[1] *nó* [II.2.5. rinneadh aon oibríocht tionóil amháin orthu sa chrios tionscnaimh ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) rinneadh an oibríocht tionóil i mbunaíocht:

(i) atá formheasta chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí tionóil ar chrúbacha i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-X

(ii) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;
(iii) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír seolta nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;
(iv) a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(b) mhair an oibríocht tionóil sa lárionad tionóil tréimhse nach mó ná 6 lá.]

II.2.6. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.11. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin.

II.2.7. luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;
(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;
(iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha.

II.2.8. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.2.9. níor vacsaíníodh in aghaidh an méid seo a leanas iad:

(i) an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar, pliúrainiúmóine tógálach gabhar, coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M.bovis*, *M.caprae* agus *M.tuberculosis*) agus ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, agus
(ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le vacsaín bheo ar feadh an 60 lá sular seoladh chuig an Aontas iad.

II.2.10. tagann siad ó chrios:

II.2.10.1. inarb amhlaidh:

(i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann:
cibé acu [24 mhíar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas][1]

nó [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)] [1][4]

(ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin.

II.2.10.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin:

(i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná
(ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-X

cibé acu [II.2.10.3. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)][(1)(5)]

nó [II.2.10.3. atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):

cibé acu [II.2.10.3.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][(1)(6)]

nó [II.2.10.3.1. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 9(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.] [(1)(6)]

nó [II.2.10.3.1. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.] [(1)(6)]

nó [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den thréimhse ama imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne agus

cibé acu [II.2.10.3.1. vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

nó [II.2.10.3.1. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na cosanta imdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne.]][(1)]

nó [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach séiritíopa (1 go 24) den víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh sa 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus:

cibé acu [II.2.10.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

nó [II.2.10.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

II.2.11. tagann siad ó bhunaíocht:

II.2.11.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad:

(i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht;
(ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti;
(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-X

II.2.11.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht.

II.2.11.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.

II.2.11.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas: an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar agus pliúrainiúmóine tógálach gabhar.

cibé acu [II.2.11.5. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann don ghalar fuilreatha eipeasótach inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas] (1)

nó [II.2.11.5. atá lonnaithe i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach.](1)(7)

cibé acu [II.2.11.6. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) inti ar feadh 42 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas](1)(8)

nó [II.2.11.6. a cuireadh faoi réir faireachais chun ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) a bhrath i gcomhréir leis na nósanna imeachta i bpointí (1) agus (2) de chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin:

(i) ní dhearnadh ach ainmhithe den chineál gabhair, ó bhunaíochtaí ina gcuirtear na bearta dá bhforáiltear sa mhír thuas i bhfeidhm, a thabhairt isteach sa bhunaíocht;

(ii) i gcás inar tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M.bovis*, *M.caprae* agus *M.tuberculosis*) sna hainmhithe den chineál gabhair arna gcoimeád ar an mbunaíocht, rinneadh bearta i gcomhréir le pointe (3) de chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688].(1)(9)

II.2.11.7. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair(10); agus

cibé acu [II.2.11.7.1. i gcrios atá saor ón ngalar maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair, áit nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin] (1)(11);

nó [II.2.11.7.1. cuireadh na hainmhithe faoi thástáil le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla arna thógáil le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus i gcás baineannach i ndiaidh a dtuismidh, déantar an tástáil ar shampla arna thógáil 30 lá ar a laghad tar éis an tuismidh](1)

nó [II.2.11.7.1. tá na hainmhithe níos óige ná 6 mhí d'aois;](1)

nó [II.2.11.7.1. tá na hainmhithe coillte](1).

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-X

II.2.11.8. nár tuairiscíodh gurbh ann do chonfadh inti ar feadh 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas;

II.2.11.9. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh 15 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

cibé acu [II.2.11.9. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] [(1)]

nó [II.2.11.9. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nuair a tuairiscíodh gurbh ann don ghalar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) mar a thugtar tuairisc uirthi in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán (AE) 2019/692 arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht.] [(1)]

[II.2.11.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do *Burholderia mallei* (fothach) inti ar feadh 6 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][(9)]

[II.2.12. áiríonn siad ainmhithe fireanna neamhchoillte den chineál caorach, a d'fhan ar feadh tréimhse leanúnach 60 lá ar a laghad sular seoladh chuig an Aontas iad i mbunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella ovis* (eipididimíteas caorach) inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta a seolta chuig an Aontas agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun *Brucella ovis* a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, le linn an 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.] [(1)]

II.2.13. comhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas maidir le scráibeach chlasaiceach:

II.2.13.1. coimeádadh iad go leanúnach ó rugadh iad i dtír ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá scráibeach chlasaiceach infhógartha go héigeantach;

(b) tá córas feasachta, faireachais agus faireacháin i bhfeidhm;

(c) déantar ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair ar a bhfuil scráibeach chlasaiceach a mharú agus a scriosadh go hiomlán;

(d) tá toirmeasc ar mhin feola agus cnámh nó geirdheascadh de bhunadh athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a thabhairt d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair, agus forfheidhmíodh go héifeachtach é sa tír iomlán ar feadh na tréimhse 7 mbliana roimhe sin ar a laghad, agus

[(1)]*cibé acu* [II.2.13.2. is ainmhithe iad atá beartaithe lena dtáirgeadh agus tá siad dírithe ar Bhallstát seachas iad siúd ag a bhfuil stádas riosca dhiomaibhsigh le haghaidh scráibeach chlasaiceach atá formheasta i gcomhréir le pointe 2.2 de Roinn A de Chuid A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, nó seachas iad siúd a liostaítear i bpointe 3.2 de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar Bhallstáit ag a bhfuil clár rialúcháin formheasta náisiúnta maidir leis an scráibeach;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-X

[(1)]*nó* [II.2.13.2. is ainmhithe iad atá beartaithe lena bpórú agus tá siad dírithe ar Bhallstát seachas iad siúd ag a bhfuil stádas riosca dhiomaibhsigh le haghaidh scráibeach chlasaiceach atá formheasta i gcomhréir le pointe 2.2 de Roinn A de Chuid A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, nó seachas iad siúd a liostaítear i bpointe 3.2 de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar Bhallstáit ag a bhfuil clár rialúcháin formheasta náisiúnta maidir leis an scráibeach agus:

[(1)]*cibé acu* [tagann siad ó ghabháltas nó ó ghabháltais ina gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1.3 de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

[(1)]*nó* [is ainmhithe den chineál caorach lena mbaineann an géinitíopa próitéine prióin ARR/ARR iad agus tagann siad ó ghabháltas nó ó ghabháltais nach ndearnadh aon srian gluaiseachta oifigiúil a fhorchur de dheasca ESB ná scráibeach chlasaiceach le linn an 2 bhliain roimhe sin;]]

[(1)]*nó* [II.2.13.2. tá siad dírithe ar Bhallstát ag a bhfuil stádas riosca dhiomaibhsigh le haghaidh scráibeach chlasaiceach atá formheasta i gcomhréir le pointe 2.2 de Roinn A de Chuid A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, nó ar Bhallstát a liostaítear i bpointe 3.2 de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar Bhallstáit ag a bhfuil clár rialúcháin formheasta náisiúnta maidir leis an scráibeach agus:

[(1)]*cibé acu* [tagann siad ó ghabháltas nó ó ghabháltais ina gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1.2 de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

[(1)]*nó* [is ainmhithe den chineál caorach lena mbaineann an géinitíopa próitéine prióin ARR/ARR iad agus tagann siad ó ghabháltas nó ó ghabháltais nach ndearnadh aon srian gluaiseachta oifigiúil a fhorchur de dheasca ESB ná scráibeach chlasaiceach le linn an 2 bhliain roimhe sin;]]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: *'Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.
(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
(3) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.
(4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcomhréir le colún 8 i gcuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
(5) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
(6) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF-BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
(7) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF-EHD i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
(8) I gcás ainmhithe den chineál caorach amháin.
(9) I gcás ainmhithe den chineál gabhair amháin.
(10) I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.
(11) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BRU d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-X

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 5

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HAINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS LE HAINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR, A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'OV/CAP-Y')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Marú					
	I.21			**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-Y**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

– aon stilbéin ná substaint thíreastatach,

– substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.2.2. tá sé beartaithe iad a mharú san Aontas.

II.2.3. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon ainmhí den chineál caorach ná aon ainmhí den chineál gabhair ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le hainmhithe den chineál caorach agus le hainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach lena linn.

II.2.4. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.5. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

[1] *cibé acu* [II.2.6. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile].

[1] *nó* [II.2.6. rinneadh aon oibríocht tionóil amháin orthu sa chrios tionscnaimh ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) rinneadh an oibríocht tionóil i mbunaíocht:
(i) atá formheasta chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí tionóil ar chrúbacha i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;
(ii) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-Y
	(iii) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír seolta nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035; (iv) a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (b) mhair an oibríocht tionóil sa lárionad tionóil tréimhse nach mó ná 6 lá.] II.2.7. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.12. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur seoladh chuig an Aontas iad ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin. II.2.8. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann: (i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di; (ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha. II.2.9. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn. II.2.10. níor vacsaíníodh in aghaidh an méid seo a leanas iad: (i) an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar, pliúrainiúmóine tógálach gabhar, coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M.bovis*, *M.caprae* agus *M.tuberculosis*) agus ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, agus (ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1–24) le vacsaín bheo ar feadh an 60 lá sular seoladh chuig an Aontas iad. II.2.11. tagann siad ó chrios: II.2.11.1. inarb amhlaidh: (i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann: *cibé acu* [24 mhíar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas][1] *nó* [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)][1][4] (ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. II.2.11.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin: (i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná (ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-Y
	cibé acu [II.2.11.3. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)][1][5] *nó* [II.2.11.3. atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24): *cibé acu* [II.2.11.3.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][1][6] *nó* [II.2.11.3.1. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 9(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.][1][6] *nó* [II.2.11.3.1. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.][1][6] *nó* [II.2.11.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den thréimhse ama imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne agus *cibé acu* [II.2.11.3.1. vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][1] *nó* [II.2.11.3.1. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na cosanta imdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne.]] [1] *nó* [II.2.11.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach séiritíopa (1 go 24) den víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh sa 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus: *cibé acu* [II.2.11.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]] [1] *nó* [II.2.11.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]] [1] II.2.12. tagann siad ó bhunaíocht: II.2.12.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad: (i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht; (ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti; (iii) mortlaíocht sa bhunaíocht. II.2.12.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-Y
	II.2.12.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. II.2.12.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas: an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar agus pliúrainiúmóine tógálach gabhar. *cibé acu* [II.2.12.5. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann don ghalar fuilreatha eipeasótach inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas] (1) *nó* [II.2.12.5. atá lonnaithe i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach.] (1)(7) *cibé acu* [II.2.12.6. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) inti ar feadh 42 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas] (1)(8) *nó* [II.2.12.6. a cuireadh faoi réir faireachais chun ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*) a bhrath i gcomhréir leis na nósanna imeachta i bpointí (1) agus (2) de chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún 12 mhí ar feadh ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin: (iii) ní dhearnadh ach ainmhithe den chineál gabhair, ó bhunaíochtaí ina gcuirtear na bearta dá bhforáiltear sa mhír thuas i bhfeidhm, a thabhairt isteach sa bhunaíocht; (iv) i gcás inar tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) sna hainmhithe den chineál gabhair arna gcoimeád ar an mbunaíocht, rinneadh bearta i gcomhréir le pointe (3) de chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688]. (1)(9) II.2.12.7. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair(10). II.2.12.8. nár tuairiscíodh gurbh ann do chonfadh inti ar feadh 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas. II.2.12.9. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh 15 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. *cibé acu* [II.2.12.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] (1) *nó* [II.2.12.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nuair a tuairiscíodh gurbh ann don ghalar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) mar a thugtar tuairisc uirthi in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán (AE) 2020/692 arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht.] (1)

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-Y

[II.2.12.11. nár tuairiscíodh gurbh ann do *Burholderia mallei* (fothach) inti ar feadh 6 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][9]

[II.2.13. áiríonn siad ainmhithe fireanna neamhchoillte den chineál caorach, a d'fhan ar feadh tréimhse leanúnach 60 lá ar a laghad sular seoladh chuig an Aontas iad i mbunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella ovis* (eipididimíteas caorach) inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta a seolta chuig an Aontas agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun *Brucella ovis* a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, le linn an 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.][1]

II.2.14. coimeádadh iad go leanúnach ó rugadh iad i dtír ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas maidir le scráibeach chlasaiceach:

(a) tá scráibeach chlasaiceach infhógartha go héigeantach;

(b) tá córas feasachta, faireachais agus faireacháin i bhfeidhm;

(c) déantar ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair ar a bhfuil scráibeach chlasaiceach a mharú agus a scriosadh go hiomlán;

(d) tá toirmeasc ar mhin feola agus cnámh nó geirdheascadh de bhunadh athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a thabhairt d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair, agus forfheidhmíodh go héifeachtach é sa tír iomlán ar feadh na tréimhse 7 mbliana roimhe sin ar a laghad.

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh ainmhithe den chineál caorach a mharófar a thabhairt isteach san Aontas.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

(4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcomhréir le colún 8 i gcuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(5) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-Y
	(6) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−BTV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (7) I gcás criosanna ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−EHD i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (8) I gcás ainmhithe den chineál caorach amháin. (9) I gcás ainmhithe den chineál gabhair amháin. (10) I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 6

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE MUC-AINMHITHE AGUS LE HAINMHITHE DEN FHINE TAYASSUIDAE A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'SUI-X')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="3">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2 Tagairt an deimhnithe

I.3 Príomhúdarás Inniúil

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.9 An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td colspan="2">I.10 An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td colspan="3">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair

Aitheantas</td><td colspan="3">I.16 Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach
I.17 Doiciméid tionlacain

Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td colspan="2">□ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="6">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="6">Deimhnithe mar nó le haghaidh

□ Le coimeád thairis sin

□ Sorcas taistil/seónna ainmhí

□ Bunaíocht choraintín □ Taispeántas</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.22 □ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe SUI-X**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

– aon stilbéin ná substaint thíreastatach,

– substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

[1][2][10][II.1.3. is muc-ainmhithe clóis iad a thagann ó ghabháltas a aithnítear go hoifigiúil mar ghabháltas ar a gcuirtear coinníollacha tithíochta rialaithe i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún nó atá ag diúl agus atá níos óige ná 5 seachtaine d'aois.]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ainmhithe den fhine Suidae agus den fhine Tayassuidae a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.2.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon ainmhí den fhine Suidae ná den fhine Tayassuidae ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le hainmhithe den fhine Suidae agus den fhine Tayassuidae a thabhairt isteach lena linn.

II.2.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-X

[1] *cibé acu* [II.2.5. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile].

[1][3] *nó* [II.2.5. rinneadh aon oibríocht tionóil amháin orthu sa chrios tionscnaimh ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) rinneadh an oibríocht tionóil i mbunaíocht:

(i) atá formheasta chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí tionóil ar chrúbacha i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;

(ii) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

(iii) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír seolta nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(iv) a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(b) mhair an oibríocht tionóil sa lárionad tionóil tréimhse nach mó ná 6 lá.]

II.2.6. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.11. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur seoladh chuig an Aontas iad ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin.

II.2.7. luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[4] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;
(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;
(iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha.

II.2.8. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.2.9. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil ná fhiabhras na muc.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-X
	II.2.10. tagann siad ó chrios inarb amhlaidh: II.2.10.1. nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann: *cibé acu* [ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][(1)] *nó* [ón…… (ll/mm/bbbb).][(1)(5)] agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. II.2.10.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. II.2.10.3. nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras na muc ann: *cibé acu* [ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas][(1)] *nó* [ón…… (ll/mm/bbbb), nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar ann agus cuireadh ainmhithe na coinsíneachta faoi thástáil chun fiabhras na muc a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh laistigh de thréimhse 30 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;] [(1)(6)] agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh fhiabhras na muc ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. [II.2.10.4. Nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras Afracach na muc ann ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas] [(1)(7)]. II.2.11. tagann siad ó bhunaíocht: II.2.11.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad: (i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht; (ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti; (iii) mortlaíocht sa bhunaíocht.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-X
	II.2.11.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht. II.2.11.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. II.2.11.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas: galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, fiabhras na muc agus fiabhras Afracach na muc. II.2.11.5. [nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* ná *B. suis* inti le linn an 42 lá roimh an seoladh chuig an Aontas agus inarb amhlaidh le linn na tréimhse 12 mhí roimh an seoladh chuig Aontas *cibé acu* [a rinneadh bearta bithshlándála agus maolaithe riosca, lena n-áirítear coinníollacha tithíochta agus córais bheathúcháin, a chur i bhfeidhm inti mar is gá chun cosc a chur le tarchur ionfhabhtaithe le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe chuig muc-ainmhithe arna gcoimeád ar an mbunaíocht agus nár tugadh isteach inti ach amháin muc-ainmhithe ó na bunaíochtaí ina gcuirtear bearta bithshlándála coibhéiseacha i bhfeidhm;]](1) *nó* [rinneadh faireachas um ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* ar na muc-ainmhithe a dhéantar a choimeád ar na bunaíochtaí i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus le linn na tréimhse céanna: - ní dhearnadh ach muc-ainmhithe ó bhunaíochtaí ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta bithshlándála nó na bearta faireachais dá bhforáiltear thuas a thabhairt isteach sa bhunaíocht, agus - i gcás inar tuairiscíodh ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* sna muc−ainmhithe a dhéantar a choimeád ar an mbunaíocht, rinneadh bearta i gcomhréir le Cuid 1(3) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688]].(1) II.2.11.6. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky inti ar feadh an 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas; [II.2.11.7. nár tuairiscíodh gurbh ann do chonfadh inti ar feadh an 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas](1)(7);

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-X

II.2.11.8. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh na 15 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas.

II.2.12. Ráthaíochtaí breise maidir le galair chatagóir C[1][8]

[II.2.12.1. maidir leis na hainmhithe

cibé acu [II.12.1.1 tagann siad ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios di atá saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky][1][9];

nó [II.12.1.1. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas iomlán ghalar Aujeszky nó antasubstaintí in aghaidh phróitéin ADV-gE, más gá, a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shampla arna thógáil le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.]][1][7]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh muc-ainmhithe agus ainmhithe den fhine Tayassuidae a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Gan bheith indéanta ach amháin do mhuc−ainmhithe.

(4) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

(5) I gcás tíortha a bhfuil an dáta oscailte i gcolún 8 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus i gcás na dtíortha sin amháin.

(6) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le CSF i gcolún 6 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(7) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le crúbacha na fine Suidae.

(8) Nuair a cheanglaíonn an Ballstát cinn scríbe amhlaidh.

(9) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le ADV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus a aithnítear mar thíortha atá saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky nó ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta agus ina gcomhlíontar ceanglais Rialachán (AE) 2020/688.

(10) I gcás tríú tíortha a liostaítear in Airteagal 13(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375, agus ina gcás siúd amháin.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-X
Tréidlia oifigiúil	
Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 7

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE MUC-AINMHITHE, A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'SUI-Y')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Marú					
	I.21			**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe SUI-Y**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

- aon stilbéin ná substaint thíreastatach,
- substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

[(1)(2)(10)][II.1.3. is muc-ainmhithe clóis iad a thagann ó ghabháltas a aithnítear go hoifigiúil mar ghabháltas ar a gcuirtear coinníollacha tithíochta rialaithe i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún nó atá ag diúl agus atá níos óige ná 5 seachtaine d'aois.]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[(2)] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, muc-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.2.2. tá sé beartaithe iad a mharú san Aontas.

II.2.3. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon mhuc-ainmhí ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le muc-ainmhithe a thabhairt isteach lena linn.

II.2.4. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.5. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

[(1)] *cibé acu* [II.2.6. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile].

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-Y
	[1][3] *nó* [II.2.6. rinneadh aon oibríocht tionóil amháin orthu sa chrios tionscnaimh ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas: (a) rinneadh an oibríocht tionóil i mbunaíocht: (i) atá formheasta chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí tionóil ar chrúbacha i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún; (ii) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche; (iii) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír seolta nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035; (iv) a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (b) mhair an oibríocht tionóil sa lárionad tionóil tréimhse nach mó ná 6 lá.] II.2.7. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.12. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur seoladh chuig an Aontas iad ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin. II.2.8. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[4] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann: (i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di; (ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha. II.2.9. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn. II.2.10. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil ná fhiabhras na muc. II.2.11. tagann siad ó chrios inarb amhlaidh: II.2.11.1. nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann: *cibé acu* [ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][1] *nó* [ón…… (ll/mm/bbbb).][1][5] agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-Y
	II.2.11.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin ann ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. II.2.11.3. nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras na muc ann: *cibé acu* [ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas][(1)] *nó* [ón…… (ll/mm/bbbb), nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar ann agus cuireadh ainmhithe na coinsíneachta faoi thástáil chun fiabhras na muc a bhrath, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh laistigh de thréimhse 30 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;] [(1)(6)] agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh fhiabhras na muc ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. [II.2.11.4. Nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras Afracach na muc ann ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas] [(1)(7)]. II.2.12. tagann siad ó bhunaíocht: II.2.12.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad: (i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht; (ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti; (iii) mortlaíocht sa bhunaíocht. II.2.12.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht. II.2.12.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. II.2.12.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas: galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, fiabhras na muc agus fiabhras Afracach na muc. II.2.12.5. [nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* ná *B. suis* inti le linn an 42 lá roimh an seoladh chuig an Aontas agus inarb amhlaidh le linn na tréimhse 12 mhí roimh an seoladh chuig Aontas

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SUI-Y

cibé acu [a cuireadh bearta bithshlándála agus maolaithe riosca, lena n-áirítear coinníollacha tithíochta agus córais bheathúcháin, i bhfeidhm inti mar is gá chun cosc a chur le tarchur ionfhabhtaithe le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe chuig muc-ainmhithe arna gcoimeád ar an mbunaíocht agus nár tugadh isteach inti ach amháin muc-ainmhithe ó na bunaíochtaí ina gcuirtear bearta bithshlándála coibhéiseacha i bhfeidhm;]][(1)]

nó [rinneadh faireachas um ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* ar na muc-ainmhithe a dhéantar a choimeád ar an mbunaíocht i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus le linn na tréimhse sin:

- ní dhearnadh ach muc-ainmhithe ó bhunaíochtaí ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta bithshlándála nó na bearta faireachais dá bhforáiltear thuas a thabhairt isteach sa bhunaíocht, agus
- i gcás inar tuairiscíodh ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* sna muc−ainmhithe a dhéantar a choimeád ar an mbunaíocht, rinneadh bearta i gcomhréir le Cuid 1(3) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688].[(1)]

II.2.12.6. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky inti ar feadh an 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas;

[II.2.12.7. nár tuairiscíodh gurbh ann do chonfadh inti ar feadh an 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas][(1)(7)];

II.2.12.8. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh na 15 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas.

[*cibé acu* [II.2.13. tagann siad ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chrios di atá saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky][(1)(9)];

nó [II.2.13. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas iomlán ghalar Aujeszky nó antasubstaintí in aghaidh phróitéin ADV-gE, más gá, a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shampla arna thógáil le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.][(1)(7)]][(1)(8)]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh muc-ainmhithe agus ainmhithe den fhine Tayassuidae a mharófar san Aontas.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe SUI-Y**

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: *'Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

(3) Gan bheith indéanta ach amháin do mhuc-ainmhithe.

(4) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

(5) I gcás tíortha a bhfuil an dáta oscailte i gcolún 8 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus i gcás na dtíortha sin amháin.

(6) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le CSF i gcolún 6 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(7) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le crúbacha na fine Suidae.

(8) Is infheidhme nuair is amhlaidh, i gcomhréir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002), atá stádas saor ó ghalar le haghaidh an ghalair ábhartha de chatagóir C nó clár díothúcháin formheasta ag an mBallstát cinn scríbe nó ag an Eilvéis, agus i gcás den sórt sin amháin.

(9) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le ADV i gcolún 7 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404 agus a aithnítear mar thíortha atá saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky nó ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta agus ina gcomhlíontar ceanglais Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún.

(10) I gcás tríú tíortha a liostaítear in Airteagal 13(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375, agus ina gcás siúd amháin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 8

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HAINMHITHE DEN FHINE ANTILOCAPRIDAE, DEN FHINE BOVIDAE (SEACHAS BÓ-AINMHITHE, AINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS AINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR), DEN FHINE GIRAFFIDAE, DEN FHINE MOSCHIDAE AGUS DEN FHINE TRAGULIDAE A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'RUM')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**	
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Bunaíocht choraintín □ Taispeántas □ Sorcas taistil/seónna ainmhí				
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**	
				I.23		

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe RUM**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1 Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

– aon stilbéin ná substaint thíreastatach,

– substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, crúbacha den fhine Antilocapridae, den fhine Bovidae, den fhine Giraffidae, den fhine Moschidae, den fhine Tragulidae agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún a thabhairt isteach san Aontas.

II.2.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon chrúbach den fhine Antilocapridae, den fhine Bovidae, den fhine Giraffidae, den fhine Moschidae, den fhine Tragulidae ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le crúbaigh den fhine Antilocapridae, den fhine Bovidae, den fhine Giraffidae, den fhine Moschidae ná den fhine Tragulidae a thabhairt isteach lena linn.

II.2.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 6 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas.

II.2.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.2.5. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile.

II.2.6. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.11 inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur seoladh chuig an Aontas iad ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe RUM

II.2.7. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;
(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;
(iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha.

II.2.8. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.2.9. níor vacsaíníodh in aghaidh an méid seo a leanas iad:

(i) an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *Mycoides* SC (pliúrainiúmóine tógálach buaibheach), pliúrainiúmóine tógálach gabhar, coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*), ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* agus

(ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1–24) le vacsaín bheo ar feadh an 60 lá sular seoladh chuig an Aontas iad.

II.2.10. tagann siad ó chrios**:**

II.2.10.1. inarb amhlaidh:

(i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann:

cibé acu [24 mhíar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas][1]

nó [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)] [1][4]

(ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin.

II.2.10.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, [d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise][1][5], [d'ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *Mycoides SC* (pliúrainiúmóine tógálach buaibheach)][1][6] [ná d'ionfhabhtú le pliúrainiúmóine tógálach gabhar][1][7] ann ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin:

(i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná

(ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach.

cibé acu [II.2.10.3. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)][1][8]

nó [II.2.10.3. atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):

cibé acu [II.2.10.3.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] [1][9]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe RUM

nó [II.2.10.3.1. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 9(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.] [(1)(9)]

nó [II.10.3.1. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.] [(1)(9)]

nó [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den thréimhse ama imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne agus

cibé acu [II.2.10.3.1. vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

nó [II.2.10.3.1. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na cosanta imdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne.]] [(1)]

nó [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach séiritíopa (1 go 24) den víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh sa 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus:

cibé acu [II.2.10.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

nó [II.2.10.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas.]][(1)]

II.2.11. tagann siad ó bhunaíocht:

II.2.11.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad:

(i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht;
(ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti;
(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht.

II.2.11.2 ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht.

II.2.11.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe RUM
	II.2.11.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an seoladh chuig an Aontas: – an galar crúb is béil, – ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, – [ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise][1][5], – [ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *Mycoides* SC (pliúrainiúmóine tógálach buaibheach)][1][6] – [pliúrainiúmóine tógálach gabhar][1][7] *cibé acu* [II.2.11.5. nár tuairiscíodh, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann don ghalar fuilreatha eipeasótach inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas i limistéar dar ga 150 km][1] *nó* [II.2.11.5. atá lonnaithe i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach.] [1][10] II.2.11.6. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* ná *M. tuberculosis*) inti in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe le linn an 42 lá roimh an seoladh chuig an Aontas II.2.11.7. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis* inti in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe le linn an 42 lá roimh an seoladh chuig an Aontas. [II.2.11.8. nár tuairiscíodh gurbh ann do chonfadh inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an seoladh chuig an Aontas].[1][11] II.2.11.9. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh 15 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas. II.2.11.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an seoladh chuig an Aontas agus má tuairiscíodh gurbh ann don ghalar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh an seoladh chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) mar a thugtar tuairisc uirthi i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht. **Nótaí:** Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh ainmhithe den fhine Antilocapridae, den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair), den fhine Giraffidae, den fhine Moschidae agus den fhine Tragulidae a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin. I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe RUM

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní cheadófar na hainmhithe sin a thabhairt isteach i gcás inar luchtaíodh na hainmhithe lena seoladh chuig an Aontas roimh dháta údaraithe an tríú tír, na críche nó an chreasa di, dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón tríú tír sin, ó chríoch nó ó chrios di.

(4) I gcás tíortha a bhfuil an dáta oscailte i gcolún 8 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus i gcás na dtíortha sin amháin.

(5) Níl sé infheidhme maidir le crúbacha na fine Tragulidae.

(6) Gan bheith infheidhme ach amháin maidir le crúbacha an speicis *Syncerus cafer.*

(7) Gan bheith infheidhme ach amháin maidir le crúbacha an speicis *Gazzella spp.*

(8) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le BTV i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(9) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−BTV i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(10) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−EHD i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(11) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le crúbacha na fine Bovidae.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 9

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HAINMHITHE DEN FHINE TAPIRIDAE, DEN FHINE RHINOCEROTIDAE AGUS DEN FHINE ELEPHANTIDAE A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'RHINO')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Bunaíocht choraintín □ Taispeántas □ Sorcas taistil/seónna ainmhí					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe RHINO**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ainmhithe den fhine Tapiridae, den fhine Rhinocerotidae agus den fhine Elephantidae agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún a thabhairt isteach san Aontas.

II.1.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon ainmhí a thabhairt isteach lena linn.

II.1.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 6 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas.

II.1.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le díothú galar, lena n-áirítear galair liostaithe agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.1.5. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile.

II.1.6. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha.

II.1.7. rinneadh iniúchadh cliniciúil orthu, agus toradh diúltach air, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír nó sa chríoch thionscnaimh nó i gcrios di laistigh den tréimhse 24 uair an chloig sular luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas chun comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair a bhrath, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.1.8. níor vacsaíníodh iad in aghaidh [an ghalair crúb is béil ná][1][4] ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise.

II.1.9. tagann siad ó chrios**:**

[II.1.9.1. inarb amhlaidh:

(i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann:

cibé acu [24 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas][1]

nó [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)] [1][5]

(ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin.][1][4]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe RHINO

II.1.9.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ann ar feadh na tréimhse 12 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin:

(i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin, agus

(ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair sin a thabhairt isteach.

II.1.10. tagann siad ó bhunaíocht:

II.1.10.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad:

(i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht;

(ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti;

(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht.

II.1.10.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht.

II.1.10.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear galair liostaithe agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.

II.1.10.4. nár tuairiscíodh, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an seoladh chuig an Aontas i limistéar dar ga 10 km: [an galar crúb is béil ná][(1)(4)] ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise.

II.1.10.5. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh 15 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas.

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh ainmhithe den fhine Tapiridae, den fhine Rhinocerotidae agus den fhine Elephantidae a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: *'Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe RHINO**

	Cuid II: (1) Coimeád de réir mar is iomchuí. (2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (3) Dáta luchtaithe: ní cheadófar na hainmhithe sin a thabhairt isteach i gcás inar luchtaíodh na hainmhithe lena seoladh chuig an Aontas roimh dháta údaraithe an tríú tír, na críche nó an chreasa di, dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón tríú tír sin, ó chríoch nó ó chrios di. (4) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le crúbacha na fine Elephantidae. (5) I gcás tíortha a bhfuil an dáta oscailte i gcolún 8 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus i gcás na dtíortha sin amháin.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 10

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HAINMHITHE DEN FHINE HIPPOPOTAMIDAE A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'HIPPO')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Sorcas taistil/seónna ainmhí □ Bunaíocht choraintín □ Taispeántas				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** □ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht							
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe HIPPO**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ainmhithe den fhine Hippopotamidae a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.1.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n–ainmhithe chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n–ainmhithe chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon ainmhí den fhine Hippopotamidae ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear le haghaidh na ngalar céanna le hainmhithe den fhine Hippopotamidae a thabhairt isteach lena linn.

II.1.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 6 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.

II.1.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.1.5. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile.

II.1.6. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.1.11. inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur seoladh chuig an Aontas iad ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin.

II.1.7. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe ealú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear ealú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha.

II.1.8. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.1.9. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, choimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis)* ná ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis.*

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe HIPPO
	II.1.10. tagann siad ó chrios**:** II.1.10.1. inarb amhlaidh: (i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann: *cibé acu* [ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas][1] *nó* [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)] [1][4] (ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. II.1.10.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ná d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ann ar feadh na tréimhse 12 mhí sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin: (i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná (ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach. II.1.11. tagann siad ó bhunaíocht: II.1.11.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad: (i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht; (ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti; (iii) mortlaíocht sa bhunaíocht. II.1.11.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht. II.1.11.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas. II.1.11.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas: an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó agus ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise. II.1.11.5. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* ná *M. tuberculosis*) inti in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe le linn an 42 lá sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas. II.1.11.6. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis* inti in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe le linn an 42 lá sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas. II.1.11.7. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh na 15 lá ar a laghad sular seoladh na hainmhithe chuig an Aontas. *cibé acu* [II.1.11.8. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] [1]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe HIPPO

nó [II.1.11.8.	nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus nuair a tuairiscíodh gurbh ann don ghalar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) mar a thugtar tuairisc uirthi in Airteagal 9(b)(i) de Rialachán (AE) 2020/692 arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht.] [1]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh ainmhithe den fhine Hippopotamidae a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27:	*'Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní cheadófar na hainmhithe sin a thabhairt isteach i gcás inar luchtaíodh na hainmhithe lena seoladh chuig an Aontas roimh dháta údaraithe an tríú tír, na críche nó an chreasa di, dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón tríú tír sin, ó chríoch nó ó chrios di.

(4) I gcás tíortha a bhfuil an dáta oscailte i gcolún 8 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus i gcás na dtíortha sin amháin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 11

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HAINMHITHE DEN CHINEÁL CAMAILL AGUS AINMHITHE DEN CHINEÁL FIA A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'CAM-CER')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**	
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Sorcas taistil/seónna ainmhí □ Bunaíocht choraintín □ Taispeántas				
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**	
				I.23		

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CAM-CER**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

- aon stilbéin ná substaint thíreastatach,
- substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

II.1.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

II.2 .2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1. ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, tréimhse nach ndearnadh aon ainmhí a thabhairt isteach lena linn.

II.2.3. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó rugadh iad nó ar feadh 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.2.5. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile.

II.2.6. ní dhearnadh iad a dhíluchtú in aon áit nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.11 inti ó seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh iad gur seoladh chuig an Aontas iad ná ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle le linn na tréimhse sin.

II.2.7. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus arna tógáil ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;
(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;
(iii) go gcoisctear nó go n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe CAM-CER
	II.2.8. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa chríoch thionscnaimh, tréidlia nár bhraith comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn. II.2.9. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an méid seo a leanas: (i) an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n–athchogantach beag, coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis)*, ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* agus (ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1–24) le vacsaín bheo ar feadh an 60 lá sular seoladh chuig an Aontas iad. II.2.10. tagann siad ó chrios**:** II.2.10.1. inarb amhlaidh: (i) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann: *cibé acu* [24 mhíar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas][1] *nó* [ón __/__/____ (ll/mm/bbbb)] [1][4] (ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus nach ndearnadh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil a thabhairt isteach ann le linn na tréimhse sin. II.2.10.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, d'ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag ann ar feadh na tréimhse 12 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin: (i) ní dhearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, ná (ii) ní dhearnadh ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin a thabhairt isteach. *cibé acu* [II.2.10.3. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)][1][5] *nó* [II.2.10.3. atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24): *cibé acu* [II.2.10.3.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] [1][6] *nó* [II.2.10.3.1. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 9(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.] [1][6] *nó* [II.2.10.3.1. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh an t-ainmhí isteach sa chrios atá saor ó ionfhabhtú go séasúrach.] [1][6]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe CAM-CER

nó [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den thréimhse ama imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne agus

cibé acu [II.2.10.3.1. vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

nó [II.2.10.3.1. vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis thús na cosanta imdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne.]] [(1)]

nó [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach séiritíopa (1 go 24) den víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh sa 2 bhliain roimhe sin sa chrios sin agus:

cibé acu [II.2.10.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

nó [II.2.10.3.1. rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

II.2.11. tagann siad ó bhunaíocht:

II.2.11.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom atá le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad:

(i) speicis, catagóirí, líon agus sainaitheantas na n-ainmhithe ar an mbunaíocht;
(ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti;
(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht.

II.2.11.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht.

II.2.11.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear galair liostaithe agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.

II.2.11.4. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair liostaithe seo a leanas inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an seoladh chuig an Aontas: an galar crúb is béil, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise agus ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag.

cibé acu [II.2.11.5. nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann don ghalar fuilreatha eipeasótach inti ná timpeall uirthi, agus sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas.][(1)]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe CAM-CER
	nó [II.2.11.5. atá lonnaithe i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach.][1][7] II.2.11.6. a cuireadh faoi réir faireachais chun ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) a bhrath in ainmhithe den speiceas céanna ainmhithe le hainmhithe na coinsíneachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta i bpointí (1) agus (2) de chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún le linn na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin: (i) ní dhearnadh ach ainmhithe ó bhunaíochtaí ina gcuirtear na bearta dá bhforáiltear sa mhír thuas i bhfeidhm a thabhairt isteach sa bhunaíocht; (ii) [Tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) in ainmhithe den speiceas céanna ainmhithe le hainmhithe na coinsíneachta arna gcoimeád ar an mbunaíocht agus rinneadh bearta i gcomhréir le pointe (3) de chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688]].[1] II.2.11.7. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis* inti in ainmhithe den speiceas céanna ainmhithe le hainmhithe na coinsíneachta le linn an 42 lá roimh an seoladh chuig an Aontas, agus cuireadh ainmhithe na coinsíneachta faoi thástáil chun ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* a bhrath le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shampla arna thógáil le linn na tréimhse 30 lá roimh an seoladh chuig an Aontas, agus i gcás baineannach i ndiaidh a dtuismidh, arna thógáil 30 lá ar a laghad tar éis an tuismidh. II.2.11.8. nár tuairiscíodh gurbh ann do chonfadh inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an seoladh chuig an Aontas. II.2.11.9. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc inti ar feadh 15 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas. II.2.11.10. nár tuairiscíodh gurbh ann do surra (*Trypanosoma evansi*) inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an seoladh chuig an Aontas agus má tuairiscíodh gurbh ann don ghalar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh an seoladh chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) mar a thugtar tuairisc uirthi i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht. [II.2.11.11. inarb amhlaidh, má tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti le linn na tréimhse 3 bliana roimh an dáta seolta chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil tar éis na ráige deireanaí go dtí: (i) gur maraíodh agus gur scriosadh na hainmhithe ionfhabhtaithe; agus (ii) gur cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha faoi thástáil arna déanamh mar a thugtar tuairisc uirthi i bpointe 3.1 de Chaibidil 3.5.11 den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE (Leagan arna ghlacadh in 2015) agus toradh diúltach uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis an dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe ionfhabhtaithe agus a glanadh agus a díghalraíodh an bhunaíocht][1][8] [II.2.12. tagann na hainmhithe ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann do rineatraicéiteas tógálach buaibheach/do bhált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch inti in ainmhithe den chineál camaill sa tréimhse 30 lá roimh an seoladh chuig an Aontas.][1][9]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CAM-CER**

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir, etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún) agus cóid sainaitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní cheadófar na hainmhithe sin a thabhairt isteach i gcás inar luchtaíodh na hainmhithe lena seoladh chuig an Aontas roimh dháta údaraithe an tríú tír, na críche nó an chreasa di, dá dtagraítear i bpointe II.2.1., maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón tríú tír sin, ó chríoch nó ó chrios di.

(4) I gcás tíortha a bhfuil an dáta oscailte i gcolún 8 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus i gcás na dtíortha sin amháin

(5) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le BTV i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−BTV i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(7) I gcás tíortha ina mbaineann an tabhairt isteach le SF−EHD i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(8) Níl sé infheidhme ach amháin maidir le crúbacha na fine Camelidae.

(9) Is infheidhme nuair is amhlaidh, i gcomhréir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002), atá stádas saor ó ghalar le haghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált−fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch i mbó−ainmhithe nó clár díothúcháin formheasta ag an mBallstát cinn scríbe nó ag an Eilvéis, agus sa chás sin amháin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 12

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH AGUS DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HEACH-AINMHITHE, NACH BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'EQUI-X')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**					
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ □ □ Capall cláraithe □ □					
	I.21			**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht							
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais		Aois

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-X**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. níl sé beartaithe é a mharú lena ithe ag an duine ná níl sé beartaithe é a mharú faoi chuimsiú galar atá tógálach d'each-ainmhithe a dhíothú, agus

[(1)]*cibé acu* [is each-ainmhí cláraithe é, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(30) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún.]

[(1)]*nó* [is capall cláraithe é, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(30) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035.]

[(1)]*nó* [is each-ainmhí seachas each-ainmhí cláraithe nó capall cláraithe é.]

II.1.2. níor léirigh sé comharthaí cliniciúla ná siomptóim galar, a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[(2)], dáta atá laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig, nó i gcás capaill chláraithe laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig nó ar an lá oibre deireanach, roimh an imeacht ón mbunaíocht chláraithe.

II.1.3. comhlíonann sé na ceanglais i bpointí II.2. go II.5., agus i gcás inarb infheidhme i bpointe II.6., den deimhniú seo;

II.1.4. tá dearbhú i scríbhinn, arna shíniú ag oibreoir an ainmhí, ag gabháil leis, rud atá mar chuid den deimhniú seo.

II.2. *Deimhniú maidir le tríú tír, críoch nó crios di agus maidir leis an mbunaíocht seolta*

II.2.1. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ón áit seo: …….. (*cuir isteach ainm na tíre, na críche nó an chreasa di*), tír, críoch nó crios di, ag a bhfuil ar dháta eisiúna an deimhnithe seo an Cód:……..…[(3)] agus sanntar don Ghrúpa Sláintíochta é……[(3)].

II.2.2. Sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta is galair infhógartha go héigeantach iad na galair seo a leanas: Tinneas Afracach eachaí, einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach), surra (*Trypanosoma evansi*), galar cúplála eachaí (*Trypanosoma equiperdum*), ainéime thógálach eachaí, confadh agus antrasc.

II.2.3. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó thír, ó chríoch nó ó chrios di nárbh ann d'aon fhianaise chliniciúil, shéireolaíoch (in each-ainmhithe neamhvacsaínithe) ná eipidéimeolaíoch inti ná ann lena léiriú gurbh ann do thinneas Afracach eachaí inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus níorbh ann d'aon vacsaíniú córasach inti ná ann in aghaidh tinneas Afracach eachaí le linn na tréimhse 12 mhí roimh an dáta imeachta.

II.2.4. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh

[(1)]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti ná ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[(1)]*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[(2)] inti nó ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[(1)]*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht seolta le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-X

[1]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gluaiseachta

[1]*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thástáil fosúcháin chomhlántach le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)[4], arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh.]]]

[1]*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-ainmhí deireanach de speicis liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]

II.2.5. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh

[1]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann do surra inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta.]

[1]*nó* [a rinneadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le surra atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus

[1]*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann do surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[1]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gluaiseachta

[1]*cibé acu* [go dtí go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht a chur faoi mheasúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le haghaidh tripineasómóise nó faoi thástáil gleanúna cárta le haghaidh tripineasómóise (CATT) de réir caolú séirim 1 ar 4[4] arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis an t-ainmhí ionfhabhtaithe deireanach a bhaint den bhunaíocht.]]]

[1]nó [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-ainmhí deireanach de speicis liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]

II.2.6. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh

[1]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[1]*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le galar cúplála eachaí atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus

[1]*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[1]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-X

		[(1)*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht, seachas each-ainmhithe fireanna coillte, faoi thástáil fosúcháin chomhlántach le haghaidh galar cúplála eachaí, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5(4) ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh, nó tar éis na heachainmhithe fireanna ionfhabhtaithe iomlána a choilleadh.]]]
		[(1)*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-ainmhí deireanach de speicis liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]
	II.2.7.	Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht inarb amhlaidh
	(1)*cibé acu*	[nár tuairiscíodh gurbh ann d'ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]
	(1)*nó*	[a tuairiscíodh gurbh ann d'ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta
		(1)*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó ELISA(4) le haghaidh ainéime thógálach eachaí, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh íosta 90 lá tar éis an bhunaíocht a ghlanadh agus dhíghalrú tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh.]]
		(1)*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-ainmhí deireanach de speicis liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]
	II.2.8.	Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht inarb amhlaidh
		II.2.8.1. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád inti le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta an ainmhí;
		II.2.8.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc i gcrúbacha inti le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta an ainmhí.
	II.2.9.	De réir mar is fearr is eol dom, agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, ní raibh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointí II.2.3. go II.2.8.1 le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta an ainmhí, ná an ceanglas dá dtagraítear i bpointe II.2.8.2. le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta an ainmhí.
II.3.	*Deimhniú cónaithe agus maidir le leithlisiú réamhonnmhairiúcháin*	
(1)*cibé acu*	[II.3.1.	Le linn na tréimhse 40 lá roimh dháta a sheolta, nó ó rugadh é má tá sé níos óige ná 40 lá d'aois, bhí cónaí ar an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I go leanúnach sa tír sheolta, sa chríoch nó sa chrios di nó tugadh isteach sa tír sheolta, sa chríoch nó sa chrios di ó Bhallstát den Aontas nó ón Iorua.]
(1)*nó*	[II.3.1.	Le linn na tréimhse 40 lá roimh dháta a sheolta, nó ó rugadh é má tá sé níos óige ná 40 lá d'aois, maidir leis an gcapall cláraithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I
	(1)*cibé acu*	[bhí cónaí air go leanúnach sa tír sheolta, sa chríoch nó sa chrios di;]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-X**

		[1]*nó*	[tugadh isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di ar ócáid amháin nó ar bhreis agus ócáid amháin
		[1]*cibé acu*	[ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ón Iorua;]]]
		[1]*agus/nó*	[ó thír, ó chríoch nó ó chrios di dá n-údaraítear capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas, agus óna ndearadh é a allmhairiú sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di faoi choinníollacha atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a éilítear i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais chun capaill chláraithe a thabhairt isteach ón tír sin, ón gcríoch nó ón gcrios sin di go díreach san Aontas, agus:
			[1]*cibé acu* [atá sannta don Ghrúpa Sláintíochta céanna…….. [3] mar an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di;]]]]
			[1]*agus/nó* [atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B nó C;]]]]
			[1]*agus/nó* [arb éard atá inti nó ann an tSín[5][6], Hong Cong, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, Macao, Singeapór, nó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.]]]]
	[1]*cibé acu*	[II.3.2.	Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D nó G, agus
		[1]*cibé acu*	le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta, nó ó rugadh é má tá sé níos óige ná 30 lá d'aois, nó ón tráth a tugadh isteach ó Bhallstát den Aontas nó ón Iorua é,
			[1]*cibé acu* [coimeádadh scartha ó each-ainmhithe eile é, seachas i gcás searraigh diúil ar a mháthair, i mbunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A.]]]
			[1]*nó* [coimeádadh é ar leithlis réamhonnmhairiúcháin ó each-ainmhithe eile, seachas i gcás searraigh diúil ar a mháthair, i mbunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, C, D nó G.]]]
		[1]*nó*	[is capall cláraithe é a coimeádadh i mbunaíochtaí faoi mhaoirseacht tréidliachta le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta, nó ó rugadh é má tá sé níos óige ná 30 lá d'aois, nó ó tugadh isteach é i gcomhréir le pointe II.3.1 ó Bhallstát den Aontas Eorpach, ón Iorua nó ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G,.]
	[1][7]*nó*	[II.3.2.	Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, agus
		[1]*cibé acu*	[le linn na tréimhse 40 lá roimh dháta a imeachta, nó ó rugadh iad má tá sé níos óige ná 40 lá d'aois, nó ó tugadh isteach é i gcomhréir le pointe II.3.1 ó Bhallstát den Aontas Eorpach, ón Iorua nó ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G, coimeádadh é
			[1]*cibé acu* [ar leithlis i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí feithide.]]]
			[1]*nó* [i mbunaíocht faoi mhaoirseacht tréidliachta, agus tá an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di aitheanta ag an Eagraíocht Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]]

▼B

TÍR			Samhail deimhnithe EQUI-X
		[(1)*nó*	[is capall cláraithe é a coimeádadh le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta, nó ó rugadh iad má tá sé níos óige ná 30 lá d'aois, nó ó tugadh isteach é i gcomhréir le pointe II.3.1 ó Bhallstáit den Aontas Eorpach, ón Iorua nó ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G, i mbunaíochtaí faoi mhaoirseacht tréidliachta, agus tá an tír sheolta, an chríoch nó an crios di aitheanta ag OIE mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]
	[(1)(7)*nó*	[II.3.2.	Maidir leis an gcapall cláraithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F, agus:
		[(1)*cibé acu*	[le linn na tréimhse 40 lá roimh an dáta imeachta, coimeádadh é sa stáisiún coraintín formheasta…….. (*cuir isteach ainm an stáisiúin coraintín*), coinnithe san áitreabh atá cosanta ar veicteoirí, agus sin ó 2 uair an chloig ar a laghad roimh dhul faoi na gréine go 2 uair an chloig tar éis bhreacadh an lae agus tugadh aclaíocht dó faoi mhaoirseacht tréidliachta oifigiúil, tar éis éarthaigh feithide a chur air i dteannta feithidicíd éifeachtach in aghaidh *Culicoides* sular baineadh de na stáblaí coraintín é, agus ar leithlis dhian ó each-ainmhithe nach bhfuil á n-ullmhú lena n-onnmhairiú faoi choinníollacha atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a éilítear chun é a thabhairt isteach san Aontas.]]
		[(1)*nó*	[le linn na tréimhse 14 lá roimh an dáta imeachta, coinníodh é go buan sa stáisiún coraintín formheasta atá díonta ar veicteoirí…….. (*cuir isteach ainm an stáisiúin coraintín*) agus de thoradh faireachán seasmhach arna dhéanamh ar an gcosaint veicteora cruthaíodh nárbh ann do veicteoirí feithide sa chuid den stáisiún coraintín atá díonta ar veicteoirí.]]
	II.4.	*Deimhniú maidir le vacsaíniú agus tástálacha sláinte*	
	[(1)*cibé acu*	[II.4.1.	Níor vacsaíníodh an t-each-ainmhí, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh tinneas Afracach eachaí sa tír sheolta, sa chríoch sheolta ná sa chrios seolta di ná níl aon fhaisnéis ann lena dtugtar le fios go ndearnadh é a vacsaíniú roimhe sin.]
	[(1)*nó*	[II.4.1.	Vacsaíníodh an t-each-ainmhí, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh tinneas Afracach eachaí tréimhse is mó ná 12 mhí roimh dháta a imeachta.]
	[(1)(7)*nó*	[II.4.1.	Vacsaíníodh an capall cláraithe, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh tinneas Afracach eachaí tráth nach mó ná 24 mhí agus 40 lá ar a laghad roimh dháta na tabhartha isteach sa stáisiún coraintín atá cosanta ar veicteoirí nó atá díonta ar veicteoirí atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F, agus is éard a bhí sa vacsaíniú sin cúrsa iomlán príomhúil de vacsaíniú in aghaidh tinneas Afracach eachaí, nó teanndáileog laistigh de thréimhse bhailíochta an vacsaínithe roimhe sin, trí vacsaín chláraithe atá cosantach in aghaidh na séiritíopaí den tinneas Afracach eachaí atá á scaipeadh a thabhairt de réir threoracha an mhonaróra, agus tugadh an vacsaíniú deireanach an…….. *(cuir isteach an dáta)*.]
		II.4.2.	Níor vacsaíníodh an t-each-ainmhí, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta a imeachta, agus
		[(1)*cibé acu*	[tagann sé ó bhunaíocht atá suite i dtír nó i gcríoch nár tuairiscíodh gurbh ann d'einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-X**

		[(1)]*nó*	[tagann sé ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na tréimhse 6 mhí roimh dháta a imeachta agus atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di ina ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le heinceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[(2)] le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta, agus le linn na tréimhse 21 lá roimh dháta imeachta an ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, d'fhan na heach-ainmhithe uile sa bhunaíocht sláintiúil go cliniciúil, agus
			[(1)]*cibé acu* [coimeádadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí feithide i stáisiún coraintín, inar cuireadh aon eachainmhí, a léiríodh ina leith gur tháinig ardú ar a theocht choirp arna tógáil go laethúil, faoi thástáil scoite víris, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach[(4)]; agus maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I
			[(1)]*cibé acu* [rinneadh é a vacsaíniú in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach le cúrsa iomlán príomhúil agus a athvacsaíniú de réir mholtaí an mhonaróra tréimhse nach lú ná 60 lá agus nach mó ná 12 mhí roimh an dáta imeachta;]]]
			[(1)]*nó* [cuireadh faoi thriail ar chosc haemaighleanúna é le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach[(4)], arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, ar shampla arna thógáil tréimhse nach lú ná 14 lá tar éis dháta a thabhairt isteach sa stáisiún coraintín.]]]
		[(1)]*nó*	[rinneadh teocht choirp an eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a thógáil go laethúil, is é sin gan ardú nó cuireadh an t-ainmhí faoi thástáil scoite víreas le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, agus toradh diúltach uirthi, agus cuireadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I – faoi thriail ar chosc haemaighleanúna le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach[(4)], gan méadú ar thítear antasubstainte, arna déanamh ar shamplaí péireáilte arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh 21 lá, ar tógadh an dara ceann díobh le linn na tréimhse 10 lá roimh dháta a imeachta, agus – faoi imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise (ISP-CT) chun géanóm víreasach einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh a bhrath[(4)], agus toradh diúltach air, arna dhéanamh ar shampla arna thógáil laistigh de 48 n-uair an chloig roimh imeacht dó, agus – faoi réir cosaint ar ionsaithe veicteora le linn na tréimhse tar éis na samplála gur luchtaíodh lena sheoladh é, trí úsáid chomhcheangailte a bhaint as éarthaigh feithide agus feithidicídí formheasta ar an ainmhí agus tríd an stábla agus trína chóir iompair a dhífheithidiú.]]
	[(1)][(7)]*cibé acu*	[II.4.3.	Seoltar an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ón Íoslainn, atá deimhnithe mar áit atá saor go hoifigiúil ó ainéime thógálach eachaí, áit a raibh cónaí air go leanúnach ó rugadh é, agus níor tháinig sé i dteagmháil le heach-ainmhithe a tugadh isteach san Íoslainn ó thíortha eile.]
	[(1)]*nó*	[II.4.3.	Cuireadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó faoi ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí[(4)], agus toradh diúltach uirthi nó air, arna déanamh nó arna dhéanamh ar shampla fola arna thógáil an…… *(cuir isteach an dáta),* dáta atá laistigh de
		[(1)]*cibé acu*	[den tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta.]]
		[(1)][(7)]*nó*	[den tréimhse 90 lá roimh dháta a imeachta ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-X

[(1)][II.4.4. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, D nó E nó ón tSín, nó ó thír nó ó chríoch di ar tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti nó ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil fosúcháin chomhlántach é le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)[(4)] arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5 ar shampla fola arna thógáil an……. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.]

[(1)][II.4.5. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, is eachainmhí fireann neamhchoillte nó baineann is sine ná 270 lá é arna sheoladh ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, D E nó F, nó ón tSín, nó ó thír ar tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil fosúcháin chomhlántach é le haghaidh galar cúplála eachaí[(4)] arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5 ar shampla fola arna dhéanamh an……. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta, agus níor úsáideadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ar mhaithe le pórú le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta a tógadh an sampla agus ina dhiaidh sin.]

[(1)][II.4.6. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, ón mBrasaíl, ón mBolaiv, ó Uragua, ón Malaeisia (an Leithinis) nó ó thír nó ó chríoch ar tuairiscíodh gurbh ann do surra inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil gleanúna cárta é le haghaidh tripineasómóise (CATT)[(4)], arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 4 ar shampla fola arna thógáil an……. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.]

[(1)][(7)][II.4.7. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E agus

[(3)]*cibé acu* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[(8)], arna dhéanamh ag an tsaotharlann chéanna ar an lá céanna ar shamplaí fola arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh idir 21 lá agus 30 lá ann, an…… *(cuir isteach an dáta)* agus an…… *(cuir isteach an dáta)*, ar tógadh an dara ceann díobh laistigh den tréimhse 10 lá roimh an dáta imeachta,

[(3)]*cibé acu* [agus torthaí diúltacha air i ngach cás.]]]

[(3)]*nó* [agus toradh dearfach air sa chéad sampla, agus

[(3)]*cibé acu* [tástáladh an dara sampla ina dhiaidh sin agus toradh diúltach air in ISP-CT fíor-ama[(8)].]]]]

[(3)]*nó* [tástáladh an dá shampla gan breis agus a dhá oiread méadaithe ar thítear antasubstainte i dtástáil ar neodrú víreas mar a thugtar tuairisc uirthi i bpointe 2.4 de Chaibidil 2.5.1. den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE.]]]]

[(1)]*nó* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[(8)], agus toradh diúltach air, arna dhéanamh ar shampla fola arna thógáil an…… *(cuir isteach an dáta),* laistigh den tréimhse 21 lá roimh an dáta imeachta, agus tá an tír sheolta nó an chríoch sheolta aitheanta ag OIE mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]

[(1)]*nó* [is capall cláraithe é nár vacsaíníodh in aghaidh tinneas Afracach eachaí agus a seoladh ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá aitheanta ag OIE mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-X

	[(1)(7)][II.4.8. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F agus
	[(1)]*cibé acu* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[(8)], arna dhéanamh ag an tsaotharlann chéanna ar an lá céanna ar shamplaí fola arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh idir 21 lá agus 30 lá ann, an…… *(cuir isteach an dáta)* agus an…… *(cuir isteach an dáta)*, ar tógadh an chéad sampla tréimhse nach lú ná 7 lá tar éis é a thabhairt tabhartha sa stáisiún atá cosanta ar veicteoirí, ar tógadh an dara ceann díobh laistigh den tréimhse 10 lá roimh an dáta imeachta,
	[(1)]*cibé acu* [agus torthaí diúltacha air i ngach cás.]]]
	[(1)]*nó* [agus toradh dearfach air sa chéad sampla, agus
	[(1)]*cibé acu* [tástáladh an dara sampla ina dhiaidh sin agus toradh diúltach air in ISP-CT fíor-ama[(8)].]]]]
	[(1)]*nó* [tástáladh an dá shampla gan breis agus a dhá oiread méadaithe ar thítear antasubstainte i dtástáil ar neodrú víreas mar a thugtar tuairisc uirthi i bpointe 2.4 de Chaibidil 2.5.1. den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE.]]]]
	[(1)]*nó* [cuireadh é faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach agus ISP-CT fíor-ama le haghaidh tinneas Afracach eachaí[(8)], arna ndéanamh, agus toradh diúltach orthu i ngach cás, ar shampla fola arna thógáil an…… (*cuir isteach an dáta*) tréimhse nach lú ná 28 lá tar éis an dáta ar tugadh isteach é sa stáisiún coraintín atá cosanta ar veicteoirí agus laistigh den tréimhse 10 lá roimh an dáta imeachta.]]
	[(1)]*nó* [cuireadh faoi ISP-CT fíor-ama é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[(8)], arna dhéanamh, agus toradh diúltach air, ar shampla fola arna thógáil an…… (*cuir isteach an dáta*) tréimhse nach lú ná 14 lá tar éis an dáta ar tugadh isteach é sa stáisiún coraintín atá díonta ar veicteoirí agus tréimhse nach mó ná 72 uair an chloig roimh an imeacht.]]
II.5.	*Deimhniú maidir leis na dálaí iompair*
[(1)(7)]*cibé acu*	[II.5.1. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G agus rinneadh socruithe lena iompar go díreach chuig an Aontas, gan an t-ainmhí a chur faoi réir aon oibríocht tionóil ná gan teacht i dteagmháil le haon eachainmhí eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo.]
[(1)(7)]*nó*	[II.5.1. Seoltar an t-ainmhí ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F agus rinneadh socruithe chun é a iompar go díreach ón stáisiún coraintín atá cosanta ar veicteoirí nó atá díonta ar veicteoirí gan teacht i dteagmháil le heach-ainmhithe eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo
	[(1)]*cibé acu* [chuig an aerfort faoi dhálaí atá cosanta ar veicteoirí agus rinneadh socruithe chun go ndéanfaí an t-aerárthach a ghlanadh agus a dhíghalrú roimh ré le díghalrán atá aitheanta go hoifigiúil sa tríú tír sheolta, agus a spraeáil in aghaidh veicteoirí feithide díreach roimh an éirí an airde.]]
	[(1)]*nó* [chuig calafort sa tír sin, sa chríoch nó sa chrios sin di faoi dhálaí atá cosanta ar veicteoirí agus rinneadh socruithe chun é a iompar ar shoitheach atá sceidealaithe go díreach chuig calafort san Aontas Eorpach gan teacht le calafort atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di nach bhfuil formheasta le haghaidh each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, i stallaí a glanadh agus a díghalraíodh roimh ré le díghalrán atá aitheanta go hoifigiúil sa tríú tír sheolta agus a spraeáladh in aghaidh veicteoirí feithide díreach roimh an imeacht.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-X

II.5.2. Rinneadh socruithe agus fíoraíodh iad chun cosc a chur le haon teagmháil le heach-ainmhithe eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo le linn na tréimhse ón deimhniúchán go dtí an seoladh chuig an Aontas Eorpach.

II.5.3. Rinneadh na feithiclí iompair nó na coimeádáin iompair ina mbeidh an t-ainmhí luchtaithe a ghlanadh agus a dhíghalrú roimh luchtú le díghalrán atá aitheanta go hoifigiúil sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta agus tógtar amhlaidh iad ionas nach féidir le faecas, fual, bruscar ná farae éalú le linn dó a bheith á iompar.

[(1)(9)][II.6. **Fianú sláinte poiblí**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.6.1. sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta, ní bhfuair sé:

- aon stilbéin ná substaint thíreastatach;
- substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle);

II.6.2. comhlíonann sé na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear each-ainmhithe dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach agus arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus seoladh é ó thír nó ó chríoch a liostaítear le haghaidh eachainmhithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún.]

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di mar atá i gcolún 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais*': Ní mór an t-ainmhí a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, nó a bheith sainaitheanta le modh malartach i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán sin ar choinníoll go ndéantar taifead de ina dhoiciméad sainaitheantais (pas). Sonraigh an córas sainaitheantais agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí a úsáidtear. Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ba cheart a uimhir a shonrú agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é.

'Aois': Dáta breithe (ll/mm/bbbb).

'Inscne': F = fireann, B = baineann, C = coillte.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-X

Cuid II:

(1) Scrios de réir mar is iomchuí.

(2) Ní mór an deimhniú a eisiúint lá an luchtaithe agus ar an lá oibre deireanach roimh luchtú an ainmhí lena sheoladh chuig an mBallstát cinn scríbe san Aontas.

Ní cheadófar an tabhairt isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh an t-ainmhí roimh dháta údarú na tíre, na críche nó an chreasa di faoi seach, dá dtagraítear i bpointe II.1.1., maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, nó le linn tréimhse inar ghlac an tAontas bearta srianta in aghaidh each-ainmhithe a thabhairt isteach ón tír sin, ón gcríoch sin nó ón gcrios sin di. Seiceáil in aghaidh cholún 8 agus cholún 9 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Cód na tíre, na críche nó an chreasa di agus an Grúpa Sláintíochta mar atá i gcolúin 2 agus 3 faoi seach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(4) Tástálacha le haghaidh fothaigh, surra, galar cúplála eachaí, ainéime thógálach eachaí agus einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Ghalair Eachaí tuairisc seachas tinneas Afracach eachaí: https://sitesv2.anses.fr/en/minisite/equine-diseases/sop

(5) Crios na tíre nó na críche atá údaraithe le haghaidh tabhairt isteach san Aontas mar atá i gcolúin 2 agus 5 faoi seach de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) Gan bheith údaraithe ach amháin má tá an tír sheolta sannta do Ghrúpa Sláintíochta G.

(7) Ráitis a bhaineann go hiomlán agus go heisiach le Grúpa Sláintíocht atá éagsúil leis an nGrúpa Sláintíochta dá bhfuil an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di sannta, féadfar iad a fhágáil ar lár, ar choinníoll go gcoinnítear uimhriú na ráiteas ina dhiaidh sin ar bun.

(8) Tástálacha le haghaidh tinneas Afracach eachaí ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh tuairisc le haghaidh tinneas Afracach eachaí: https://www.mapa.gob.es/en/ganaderia/temas/laboratorios/lcv/directrices-diagnostico.aspx

(9) Tríd an bpointe sin a scriosadh, beidh an t-each-ainmhí, má tá sé beartaithe le haghaidh saorchúrsaíochta i gcomhréir leis na nósanna imeachta custaim a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1), eisithe ó mharú lena ithe ag an duine sa doiciméad sainaitheantais arna eisiúint i gcomhréir le rialacha sláinte ainmhithe ón Aontas.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼**B**

Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht each-ainmhithe, nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas				
Sainaithint an ainmhí[1] Speiceas (Ainm eolaíoch)	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Inscne
	……	……..	……..	……

Dearbhaímse, oibreoir an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc thuas agus a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas:

- maidir leis an each-ainmhí

  [2]*cibé acu* [d'fhan sé san áit seo: ……... (*cuir isteach ainm na tíre seolta, na críche nó an seolta di*) le linn tréimhse 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta, nó ó rugadh é, nó ó tugadh isteach é ón Aontas Eorpach nó ón Iorua;]

  [2]*nó* [tugadh isteach san áit seo é: ……... (*cuir isteach ainm na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di*) le linn na tréimhse cónaithe a éilítear 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta:

  (a) an…….(*cuir isteach an dáta*) ón……. (*cuir isteach ainm na tíre nó na críche ónar tugadh an capall isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di*)

  (b) an…….(cuir isteach an *dáta*) ón……. (*cuir isteach ainm na tíre nó na críche ónar tugadh an capall isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di*)

  (c) an…….(*cuir isteach an dáta*) ón……. (*cuir isteach ainm na tíre nó na críche ónar tugadh an capall isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di*);]

- le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta an eachainmhí, ní raibh an t-eachainmhí i dteagmháil le hainmhithe ar a bhfuil galair ionfhabhtaíocha ná thógálacha is in-tarchurtha chuig each-ainmhithe;
- comhlíontar na coinníollacha cónaithe agus maidir le leithlisiú réamhonnmhairiúcháin mar is infheidhme i gcomhréir le pointe II.3. den deimhniú sláinte tionlacain le haghaidh na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di;
- comhlíontar na coinníollacha maidir leis an iompar mar is infheidhme i gcomhréir le pointe II.5. den deimhniú sláinte tionlacain le haghaidh na tíre nó cuid de chríoch na tíre seolta;
- Tá mé ar an eolas faoi na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe agus deimhniúchán tréidliachta le haghaidh gluaiseacht each-ainmhithe ó Bhallstát amháin den Aontas chuig ceann eile a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún;
- tá an t-each-ainmhí sceidealaithe leis an Aontas Eorpach a fhágáil an…….…… (*dáta*) ag an bpost teorann…… (*cuir isteach ainm agus áit an phoist teorann fágála*) nó murach sin beidh sé faoi réir na rialacha sainaitheantais agus clárúcháin is infheidhme i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/ 2035 ón gCoimisiún.

Ainm agus seoladh an oibreora: ……..

Dáta: ……(*ll/mm/bbbb*)

……..
(*Síniú*)

[1] *Córas sainaitheantais*: Ní mór an t-ainmhí a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, nó a bheith sainaitheanta le modh malartach i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán sin ar choinníoll go ndéantar taifead de ina dhoiciméad sainaitheantais (pas). Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, branda, trasfhreagróir), agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí, a úsáideadh.
Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ba cheart a uimhir a shonrú agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é.
Aois: Dáta breithe (ll/mm/bbbb).
Inscne (F = fireann, B = baineann, C = coillte).

[2] Scrios de réir mar is iomchuí.

▼M4

CAIBIDIL 12a

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE CRÚBACHA ÁIRITHE AR DE THIONSCNAMH AN AONTAIS IAD A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CRÚBACHA A AISTRÍTEAR GO TRÍÚ TÍR NÓ GO CRÍOCH CHUN BHEITH RANNPHÁIRTEACH IN IMEACHTAÍ, TAISPEÁNTAIS, LÉIRITHE AGUS SEÓNNA AGUS A AISTRÍTEAR AR AIS GO DTÍ AN TAONTAS INA DHIAIDH SIN (SAMHAIL "ENTRY-EVENTS")

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="4"></td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="3">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Uimhir thagartha an deimhnithe

I.3 Údarás Inniúil Lárnach

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a</td><td>Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="3">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="3">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="3">Áit seolta
Ainm Uimhir Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="3">Ceann scríbe
Ainm Uimhir Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="3">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="3">I.15</td><td colspan="3" rowspan="3">Cóir iompair
☐ Aerárthach ☐ Soitheach
☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="3">Post Rialaithe Teorann Iontrála</td></tr>
<tr><td rowspan="2">I.17</td><td colspan="3" rowspan="2">Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td></td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td>☐ Comhthimpeallach</td><td>☐ Fuaraithe</td><td>☐ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="7">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimhir an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
</table>

▼M4

I.20	Deimhnithe mar nó le haghaidh							
	☐ Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh							
I.21				I.22	☐ Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh			
				I.23				
I.24				I.25	Cainníocht iomlán		I.26	
I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht							
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	

▼M4

TÍR **Deimhniú caighdeánach ENTRY-EVENTS**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na crúbacha ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. is [bó-ainmhithe,] [1] [ainmhithe den chineál caorach,] [1] [ainmhithe den chineál gabhair,] [1] ar de thionscnamh an Aontais iad agus a aistríodh an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[2] chun bheith rannpháirteach in imeacht, taispeántas, léiriú nó seó a reáchtáladh i mbunaíocht:

— atá suite sa chrios a bhfuil an cód seo a leanas aige: __ __ - __[3][4] dá n-údaraítear, ar dháta seolta na n-ainmhithe ón Aontas, speicis ainmhithe na coinsíneachta sin a theacht isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún dá réir;

— a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme maidir le reáchtáil oibríochtaí tionóil ar chrúbacha a leagtar amach in Airteagal 20(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

— nár coimeádadh ann, le linn an imeachta ar fad, ach bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach nó ainmhithe den chineál gabhair a chomhlíon, ar theacht chuig an mbunaíocht dóibh, gach ceanglas lena mbaineann maidir le teacht isteach san Aontas dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais;

II.2.2. seoladh iad go díreach óna mbunaíocht tionscnaimh san Aontas chuig an mbunaíocht dá dtagraítear i bpointe II.2.1 gan dul trí aon bhunaíocht eile ná aon tríú tír ná críoch eile;

II.2.3. luchtaíodh iad lena seoladh go díreach chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[5] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, sular luchtaíodh iad, le díghalrán atá údaraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche agus a tógadh ar bhealach:

(i) nach féidir leis na hainmhithe éalú nó titim amach;
(ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;
(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha uathu a chosc nó a íoslaghdú.

II.2.4. rinneadh cigireacht chliniciúil orthu laistigh den tréimhse 24 uair an chloig sular luchtaíodh lena seoladh chuig an Aontas iad, arna ndéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír nó sa chríoch thionscnaimh, agus níor braitheadh comharthaí atá ina léiriú ar ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus na galair atá ag teacht chun cinn;

II.2.5. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe eile a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu ón tráth ar luchtaíodh le haghaidh a seolta ón Aontas go dtí an bhunaíocht dá dtagraítear i bpointe II.2.1. agus le linn an imeachta ar fad go dtí gur luchtaíodh iad le haghaidh a seolta go dtí an tAontas.

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh crúbacha áirithe ar de thionscnamh an Aontais iad a theacht isteach san Aontas, crúbacha a aistrítear go tríú tír nó go críoch chun bheith rannpháirteach in imeachtaí, taispeántais, léirithe agus seónna agus a aistrítear ar ais go dtí an tAontas ina dhiaidh sin. Níl an deimhniú seo ar fáil ach do thríú tíortha, do críocha nó do chriosanna de thríú tír nó de chríoch ina mbaineann an teacht isteach le 'EVENTS' i gCuid 1, colún 7, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críoch an deimhnithe seo, cuimsítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann nuair a dhéantar tagairt don 'Aontas' sa deimhniú seo.

▼M4

TÍR **Deimhniú caighdeánach ENTRY-EVENTS**

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: *'Córas aitheantais agus uimhir aitheantais':* Sonraigh córas aitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid aitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Maidir leis an dáta seolta ón Aontas: ní féidir leis an dáta a bheith níos luaithe ná dáta údaraithe an chreasa maidir le teacht isteach san Aontas, nó i dtréimhse ina raibh bearta srianta i bhfeidhm ag an Aontas in aghaidh theacht isteach na n-ainmhithe seo ón gcrios sin. Ní féidir leis a bheith roimh dháta formheasa an imeachta a bhfuil an crúbach á iompar lena aghaidh.

(3) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gCuid 1, colún 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(4) I gcás criosanna a bhfuil an teacht isteach EVENTS i gCuid 1, colún 7, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus iad siúd amháin.

(5) Dáta seolta don fhilleadh ar an Aontas: ní féidir níos mó ná 15 lá a bheith ann sa tréimhse idir an dáta seo agus dáta an luchtaithe don seoladh ón Aontas.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 13

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH AGUS DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HEACH-AINMHITHE, A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'EQUI-Y')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**					
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Marú					
	I.21			**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán		I.26
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Cainníocht
Seamlas					

▼B

TÍR **EQUI-Y**

Tabhairt isteach – each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú

		II.a Tagairt an deimhnithe	**II.b Tagairt IMSOC**
Cuid II: Deimhniú	**II. Fianú sláinte ainmhithe** Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le: II.1. Maidir le heach-ainmhithe[1] na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I: II.1.1. tá sé beartaithe iad a mharú lena n-ithe ag an duine agus níl sé beartaithe iad a mharú faoi chuimsiú galar atá tógálach d'each-ainmhithe a dhíothú; II.1.2. níor léirigh siad comharthaí cliniciúla ná siomptóim galar a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[2], dáta atá laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig roimh an imeacht [3]*cibé acu* [ón mbunaíocht tionscnaimh chláraithe sa tír sheolta, sa chríoch nó sa chrios di;] [3]*nó* [ón mbunaíocht atá formheasta ag an údarás inniúil chun oibríochtaí tionóil a dhéanamh le haghaidh each-ainmhithe sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;] II.1.3. comhlíonann siad na ceanglais i bpointe II.2. go pointe II.6. den deimhniú seo, lena n-áirítear i gcás a seolta ó bhunaíocht atá formheasta le haghaidh oibríochtaí tionóil; II.1.4. tá dearbhú i scríbhinn, arna shíniú ag oibreoir na coinsíneachta ainmhithe ag gabháil leo, rud atá mar chuid den deimhniú seo. II.2. *Deimhniú maidir le tríú tír, críoch nó crios di agus maidir leis an mbunaíocht seolta* II.2.1. Maidir leis na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar iad ón áit seo: …….. (*cuir isteach ainm na tíre, na críche nó an chreasa di*), tír, críoch nó crios di, ag a bhfuil ar dháta eisiúna an deimhnithe seo an Cód:……..…[4] agus atá sannta don Ghrúpa Sláintíochta……[4]. II.2.2. Sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta is galair infhógartha go héigeantach iad na galair seo a leanas: Tinneas Afracach eachaí, einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei*, (fothach) surra (*Trypanosoma evansi*), galar cúplála eachaí (*Trypanosoma equiperdum*), ainéime thógálach eachaí, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh agus antrasc. II.2.3. Seoltar na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó thír, ó chríoch nó ó chrios di nárbh ann d'aon fhianaise chliniciúil, shéireolaíoch (in each-ainmhithe neamhvacsaínithe) ná eipidéimeolaíoch inti ná ann lena léiriú gurbh ann do thinneas Afracach eachaí inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe, agus níorbh ann d'aon vacsaíniú córasach inti ná ann in aghaidh tinneas Afracach eachaí le linn na tréimhse 12 mhí roimh an dáta imeachta. II.2.4. Tagann na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht tionscnaimh atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh [3]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti ná ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.] [3]*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] inti nó ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus		

▼B

TÍR **EQUI-Y**

Tabhairt isteach – each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú

	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC
[(3)*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.]		
[(3)*nó* [tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta		
[(3)*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thástáil fosúcháin chomhlántach le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)(5), arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh.]]]		
[(3)*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-each-ainmhí deireanach ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]		
II.2.5. Tagann na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht tionscnaimh atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh		
[(3)*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann do surra inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta.]		
[(3)*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le surra atá aitheanta ag an Aontas Eorpach(2) inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe, agus		
[(4)*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann do surra sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.]		
[(3)*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do surra sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta		
[(3)*cibé acu* [go dtí go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht a chur faoi mheasúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le haghaidh tripineasómóise nó faoi thástáil gleanúna cárta le haghaidh tripineasómóise (CATT) de réir caolú séirim 1 ar 4(5) arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar a laghad 6 mhí tar éis an t-ainmhí ionfhabhtaithe deireanach a bhaint den bhunaíocht.]]]		
[(3)*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-ainmhí deireanach de speicis liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]		
II.2.6. Tagann na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht tionscnaimh atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh		
[(3)*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.]		
[(3)*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le galar cúplála eachaí atá aitheanta ag an Aontas Eorpach(2) inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe, agus		
[(3)*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.]		

▼B

TÍR **EQUI-Y**

Tabhairt isteach – each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú

	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC
[3]*nó*	[tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta	
[3]*cibé acu*	[go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht, seachas each-ainmhithe fireanna coillte, faoi thástáil fosúcháin chomhlántach le haghaidh galar cúplála eachaí, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5[5] ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh, nó tar éis na heachainmhithe fireanna ionfhabhtaithe iomlána a choilleadh.]]]	
[3]*nó*	[ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-each-ainmhí deireanach ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]	
II.2.7.	Tagann na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht tionscnaimh inarb amhlaidh	
[3]*cibé acu*	[nár tuairiscíodh gurbh ann d'ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.]	
[3]*nó*	[a tuairiscíodh gurbh ann d'ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta	
[3]*cibé acu*	[go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó ELISA[5] le haghaidh ainéime thógálach eachaí arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh íosta 90 lá tar éis an bhunaíocht a ghlanadh agus dhíghalrú tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh.]]	
[3]*nó*	[ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-each-ainmhí deireanach ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]	
II.2.8.	Tagann na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht tionscnaimh inarb amhlaidh	
II.2.8.1.	nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád inti le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na n-ainmhithe;	
II.2.8.2.	nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc i gcrúbacha inti le linn na 15 lá roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.	
II.2.9.	De réir mar is fearr is eol dom, agus mar a dhearbhaigh oibreoir na coinsíneachta, ní raibh na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointí II.2.3. go II.2.8.1 le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta na n-ainmhithe ná an ceanglas dá dtagraítear i bpointe II.2.8.2. le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.	

▼B

TÍR **EQUI-Y**

Tabhairt isteach – each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú

		II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC
	II.3. *Deimhniú cónaithe agus maidir le leithlisiú réamhonnmhairiúcháin*		
	II.3.1. Bhí cónaí ar na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di le linn na tréimhse 90 lá roimh an dáta imeachta.		
	[(3)]*cibé acu* [II.3.2. Seoltar na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, nó G, agus le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta ón mbunaíocht tionscnaimh, coimeádadh ar leithlis réamhonnmhairiúcháin iad.]		
	[(3)][(6)]*nó* [II.3.2. Seoltar na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, agus le linn na tréimhse 40 lá roimh an dáta imeachta ón mbunaíocht tionscnaimh, coimeádadh iad		
	[(3)]*cibé acu* [ar leithlis i mbunaíocht tionscnaimh atá cosanta ar veicteoirí feithide.]]		
	[(3)]*nó* [i mbunaíocht tionscnaimh faoi mhaoirseacht tréidliachta, agus tá an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di aitheanta ag an Eagraíocht Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]		
	[(3)][II.3.3. Go díreach sular seoladh ón tír sheolta, ón gcríoch sheolta nó ón gcrios seolta di iad, coimeádadh each-ainmhithe na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I sa bhunaíocht atá formheasta le haghaidh oibríochtaí tionóil dá dtagraítear i bpointe II.1.2. ar feadh tréimhse nach mó ná 6 lá tar éis a mbunaíochtaí tionscnaimh faoi seach a fhágáil. Sa bhunaíocht fhormheasta, lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le bunaíochtaí i bpointe II.2., coimeádadh na hainmhithe faoi dhálaí lena gcosnaítear a stádas sláinte go héifeachtach gan teacht i dteagmháil le heach-ainmhithe nach gcomhlíonann na ceanglais i bpointe II.2., i bpointe II.3.1., i bpointe II.3.2. agus i bpointe II.4. den deimhniú seo.]		
	II.4. *Deimhniú maidir le vacsaíniú agus tástálacha sláinte*		
	II.4.1. Níor vacsaíníodh na heach-ainmhithe, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh tinneas Afracach eachaí sa tír sheolta, sa chríoch sheolta ná sa chrios seolta di ná níl aon fhaisnéis ann lena dtugtar le fios go ndearnadh iad a vacsaíniú roimhe sin.		
	II.4.2. Níor vacsaíníodh na heach-ainmhithe, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach le linn na tréimhse 60 lá roimh an dáta imeachta, agus tagann siad ó bhunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di nár tuairiscíodh gurbh ann d'einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta.		
	[(3)]*cibé acu* [II.4.3. Seoltar na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ón Íoslainn, atá deimhnithe mar áit atá saor go hoifigiúil ó ainéime thógálach eachaí, áit a raibh cónaí orthu go leanúnach ó rugadh iad, agus níor tháinig siad i dteagmháil le heach-ainmhithe a tugadh isteach san Íoslainn ó thíortha eile.]		
	[(3)]*nó* [II.4.3. Cuireadh na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó faoi ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí[(5)], agus toradh diúltach uirthi nó air i ngach cás, arna déanamh nó arna dhéanamh ar shampla fola arna thógáil an…… *(cuir isteach an dáta),* laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.		

▼B

TÍR **EQUI-Y**

Tabhairt isteach – each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú

	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC

[3][II.4.4. Maidir leis na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar iad ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, D nó E, nó ó thír nó ó chríoch di ar tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti nó ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil fosúcháin chomhlántach iad le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)[5] arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi i ngach cás, de réir caolú séirim 1 ar 5 ar shampla fola arna thógáil an…….. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.

[3][II.4.5. Maidir leis na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, is each-ainmhithe fireanna neamhchoillte nó baineanna is sine ná 270 lá iad arna seoladh ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, D nó E, nó ó thír ar tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil fosúcháin chomhlántach iad le haghaidh galar cúplála eachaí[5] arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi i ngach cás, de réir caolú séirim 1 ar 5 ar shampla fola arna dhéanamh an…….. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.]

[3][II.4.6. Maidir leis na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar iad ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, ón mBrasaíl, ón mBolaiv, ó Uragua, nó ó thír nó ó chríoch ar tuairiscíodh gurbh ann do surra inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil gleanúna cárta iad le haghaidh tripineasómóise (CATT)[5], arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi i ngach cás, de réir caolú séirim 1 ar 4 ar shampla fola arna thógáil an…….. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.]

[3][6][II.4.7. Maidir leis na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar iad ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, agus

[3]*cibé acu* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach iad le haghaidh tinneas Afracach eachaí[7], arna dhéanamh, agus torthaí diúltacha air i ngach cás, ag an tsaotharlann chéanna ar an lá céanna ar shamplaí fola arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh idir 21 lá agus 30 lá ann, an…… *(cuir isteach an dáta)* agus an…… *(cuir isteach an dáta)*, ar tógadh an dara ceann díobh laistigh den tréimhse 10 lá roimh an dáta imeachta.]

[3]*nó* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach iad le haghaidh tinneas Afracach eachaí[7], agus toradh diúltach air, arna dhéanamh ar shampla fola arna thógáil an…… *(cuir isteach an dáta),* laistigh den tréimhse 21 lá roimh an dáta imeachta, agus tá an tír sheolta nó an chríoch sheolta aitheanta ag OIE mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]

II.5. *Deimhniú maidir leis na dálaí iompair*

II.5.1. Rinneadh socruithe chun an choinsíneacht ainmhithe sin a iompar go díreach chuig an Aontas, gan na hainmhithe a chur faoi réir aon oibríocht tionóil eile, tar éis deimhniúcháin, lasmuigh den Aontas Eorpach ná gan teacht i dteagmháil le heach-ainmhithe eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo.

▼B

TÍR **EQUI-Y**

Tabhairt isteach – each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú

	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC

II.5.2. Rinneadh socruithe agus fíoraíodh iad chun cosc a chur le haon teagmháil le heach-ainmhithe eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo le linn na tréimhse ón deimhniúchán go dtí an seoladh chuig an Aontas Eorpach.

II.5.3. Rinneadh na feithiclí iompair nó na coimeádáin iompair ina mbeidh na hainmhithe luchtaithe a ghlanadh agus a dhíghalrú roimh luchtú le díghalrán atá aitheanta go hoifigiúil sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta agus tógtar amhlaidh iad ionas nach féidir le faecas, fual, bruscar ná farae éalú uathu le linn dóibh a bheith á n-iompar.

II.6. **Fianú sláinte poiblí**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.6.1. sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta, ní bhfuair siad:

- aon stilbéin ná substaint thíreastatach;
- substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle);

II.6.2. comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear each-ainmhithe dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach agus arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus seoladh iad ó thír nó ó chríoch a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún.

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di mar atá i gcolún 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

Tagairt bhosca I.27: '*Córas sainaitheantais*': Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 lenar féidir na hainmhithe a nascadh leis an deimhniú sláinte/oifigiúil. Sonraigh an córas sainaitheantais agus an áit anatamaíoch ar na hainmhithe, a úsáidtear.

▼B

TÍR **EQUI-Y**

Tabhairt isteach – each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú

	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC

Cuid II:

(1) Is féidir le heach-ainmhí amháin nó níos mó a bheith sa choinsíneacht.

(2) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig roimh na hainmhithe a luchtú lena seoladh chuig an mBallstát cinn scríbe san Aontas.

Ní cheadófar an tabhairt isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh na hainmhithe roimh dháta údaraithe na tíre, na críche nó an chreasa di faoi seach, dá dtagraítear i dtagairt bhosca II.1.1., maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná le linn tréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na heach-ainmhithe sin a thabhairt isteach ón tír sin, ón gcríoch sin nó ó chrios di. Seiceáil in aghaidh cholún 8 agus cholún 9 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Scrios de réir mar is iomchuí.

(4) Cód na tíre, na críche nó an chreasa di agus an Grúpa Sláintíochta mar atá i gcolúin 2 agus 3 faoi seach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(5) Tástálacha le haghaidh fothaigh, surra, galar cúplála eachaí, ainéime thógálach eachaí agus einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Ghalair Eachaí tuairisc seachas tinneas Afracach eachaí: https://sitesv2.anses.fr/en/minisite/equine-diseases/sop

(6) Ráitis a bhaineann go hiomlán agus go heisiach le Grúpa Sláintíocht atá éagsúil leis an nGrúpa Sláintíochta dá bhfuil an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di sannta, féadfar iad a fhágáil ar lár, ar choinníoll go gcoinnítear uimhriú na ráiteas ina dhiaidh sin ar bun.

(7) Tástálacha le haghaidh tinneas Afracach eachaí ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh tuairisc le haghaidh tinneas Afracach eachaí: https://www.mapa.gob.es/en/ganaderia/temas/laboratorios/lcv/directrices-diagnostico.aspx

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha): Cáilíocht agus teideal:

Dáta: Síniú:

Stampa:

▼B

Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht each-ainmhithe, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas				
Sainaithint na n-ainmhithe[1]				
Líon iomlán	Speiceas (Ainm eolaíoch) ……	Córas aitheantais ……	Uimhir aitheantais nó uimhreacha aitheantais ……	Cainníocht ……

Dearbhaímse, oibreoir na coinsíneachta each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú agus ar a dtugtar tuairisc thuas, leis seo an méid seo a leanas:

- d'fhan na hainmhithe sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di ar feadh 90 lá ar a laghad roimh an dáta seolta;
- le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe, ní raibh na hainmhithe i dteagmháil le hainmhithe ar a bhfuil galair ionfhabhtaíocha ná thógálacha is in-tarchurtha chuig each-ainmhithe;
- comhlíontar na coinníollacha cónaithe agus maidir le leithlisiú réamhonnmhairiúcháin mar is infheidhme i gcomhréir le pointe II.3. den deimhniú sláinte tionlacain le haghaidh na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di;
- comhlíontar na coinníollacha maidir leis an iompar is infheidhme i gcomhréir le pointe II.5. den deimhniú sláinte tionlacain le haghaidh na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di;
- déanfar an t-iompar ar bhealach a fhágann gur féidir sláinte agus leas na n-ainmhithe a chosaint go héifeachtach i ngach céim den turas;
- seolfar na hainmhithe
  - [2]*cibé acu* [go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an seamlas cinn scríbe gan teacht i dteagmháil le heach-ainmhithe eile nach bhfuil an stádas sláinte céanna acu;]
  - [2]*nó* [ón mbunaíocht atá formheasta le haghaidh oibríochtaí tionóil maidir le heach-ainmhithe chuig an seamlas cinn scríbe gan teacht i dteagmháil le heach-ainmhithe eile nach bhfuil an stádas sláinte céanna acu;]

Ainm agus seoladh an oibreora: ……..

Dáta: ……(*ll/mm/bbbb*)

……..
(*Síniú*)

[1] *Córas sainaitheantais*: Ní mór na hainmhithe a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 lenar féidir na hainmhithe a nascadh leis an deimhniú sláinte/oifigiúil. Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, branda, trasfhreagróir), agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí, a úsáideadh.

[2] Scrios de réir mar is iomchuí.

▼B

CAIBIDIL 14

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH AGUS DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HEACH-AINMHITHE, NACH BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A IOMPAR TRÍD AN AONTAS (SAMHAIL 'EQUI-TRANSIT-X')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a</td><td>Tagairt IMSOC</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.3</td><td>Príomhúdarás Inniúil</td><td rowspan="2">CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="2">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="2">Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="3">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair

Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="3">Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.17</td><td colspan="3">Doiciméid tionlacain

Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td colspan="5"></td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="7">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="7">Deimhnithe mar nó le haghaidh

□ Capall cláraithe</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22

I.23</td><td colspan="3"></td></tr>
</table>

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26		
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht								
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais		Aois	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. níl sé beartaithe é a mharú lena ithe ag an duine ná níl sé beartaithe é a mharú faoi chuimsiú galar atá tógálach d'each-ainmhithe a dhíothú, agus

[(1)]*cibé acu* [is each-ainmhí cláraithe é, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(30) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún.]

[(1)]*nó* [is capall cláraithe é, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(30) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035.]

[(1)]*nó* [is each-ainmhí seachas each-ainmhí cláraithe nó capall cláraithe é.]

II.1.2. níor léirigh sé comharthaí cliniciúla ná siomptóim galar, a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[(2)], dáta atá laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig, nó i gcás capaill chláraithe laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig nó ar an lá oibre deireanach, roimh an imeacht ón mbunaíocht chláraithe.

II.1.3. comhlíonann sé na ceanglais i bpointí II.2. go II.5. den deimhniú seo;

II.1.4. tá dearbhú i scríbhinn, arna shíniú ag oibreoir an ainmhí, ag gabháil leis, rud atá mar chuid den deimhniú seo.

II.2. *Deimhniú maidir le tríú tír, críoch nó crios di agus maidir leis an mbunaíocht seolta*

II.2.1. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ón áit seo: …….. (*cuir isteach ainm na tíre, na críche nó an chreasa di*), tír, críoch nó crios di, ag a bhfuil ar dháta eisiúna an deimhnithe seo an Cód:……..…[(3)] agus sanntar don Ghrúpa Sláintíochta é……[(3)].

II.2.2. Sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta is galair infhógartha go héigeantach iad na galair seo a leanas: Tinneas Afracach eachaí, einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei*, (fothach) surra (*Trypanosoma evansi*), galar cúplála eachaí (*Trypanosoma equiperdum*), ainéime thógálach eachaí, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh agus antrasc.

II.2.3. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó thír, ó chríoch nó ó chrios di nárbh ann d'aon fhianaise chliniciúil, shéireolaíoch (in each-ainmhithe neamhvacsaínithe) ná eipidéimeolaíoch inti ná ann lena léiriú gurbh ann do thinneas Afracach eachaí inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus níorbh ann d'aon vacsaíniú córasach inti ná ann in aghaidh tinneas Afracach eachaí le linn na tréimhse 12 mhí roimh an dáta imeachta.

II.2.4. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh

[(1)]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti ná ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

	[1]*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] inti nó ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus [1]*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht seolta le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.] [1]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gluaiseachta [1]*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thástáil fosúcháin chomhlántach le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)[4], arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh.]]] [1]*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-each-ainmhí deireanach ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]] II.2.5. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh [1]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann do surra inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta.] [1]*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le surra atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus [1]*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann do surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]] [1]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrian gluaiseachta [1]*cibé acu* [go dtí go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht a chur faoi mheasúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le haghaidh tripineasómóise nó faoi thástáil gleanúna cárta le haghaidh tripineasómóise (CATT) de réir caolú séirim 1 ar 4[4] arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis an t-ainmhí ionfhabhtaithe deireanach a bhaint den bhunaíocht.]]] [1]nó [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-ainmhí deireanach de speicis liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]] II.2.6. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh [1]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X

[1]*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le galar cúplála eachaí atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] inti le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus

[1]*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]]

[1]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta

[1]*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht, seachas each-ainmhithe fireanna coillte, faoi thástáil fosúcháin chomhlántach le haghaidh galar cúplála eachaí, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5[4] ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh, nó tar éis na heachainmhithe fireanna ionfhabhtaithe iomlána a choilleadh.]]]

[1]*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-each-ainmhí deireanach ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]

II.2.7. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht inarb amhlaidh

[1]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann d'ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí.]

[1]*nó* [a tuairiscíodh gurbh ann d'ainéime thógálach eachaí inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta imeachta an ainmhí, agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta

[1]*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heach-ainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó ELISA[4] le haghaidh ainéime thógálach eachaí arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh íosta 90 lá tar éis an bhunaíocht a ghlanadh agus dhíghalrú tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh.]]

[1]*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad ó dháta glantacháin agus dífhabhtaithe na bunaíochta tar éis an t-each-ainmhí deireanach ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]]

II.2.8. Tagann an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht inarb amhlaidh

II.2.8.1. nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád inti le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta an ainmhí;

II.2.8.2. nár tuairiscíodh gurbh ann d'antrasc i gcrúbacha inti le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta an ainmhí.

II.2.9. De réir mar is fearr is eol dom, agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, ní raibh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointí II.2.3. go II.2.8.1 le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta imeachta an ainmhí, ná an ceanglas dá dtagraítear i bpointe II.2.8.2. le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta an ainmhí.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

	II.3. *Deimhniú cónaithe agus maidir le leithlisiú réamhonnmhairiúcháin* II.3.1. Le linn na tréimhse 40 lá roimh dháta a sheolta, nó ó rugadh é má tá sé níos óige ná 40 lá d'aois, maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I (1)*cibé acu* [bhí cónaí air go leanúnach sa tír sheolta, sa chríoch nó sa chrios di;] (1)*nó* [tugadh isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di ar ócáid amháin nó ar bhreis agus ócáid amháin (1)*cibé acu* [ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ón Iorua;]] (1) *agus/nó* [ó thír, ó chríoch nó ó chrios di dá n-údaraítear capaill chláraithe a thabhairt isteach san Aontas, agus óna ndearnadh é a allmhairiú sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di faoi choinníollacha atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a éilítear i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais chun capaill chláraithe a thabhairt isteach ón tír sin, ón gcríoch nó ón gcrios sin di go díreach san Aontas, agus: (1)*cibé acu* [atá sannta don Ghrúpa Sláintíochta céanna…….. (3) mar an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di;]]] (1) *agus/nó* [atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B nó C;]]] (1) *agus/nó* [arb éard atá inti nó ann an tSín(5)(6), Hong Cong, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, Macao, Singeapór, nó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.]]] (1)*cibé acu* [II.3.2. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D nó G, agus (1)*cibé acu* [le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta, nó ó rugadh é má tá sé níos óige ná 30 lá d'aois, nó ó tugadh isteach é ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ón Iorua, (1)*cibé acu* [coimeádadh scartha ó each-ainmhithe eile é, seachas i gcás searraigh diúil ar a mháthair, i mbunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A.]]] (1)*nó* [coimeádadh é ar leithlis réamhonnmhairiúcháin ó each-ainmhithe eile, seachas i gcás searraigh diúil ar a mháthair, i mbunaíocht atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, C, D nó G.]]] (1)*nó* [is capall cláraithe é a coimeádadh i mbunaíochtaí faoi mhaoirseacht tréidliachta le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta, nó ó thráth é a thabhairt isteach i gcomhréir le pointe II.3.1 ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ón Iorua nó ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G.]] (1)(7)*nó* [II.3.2. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, agus (1)*cibé acu* [le linn na tréimhse 40 lá roimh dháta a imeachta, nó ó rugadh é má tá sé níos óige ná 40 lá d'aois, nó ó tugadh isteach é i gcomhréir le pointe II.3.1 ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ón Iorua nó ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G, coimeádadh é (1)*cibé acu* [ar leithlis i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí feithide.]]]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

		[(1)*nó*	[i mbunaíocht faoi mhaoirseacht tréidliachta, agus tá an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di aitheanta ag an Eagraíocht Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]]
	[(1)*nó*	[is capall cláraithe é a coimeádadh le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta, nó ón mbreith i gcomhréir le pointe II.3.1 ó Bhallstáit den Aontas Eorpach, ón Iorua nó ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G, i mbunaíochtaí faoi mhaoirseacht tréidliachta, agus tá an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di aitheanta ag OIE mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]	
[(1)(7)*nó*	[II.3.2.	Maidir leis an gcapall cláraithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F, agus:	
	[(1)*cibé acu*	[le linn na tréimhse 40 lá roimh an dáta imeachta, coimeádadh é sa stáisiún coraintín formheasta……. (*cuir isteach ainm an stáisiúin coraintín*), coinnithe san áitreabh atá cosanta ar veicteoirí, agus sin ó 2 uair an chloig ar a laghad roimh dhul faoi na gréine go 2 uair an chloig tar éis bhreacadh an lae agus tugadh aclaíocht dó faoi mhaoirseacht tréidliachta oifigiúil, tar éis éarthaigh feithide a chur air i dteannta feithidicíd éifeachtach in aghaidh *Culicoides* sular baineadh de na stáblaí coraintín é, agus ar leithlis dhian ó each-ainmhithe nach bhfuil á n-ullmhú lena n-onnmhairiú faoi choinníollacha atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a éilítear chun é a thabhairt isteach san Aontas.]]	
	[(1)*nó*	[le linn na tréimhse 14 lá roimh dháta a imeachta, coinníodh é go buan sa stáisiún coraintín formheasta atá díonta ar veicteoirí……. (*cuir isteach ainm an stáisiúin coraintín*) agus de thoradh faireachán seasmhach arna dhéanamh ar an gcosaint veicteora cruthaíodh nárbh ann do veicteoirí feithide sa chuid den stáisiún coraintín atá díonta ar veicteoirí.]]	
II.4.	*Deimhniú maidir le vacsaíniú agus tástálacha sláinte*		
[(1)*cibé acu*	[II.4.1.	Níor vacsaíníodh an t-each-ainmhí, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh tinneas Afracach eachaí sa tír sheolta, sa chríoch sheolta ná sa chrios seolta di ná níl aon fhaisnéis ann lena dtugtar le fios go ndearnadh é a vacsaíniú roimhe sin.]	
[(1)*nó*	[II.4.1.	Vacsaíníodh an t-each-ainmhí, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh tinneas Afracach eachaí tréimhse is mó ná 12 mhí roimh dháta a imeachta.]	
[(1)(7)*nó*	[II.4.1.	Vacsaíníodh an capall cláraithe, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh tinneas Afracach eachaí tráth nach mó ná 24 mhí agus 40 lá ar a laghad roimh dháta na tabhartha isteach sa stáisiún coraintín atá cosanta ar veicteoirí nó atá díonta ar veicteoirí atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F, agus is éard a bhí sa vacsaíniú sin cúrsa iomlán príomhúil de vacsaíniú in aghaidh tinneas Afracach eachaí, nó teanndáileog laistigh de thréimhse bhailíochta an vacsaínithe roimhe sin, trí vacsaín chláraithe atá cosantach in aghaidh na séiritíopaí den tinneas Afracach eachaí atá á scaipeadh a thabhairt de réir threoracha an mhonaróra, agus tugadh an vacsaíniú deireanach an…….. *(cuir isteach an dáta).*]	
		II.4.2.	Níor vacsaíníodh an t-each-ainmhí, ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta a imeachta, agus
	[(1)*cibé acu*	[tagann sé ó bhunaíocht atá suite i dtír nó i gcríoch nár tuairiscíodh gurbh ann d'einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach inti ná ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta.]	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

		[1]*nó*	[tagann sé ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach inti le linn na 6 mhí roimh dháta a imeachta agus atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di ina ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le heinceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta a imeachta, agus le linn na tréimhse 21 lá roimh dháta imeachta an ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, d'fhan na heach-ainmhithe uile sa bhunaíocht sláintiúil go cliniciúil, agus
		[1]*cibé acu*	[coimeádadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí feithide i stáisiún coraintín, inar cuireadh aon eachainmhí, a léiríodh ina leith gur tháinig ardú ar a theocht choirp arna tógáil go laethúil, faoi thástáil scoite víris, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach[4]; agus maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I
		[1]*cibé acu*	[rinneadh é a vacsaíniú in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach le cúrsa iomlán príomhúil agus a athvacsaíniú de réir mholtaí an mhonaróra tréimhse nach lú ná 60 lá agus nach mó ná 12 mhí roimh an dáta imeachta;]]]
		[1]*nó*	[cuireadh faoi thriail ar chosc haemaighleanúna é le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach[4], arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, ar shampla arna thógáil tréimhse nach lú ná 14 lá tar éis dháta a thabhairt isteach sa stáisiún coraintín.]]]
		[1]*nó*	[rinneadh teocht choirp an eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a thógáil go laethúil, is é sin gan ardú nó cuireadh an t-ainmhí faoi thástáil scoite víreas le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, agus toradh diúltach uirthi, agus cuireadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I – faoi thriail ar chosc haemaighleanúna le haghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach[4], gan méadú ar thítear antasubstainte, arna déanamh ar shamplaí péireáilte arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh 21 lá, ar tógadh an dara ceann díobh laistigh den tréimhse 10 lá roimh dháta a imeachta, agus – faoi imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise (ISP-CT) chun géanóm víreasach einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh a bhrath[4], agus toradh diúltach air, arna dhéanamh ar shampla arna thógáil laistigh de 48 n-uair an chloig roimh imeacht dó, agus – faoi réir cosaint ar ionsaithe ag veicteoirí feithide le linn na tréimhse tar éis na samplála gur luchtaíodh lena sheoladh é, trí úsáid chomhcheangailte a bhaint as éarthaigh feithide agus feithidicídí formheasta ar an ainmhí agus tríd an stábla agus trína chóir iompair a dhífheithidiú.]]
	[1][7]*cibé acu*	[II.4.3.	Seoltar an t-eachainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ón Íoslainn, atá deimhnithe mar áit atá saor go hoifigiúil ó ainéime thógálach eachaí, áit a raibh cónaí air go leanúnach ó rugadh é, agus níor tháinig sé i dteagmháil le heach-ainmhithe a tugadh isteach san Íoslainn ó thíortha eile.]
	[1]*nó*	[II.4.3.	Cuireadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó faoi ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí[4], agus toradh diúltach uirthi nó air, arna déanamh nó arna dhéanamh ar shampla fola arna thógáil an…… *(cuir isteach an dáta),* dáta atá laistigh de
		[1]*cibé acu*	[den tréimhse 30 lá roimh dháta a imeachta.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X

[(1)(7)]*nó* [den tréimhse 90 lá roimh dháta a imeachta ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A.]]

[(1)][II.4.4. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, D nó E, nó ón tSín, nó ó thír nó ó chríoch ar tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti nó ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil fosúcháin chomhlántach é le haghaidh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach)[(4)] arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5 ar shampla fola arna thógáil an……. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.]

[(1)][II.4.5. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, is eachainmhí fireann neamhchoillte nó baineann is sine ná 270 lá é arna sheoladh ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta B, D E nó F, nó ón tSín, nó ó thír ar tuairiscíodh gurbh ann do ghalar cúplála eachaí inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil fosúcháin chomhlántach é le haghaidh galar cúplála eachaí[(4)] arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 5 ar shampla fola arna dhéanamh an……. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta, agus níor úsáideadh an t-each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ar mhaithe le pórú le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta a tógadh an sampla agus ina dhiaidh sin.]

[(1)][II.4.6. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, ón mBrasaíl, ón mBolaiv, ó Uragua, nó ó thír nó ó chríoch ar tuairiscíodh gurbh ann do surra inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh an dáta imeachta, agus cuireadh faoi thástáil gleanúna cárta é le haghaidh tripineasómóise (CATT)[(4)], arna déanamh, agus toradh diúltach uirthi, de réir caolú séirim 1 ar 4 ar shampla fola arna thógáil an……. (*cuir isteach an dáta*), laistigh den tréimhse 30 lá roimh an dáta imeachta.]

[(1)(7)][II.4.7. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta E, agus

[(3)]*cibé acu* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[(8)], arna dhéanamh ag an tsaotharlann chéanna ar an lá céanna ar shamplaí fola arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh idir 21 lá agus 30 lá ann, an…… *(cuir isteach an dáta)* agus an…… *(cuir isteach an dáta)*, ar tógadh an dara ceann díobh laistigh den tréimhse 10 lá roimh an dáta imeachta,

[(3)]*cibé acu* [agus torthaí diúltacha air i ngach cás.]]]

[(3)]*nó* [agus toradh dearfach air sa chéad sampla, agus

[(3)]*cibé acu* [tástáladh an dara sampla ina dhiaidh sin agus toradh diúltach air in ISP-CT fíor-ama[(8)].]]]]

[(3)]*nó* [tástáladh an dá shampla gan breis agus a dhá oiread méadaithe ar thítear antasubstainte i dtástáil ar neodrú víreas mar a thugtar tuairisc uirthi i bpointe 2.4 de Chaibidil 2.5.1. den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE.]]]]

[(1)]*nó* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[(8)], agus toradh diúltach air, arna dhéanamh ar shampla fola arna thógáil an…… *(cuir isteach an dáta),* laistigh de thréimhse 21 lá roimh an dáta imeachta, agus tá an tír sheolta nó an chríoch sheolta aitheanta ag OIE mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

	[1]*nó* [is capall cláraithe é nár vacsaíníodh in aghaidh tinneas Afracach eachaí agus a seoladh ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá aitheanta ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) mar áit atá saor go hoifigiúil ó thinneas Afracach eachaí.]]
	[1][7][II.4.8. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F, agus
	[1]*cibé acu* [cuireadh faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[8], arna dhéanamh ag an tsaotharlann chéanna ar an lá céanna ar shamplaí fola arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh idir 21 lá agus 30 lá ann, an…… *(cuir isteach an dáta)* agus an…… *(cuir isteach an dáta)*, ar tógadh an chéad sampla tréimhse nach lú ná 7 lá tar éis é a thabhairt tabhartha sa stáisiún atá cosanta ar veicteoirí, ar tógadh an dara ceann díobh laistigh den tréimhse 10 lá roimh an dáta imeachta,
	[1]*cibé acu* [agus torthaí diúltacha air i ngach cás.]]]
	[1]*nó* [agus toradh dearfach air sa chéad sampla, agus
	[1]*cibé acu* [tástáladh an dara sampla ina dhiaidh sin agus toradh diúltach air in ISP-CT fíor-ama[8].]]]]
	[1]*nó* [tástáladh an dá shampla gan breis agus a dhá oiread méadaithe ar thítear antasubstainte i dtástáil ar neodrú víreas mar a thugtar tuairisc uirthi i bpointe 2.4 de Chaibidil 2.5.1. den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE.]]]]
	[1]*nó* [cuireadh é faoi ELISA indíreach nó ELISA bacainneach agus ISP-CT fíor-ama le haghaidh tinneas Afracach eachaí[8], arna ndéanamh, agus toradh diúltach orthu i ngach cás, ar shampla fola arna thógáil an…… (*cuir isteach an dáta*) tréimhse nach lú ná 28 lá tar éis an dáta ar tugadh isteach é sa stáisiún coraintín atá cosanta ar veicteoirí agus laistigh den tréimhse 10 lá roimh an dáta imeachta.]]
	[1]*nó* [cuireadh faoi ISP-CT fíor-ama é le haghaidh tinneas Afracach eachaí[8], arna dhéanamh, agus toradh diúltach air, ar shampla fola arna thógáil an…… (*cuir isteach an dáta*) tréimhse nach lú ná 14 lá tar éis an dáta ar tugadh isteach é sa stáisiún coraintín atá díonta ar veicteoirí agus tréimhse nach mó ná 72 uair an chloig roimh an imeacht.]]
	II.5. *Deimhniú maidir leis na dálaí iompair*
	[1][7]*cibé acu* [II.5.1. Maidir leis an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar é ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta A, B, C, D, E nó G agus rinneadh socruithe lena iompar go díreach chuig an Aontas, gan an t-ainmhí a chur faoi réir aon oibríocht tionóil ná gan teacht i dteagmháil le haon eachainmhí eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo.]
	[1][7]*nó* [II.5.1. Seoltar an t-ainmhí ó thír, ó chríoch nó ó chrios di atá sannta do Ghrúpa Sláintíochta F agus rinneadh socruithe chun é a iompar go díreach ón stáisiún coraintín atá cosanta ar veicteoirí nó atá díonta ar veicteoirí gan teacht i dteagmháil le heach-ainmhithe eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo
	[1]*cibé acu* [chuig an aerfort faoi dhálaí atá cosanta ar veicteoirí agus rinneadh socruithe chun go ndéanfaí an t-aerárthach a ghlanadh agus a dhíghalrú roimh ré le díghalrán atá aitheanta go hoifigiúil sa tríú tír sheolta, agus a spraeáil in aghaidh veicteoirí feithide díreach roimh an éirí an airde.]]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

	[1]*nó*	[chuig calafort sa tír sin, sa chríoch nó sa chrios di faoi dhálaí atá cosanta ar veicteoirí agus rinneadh socruithe chun é a iompar ar shoitheach atá sceidealaithe go díreach chuig calafort san Aontas gan teacht chun calafort atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios di nach bhfuil formheasta le haghaidh each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, i stallaí a glanadh agus a díghalraíodh roimh ré le díghalrán atá aitheanta go hoifigiúil sa tríú tír sheolta agus a spraeáladh in aghaidh veicteoirí feithide díreach roimh an imeacht.]]
	II.5.2.	Rinneadh socruithe agus fíoraíodh iad chun cosc a chur le haon teagmháil le heach-ainmhithe eile nach gcomhlíonann ar a laghad na ceanglais sláinte chéanna mar a thugtar tuairisc orthu sa deimhniú sláinte seo le linn na tréimhse ón deimhniúchán go dtí an seoladh chuig an Aontas.
	II.5.3.	Rinneadh na feithiclí iompair nó na coimeádáin iompair ina mbeidh an t-ainmhí luchtaithe a ghlanadh agus a dhíghalrú roimh luchtú le díghalrán atá aitheanta go hoifigiúil sa tríú tír sheolta agus tógtar amhlaidh iad ionas nach féidir le faecas, fual, bruscar ná farae éalú le linn dó a bheith á iompar.
	Nótaí:	
	I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.	
	Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.	
	Cuid I:	
	Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di mar atá i gcolún 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.
	Tagairt bhosca I.27:	'*Córas sainaitheantais*': Ní mór an t-ainmhí a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, nó a bheith sainaitheanta le modh malartach i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán sin ar choinníoll go ndéantar taifead de ina dhoiciméad sainaitheantais (pas). Sonraigh an córas sainaitheantais agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí a úsáidtear. Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ba cheart a uimhir a shonrú agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é. *'Aois'*: Dáta breithe (ll/mm/bbbb). *'Inscne'*: F = fireann, B = baineann, C = coillte.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-X**

Cuid II:

(1) Scrios de réir mar is iomchuí.

(2) Ní mór an deimhniú a eisiúint laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig roimh an luchtú nó ar an lá oibre deireanach roimh luchtú an ainmhí lena sheoladh chuig an mBallstát cinn scríbe san Aontas.

Ní cheadófar an tabhairt isteach san Aontas i gcás inar luchtaíodh an t-ainmhí roimh dháta údarú na tíre, na críche nó an chreasa di faoi seach, dá dtagraítear i bpointe II.1.1., maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, nó le linn tréimhse inar ghlac an tAontas bearta srianta in aghaidh each-ainmhithe a thabhairt isteach ón tír sin, ón gcríoch sin nó ón gcrios sin di. Seiceáil in aghaidh cholún 8 agus cholún 9 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Cód na tíre, na críche nó an chreasa di agus an Ghrúpa Sláintíochta mar atá i gcolún 2 agus i gcolún 3 faoi seach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(4) Tástálacha le haghaidh fothaigh, surra, galar cúplála eachaí, ainéime thógálach eachaí agus einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Ghalair Eachaí tuairisc seachas tinneas Afracach eachaí: https://sitesv2.anses.fr/en/minisite/equine-diseases/sop

(5) Crios na tíre nó na críche atá údaraithe le haghaidh tabhairt isteach san Aontas mar atá i gcolúin 2 agus 5 faoi seach de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) Gan bheith údaraithe ach amháin má tá an tír sheolta sannta do Ghrúpa Sláintíochta G.

(7) Ráitis a bhaineann go hiomlán agus go heisiach le Grúpa Sláintíocht atá éagsúil leis an nGrúpa Sláintíochta dá bhfuil an tír sheolta, an chríoch sheolta nó an crios seolta di sannta, féadfar iad a fhágáil ar lár, ar choinníoll go gcoinnítear uimhriú na ráiteas ina dhiaidh sin ar bun.

(8) Tástálacha le haghaidh tinneas Afracach eachaí ar a dtugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh tuairisc le haghaidh tinneas Afracach eachaí: https://www.mapa.gob.es/en/ganaderia/temas/laboratorios/lcv/directrices-diagnostico.aspx

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

Dearbhú ón oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht each-ainmhithe, nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a iompar tríd an Aontas				
Sainaithint an ainmhí[1] Speiceas (Ainm eolaíoch)	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Inscne
	…… ….	……..	…….	……

Dearbhaímse, oibreoir an each-ainmhí ar a dtugtar tuairisc thuas agus a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas:

- maidir leis an each-ainmhí

  [2]*cibé acu* [d'fhan sé san áit seo: …….... (*cuir isteach ainm na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di*) le linn na tréimhse 40 lá ar laghad roimh an dáta seolta;]

  [2]*nó* [tugadh isteach san áit seo é: …….... (*cuir isteach ainm na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di*) le linn na tréimhse cónaithe a éilítear 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta:

  (a) an…….(*cuir isteach an dáta*) ón……. (*cuir isteach ainm na tíre nó na críche ónar tugadh an capall isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di*)

  (b) an…….(cuir isteach an *dáta*) ón……. (*cuir isteach ainm na tíre nó na críche ónar tugadh an capall isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di*)

  (c) an…….(*cuir isteach an dáta*) ón……. (*cuir isteach ainm na tíre nó na críche ónar tugadh an capall isteach sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di*);]

- le linn na tréimhse 15 lá roimh dháta imeachta an eachainmhí, ní raibh an t-eachainmhí i dteagmháil le hainmhithe ar a bhfuil galair ionfhabhtaíocha ná thógálacha is in-tarchurtha chuig each-ainmhithe;
- déanfar an t-iompar ar bhealach a fhágann gur féidir sláinte agus leas an each-ainmhí a chosaint go héifeachtach i ngach céim den turas;
- comhlíontar na coinníollacha cónaithe agus maidir le leithlisiú réamhonnmhairiúcháin mar is infheidhme i gcomhréir le pointe II.3. den deimhniú sláinte tionlacain le haghaidh na tíre seolta, na críche seolta nó an chreasa seolta di;
- comhlíontar na coinníollacha maidir leis an iompar mar is infheidhme i gcomhréir le pointe II.5. den deimhniú sláinte tionlacain le haghaidh na tíre nó cuid de chríoch na tíre seolta;
- tá an t-each-ainmhí sceidealaithe leis an Aontas a fhágáil an…… (*dáta*) ag an bpost teorann…… (*cuir isteach ainm agus áit an phoist teorann fágála*);

Ainm agus seoladh an oibreora: ……..

Dáta: ……(*ll/mm/bbbb*)

……..
(*Síniú*)

[1] *Córas sainaitheantais*: Ní mór an t-ainmhí a shainaithint go haonarach le ceann de na modhanna sainaitheantais a shainítear i bpointí (a), (c), (e), nó (g) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, nó a bheith sainaitheanta le modh malartach i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán sin ar choinníoll go ndéantar taifead de ina dhoiciméad sainaitheantais (pas). Sonraigh an córas sainaitheantais (amhail clib cluaise, tatú, branda, trasfhreagróir), agus an áit anatamaíoch ar an ainmhí, a úsáideadh.

Má tá pas ag gabháil leis an ainmhí, ba cheart a uimhir a shonrú agus ainm an údaráis inniúil a bhailíochtaigh é.

Aois: Dáta breithe (ll/mm/bbbb).

Inscne (F = fireann, B = baineann, C = coillte).

[2] Scrios de réir mar is iomchuí.

▼B

CAIBIDIL 15

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH AGUS DEARBHÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HEACH-AINMHITHE, A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A IOMPAR TRÍD AN AONTAS (SAMHAIL 'EQUI-TRANSIT-Y')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.3</td><td>Príomhúdarás Inniúil</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td><td></td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="2">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="2">Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="3">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair

Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="3">Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.17</td><td colspan="3">Doiciméid tionlacain

Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td colspan="5"></td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="7">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="7">Deimhnithe mar nó le haghaidh

□ Marú</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22

I.23</td><td colspan="3"></td></tr>
</table>

▼B

I.24			I.25 Cainníocht iomlán			I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht							
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-Y**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Maidir le heach-ainmhithe[1] na coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. tá sé beartaithe iad a mharú lena n-ithe ag an duine agus níl sé beartaithe iad a mharú faoi chuimsiú galar atá tógálach d'each-ainmhithe a dhíothú;

II.1.2. níor léirigh siad comharthaí ná siomptóim galar a liostaítear le haghaidh each-ainmhithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún le linn an scrúdaithe chliniciúil arna dhéanamh an……. (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*)[2], dáta atá laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig roimh an imeacht

[3]*cibé acu* [ón mbunaíocht tionscnaimh chláraithe sa tír sheolta, sa chríoch nó sa chrios di;]

[3]*nó* [ón mbunaíocht atá formheasta ag an údarás inniúil chun oibríochtaí tionóil a dhéanamh le haghaidh each-ainmhithe sa tír sheolta, sa chríoch sheolta nó sa chrios seolta di i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;

II.1.3. comhlíonann siad na ceanglais i bpointe II.2. go pointe II.5. den deimhniú seo, lena n-áirítear i gcás a seolta ó bhunaíocht atá formheasta le haghaidh oibríochtaí tionóil;

II.1.4. tá dearbhú i scríbhinn, arna shíniú ag oibreoir na coinsíneachta ainmhithe ag gabháil leo, rud atá mar chuid den deimhniú seo.

II.2. *Deimhniú maidir le tríú tír, críoch nó crios di agus maidir leis an mbunaíocht seolta*

II.2.1. Maidir leis na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, seoltar iad ón áit seo: ……..... (*cuir isteach ainm na tíre, na críche nó an chreasa di*), tír, críoch nó crios di, ag a bhfuil ar dháta eisiúna an deimhnithe seo an Cód:……..…[4] agus atá sannta don Ghrúpa Sláintíochta……[4].

II.2.2. Sa tír sheolta nó sa chríoch sheolta is galair infhógartha go héigeantach iad na galair seo a leanas: Tinneas Afracach eachaí, einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei*, (fothach) surra (*Trypanosoma evansi*), galar cúplála eachaí (*Trypanosoma equiperdum*), ainéime thógálach eachaí, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh agus antrasc.

II.2.3. Seoltar na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó thír, ó chríoch nó ó chrios di nárbh ann d'aon fhianaise chliniciúil, shéireolaíoch (in each-ainmhithe neamhvacsaínithe) ná eipidéimeolaíoch inti ná ann lena léiriú gurbh ann do thinneas Afracach eachaí inti nó ann le linn na tréimhse 24 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe, agus níorbh ann d'aon vacsaíniú córasach inti ná ann in aghaidh tinneas Afracach eachaí le linn na tréimhse 12 mhí roimh an dáta imeachta.

II.2.4. Tagann na heach-ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó bhunaíocht tionscnaimh atá suite i dtír, i gcríoch nó i gcrios de inarb amhlaidh

[3]*cibé acu* [nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) inti ná ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.]

[3]*nó* [a ndearnadh clár faireachais agus díothúcháin maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) atá aitheanta ag an Aontas Eorpach[2] inti nó ann le linn na tréimhse 36 mhí roimh an dáta imeachta, agus

[3]*cibé acu* [níor tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 36 mhí roimh dháta imeachta na n-ainmhithe.]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-TRANSIT-Y**

	[17][II.2.12. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus: (a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle; (b) coimeádadh ar leithlis í ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas sa bhunaíocht tionscnaimh nó sa bhunaíocht choraintín faoi mhaoirseacht tréidlia oifigiúil, áit: (i) nár vacsaíníodh aon éanlaith chlóis in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta; (ii) nár tháinig aon éin eile isteach sa bhunaíocht le linn an ama sin; (iii) nach ndearnadh aon vacsaíniú; (c) fuair sí toradh[11] diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí a bhrath in aghaidh víreas ghalar Newcastle, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % agus a tógadh le linn na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;] **Nótaí:** Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin. I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún. **Cuid I:** Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: '*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.05 nó 01.06.39. '*Catagóir*': roghnaigh ceann díobh seo a leanas: Íonphór/seantuismitheoirí/tuismitheoirí/puiléid bhreithe/eile. **Cuid II:** (1) Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir le héanlaith chlóis den speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe. (2) Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh na séiritíopaí i rith shaol na healta, sonraigh gur toradh dearfach atá ann: - ealtaí éanlaith chlóis phórúcháin: *Salmonella* Hadar, *Salmonella* Virchow agus *Salmonella* Infantis; - ealtaí éanlaith chlóis tháirgiúil: *Salmonella* Enteritidis agus *Salmonella* Typhimurium. (3) Coimeád de réir mar is iomchuí.	

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BPP

(4) Líon isteach más iomchuí: sonraigh ainm agus substaint ghníomhach na bhfrithmhiocróbach a úsáideadh.

(5) Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

(6) Ciallaíonn ‘éanlaith chlóis phórúcháin’ éanlaith chlóis atá 72 uair an chloig d’aois nó níos sine agus atá beartaithe chun uibheacha goir a tháirgeadh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(7) Ciallaíonn ‘éanlaith chlóis tháirgiúil’ éanlaith chlóis atá 72 uair an chloig d’aois nó níos sine, atá á saothrú chun go ndéanfar feoil, uibheacha lena n-ithe nó táirgí eile a tháirgeadh nó chun soláthairtí éanlaithe géim a athstocáil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(8) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(9) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla.

(10) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla.

(11) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.

(12) Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis phórúcháin agus le héanlaith chlóis tháirgiúil chun go dtáirgfear feoil, uibheacha lena n-ithe nó táirgí eile.

(13) Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis tháirgiúil chun soláthairtí éanlaithe géim a athstocáil.

(14) Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.

(15) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh.

(16) Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón gcrios sin.

(17) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 24

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE RAITÍTIGH PHÓRÚCHÁIN AGUS RAITÍTIGH THÁIRGIÚLA A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'BPR')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="3">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2 Tagairt an deimhnithe

I.3 Príomhúdarás Inniúil

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.9 An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td colspan="2">I.10 An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td colspan="3">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td colspan="3">I.16 Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach
I.17 Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td>□ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="5">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="5">Deimhnithe mar nó le haghaidh

□ Le coimeád thairis sin</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.22 □ Don mhargadh inmheánach
I.23 □ D'atabhairt isteach</td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Cainníocht

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BPR

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II. a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na [raitítigh phórúcháin[1]][2] [raitítigh tháirgiúla[3]][2] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [4], ar crios é ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) dá n-údaraítear, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún, raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla a thabhairt isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir le fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 37(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.1.2. tagann siad ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

[2]*cibé acu* [a mheastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[2][5]*nó* [nach meastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus maidir leis na hainmhithe:

(a) cuireadh faoi fhaireachas oifigiúil iad ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;

(b) coimeádadh ar leithlis iomlán iad le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a), i bhfad ó theagmháil dhíreach nó indíreach le héin eile, i saoráidí atá formheasta ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh chun na críche sin;

(c) rinneadh tástáil braite víreas orthu[6] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle:

(i) a rinneadh ar mhaipíneachtaí clóácacha nó ar shamplaí faecais arna mbailiú ó gach raitíteach laistigh de 7 lá go 10 lá ón dáta a cuireadh na raitítigh faoi fhaireachas oifigiúil dá dtagraítear i bpointe (a);

(ii) nár aimsíodh aon aonraíoch de pharaimicsivíreas éanúil, cineál 1, le hInnéacs Pataigineachta Incheirbrí (ICPI) is mó ná 0.4 inti;

(iii) agus torthaí fabhracha ar fáil do na héin uile sa choinsíneacht sular fhág siad na saoráidí dá dtagraítear i bpointe (b) lena seoladh chuig an Aontas;

(d) tagann siad ó ealtaí ina ndearnadh faireachas maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle faoi phlean samplála bunaithe ar staidreamh lenar soláthraíodh torthaí diúltacha ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh dháta seolta na coinsíneachta lena tabhairt isteach san Aontas;]

II.1.3. tagann siad ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1:

[2]*cibé acu* [(a) [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach ann;]

[2][7]n*ó* [(a) [ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[2]*cibé acu* [(b) ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[2][8]n*ó* [(b) nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus maidir leis na hainmhithe:

(i) níor vacsaíníodh iad leis na vacsaíní sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BPR
	(ii) tagann siad ó ealta nó ó ealtaí ar cuireadh faoi thástáil scoite víreas[6] iad le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta, arna thógáil tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, agus nár aimsíodh aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann; (iii) coimeádadh ar leithlis faoi fhaireachas oifigiúil iad ar an mbunaíocht tionscnaimh le linn an 2 sheachtain a luaitear in (ii); (iv) le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, ní raibh siad i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha in (i) agus (ii);]
	II.1.4. d'fhan siad sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1. ar feadh tréimhse leanúnach 3 mhí ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas nó ó thráth a ngortha i gcás inarb óige ná 3 mhí d'aois iad; agus i gcás inar allmhairíodh iad isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1, rinneadh an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna le ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus liostaítear an crios ónar allmhairíodh na hainmhithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla a thabhairt isteach san Aontas; II.1.5. tagann siad ón mbunaíocht, a shonraítear i mBosca I.11, atá formheasta ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir leis na ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún agus: (a) nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar; (b) atá faoi rialú údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; (c) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do na galair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht; (d) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas; (e) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas; (f) nár tuairiscíodh gurbh ann d'aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh inti ar feadh 21 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas; II.1.6. tagann sí ó ealta: (a) nár vacsaíníodh in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach; [6]*cibé acu* [(b) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BPR

[(2)*nó* [(b) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(9)

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

]

(c) ar a ndearnadh iniúchadh cliniciúil(10) laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na n-ainmhithe lena seoladh chuig an Aontas, agus níor thaispeáin siad aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.1.7. d'fhan siad sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.1.8. ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 6 seachtaine ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.1.9. níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

II.1.10. bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil(10) an ___/___/____ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus níor thaispeáin siad aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

II.1.11. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin:

(a) a thógtar ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú;

(b) nach bhfuil iontu ach éanlaith chlóis den speiceas agus den chatagóir chéanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(c) atá:

(2)*cibé acu* [ina gcoimeádáin neamhúsáidte agus saindeartha indiúscartha atá le scriosadh tar éis na chéad úsáide;]

(2)*nó* [glanta agus díghalraithe agus triomaithe, nó curtha ar triomú, roimh luchtú na n-ainmhithe;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BPR

(d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu;

(e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 1 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'éanlaith phórúcháin agus d'éanlaith chlóis tháirgiúil;

II.1.12. luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[11] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.1.11(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh roimh luchtú le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

[12][II.1.13. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus:

(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(b) coimeádadh ar leithlis í ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas sa bhunaíocht tionscnaimh nó sa bhunaíocht choraintín faoi mhaoirseacht tréidlia oifigiúil, áit:

(i) nár vacsaíníodh aon éanlaith chlóis in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta;

(ii) nár tháinig aon éin eile isteach sa bhunaíocht le linn an ama sin;

(iii) nach ndearnadh aon vacsaíniú;

(c) fuair siad toradh[6] diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí a bhrath in aghaidh víreas ghalar Newcastle, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % agus a tógadh le linn na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh raitítigh phórúcháin nó raitítigh tháirgiúla a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht:

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.06.39.

'Córas sainaitheantais': Ní mór an t-ainmhí a bheith sainaitheanta go haonarach le clibeanna muiníl nó trasfhreagróir in-insteallta i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

'*Catagóir*': roghnaigh ceann díobh seo a leanas: Íonphór/seantuismitheoirí/tuismitheoirí/eile.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh an uimhir aitheantais nach mór cód na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh a bheith san áireamh inti lena gcomhlíontar caighdeáin ISO i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BPR
	Cuid II: (1) Ciallaíonn ‘raitítigh phórúcháin’ raitítigh atá 72 uair an chloig d’aois nó níos sine agus atá beartaithe chun uibheacha goir a tháirgeadh, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (2) Coimeád de réir mar is iomchuí. (3) Ciallaíonn ‘raitítigh tháirgiúla’ raitítigh atá 72 uair an chloig d’aois nó níos sine, atá á saothrú chun go ndéanfar feoil, uibheacha lena n-ithe nó táirgí eile a tháirgeadh, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (4) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (5) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí ó chriosanna nach meastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'C' i gcolún 6 den tábla. (6) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625. (7) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla. (8) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla. (9) Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle. (10) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh. (11) Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón gcrios sin. (12) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta Cáilíocht agus teideal Stampa Síniú

▼B

CAIBIDIL 25

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE SICÍNÍ LAE SEACHAS RAITÍTIGH A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'DOC')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin				
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** **□ Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht			
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe DOC**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

(1)[II.1.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid oibreán frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an máthairstoc tionscnaimh agus tástáladh an máthairstoc sin le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	**Aois na n-éan**	**Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]**	**Toradh na tástála uile san ealta(2)**	
			dearfach	diúltach

Cuireadh na ceanglais shonracha maidir le húsáid frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 i bhfeidhm maidir leis na sicíní lae.

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella* :

(3)*cibé acu* [níor riaradh frithmhiocróbacha ar na sicíní lae (lena n-áirítear instealladh in uibheacha);]

(3)(4)*nó* [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas ar na sicíní lae (lena n-áirítear instealladh in uibheacha)……..;]]

(1)[II.1.2. Má tá na sicíní lae beartaithe lena bpórú, níor braitheadh *Salmonella* Enteritidis ná *Salmonella* Typhimurium laistigh den chlár rialúcháin dá dtagraítear i bpointe II.1.1.]

(5)[II.1.3. Más í an Fhionlainn nó an tSualainn an Ballstát cinn scríbe, tagann na sicíní lae atá le tabhairt isteach in ealtaí éanlaith chlóis phórúcháin nó ealtaí éanlaith chlóis tháirgiúil ó ealtaí dá bhfuarthas toradh diúltach maidir le *Salmonella* i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2003/644/CE ón gCoimisiún;]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na sicíní lae(6) seachas raitítigh ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. goradh iad ar an gcrios leis an gcód _ _ - _ (7) atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) dá n-údaraítear, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún, sicíní lae seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir le fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 37(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(d) a mheastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.2.2. a thagann ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1, inarb amhlaidh:

(3)*cibé acu* [(a) [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach ann;]

(3)(8)n*ó* [(a) [ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe DOC
	[3]*cibé acu* (b) ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[3][9]nó [(b) nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus maidir leis na hainmhithe: (i) níor vacsaíníodh leis na vacsaíní sin iad; (ii) tagann siad ó ealta: - níor vacsaíníodh iad leis na vacsaíní sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas; - ar cuireadh faoi thástáil scoite víreas[10] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha arna dtógáil ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta, tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, agus nach bhfuarthas aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann; - a coimeádadh ar leithlis faoi fhaireachas oifigiúil ar an mbunaíocht tionscnaimh le linn an 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas; - le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, nach raibh i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha sa chéad eang agus sa dara eang thuas; (iii) a thagann as uibheacha goir nach raibh i dteagmháil sa ghorlann nó le linn a n-iompartha le héanlaith chlóis nó le huibheacha goir nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in (ii);]
	II.2.3. a thagann ó ghorlann, a shonraítear i mBosca I.11, arna formheas ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2019/2035 agus: (a) nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar; (b) atá faoi rialú údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; (c) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht; (d) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas; (e) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe DOC

II.2.4. tagann sí ó ealta:

(a) a d'fhan i gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ar feadh tréimhse leanúnach 3 mhí ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na n-uibhheacha as ar tháinig na sicíní lae;

agus i gcás inar allmhairíodh an ealta isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1, gur tharla an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus ceanglais ábhartha an chreasa ónar allmhairíodh na hainmhithe, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le héanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas;

(b) a coimeádadh ar feadh tréimhse leanúnach 6 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na n-uibheacha as ar tháinig na sicíní lae i mbunaíocht:

(i) arna formheas ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(11)

Ainm na bunaíochta	Seoladh	Uimhir formheasa

(ii) nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar tráth sheolta na n-uibheacha goir, as ar tháinig na sicíní lae, chuig an ngorlann;

(iii) nár tuairiscíodh sa bhunaíocht aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh ar feadh 21 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha goir, as ar tháinig na sicíní lae;

(iv) inarb amhlaidh;

(3)*nár deimhníodh cibé acu* [ionfhabhtú le *Salmonella* Pullorum, *S*. Gallinarum nó *S. arizonae* le linn an 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

(3)*nó [gur deimhníodh* ionfhabhtú le *Salmonella* Pullorum, *S*. Gallinarum or *S. arizonae* le linn an 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas agus gur feidhmíodh na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 46(d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

(v) inarb amhlaidh:

(3)*cibé acu* [nár deimhníodh gurbh ann do mhíceaplasmóis éanúil (Mycoplasma gallisepticum agus M. meleagridis) inti le linn an 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

(3)*nó [gur deimhníodh* míceaplasmóis éanúil (Mycoplasma gallisepticum and M. meleagridis) le linn an 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas agus gur feidhmíodh na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 46(e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

(3)*cibé acu* [(c) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;]

(3)(8)*nó* [(c) a vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

(3)*cibé acu* [(d) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe DOC

[(3)*nó* [(d) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(12)

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

]

(e) a chuaigh faoi chlár faireachais galair lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún agus fuarthas nach raibh sí ionfhabhtaithe agus nár léirigh sí aon fhoras amhrais maidir le hionfhabhtú leis na hoibreáin seo a leanas:

(3)*cibé acu* [*Salmonella* Pullorum, *Salmonella* Gallinarum agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Gallus gallus*);]

(3)*nó* [*Salmonella arizonae* (séireaghrúpa O:18(k)), *Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum, *Mycoplasma meleagridis* agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Meleagris gallopavo*);]

(3)*nó* [*Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum (i gcás *Numida meleagris*, *Coturnix coturnix*, *Phasianus colchicus*, *Perdix perdix* agus *Anas spp*);]

II.2.5. tagann siad ó uibheacha goir:

(a) lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas a leagtar síos i dTeideal 2 de Chuid III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(b) sular seoladh chuig an ngorlann iad, a marcáladh i gcomhréir le horduithe údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

(c) a díghalraíodh i gcomhréir le horduithe údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

(d) nach raibh aon teagmháil acu le héanlaith chlóis ná le huibheacha goir ag a raibh stádas sláinte níos ísle, le héin i mbraighdeanas ná le héin fhiáine, le linn a n-iompartha chuig an ngorlann nó sa ghorlann;

II.2.6. a d'fhan:

(a) sa tír nó sa chríoch nó sa chrios di dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó thráth a ngortha;

(b) sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ó thráth a ngortha;

II.2.7. nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;

II.2.8. níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

II.2.9. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin:

(a) a thógtar ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe DOC

(b) nach bhfuil iontu ach éanlaith chlóis den speiceas agus den chatagóir chéanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(c) atá indiúscartha, glan agus á n-úsáid den chéad uair;

(d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu;

(e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 3 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha do shicíní lae;

II.2.10. a luchtaíodh lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[13] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.2.9(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

[14][II.2.11. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus:

(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(b) a thagann as uibheacha goir a thagann ó ealta:

[3]*cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]

[3]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín dhíghníomhaithe;]

[3]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo 60 lá ar a dhéanaí roimh an dáta ar bailíodh na huibheacha;]

(c) a thagann ó ghorlann ina n-áirithítear le cleachtais oibre, maidir leis na huibheacha goir as ar tháinig na sicíní lae, gur goradh iad ag amanna agus ag suíomhanna ar leithligh go hiomlán ó uibheacha nach gcomhlíonann ceanglais phointe (b);]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh sicíní lae seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht:

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.05 nó 01.06.39.

'*Catagóir*': roghnaigh ceann díobh seo a leanas: Íonphór/seantuismitheoirí/tuismitheoirí/stoc breithe/sicíní grísce/eile.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe DOC

Cuid II:

(1) Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir le sicíní lae a bhaineann le speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe.

(2) Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh na séiritíopaí i rith shaol na healta, sonraigh gur toradh dearfach atá ann:

- ealtaí éanlaith chlóis phórúcháin: *Salmonella* Hadar, *Salmonella* Virchow agus *Salmonella* Infantis;
- ealtaí éanlaith chlóis tháirgiúil: *Salmonella* Enteritidis agus *Salmonella* Typhimurium.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Coimeád más iomchuí: sonraigh ainm agus substaint ghníomhach na bhfrithmhiocróbach a úsáideadh.

(5) Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

(6) Ciallaíonn ‘sicíní lae’ éanlaith chlóis is óige ná 72 uair an chloig, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(7) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(8) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla.

(9) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla.

(10) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.

(11) Sonraigh ainm, seoladh agus uimhir formheasa na bunaíochta mar ar coimeádadh ealta thionscnaimh na sicíní lae le linn na 6 seachtaine díreach roimh dháta bailithe na n-uibheacha as ar tháinig na sicíní lae.

(12) Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.

(13) Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón gcrios sin.

(14) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe DOC

[15]**III. Faisnéis sláinte fhorlíontach a bhaineann le huimhir thagartha deimhnithe** (Bosca I.2.)

…….

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

(a) go bhfuil coinníollacha sláinte Chuid II den deimhniú seo fós á gcomhlíonadh;

(b) maidir leis na sicíní lae ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

(i) goradh iad an…….. (ll/mm/bbbb);

(ii) bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil[16] an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus níor thaispeáin siad aon chomhartha lenar léiríodh gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

(iii) ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha.

(15) Féadfaidh an roinn seo a bheith ar bhileog ar leithligh ar choinníoll go mbeidh an roinn ceangailte de Chuid II den deimhniú sláinte ainmhithe.

(16) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 26

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE SICÍNÍ LAE RAITÍTEACH A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'DOR')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin				
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** **□ Don mhargadh inmheánach** **I.23** **□ D'atabhairt isteach**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht			
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe DOR**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, an méid seo a leanas maidir leis na sicíní lae[1] raitíteach ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. goradh iad ar an gcrios leis an gcód _ _ - _ [2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

	agus i gcás inar allmhairíodh an ealta isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1, gur tharla an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus ceanglais ábhartha an chreasa ónar allmhairíodh na hainmhithe, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) (2021)404 maidir le raitítigh pórúcháin agus raitítigh tháirgiúla a thabhairt isteach san Aontas;
	(b) a coimeádadh ar feadh tréimhse leanúnach 6 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas i mbunaíocht:
	(i) nár tuairiscíodh aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh ann ar feadh 21 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha goir;
	[8][(ii) arna bhformheas ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2019/2035;
	[10]

Ainm na bunaíochta	Seoladh	Uimhir formheasa

(iii)	nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar tráth bailithe na n-uibheacha goir;
(iv)	laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;
(v)	atá faoi rialú údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;
(vi)	ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;
(vii)	nach raibh faoi réir ag bearta náisiúnta srianta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-uibheacha goir chuig an Aontas;]
[3]*cibé acu* [(c)	nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;]
[3][5]*nó* [(c)	a vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
[3]*cibé acu* [(d)	nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]
[3]*nó* [(d)	a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

▼**M3**

TÍR **Deimhniú caighdeánach HER**

(11)

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

]

(e) nach raibh aon teagmháil aici le héanlaith chlóis ná le huibheacha goir ag a raibh stádas sláinte níos ísle, ná le héin i mbraighdeanas ná le héin fhiáine ar feadh tréimhse leanúnach 6 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas;

(f) nár thaispeáin siomptóim de ghalair in-tarchurtha tráth bailithe na n-uibheacha goir;

(g) a ndearnadh na nithe seo a leanas ina leith:

(3)*cibé acu* [a bhí faoi réir iniúchadh cliniciúil(12) laistigh de na 72 uair an chloig roimh luchtú na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;]

(3)*nó* [cigireachtaí cliniciúla míosúla(12), na cigireachtaí is déanaí a rinneadh laistigh de thréimhse 31 lá roimh am lódála choinsíneacht na n-uibheacha goir lena seoladh lena tabhairt isteach san Aontas, chun comharthaí a bhrath a léiríonn gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn agus nach raibh aon chomhartha galair ná foras ann le bheith in amhras go bhfuil aon cheann de na galair sin ann bunaithe ar na cigireachtaí cliniciúla sin, agus ar mheastóireacht ar a stádas reatha sláinte arna déanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír nó críoch tionscnaimh nó i gcríoch díobh sin, laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh am lódála choinsíneacht na n-uibheacha goir lena seoladh lena tabhairt isteach san Aontas, arna mheas le faisnéis cothrom le dáta arna soláthar ag an oibreoir agus le seiceálacha doiciméad ar na taifid sláinte agus táirgthe a choinnítear ar an mbunaíochta, chun críche comharthaí a léiríonn gurb ann do ghalair a bhraith, lena n-áirítear galair atá ag teacht chun cinn agus na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2020/692];

II.1.6. arbh amhlaidh maidir leo:

(3)*cibé acu* [(a) nár vacsaíníodh iad in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;]

(3)(6)*nó* [(a) vacsaíníodh iad in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

(3)*cibé acu* [(b) nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]

(3)*nó* [(b) vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní a chomhlíonann critéir chomhchoiteanna agus critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

(c) a marcáladh le dúch datha, le stampa lena sonraítear cód ISO na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh agus uimhir formheasa uathúil na bunaíochta tionscnaimh;

(d) díghalraíodh iad i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre nó na críche tionscnaimh;

II.1.7. a bailíodh [an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)](3) [ó ___/___/____ (ll/mm/bbbb) go ___/___/____ (ll/mm/bbbb)] (3); (13)

▼**M3**

TÍR		**Deimhniú caighdeánach HER**
	II.1.8. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin: (a) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na huibheacha goir titim amach; (b) a ceapadh chun gur féidir glanadh agus díghalrú a dhéanamh; (c) nach bhfuil iontu ach uibheacha goir den speiceas céanna, den chatagóir chéanna agus den chineál céanna a thagann ón mbunaíocht chéanna; (d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu; (e) atá: [3]*cibé acu* [atá indiúscartha, glan agus á n-úsáid den chéad uair;] [3]*nó* [a glanadh agus a díghalraíodh roimh luchtú na n-uibheacha goir i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre nó na críche tionscnaimh;] (f) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 5 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'uibheacha goir ó éanlaith chlóis; II.1.9. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.1.8(a) agus (b) agus a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh agus a triomaíodh nó a bhí curtha ar triomú díreach roimh luchtú na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas; [14][II.1.10. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus: (a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle; (b) tagann siad ó ealta: [3]*cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.] [3]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín dhíghníomhaithe.]] [3]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo 60 lá ar a dhéanaí roimh an dáta ar bailíodh na huibheacha;] **Nótaí:** Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo beartaithe le haghaidh uibheacha goir raitíteach a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na dtáirgí geirmeacha sin. I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún. **Cuid I:** Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) (2021)404. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cód AC*": úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 04.07. '*Catagóir*': roghnaigh ceann díobh seo a leanas: Íonphór/seantuismitheoirí/tuismitheoirí/eile.	

▼**M3**

TÍR	**Deimhniú caighdeánach HER**
	Cuid II: (1) Uibheacha goir de réir an tsainmhínithe in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429. (2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) (2021)404. (3) Coimeád de réir mar is iomchuí. (4) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí ó chriosanna nach meastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [C(2021)404] ina mbaineann an tabhairt isteach le 'C' i gcolún 6 den tábla. (5) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625. (6) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [C(2021)404] ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla. (7) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh uibheacha goir a thagann ó chriosanna nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de sin, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) (2021)404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla. (8) Coimeád i gcás ina seolfar na huibheacha goir ó ghorlann. (9) coimeád i gcás ina seolfar na huibheacha goir ó bhunaíocht na healta tionscnaimh. (10) Sonraigh ainm, seoladh agus uimhir formheasa na bunaíochta mar ar coimeádadh ealta thionscnaimh na n-uibheacha goir le linn na 6 seachtaine díreach roimh dháta luchtaithe na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas. (11) Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle. (12) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil de chuid na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh nó crios díobh sin. (13) Ní fhéadfaidh an dáta bailithe nó na dátaí bailithe a bheith ar dháta nó ar dhátaí roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas lena linn i ndáil leis na huibheacha goir sin a thabhairt isteach ón gcrios sin. (14) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 29

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HUIBHEACHA ATÁ SAOR Ó PHATAIGINÍ SONRAITHE A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'SPF')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala				
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Cainníocht

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SPF

	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt IMSOC
Cuid II: Deimhniú	**Fianú sláinte ainmhithe** Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe [1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I den deimhniú seo: II.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas; II.2. tagann siad ón mbunaíocht, a shonraítear i mBosca I.11; (a) faoi rialú údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún; (b) lena gcomhlíontar na coinníollacha ar a dtugtar tuairisc in Pharmacopoeia Eorpach; (c) atá formheasta ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún, agus nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar; (d) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht; (e) nach raibh faoi réir ag bearta náisiúnta srianta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-uibheacha chuig an Aontas; II.3. tagann sí ó ealta: (a) a coimeádadh ar feadh tréimhse leanúnach 6 seachtaine ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha lena seoladh chuig an Aontas sa bhunaíocht dá dtagraítear i bpointe II.2; (b) atá saor ó phataiginí sonraithe ar a dtugtar tuairisc in Pharmacopoeia Eorpach agus dá raibh scrúduithe cliniciúla a éilítear don stádas sonrach sin fabhrach, lena n-áirítear torthaí tástála diúltacha le haghaidh fliú éanúil ardphataigineach, ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus ionfabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh arna ndéanamh laistigh den tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe na n-uibheacha lena seoladh chuig an Aontas; (c) a ndearnadh scrúdú cliniciúil uair sa tseachtain ar a laghad orthu mar a thuairiscítear in Pharmacopoeia Eorpach agus nár braitheadh aon siomptóm galair ná aon fhoras amhrais maidir le haon ghalar a bheith i láthair; (d) nach raibh aon teagmháil acu le héanlaith chlóis ag a raibh stádas sláinte níos ísle, ná le héin ar feadh tréimhse 6 seachtaine ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha; (e) nár thaispeáin siomptóim de ghalair in-tarchurtha tráth bailithe na n-uibheacha;		

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SPF

II.4. arbh amhlaidh maidir leo:

(a) a marcáladh le dúch datha, le stampa lena sonraítear cód ISO na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh agus uimhir formheasa uathúil na bunaíochta tionscnaimh;

(b) díghalraíodh iad i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre nó na críche tionscnaimh;

II.5. a bailíodh [an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][3] [ó ___/___/____ (ll/mm/bbbb) go ___/___/____ (ll/mm/bbbb)] [3]; [4]

II.6. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin:

(a) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na huibheacha titim amach;

(b) a ceapadh chun gur féidir glanadh agus díghalrú a dhéanamh;

(c) nach bhfuil iontu ach uibheacha den speiceas céanna, den chatagóir chéanna agus den chineál céanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu;

(e) atá:

[3]*cibé acu* [atá indiúscartha, glan agus á n-úsáid den chéad uair;]

[3]*nó* [a glanadh agus a díghalraíodh roimh luchtú na n-uibheacha i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre nó na críche tionscnaimh;]

(f) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 6 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'uibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe;

II.7. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.1.6(a) agus (b) a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh agus a triomaíodh nó a bhí curtha ar triomú díreach roimh luchtú na n-uibheacha lena seoladh chuig an Aontas.

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh na huibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na dtáirgí sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.8.: Soláthair cód an chreasa mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Bosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 04.07.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe SPF**

Cuid II:

(1) Uibheacha atá saor ó phataiginí sonraithe de réir an tsainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Ní fhéadfaidh an dáta bailithe nó na dátaí bailithe a bheith ar dháta nó ar dhátaí roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas lena linn i ndáil leis na táirgí sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 30

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HÉANLAITH CHLÓIS SEACHAS RAITÍTIGH A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ (SAMHAIL 'SP')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Marú					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht		
Cód CN	Na speicis	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe SP**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú[1] seachas raitítigh ar a dtugtar tuairisc i gCuid I den deimhniú seo:

II.1.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún chun éanlaith chlóis seachas raitítigh, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir le fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 37(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(d) a mheastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.1.2. go dtagann siad ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1, inarb amhlaidh:

[3]*cibé acu* [(a) [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach ann;]

[3][4]n*ó* [(a) [ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[3]*cibé acu* [(b) ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[3][5]n*ó* [(b) nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus maidir leis na hainmhithe:

(i) níor vacsaíníodh iad leis na vacsaíní sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;

(ii) tagann siad ó ealta nó ó ealtaí a cuireadh faoi thástáil scoite víreas[6] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta, arna thógáil tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, agus nár aimsíodh aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann;

(iii) coimeádadh ar leithlis faoi fhaireachas oifigiúil iad ar an mbunaíocht tionscnaimh le linn an 2 sheachtain a luaitear in (ii);

(iv) le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, ní raibh siad i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha in (i) agus (ii);]

II.1.3. a d'fhan sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1 ar feadh tréimhse leanúnach 6 seachtaine ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas nó ó thráth a ngortha i gcás inarb óige ná 6 seachtaine d'aois iad;

agus i gcás inar allmhairíodh iad isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1.1, gur tharla an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus ceanglais ábhartha an chreasa ónar allmhairíodh na hainmhithe, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le héanlaith chlóis seachas raitítigh, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SP

II.1.4 a thagann ón mbunaíocht a shonraítear i mBosca I.11:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(d) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(e) nár tuairiscíodh gurbh ann d'aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh inti ar feadh 21 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.1.5. tagann sí ó ealta:

(a) nár vacsaíníodh in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach;

[3]*cibé acu* [(b) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

[3]*nó* [(b) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

[7]

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

]

(c) a bhí faoi réir iniúchadh cliniciúil[8] laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na n-ainmhithe lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.1.6. a d'fhan sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.1.7. nach raibh aon teagmháil aici le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.1.8 níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SP

II.1.9. bhí sí faoi réir iniúchadh cliniciúil[8] an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.1.10. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin:

(a) a tógadh ar bhealach:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú;

(b) nach bhfuil iontu ach éanlaith chlóis den speiceas agus den chatagóir chéanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(c) atá:

[3]*cibé acu* [ina gcoimeádáin neamhúsáidte agus saindeartha indiúscartha atá le scriosadh tar éis na chéad úsáide;]

[3]*nó* [glanta agus díghalraithe agus triomaithe, nó curtha ar triomú, roimh luchtú na n-ainmhithe;]

(d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu;

(e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 2 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú;

II.1.11. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[9] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.1.10(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

[10][II.1.12. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus:

[3]*cibé acu* [nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus dá bhfuarthas[6] toradh diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % agus a tógadh i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas.]]

[3]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle ach nár vacsaíníodh le vacsaín bheo le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas agus dá bhfuarthas toradh diúltach ar thástáil scoite víreas[6] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle, arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha nó ar shamplaí faecais arna dtógáil ó 60 éan ar a laghad laistigh de na 14 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas.]]

II.2. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

II.2.1. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo, nach bhfuair na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

- aon stilbéin ná substaint thíreastatach,
- substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SP

II.2.2. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo, go gcomhlíonann na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh arna soláthar leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus go liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

(11)[II.2.3. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an ealta thionscnaimh agus tástáladh an ealta sin le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	**Aois na n-éan**	**Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]**	**Toradh na tástála uile san ealta(12)**	
			dearfach	diúltach

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella* :

(3)*cibé acu* [níor riaradh frithmhiocróbacha don éanlaith chlóis a bhí le marú;]

(3)(13)*nó* [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas don éanlaith chlóis a bhí le marú: ……..;]]

(14)[II.2.4. Más í an Fhionlainn nó an tSualainn an Ballstát cinn scríbe, rinneadh tástáil mhicribhitheolaíochta ar an éanlaith chlóis trí shampláil ar an ngabháltas tionscnaimh agus dá bhfuarthas toradh diúltach maidir le *Salmonella* i gcomhréir leis na nósanna imeachta i gCinneadh 95/410/CE de bhun Airteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003.]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh éanlaith chlóis seachas raitítigh, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

Tagairt bhosca I.27: '*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.05 nó 01.06.39.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SP

Cuid II:

(1) Ciallaíonn ‘éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú’ éanlaith chlóis atá le hiompar díreach chuig seamlas, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla.

(5) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla.

(6) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.

(7) Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.

(8) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh.

(9) Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe na tíre nó na críche nó an chreasa di maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón tír sin nó ón gcríoch sin nó ón gcrios di.

(10) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

(11) Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir leis an speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe.

(12) Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh na séiritíopaí seo a leanas i rith shaol na healta, sonraigh gur toradh dearfach atá ann: *Salmonella* Enteritidis agus *Salmonella* Typhimurium.

(13) Líon isteach más iomchuí: sonraigh ainm agus substaint ghníomhach na bhfrithmhiocróbach a úsáideadh.

(14) Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 31

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE RAITÍTIGH, A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A MHARÚ, A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'SR')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a</td><td>Tagairt IMSOC</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.3</td><td>Príomhúdarás Inniúil</td><td rowspan="2">CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="3">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="3">An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td colspan="3">An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="3">Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="4">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair

Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="4">Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.17</td><td colspan="4">Doiciméid tionlacain

Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td colspan="3">□ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="8">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="8">Deimhnithe mar nó le haghaidh

□ Marú</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22</td><td colspan="4">□ Don mhargadh inmheánach</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.23</td><td colspan="4"></td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht		
Cód CN Na speicis		Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe SR**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

II.1.1. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo, nach bhfuair na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

- aon stilbéin ná substaint thíreastatach,
- substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

II.1.2. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo, go gcomhlíonann na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh arna soláthar leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus go liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú[1] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le raitítigh, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir le fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 37(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.2.2. tagann siad ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1, arb amhlaidh ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

[3]*cibé acu* [meastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[3][4]*nó* [nach meastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus maidir leis na hainmhithe:

(a) cuireadh faoi fhaireachas oifigiúil iad ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;

(b) coimeádadh ar leithlis iomlán iad le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a), i bhfad ó theagmháil dhíreach nó indíreach le héin eile, i saoráidí atá formheasta ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh chun na críche sin;

(c) cuireadh faoi thástáil braite víreas iad[5] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle:

(i) a rinneadh laistigh de 7 go 10 lá ón dáta a cuireadh na raitítigh faoi fhaireachas oifigiúil dá dtagraítear i bpointe (a) ar mhaipíneachtaí clóácacha nó ar shamplaí faecais arna mbailiú ó gach raitíteach;

(ii) nár aimsíodh aon aonraíoch de pharaimicsivíreas éanúil, cineál 1, le hInnéacs Pataigineachta Incheirbrí (ICPI) is mó ná 0.4 inti;

(iii) agus torthaí fabhracha ar fáil do na héin uile sa choinsíneacht sular fhág siad na saoráidí dá dtagraítear i bpointe (b) lena seoladh chuig an Aontas;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SR
	(d) tagann siad ó ealtaí ina ndearnadh faireachas maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle faoi phlean samplála bunaithe ar staidreamh lenar soláthraíodh torthaí diúltacha ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh dháta seolta na coinsíneachta lena tabhairt isteach san Aontas;]
	II.2.3. a thagann ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1, inarb amhlaidh:
	[(3)*cibé acu* [(a) [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach ann;]
	[(3)(6)nó [(a) [ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[(3)*cibé acu* [(b) ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[(3)(7)nó [(b) nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus maidir leis na hainmhithe: (i) níor vacsaíníodh iad leis na vacsaíní sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas; (ii) tagann siad ó ealta nó ó ealtaí a cuireadh faoi thástáil scoite víreas[5] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha a tógadh ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta agus nach bhfuarthas aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann; (iii) coimeádadh ar leithlis faoi fhaireachas oifigiúil iad ar an mbunaíocht tionscnaimh le linn an 2 sheachtain a luaitear in (ii); (iv) le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, ní raibh siad i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha in (i) agus (ii);]
	II.2.4. a d'fhan sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ar feadh tréimhse leanúnach 6 mhí ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas nó ó thráth a ngortha i gcás inarb óige ná 6 seachtaine d'aois iad; agus i gcás inar allmhairíodh iad isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1, gur tharla an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus ceanglais ábhartha an chreasa ónar allmhairíodh na hainmhithe, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le raitítigh, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas;
	II.2.5. a thagann ón mbunaíocht a shonraítear i mBosca I.11: (a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; (b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SR

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(d) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(e) nár tuairiscíodh gurbh ann d'aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh inti ar feadh 21 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.2.6. tagann sí ó ealta:

(a) nár vacsaíníodh in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach;

[3]*cibé acu* [(b) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

[3]*nó* [(b) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

[8]

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

]

(c) bhí sí faoi réir iniúchadh cliniciúil[9] an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na n-ainmhithe lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.2.7. a d'fhan sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.2.8. nach raibh aon teagmháil aici le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.2.9 níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

II.2.10. bhí sí faoi réir iniúchadh cliniciúil[9] an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SR
	II.2.11. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin: (a) a tógadh ar bhealach: (i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di; (ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú; (b) nach bhfuil iontu ach éanlaith chlóis den speiceas agus den chatagóir chéanna a thagann ón mbunaíocht chéanna; (c) atá: [(3)]*cibé acu* [ina gcoimeádáin neamhúsáidte agus saindeartha indiúscartha a bheidh le scriosadh tar éis na chéad úsáide;] [(3)]*nó* [glanta agus díghalraithe agus triomaithe, nó curtha ar triomú, roimh luchtú na n-ainmhithe;] (d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu; (e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 2 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú; II.2.12. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[(10)] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.2.11(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh; [(11)][II.2.13. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus: [(3)]*cibé acu* [nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus dá bhfuarthas[(5)] toradh diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % díobh agus dtógáil i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;] [(3)]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle ach nár vacsaíníodh le vacsaín bheo le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas agus dá bhfuarthas toradh diúltach ar thástáil scoite víreas[(5)] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle, arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha nó ar shamplaí faecais arna dtógáil ó 60 éan ar a laghad laistigh den 14 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;] **Nótaí:** Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh raitítigh, a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin. I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe SR

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód na tíre nó na críche nó an chreasa di mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
Tagairt bhosca I.27:	'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.06.39.

Cuid II:

(1) Ciallaíonn 'raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú' raitítigh atá le hiompar díreach chuig seamlas, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí ó chriosanna nach meastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'C' i gcolún 6 den tábla.

(5) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.

(6) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla.

(7) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla.

(8) Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.

(9) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh.

(10) Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón gcrios sin.

(11) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2020/689.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 32

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE NÍOS LÚ NÁ 20 CLOIGEANN ÉANLAITHE CLÓIS SEACHAS RAITÍTIGH A THABHAIRT SAN AONTAS (SAMHAIL 'POU-LT20')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Marú					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht			
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POU-LT20**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe]

II.1.1. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo, nach bhfuair na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

- aon stilbéin ná substaint thíreastatach,
- substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha ná béite-agónaithe chun críocha seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle).

II.1.2. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo, go gcomhlíonann na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh arna soláthar leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún don tír thionscnaimh lena mbaineann.

II.1.3. Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo maidir leis an [éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh][(2)] [éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh][(2)] [éanlaith chlóis seachas raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú][(2)] [sicíní lae seachas raitítigh][(2)] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

[(16)][II.1.3.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid oibreán frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an ealta thionscnaimh agus tástáladh an ealta le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	**Aois na n-éan**	**Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]**	**Toradh na tástála uile san ealta[(17)]**	
			dearfach	diúltach

Ar chúiseanna seachas an clár rialaithe *Salmonella* , laistigh de na 3 seachtaine sular tugadh isteach san Aontas iad:

[(2)]*cibé acu* [níor riaradh frithmhiocróbacha don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh;]

[(2)][(18)]*nó* [riaradh na frithmhiocróbacha seo a leanas don éanlaith chlóis phórúcháin agus don éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh: ……;]]

[(16)][II.1.3.2. Más éanlaith chlóis phórúcháin iad, níor braitheadh *Salmonella* Enteritidis ná *Salmonella* Typhimurium laistigh den chlár rialaithe dá dtagraítear i bpointe II.1.3.1.]

[(19)][II.1.3.3. Más rud é go bhfuil an Fhionlainn nó an tSualainn ar na Ballstáit chinn scríbe:

[(2)] *cibé acu* [fuarthas toradh diúltach san éanlaith chlóis phórúcháin maidir le Salmonella i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2003/644/CE ón gCoimisiún;]

[(2)] *nó* [fuarthas toradh diúltach ar thástáil ar na béaróga (éanlaith chlóis tháirgiúil arna dtógáil d'fhonn uibheacha a tháirgeadh lena n-ithe) i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2004/235/CE ón gCoimisiún.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POU-LT20

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo maidir leis [an éanlaith chlóis phórúcháin[1] seachas raitítigh][2] [an éanlaith chlóis tháirgiúil[3] seachas raitítigh][2] [an éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú[4] seachas raitítigh][2] [na sicíní lae[5] seachas raitítigh][2] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. go ndéanann siad aon choinsíneacht amháin ina bhfuil níos lú ná 20 cloigeann éanlaithe clóis;

II.2.2. go dtagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [6] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le níos lú ná 20 cloigeann éanlaithe clóis seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir le fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 37(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(d) a mheastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.2.3. a thagann ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2, inarb amhlaidh:

[2]*cibé acu* [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;]

[2][7]n*ó* [go ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[2]*cibé acu* [II.2.4. an [éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh][2] [éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh][2] [éanlaith chlóis seachas raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú][2]:

II.2.4.1. a thagann ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2, inarb amhlaidh:

[2]*cibé acu* [a bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;]

[2][8]n*ó* [nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus maidir leis na hainmhithe:

(a) níor vacsaíníodh iad leis na vacsaíní sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;

(b) tagann siad ó ealta nó ó ealtaí ar cuireadh faoi thástáil scoite víreas[11] iad le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta, arna thógáil tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, agus nár aimsíodh aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POU-LT20

(c) cuireadh ar leithlis faoi fhaireachas oifigiúil iad sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 sheachtain a luaitear i bpointe (b);

(d) le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, nár coimeádadh in éineacht le héanlaith chlóis iad nach gcomhlíonann na coinníollacha i bpointí (a) agus (b);]

II.2.4.2. a d'fhan:

(a) a d'fhan sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2 ar feadh tréimhse leanúnach 3 mhí ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas nó ó thráth a ngortha i gcás inarb óige ná 3 mhí d'aois iad;

agus i gcás inar allmhairíodh iad isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2, gur tharla an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus ceanglais an chreasa ónar allmhairíodh na hainmhithe, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le níos lú ná 20 cloigeann éanlaithe seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas;

(b) sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas nó ó thráth a ngortha i gcás inarb óige ná 3 seachtaine d'aois iad;

(c) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas nó ó thráth a ngortha i gcás inarb óige ná 3 seachtaine d'aois iad;

II.2.4.3. a thagann ón mbunaíocht a shonraítear i mBosca I.11:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(d) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(e) nár tuairiscíodh gurbh ann d'aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh inti ar feadh 21 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POU-LT20**

II.2.4.4. tagann sí ó ealta:

(a) nár vacsaíníodh in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach;

(2)*cibé acu* [(b) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

(2)*nó* [(b) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(9)

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

(c) ar a ndearnadh iniúchadh cliniciúil(10) laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na n-ainmhithe lena seoladh chuig an Aontas, agus níor thaispeáin siad aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.2.4.5. maidir leis na hainmhithe:

(a) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;

(b) níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

(c) bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúi(10) an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus nach dtaispeánann aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

(d) dá bhfuarthas toradh diúltach i dtástálacha séireolaíocha agus/nó baictéareolaíocha(11) laistigh den tréimhse 30 lá roimh dháta luchtaithe na n-ainmhithe lena seoladh chuig an Aontas agus nach bhfuarthas ionfhabhtú iontu ná nár thaispeáin siad aon fhoras amhrais maidir le haon ionfabhtú, leis na hoibreáin seo a leanas:

(2)*cibé acu* [*Salmonella* Pullorum, *Salmonella* Gallinarum agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Gallus gallus*);]

(2)*nó* [*Salmonella arizonae* (séireaghrúpa O:18(k)), *Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum, *Mycoplasma meleagridis* agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Meleagris gallopavo*);]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POU-LT20**

[(2)]*nó* [*Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum (i gcás *Numida meleagris*, *Coturnix coturnix*, *Phasianus colchicus*, *Perdix perdix* agus *Anas spp*);]

II.2.4.6. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin:

(a) a thógtar ar bhealach a fhágann:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú;

(b) nach bhfuil iontu ach éanlaith chlóis den speiceas agus den chatagóir chéanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(c) atá:

[(2)]*cibé acu* [ina gcoimeádáin neamhúsáidte agus saindeartha indiúscartha a bheidh le scriosadh tar éis na chéad úsáide;]

[(2)]*nó* [glanta agus díghalraithe agus triomaithe, nó curtha ar triomú, roimh luchtú na n-ainmhithe;]

(d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu;

(e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha do [éanlaith chlóis phórúcháin agus d'éanlaith chlóis tháirgiúil][(2)] [éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú][(2)];

II.2.4.7. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[(12)] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.2.4.6(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

[(13)] [II.2.4.8. atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2020/689,

[(2)][(14)]*cibé acu* [agus maidir leo:

(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(b) coimeádadh ar leithlis í ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas sa bhunaíocht tionscnaimh nó sa bhunaíocht choraintín faoi mhaoirseacht tréidlia oifigiúil, áit:

(i) nár vacsaíníodh aon éanlaith chlóis in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta;

(ii) nár tháinig aon éin eile isteach sa bhunaíocht le linn an ama sin;

(iii) nach ndearnadh aon vacsaíniú;

(c) dá bhfuarthas toradh[(11)] diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % díobh agus arna dtógáil i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;]]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POU-LT20
	[(2)(15)*nó* [agus maidir leo: (2)*cibé acu* [nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle agus dá bhfuarthas(11) toradh diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % díobh agus arna dtógáil i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;] (2)*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle ach nár vacsaíníodh le vacsaín bheo le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas agus dá bhfuarthas toradh diúltach ar thástáil scoite víreas(11) le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha nó ar shamplaí faecais a tógadh ó 60 éan ar a laghad laistigh de na 14 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;]]] (2)*nó* [II.2.4. na sicíní lae seachas raitítigh: II.2.4.1. a thagann ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2, inarb amhlaidh: (2)*cibé acu* [ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;] (2)(8)n*ó* [nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus maidir leis na hainmhithe: (a) níor vacsaíníodh leis na vacsaíní sin iad; (b) tagann siad ó ealta: (i) níor vacsaíníodh iad leis na vacsaíní sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas; (ii) rinneadh tástáil scoite víreas orthu(11) le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha a tógadh ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta, tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, agus nach bhfuarthas aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann; (iii) a coimeádadh ar leithlis faoi fhaireachas oifigiúil ar an mbunaíocht tionscnaimh le linn an 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas; (iv) le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, nach raibh i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha in (i) agus in (ii); (c) a thagann ó uibheacha goir nach raibh i dteagmháil sa ghorlann nó le linn a n-iompartha le héanlaith chlóis ná le huibheacha goir nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i bpointe (b);]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POU-LT20

II.2.4.2. a d'fhan:

(a) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2 ó thráth a ngortha;

(b) sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ó thráth a ngortha;

(c) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha;

II.2.4.3. a thagann ón mbunaíocht a shonraítear i mBosca I.11:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(d) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(e) nár tuairiscíodh gurbh ann d'aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh inti ar feadh 21 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.2.4.4. tagann sí ó ealta:

(a) a d'fhan sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2 ar feadh tréimhse leanúnach 3 mhí ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na sicíní lae lena seoladh chuig an Aontas;

agus i gcás inar allmhairíodh an ealta isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2, gur tharla an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus ceanglais ábhartha an chreasa ónar allmhairíodh na hainmhithe, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le héanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas;

(b) a d'fhan ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na sicíní lae lena seoladh chuig an Aontas i mbunaíocht:

(i) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifead a choinneáil ar bun agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POU-LT20

(ii) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(iii) nach raibh faoi réir ag bearta náisiúnta srianta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(iv) nár tuairiscíodh sa bhunaíocht aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh ar feadh 21 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha goir, as ar tháinig na sicíní lae;

(v) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

[(2)*cibé acu* [(c) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;]

[(2)(7)*nó* [(c) a vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[(2)*cibé acu* [(d) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

[(2)*nó* [(d) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

[(9)

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

(e) ar a ndearnadh tástálacha séireolaíocha agus/nó baictéareolaíocha[(11)] laistigh den tréimhse 90 lá roimh dháta luchtaithe na sicíní lae lena seoladh chuig an Aontas ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % díobh agus nach bhfuarthas ionfhabhtú inti ná nár thaispeáin aon fhoras amhrais maidir le haon ionfhabhtú, leis na hoibreáin seo a leanas:

[(2)*cibé acu* [*Salmonella* Pullorum, *Salmonella* Gallinarum agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Gallus gallus*);]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POU-LT20**

	[(2)*nó* [*Salmonella arizonae* (séireaghrúpa O:18(k)), *Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum, *Mycoplasma meleagridis* agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Meleagris gallopavo*);] [(2)*nó* [*Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum (i gcás *Numida meleagris*, *Coturnix coturnix*, *Phasianus colchicus*, *Perdix perdix* agus *Anas spp*);] (f) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na n-uibheacha as ar tháinig na sicíní lae; (g) bhí sí faoi réir iniúchadh cliniciúil[10] laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na sicíní lae lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;] II.2.4.5 maidir leis na hainmhithe: (a) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh; (b) níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn; (c) bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúi[10] an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus nach dtaispeánann aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn; (d) a thagann as uibheacha goir a díghalraíodh, roimh ghoradh dóibh, i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh; II.2.4.6. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin: (a) a thógtar ar bhealach a fhágann: (i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di; (ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú; (b) nach bhfuil iontu ach éanlaith chlóis den speiceas agus den chatagóir chéanna a thagann ón mbunaíocht chéanna; (c) ina gcoimeádáin neamhúsáidte agus saindeartha indiúscartha a bheidh le scriosadh tar éis na chéad úsáide; (d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu; (e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 3 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha do shicíní lae;

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POU-LT20**

II.2.4.7. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[12] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.2.4.6(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

[13] II.2.4.8. atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2020/689, agus arb amhlaidh maidir leo:

(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(b) a thagann as uibheacha goir a thagann ó ealta:

[2]*cibé acu* [nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]

[2]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín dhíghníomhaithe;]

[2]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo 60 lá ar a dhéanaí roimh an dáta a bailíodh na huibheacha;]

(c) a thagann ó ghorlann ina n-áirithítear le cleachtais oibre, maidir leis na huibheacha goir as ar tháinig na sicíní lae, gur goradh ag amanna agus ag suíomhanna iad a bhí iomlán ar leithligh ó uibheacha nach gcomhlíonann ceanglais phointe (b);]]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh níos lú ná 20 cloigeann éanlaithe clóis seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.8.: Soláthair cód an chreasa mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Bosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.05 nó 01.06.39.

Cuid II:

(1) Ciallaíonn 'éanlaith chlóis phórúcháin' éanlaith chlóis atá 72 uair an chloig d'aois nó níos sine agus atá beartaithe chun uibheacha goir a tháirgeadh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(2) Coimeád de réir mar is iomchuí.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POU-LT20**

	(3)	Ciallaíonn ‘éanlaith chlóis tháirgiúil’ éanlaith chlóis atá 72 uair an chloig d’aois nó níos sine, atá á saothrú chun go ndéanfar feoil, uibheacha lena n-ithe nó táirgí eile a tháirgeadh nó chun soláthairtí éanlaithe géim a athstocáil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.
	(4)	Ciallaíonn ‘éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú’ éanlaith chlóis atá le hiompar díreach chuig seamlas, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún.
	(5)	Ciallaíonn ‘sicíní lae’ éanlaith chlóis is óige ná 72 uair an chloig, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.
	(6)	Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
	(7)	Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla.
	(8)	Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla.
	(9)	Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.
	(10)	Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil de chuid na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh.
	(11)	Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.
	(12)	Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón gcrios sin.
	(13)	Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.
	(14)	Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis phórúcháin agus le héanlaith chlóis tháirgiúil.
	(15)	Is infheidhme maidir le héanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú.
	(16)	Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir le héanlaith chlóis den speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe.
	(17)	Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh na séiritíopaí i rith shaol na healta, sonraigh gur toradh dearfach atá ann: - ealtaí éanlaith chlóis phórúcháin: *Salmonella* Hadar, *Salmonella* Virchow agus *Salmonella* Infantis; - ealtaí éanlaith chlóis tháirgiúil: *Salmonella* Enteritidis agus *Salmonella* Typhimurium.
	(18)	Líon isteach más iomchuí: sonraigh ainm agus substaint ghníomhach na bhfrithmhiocróbach a úsáideadh.
	(19)	Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha)	
	Dáta	Cáilíocht agus teideal
	Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 33

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE NÍOS LÚ NÁ 20 UBH GHOIR Ó ÉANLAITH CHLÓIS SEACHAS RAITÍTIGH A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'HE-LT20')

<table>
<tr><td colspan="3">TÍR</td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td>I.3</td><td>Príomhúdarás Inniúil</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="2">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td></td><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td></td><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td></td><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="2">Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td></td><td>I.13</td><td colspan="2">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="2">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td></td><td>I.15</td><td colspan="2">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="2">Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td colspan="2"></td><td>I.17</td><td colspan="2">Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td></td><td>I.18</td><td>Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td colspan="2">□ Reoite</td></tr>
<tr><td></td><td>I.19</td><td colspan="5">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td></td><td>I.20</td><td colspan="5">Deimhnithe mar nó le haghaidh

□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td></td><td>I.21</td><td colspan="2">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22</td><td colspan="2">□ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24	Líon iomlán pacáistí		I.25	Cainníocht iomlán	I.26	Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán	
I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht						
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Pór/Catagóir		Córas aitheantais	Uimhir aitheantais		Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe HE-LT20**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte | **II.a Tagairt an deimhnithe** | **II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte poiblí [*le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-uibheacha goir]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na huibheacha goir ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

[12][II.1.1. An clár rialaithe *Salmonella* dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus na ceanglais shonracha maidir le húsáid oibreán frithmhiocróbach agus vacsaíní i Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún, cuireadh i bhfeidhm iad maidir leis an máthairstoc tionscnaimh agus tástáladh an máthairstoc sin le haghaidh séiritíopaí *Salmonella* lena mbaineann suntas ó thaobh na sláinte poiblí de:

An ealta a shainaithint	**Aois na n-éan**	**Dáta na samplála deireanaí ar an ealta óna bhfuil an toradh tástála ar eolas [ll/mm/bbbb]**	**Toradh na tástála uile san ealta[13]**	
			Dearfach	Diúltach

[12][II.1.2. Níor braitheadh *Salmonella* Enteritidis ná *Salmonella* Typhimurium laistigh den chlár rialaithe dá dtagraítear i bpointe II.1.1.]

[14][II.1.3. Más í an Fhionlainn nó an tSualainn an Ballstát cinn scríbe, tagann na huibheacha goir ó ealtaí dá bhfuarthas toradh diúltach maidir le *Salmonella* i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i gCinneadh 2003/644/CE ón gCoimisiún.]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na huibheacha goir[1] ó éanlaith chlóis seachas raitítigh ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. go ndéanann siad aon choinsíneacht amháin ina bhfuil níos lú ná 20 ubh ghoir;

II.2.2. tagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le níos lú ná 20 ubh ghoir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 105(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(d) a mheastar a bheith saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe HE-LT20
	II.2.3. a thagann ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2, inarb amhlaidh: [(3)]*cibé acu* [(a) [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach ann;] [(3)][(4)]*nó* [(a) [ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;] [(3)]*cibé acu* [(b) ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;] [(3)][(5)]*nó* [(b) nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus maidir leis na huibheacha goir: (i) tagann siad ó ealta: - níor vacsaíníodh iad leis na vacsaíní sin ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas; - ar cuireadh faoi thástáil scoite víreas[(6)] le haghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle arna déanamh ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha arna dtógáil ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta, tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, agus nach bhfuarthas aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann; - a coimeádadh ar leithlis faoi fhaireachas oifigiúil ar an mbunaíocht tionscnaimh le linn an 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas; - le linn na tréimhse 60 lá roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, nach raibh i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha sa chéad eang agus sa dara eang thuas; (ii) nach raibh i dteagmháil sa ghorlann ná le linn a n-iompartha le héanlaith chlóis ná le huibheacha goir nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in (i);] II.2.4. a thagann ón mbunaíocht a shonraítear i mBosca I.11: (a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; (b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht; (c) nach raibh faoi réir ag bearta náisiúnta srianta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-uibheacha goir chuig an Aontas;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe HE-LT20

(d) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

II.2.5. tagann sí ó ealta:

(a) a d'fhan i gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2 ar feadh tréimhse leanúnach 3 mhí ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas;

agus i gcás inar allmhairíodh an ealta isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.2, gur tharla an t-allmhairiú i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus ceanglais ábhartha an chreasa ónar allmhairíodh na hainmhithe, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le héanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas;

(b) a coimeádadh ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas i mbunaíocht:

(i) nár tuairiscíodh aon chás deimhnithe d'ionfhabhtú le víris an fhliú éanúil lagphataiginigh ann ar feadh 21 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha goir;

[7] [(ii) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(iii) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(iv) nach raibh faoi réir ag bearta náisiúnta srianta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-uibheacha goir chuig an Aontas;

(v) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach nó d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle ann ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;]

[3] *cibé acu* [(c) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;]

[3][4] *nó* [(c) a vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[3] *cibé acu* [(d) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas;]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe HE-LT20**

[3]*nó* [(d) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle sa 12 mhí roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas, le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

[8]

An ealta a shainaithint	Aois na n-éan	Dáta an vacsaínithe	Ainm agus cineál an tréithchineáil a úsáideadh	Baiscuimhir na vacsaíne	Ainm na vacsaíne	Monaróir na vacsaíne

]

(e) ar a ndearnadh tástálacha séireolaíocha agus/nó baictéareolaíocha[6] laistigh den tréimhse 90 lá roimh dháta luchtaithe na sicíní lae lena seoladh chuig an Aontas ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % díobh agus nach bhfuarthas ionfhabhtú iontu ná nár thaispeáin aon fhoras amhrais maidir le haon ionfhabhtú, leis na hoibreáin seo a leanas:

[3]*cibé acu* [*Salmonella* Pullorum, *Salmonella* Gallinarum agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Gallus gallus*);]

[3]*nó* [*Salmonella arizonae* (séireaghrúpa O:18(k)), *Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum, *Mycoplasma meleagridis* agus *Mycoplasma gallisepticum* (i gcás *Meleagris gallopavo*);]

[3]*nó* [*Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum (i gcás *Numida meleagris*, *Coturnix coturnix*, *Phasianus colchicus*, *Perdix perdix* agus *Anas spp*);]

(f) a cuireadh ar leithlis ar an mbunaíocht tionscnaimh ar feadh treimhse 21 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-uibheacha;

(g) nach raibh aon teagmháil acu le héanlaith chlóis ná le huibheacha goir ag a raibh stádas sláinte níos ísle, ná le héin i mbraighdeanas ná le héin fhiáine ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas;

(h) nár thaispeáin siomptóim de ghalair in-tarchurtha tráth bailithe na n-uibheacha goir;

(i) bhí sí faoi réir iniúchadh cliniciúil[9] laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.2.6. arbh amhlaidh maidir leo:

(a) nár vacsaíníodh in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach

(b) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(c) díghalraíodh iad i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre nó na críche tionscnaimh;

II.2.7. a bailíodh [an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][3] [ó ___/___/____ (ll/mm/bbbb) go ___/___/____ (ll/mm/bbbb)] [3]; [10]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe HE-LT20

II.2.8. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin:

(a) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na huibheacha goir titim amach;

(b) a ceapadh chun gur féidir glanadh agus díghalrú a dhéanamh;

(c) nach bhfuil iontu ach uibheacha goir den speiceas céanna, den chatagóir chéanna agus den chineál céanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu;

(e) atá:

[(3)]*cibé acu* [atá indiúscartha, glan agus á n-úsáid den chéad uair;]

[(3)]*nó* [a glanadh agus a díghalraíodh roimh luchtú na n-uibheacha goir i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;]

(f) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 5 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'uibheacha goir ó éanlaith chlóis;

II.2.9. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.2.8(a) agus (b) agus a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh agus a triomaíodh nó a bhí curtha ar triomú díreach roimh luchtú na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas;

[(11)][II.2.10. tá sí beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus:

(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(b) tagann siad ó ealta:

[(3)]*cibé acu* [nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]

[(3)]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín dhíghníomhaithe;]]

[(3)]*nó* [a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo 60 lá ar a dhéanaí roimh an dáta ar bailíodh na huibheacha;]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh níos lú ná 20 ubh ghoir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.8.: Soláthair cód an chreasa mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Bosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 04.07.

'*Catagóir*': roghnaigh ceann díobh seo a leanas: Íonphór/seantuismitheoirí/tuismitheoirí/puiléid bhreithe/eile.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe HE-LT20**

Cuid II:

(1) Uibheacha goir de réir an tsainmhínithe in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'A' i gcolún 6 den tábla.

(5) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 37(e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an tabhairt isteach le 'B' i gcolún 6 den tábla.

(6) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.

(7) Coimeád i gcás ina seolfar na huibheacha goir ó ghorlann.

(8) Le líonadh isteach nuair a vacsaínítear ainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.

(9) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh.

(10) Ní fhéadfaidh an dáta bailithe nó na dátaí bailithe a bheith ar dháta nó ar dhátaí roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas lena linn i ndáil leis na huibheacha goir sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

(11) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

(12) Níl feidhm leis an ráthaíocht sin ach amháin maidir le huibheacha goir a bhaineann le speiceas *Gallus gallus* agus turcaithe.

(13) Má bhí aon cheann de na torthaí dearfach le haghaidh aon cheann de na séiritíopaí seo a leanas i rith shaol an mháthairstoic, sonraigh gur toradh dearfach atá ann: *Salmonella* Hadar, *Salmonella* Virchow *agus Salmonella* Infantis.

(14) Scrios mura bhfuil an choinsíneacht dírithe ar an bhFionlainn nó ar an tSualainn.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼M3

CAIBIDIL 34

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS ÉAN I MBRAIGHDEANAS CÉ IS MOITE DE CHOLÚIR RÁSAÍOCHTA A SCAOILTEAR LÁITHREACH TAR ÉIS A DTEACHT ISTEACH SAN AONTAS (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH 'ÉIN I MBRAIGHDEANAS CÉ IS MOITE DE CHOLÚIR RÁSAÍOCHTA')

▼B

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Bunaíocht choraintín □ Bunaíocht theoranta					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CAPTIVE-BIRDS**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na héin i mbraighdeanas[1] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le héin i mbraighdeanas a thabhairt isteach san Aontas;

II.1.2. tagann siad ón mbunaíocht[3], a shonraítear i mBosca I.11 a d'fhormheas údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 56 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus:

(a) nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar;

(b) atá faoi rialú údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifead a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(c) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(d) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(e) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

[4][(f) inarb amhlaidh

[5]*cibé acu* [nár deimhníodh clamadóis éanúil inti ar feadh tréimhse leanúnach 6 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe na n-éan i mbraighdeanas lena seoladh chuig an Aontas;]

[5]n*ó* [deimhníodh clamadóis éanúil inti le linn na 6 mhí roimh dháta luchtaithe na n-éan i mbraighdeanas lena seoladh chuig an Aontas, ach ní le linn an 60 lá roimhe sin, agus gur feidhmíodh na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 55(e)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[5]n*ó* [coimeádadh na hainmhithe faoi mhaoirseacht tréidlia ar feadh na 45 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas agus gur cuireadh cóir leighis orthu in aghaidh clamadóis éanúil;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe CAPTIVE-BIRDS

II.1.3. tagann siad ó ealta a bhí faoi réir iniúchadh cliniciúil[6] laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na n-ainmhithe lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.1.4. maidir leis na hainmhithe:

(a) d'fhan siad sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(b) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;

[5]cibé acu [(c) nár vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;]

[5]nó [(c) vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle iad le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

(d) rinneadh tástáil braite víreas orthu[7] le haghaidh fliú éanúil ardphataigineach agus ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle dá bhfuarthas torthaí diúltacha laistigh den tréimhse 7 go 14 lá roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(e) ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(f) níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

(g) a bhí faoi réir iniúchadh cliniciúil[6] an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn;

II.1.5. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin:

(a) a tógadh ar bhealach:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú;

(b) nach bhfuil iontu ach éin i mbraighdeanas den speiceas céanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(c) atá á n-úsáid den chéad uair;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe CAPTIVE-BIRDS

(d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu;

(e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 4 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'éin i mbraighdeanas;

II.1.6. luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[8] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.1.5(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

[9][II.1.7. éin i mbraighdeanas atá iontu de speiceas gallachruthach atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2020/689, agus maidir leo:

(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(b) coimeádadh ar leithlis í ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas sa bhunaíocht tionscnaimh nó sa bhunaíocht choraintín faoi mhaoirseacht tréidlia oifigiúil, áit:

(i) nár vacsaíníodh aon éan in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta;

(ii) nár tháinig aon éin eile isteach sa bhunaíocht le linn an ama sin;

(iii) nach ndearnadh aon vacsaíniú;

(c) dá bhfuarthas[7] toradh diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % díobh agus a tógadh i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh éin i mbraighdeanas a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CAPTIVE-BIRDS**

Cuid I:

Bosca I.8.: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Bosca I.12: I gcás éan i mbraighdeanas arna ndeimhniú le haghaidh bunaíocht choraintín, soláthair an fhaisnéis ar an mbunaíocht choraintín, arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún, i gcás nach mór na héin i mbraighdeanas a iompar gan mhoill tar éis a dtagtha isteach san Aontas

Bosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.06.31, 01.06.32 nó 01.06.39.

'Córas sainaitheantais': Ní mór an t-ainmhí a bheith sainaitheanta go haonarach trí bhíthin fáinne coise dúnta le marc uathúil nó trasfhreagróir in-insteallta i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) 'Éin i mbraighdeanas' mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Ní mór ainm agus uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bheith le feiceáil ar liosta na mbunaíochtaí arna tharraingt suas agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.

(4) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí pearóidí.

(5) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(6) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh.

(7) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.

(8) Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe na tíre nó na críche nó an chreasa di maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón tír sin nó ón gcríoch sin nó ón gcrios di.

(9) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí éan i mbraighdeanas de speiceas gallachruthach atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼M3

CAIBIDIL 34a: DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS COLÚR RÁSAÍOCHTA A SCAOILTEAR LÁITHREACH TAR ÉIS A DTEACHT ISTEACH (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH 'COLÚIR RÁSAÍOCHTA-SCAOILEADH LÁITHREACH')

TÍR							
				Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1	Coinsíneoir/Onnmhaireoir Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	I.2	Tagairt an deimhnithe	I.2a	Tagairt IMSOC
				I.3	Príomhúdarás Inniúil		CÓD QR
				I.4	Údarás Inniúil Áitiúil		
	I.5	Coinsíní/Allmhaireoir Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	I.6	An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	An tír thionscnaimh	Cód tíre ISO	I.9	An tír chinn scríbe		Cód tíre ISO
	I.8	An réigiún tionscnaimh	Cód	I.10	An réigiún cinn scríbe		Cód
	I.11	Áit seolta Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	I.12	Ceann scríbe Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	Áit luchtaithe		I.14	Dáta agus am imeachta		
	I.15	Cóir iompair ☐ Aerárthach ☐ Soitheach ☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair Aitheantas		I.16	Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach		
				I.17	Doiciméid tionlacain Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	Coinníollacha iompair	☐ Comhthimpeallach		☐ Fuaraithe		☐ Reoite
	I.19	Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	Deimhnithe mar nó le haghaidh ☐ Taispeántais					
	I.21	☐ Le haghaidh iompair Tríú tír	Cód tíre ISO	I.22	☐ Don mhargadh inmheánach		
				I.23			
	I.24	Líon iomlán pacáistí	I.25	Cainníocht iomlán		I.26	Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán
	I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
	Cód AC Speiceas Fospeiceas/Catagóir Córas Aitheantais Uimhir Aitheantais Cainníocht						

▼M3

TÍR	Deimhniú caighdeánach 'COLÚIR RÁSAÍOCHTA-SCAOILEADH LÁITHREACH				
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a**	**Tagairt an deimhnithe**	**II.b**	**Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na colúir rásaíochta[1] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. tagann siad ón tríú tír nó ón tríú críoch, nó ó chrios díobh sin, a shonraítear i mBosca I.7 nó i mBosca I.8 ón áit ar ghlac an Ballstát cinn scríbe atá luaite i mBosca I.9 lena dtabhairt isteach i gcomhréir le hAirteagal 230(2) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

II.1.2. tagann siad ón mbunaíocht a shonraítear i mBosca I.11, arna formheas ag údarás inniúil an tríú tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 56 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus:

(a) nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar;

(b) atá faoi rialú údarás inniúil an tríú tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(c) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(d) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(e) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(f) ina ndéantar an vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.

II.1.3. nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;

II.1.4. a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle iad le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.1.5. níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn;

▼M3

TÍR	Deimhniú caighdeánach 'COLÚIR RÁSAÍOCHTA-SCAOILEADH LÁITHREACH

II.1.6. go luchtaítear iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/_ (ll/mm/bbbb)[2] i modh iompair:

(a) a tógadh ar bhealach:

(i) nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;

(ii) gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití a chosc nó a íoslaghdú;

(b) nach bhfuil iontu ach éin i mbraighdeanas den speiceas céanna a thagann ón mbunaíocht chéanna;

(c) a glanadh agus a díghalraíodh sula ndearnadh é a lódáil le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh.

Nótaí:

Tá sé beartaithe an deimhniú sláinte ainmhithe seo a úsáid le haghaidh teacht isteach colúr rásaíochta san Aontas agus táthar ag súil leis go n-eitleoidh siad ar ais go dtí an tríú tír nó go dtí an tríú críoch tionscnaimh nó go dtí crios díobh sin atá luaite sa Bhosca. I.7 nó Bosca. I.8.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.12: An suíomh, sa Bhallstát a luaitear i mBosca I.9, as a scaoilfear na colúir rásaíochta.

Bosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

"*Cód AC*": úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 01.06.31, 01.06.32 nó 01.06.39.

'Córas sainaitheantais': Ní mór an t-ainmhí a bheith sainaitheanta go haonarach trí bhíthin fáinne coise dúnta le marc uathúil nó trasfhreagróir in-insteallta i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Cuid II:

(1) 'Colúir rásaíochta' dá dtagraítear in Airteagal 62(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(2) Níor cheart gur dáta roimh an dáta lódála a bheidh i gceist nuair a ghlacfaidh an Ballstát cinn scríbe a shonraítear i mBosca I.9 le tabhairt isteach na gcolúr rásaíochta i gcomhréir le hAirteagal 230(2) de Rialachán (AE) 2016/429.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 35

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE HUIBHEACHA GOIR D'ÉIN I MBRAIGHDEANAS A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'HE-CAPTIVE-BIRDS')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a</td><td>Tagairt IMSOC</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.3</td><td>Príomhúdarás Inniúil</td><td colspan="2" rowspan="2">CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="3">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="3">An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td colspan="3">An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="3">Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="4">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="4">Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.17</td><td colspan="4">Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td colspan="3">□ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="8">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="8">Deimhnithe mar nó le haghaidh

□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22</td><td colspan="4">□ Don mhargadh inmheánach</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.23</td><td colspan="4"></td></tr>
</table>

▼B

I.24	Líon iomlán pacáistí		I.25	Cainníocht iomlán	I.26	Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán	
I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht						
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Pór/Catagóir		Córas aitheantais	Uimhir aitheantais		Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe HE-CAPTIVE-BIRDS**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a**	**Tagairt an deimhnithe**	**II.b**	**Tagairt IMSOC**

II.1. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir le huibheacha goir na n-éan i mbraighdeanas[1] ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód _ _ - _ [2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún chun uibheacha goir d'éin i mbraighdeanas a thabhairt isteach san Aontas;

II.1.2. tagann siad ón mbunaíocht[3] a shonraítear i mBosca I.11, arna formheas ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leo siúd a leagtar síos in Airteagal 56 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus:

(a) nach ndearnadh formheas na bunaíochta sin a chur ar fionraí ná a tharraingt siar;

(b) atá faoi rialú údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(c) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht;

(d) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

(e) laistigh de gha 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

[4][(f) inarb amhlaidh;

[5]*cibé acu* [nár deimhníodh clamadóis éanúil inti ar feadh tréimhse leanúnach 6 mhí ar a laghad roimh dháta luchtaithe uibheacha goir na n-éan i mbraighdeanas lena seoladh chuig an Aontas;]

[5]n*ó* [deimhníodh clamadóis éanúil inti le linn na 6 mhí roimh dháta luchtaithe uibheacha goir na n-éan i mbraighdeanas lena seoladh chuig an Aontas, ach ní le linn an 60 lá roimhe sin, agus gur feidhmíodh na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 55(e)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[5]n*ó* [coimeádadh na hainmhithe óna bhfuarthas na huibheacha goir, faoi mhaoirseacht tréidlia ar feadh na 45 lá roimh dháta bailithe na n-uibheacha goir agus cuireadh cóir leighis orthu in aghaidh clamadóis éanúil;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe HE-CAPTIVE-BIRDS
	II.1.3. tagann siad ó ainmhithe: (a) a d'fhan sa bhunaíocht a shonraítear i mBosca I.11 ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta luchtaithe na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas; (b) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh; [5]cibé acu [(c) nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;] [5]nó [(c) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; (d) a cuireadh faoi thástáil braite víreas[7] le haghaidh fliú éanúil ardphataigineach agus ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle dá bhfuarthas torthaí diúltacha laistigh den tréimhse 7 go 14 lá roimh dháta bailithe na n-uibheacha goir; (e) ní raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha nó ar feadh tréimhse leanúnach 3 seachtaine ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na n-uibheacha; (f) níl sí le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha don speiceas agus galair atá ag teacht chun cinn; (g) a bhí faoi réir iniúchadh cliniciúil[6] an __/__/__ (ll/mm/bbbb), laistigh de na 24 uair an chloig roimh luchtú na n-uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas, agus nár thaispeáin aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha don speiceas agus do ghalair atá ag teacht chun cinn; II.1.4. luchtaítear í lena seoladh chuig an Aontas i gcoimeádáin: (a) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na huibheacha goir titim amach; (b) nach bhfuil iontu ach uibheacha goir d'éin i mbraighdeanas den speiceas céanna a thagann ón mbunaíocht chéanna; (c) atá á n-úsáid den chéad uair; (d) atá dúnta i gcomhréir le treoracha údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh ionas nach bhféadfaí aon ní a chur i lárionad a bhfuil iontu; (e) ar a bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bPointe 7 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha d'uibheacha goir d'éin i mbraighdeanas; II.1.5. a luchtaítear lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[8] i gcóir iompair arna tógáil i gcomhréir le II.1.4(a) agus a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe HE-CAPTIVE-BIRDS

[9][II.1.6. atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún, agus go dtagann siad ó ainmhithe arb amhlaidh maidir leo:

(a) níor vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle;

(b) coimeádadh ar leithlis í ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas sa bhunaíocht tionscnaimh nó sa bhunaíocht choraintín faoi mhaoirseacht tréidlia oifigiúil, áit:

(i) nár vacsaíníodh aon éan in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta;

(ii) nár tháinig aon éin eile isteach sa bhunaíocht le linn an ama sin;

(iii) nach ndearnadh aon vacsaíniú;

(c) dá bhfuarthas[7] toradh diúltach ar thástálacha séireolaíocha chun antasubstaintí in aghaidh víreas ghalar Newcastle a bhrath, arna ndéanamh ar shamplaí fola ar leibhéal lena dtugtar muinín 95 % go mbraithfear ionfhabhtú le leitheadúlacht 5 % díobh agus a tógadh i rith na tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh uibheacha goir d'éin i mbraighdeanas a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na dtáirgí sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.8.: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Bosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht

'*Cód CN*': úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 04.07.

Cuid II:

(1) 'Éin i mbraighdeanas' mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Ní mór ainm agus uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bheith le feiceáil ar liosta na mbunaíochtaí arna tharraingt suas agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.

(4) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí pearóidí.

(5) Coimeád de réir mar is iomchuí.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe HE-CAPTIVE-BIRDS**

	(6) Ní mór an t-iniúchadh cliniciúil a bheith déanta ag tréidlia oifigiúil ón tír thionscnaimh nó ón gcríoch thionscnaimh. (7) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625. (8) Ní fhéadfaidh an dáta luchtaithe a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe na tíre nó na críche nó an chreasa di maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas i ndáil leis na hainmhithe sin a thabhairt isteach san Aontas ón tír sin nó ón gcríoch sin nó ón gcrios di. (9) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le haghaidh coinsíneachtaí uibheacha goir d'éin i mbraighdeanas de speiceas gallachruthach atá beartaithe le haghaidh Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 36

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE CRÁINBHEACHA MEALA A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL ‘QUE’)

TÍR					**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC**
					I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		**CÓD QR**
					I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**		Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**		Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**			**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Iarnród Aitheantas		□ Soitheach □ Feithicil bhóthair	**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
					I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala				
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin						
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír		Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
					I.23			

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht			
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Cainníocht

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe QUE**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a**	**Tagairt an deimhnithe**	**II.b**	**Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na cráinbheacha meala ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le cráinbheacha meala a thabhairt isteach san Aontas.

II.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1 ó thráth a ngortha, agus
(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó thráth a ngortha.

II.3. nach raibh aon teagmháil acu le cráinbheacha meala ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha.

II.4. nach bhfuil le marú faoi chlár náisiúnta maidir le díothú galar, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.5. a seoladh i gcaighin dhúnta ina raibh aon chráinbheach mheala amháin agus 20 freastalaí tionlacain ar a mhéad aici:

II.5.1. i bpacáistíocht arb amhlaidh maidir léi roimh phacáil chráinbheacha meala na coinsíneachta:

(i) a bhí nua;
(ii) nach raibh i dteagmháil le haon bheach ná le haon chíor ghoir;
(iii) a bhí faoi réir gach réamhchúraim chun éilliú le pataiginí, ar cúis le galair i mbeacha meala iad, a chosc.

II.5.2. a raibh beatha ainmhithe á tionlacan a bhí saor ó phataiginí ar cúis lena ngalair iad;

II.5.3. i bpacáistíocht agus le táirgí tionlacain a ndearnadh scrúdúchán amhairc orthu roimh sheoladh chuig an Aontas dóibh lena áirithiú nach mbainfidh riosca ó thaobh na sláinte ainmhithe de leo agus nach mbeidh fíneog *Aethina tumida* (Ciaróg choirceoige bheag) agus *Tropilaelaps* iontu in aon cheann dá gcéimeanna beatha.

II.5.4. díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas gan dul trí aon bhunaíocht eile gan díluchtú in aon áit nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.7 ó thráth a seolta óna mbunaíocht tionscnaimh go dtí tráth a seolta chuig an Aontas agus nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle.

II.6. a bhí faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír nó sa chríoch thionscnaimh, nár bhraith aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.7. a thionscaíonn ó bheachlann;

II.7.1. laistigh de agus timpeall air, i limistéar de gha 100 km, lena n-áirítear críoch tíre comharsanaí i gcás inarb iomchuí

(i) nár tuairiscíodh fíniú le *Aethina tumida* (Ciaróg choirceoige bheag) ná fíniú le *Tropilaelaps* spp.;
(ii) nach bhfuil aon srian i bhfeidhm mar gheall ar amhras, ar chás nó ar ráig na ngalar dá dtagraítear (i).

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe QUE

II.7.2. laistigh de agus timpeall air, i limistéar de gha 3 km, lena n-áirítear críoch tíre comharsanaí i gcás inarb iomchuí;

(i) nár tuairiscíodh ionfhabhtú bréanlarbhaí Meiriceánach ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas;

(ii) nach bhfuil aon srian i bhfeidhm mar gheall ar amhras faoi ionfhabhtú bréanlarbhaí Meiriceánach nó mar gheall ar chás deimhnithe d'ionfhabhtú bréanlarbhaí Meiriceánach le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe (i).

[(iii) ina raibh cás deimhnithe roimhe d'ionfhabhtú bréanlarbhaí Meiriceánach roimh an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (i) agus gur sheiceáil an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch thionscnaimh gach coirceog ionfhabhtaithe dá éis sin agus gur cóireáladh gach coirceog agus go ndearnadh iniúchadh orthu le torthaí fabhracha dá éis sin laistigh de thréimhse 30 lá ón dáta a taifeadadh an cás deireanach den ghalar sin.] (1)

II.8. tagann siad ó choirceoga a ndearnadh tástáil ar shamplaí dá gcuircín le haghaidh ionfhabhtú bréanlarbhaí Meiriceánach dá bhfuarthas torthaí diúltacha laistigh den tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

(1)(4)(5) [II.9. Maidir leis na cráinbheacha meala:

(i) tagann siad ó thríú tír nó ó críoch nó ó chrios di atá saor ó fhíniú le *Varroa spp*

(ii) sa tríú tír nó sa chríoch thionscnaimh nó sa chrios di, nár tuairiscíodh fíniú le *Varroa spp*. ar feadh 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(iii) go ndearnadh gach réamhchúram chun éilliú na coinsíneachta le *Varroa spp*. a sheachaint le linn luchtú agus sheoladh na coinsíneachta chuig an Aontas.]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh cráinbheacha meala a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.27: '*Catagóir*': sonraigh cráinbheacha a bhfuil 20 freastalaí ar a mhéad acu

Cuid II:

(1) Scrios de réir mar is iomchuí

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe QUE
	[4] Níl sé infheidhme ach amháin sa chás go bhfuil stádas saor ó ghalar ag an mBallstát cinn scríbe do ghalar chatagóir ábhartha C nó i gcás ina bhfuil clár díothaithe formheasta aige. [5] Is féidir le tríú tíortha nó críocha é a dheimhniú le hiontráil VAR i gColún 6 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 lena n-aithnítear go bhfuil siad saor ó fhíniú le *Varroa spp*. (Varróis).
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 37

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE BUMBÓGA A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL ‘BBEE’)

TÍR					**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
					I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
					I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**		Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**		Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**			**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Iarnród Aitheantas		□ Soitheach □ Feithicil bhóthair	**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
					I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin			Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin						
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír		Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
					I.23			

▼B

I.24	Líon iomlán pacáistí	I.25	Cainníocht iomlá	I.26	Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht				
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir			Cainníocht Glanmheáchan
			Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BBEE**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na bumbóga ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1. tagann siad ón gcrios leis an gcód: __ __ - __[1] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le bumbóga a thabhairt isteach san Aontas.

II.2. d'fhan siad go leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.1 ó thráth a ngortha, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó thráth a ngortha, nár tugadh aon bhumbóga isteach ina n-aonad eipidéimeolaíoch tionscnaimh le linn na tréimhse ama sin.

II.3. nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ó thráth a ngortha.

II.4. níl siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le díothú galar, lena n-áirítear galair liostaithe agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.5. a seoladh i gcoimeádáin dhúnta ina bhfuil coilíneacht 200 bumbóg fhásta ar a mhéad, in éineacht le cráinbheach nó dá huireasa:

II.5.1. i bpacáistíocht arb amhlaidh maidir léi, roimh phacáil bhumbóga na coinsíneachta:

(i) a bhí nua;

(ii) nach raibh i dteagmháil le haon bheach ná le haon chíor ghoir;

(iii) a bhí faoi réir gach réamhchúraim chun éilliú le pataiginí, ar cúis le galair i mbumbóga iad, a chosc.

II.5.2. a raibh beatha ainmhithe á tionlacan a bhí saor ó phataiginí ar cúis lena ngalair iad;

II.5.3. i bpacáistíocht agus le táirgí tionlacain a ndearnadh scrúdúchán amhairc orthu roimh sheoladh chuig an Aontas dóibh lena áirithiú nach mbainfidh riosca ó thaobh na sláinte ainmhithe de leo agus nach mbeidh *Aethina tumida* (Ciaróg choirceoige bheag) iontu, in aon cheann dá gcéimeanna beatha.

II.5.4. díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas gan dul trí aon bhunaíocht eile agus gan díluchtú in aon áit nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.7 agus i bpointe II.8 ó thráth a seolta óna mbunaíocht tionscnaimh go dtí tráth a seolta chuig an Aontas agus nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle.

II.6. a bhí faoi réir iniúchadh cliniciúil laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh an luchtú[2] lena seoladh chuig an Aontas, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh nó sa críoch thionscnaimh, nár bhraith aon chomhartha lenar léiríodh gurbh ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

II.7. a póraíodh agus a coimeádadh i mbunaíocht táirgeachta bumbóg a bhí ar leithlis ó thaobh an chomhshaoil de agus:

II.7.1. cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.7.2. ag a bhfuil saoráidí lena n-áirithítear go ndéantar táirgeadh na mbumbóg laistigh d'fhoirgneamh atá feithid-díonach maidir le feithidí eitilte;

II.7.3. ag a bhfuil saoráidí agus trealamh ann lena n-áirithítear go gcoinnítear na bumbóga ar leithlis thairis sin in aonaid eipidéimeolaíocha ar leithligh agus go mbíonn gach cóilíneacht i gcoimeádáin dhúnta laistigh den fhoirgneamh le linn an táirgthe ar fad;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BBEE

II.7.4. ina gcoinnítear stóráil agus láimhseáil na pailine laistigh de na saoráidí ar leithlis ó na bumbóga le linn tháirgeadh iomlán na mbumbóg go dtí go dtabharfar mar bhia dóibh í;

II.7.5. ag a bhfuil buan-nósanna imeachta oibríochta ag an mbunaíocht chun teacht ciaróige coirceoige bige isteach sa bhunaíocht a chosc agus chun suirbhé a dhéanamh go tráthrialta maidir leis an gciaróg choirceoige bheag a bheith laistigh den bhunaíocht.

II.8. a thagann ó aonad eipidéimeolaíoch leis an mbunaíocht nár braitheadh fíniú *Aethina tumida* (Ciaróg choirceoige bheag) inti.

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh bumbóga a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid II:

(1) Cód an chreasa mar atá i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(2) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údarú an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios sin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 38

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE MADRAÍ, CAIT AGUS FIRÉID A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL 'CANIS-FELIS-FERRETS')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		**CÓD QR**
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Le coimeád thairis sin □ Bunaíocht theoranta □ Bunaíocht choraintín □ Eile					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24	Líon iomlán pacáistí		I.25	Cainníocht iomlán		I.26	Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán	
I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht							
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht	
				Cineál an tráchtearra		Tástáil		

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CANIS-FELIS-FERRETS**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1. tagann siad ó thír, ó chríoch nó ó chrios di leis an gcód: __ __ - __[1] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, údaraithe maidir le madraí, cait agus fíréid a thabhairt isteach san Aontas agus atá liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[2][3]*cibé acu* [II.2. seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas iad gan dul trí aon bhunaíocht eile];

[2][3]*nó* [II.2. rinneadh aon oibríocht tionóil amháin orthu sa tír thionscnaimh, sa chríoch nó sa chrios di a tharla ar feadh tréimhse nach mó ná 6 lá i mbunaíocht lena gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

- tá an bhunaíocht formheasta chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí tionóil ar mhadraí, ar chait agus ar fhíréid i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;
- tá uimhir formheasa uathúil ag an mbunaíocht arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;
- tá an bhunaíocht liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;
- comhlíonann an bhunaíocht na ceanglais maidir le taifid a choimeád dá bhforáiltear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 73(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.]

[3][II.3. luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[4] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, roimh an luchtú, le díghalrán arna údarú ag an údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch agus a tógadh ar bhealach:

- nach féidir le hainmhithe éalú uaithi ná titim di;
- gur féidir iniúchadh amhairc a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;
- lena ndéantar éalú tuartha ainmhithe, éalú bruscair ainmhithe nó éalú beatha ainmhithe a chosc nó a íoslaghdú.]

II.4 bhí siad faoi réir iniúchadh cliniciúil dá bhfuarthas toradh diúltach, arna dhéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír thionscnaimh, sa chríoch nó sa chrios di laistigh den tréimhse 48 n-uair an chloig roimh an luchtú lena seoladh chuig an Aontas chun comharthaí lenar léiríodh gurbh ann do ghalair a bhrath, lena n-áirítear na galair ábhartha liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn.

[2]*cibé acu* [II.5. beartaítear iad a thabhairt isteach go díreach sa Bhallstát cinn scríbe le cur ar leithlis:

[2]*cibé acu* [i mbunaíocht theoranta;]]

[2]*nó* [i mbunaíocht choraintín fhormheasta;]]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CANIS-FELIS-FERRETS**

[(2)]*nó* [II.5. a bhí 12 sheachtain d'aois ar a laghad tráth a vacsaínithe in aghaidh an chonfaidh agus go raibh 21 lá ar a laghad caite ó cuireadh an príomhvacsaíniú frithchonfaidh i gcrích[(5)] arna dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais bhailíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus go ndearnadh aon athvacsaíniú dá éis sin laistigh den tréimhse bhailíochta a bhain leis an vacsaíniú roimhe[(6)], agus

[(2)]*cibé acu* [tagann siad ó chríoch nó ó thríú tír, agus i gcás idirthurais tá idirthuras sceidealaithe trí chríoch nó trí thríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 577/2013 ón gCoimisiún agus soláthraítear mionsonraí an vacsaínithe frithchonfaidh reatha i gcolúin 1 go 7 sa tábla thíos;]]

[(2)]*nó* [tagann siad ó chríoch nó ó thríú tír nó tá idirthuras sceidealaithe trí chríoch nó trí thríú tír nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 577/2013 ón gCoimisiún, agus

soláthraítear mionsonraí an vacsaínithe frithchonfaidh reatha i gcolún 1 go dtí colún 7 sa tábla thíos, agus

- tástáil le haghaidh toirtmheascadh antasubstainte[(7)], arna déanamh ar shampla fola arna thógáil ag an tréidlia arna údarú ag an údarás inniúil tráth nach lú ná 30 lá tar éis an vacsaínithe roimhe agus 3 mhí ar a laghad roimh dháta eisiúna an deimhnithe sin, lenar cruthaíodh títear antasubstainte atá cothrom le nó níos mó ná 0.5 IU/ml[(8)] agus rinneadh aon athvacsaíniú dá éis sin laistigh den tréimhse bhailíochta a bhain leis an vacsaíniú roimhe, agus soláthraítear an dáta samplála chun an t-imoibriú imdhíoneolaíoch a thástáil i gcolún 8 den tábla thíos:]]

Trasfhreagróir		**Dáta vacsaínithe [ll/mm/bbbb]**	**Ainm agus monaróir na vacsaíne**	**Baiscuimhir**	**Bailíocht an vacsaínithe**		**Dáta na samplála fola [ll/mm/bbbb]**
Cód alfa-uimhriúil an ainmhí	**Dáta an inchlannaithe agus/nó an léimh [(9)] [ll/mm/bbbb]**				**Ó [ll/mm/bbbb]**	**Go dtí [ll/mm/bbbb]**	
1	2	3	4	5	6	7	8

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CANIS-FELIS-FERRETS**

[(2)]*cibé acu* [II.6. áirítear madraí leis an gcoinsíneacht atá le dul chuig Ballstát a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún agus cóireáladh na madraí sin in aghaidh fíniú le *Echinococcus multilocularis*, agus soláthraítear mionsonraí na cóireála arna déanamh ag an tréidlia atá á tabhairt i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692[(10) (11)] sa tábla thíos

Trasfhreagróir nó tatú. Cód alfa-uimhriúil an mhadra	**Cóireáil frith-Echinococcus**		**Tréidlia tabhartha**
	Ainm agus monaróir an táirge	**Dáta [ll/mm/bbbb] agus am na cóireála [00:00]**	**Ainm i gceannlitreacha, stampa agus síniú**
			]

[(2)]*nó* [II.6. níor cóireáladh na madraí in aghaidh a bhfínithe le *Echinococcus multilocularis.*]

[(2)]*nó* [II.6. beartaítear na madraí a thabhairt isteach go díreach sa Bhallstát cinn scríbe le cur ar leithlis:

[(1)]cibé acu [i mbunaíocht theoranta.]]

[(1)]nó [i mbunaíocht choraintín fhormheasta.]]

Nótaí:

Tá an deimhniú seo beartaithe maidir le madraí, cait agus fíréid a thabhairt isteach san Aontas ar bhonn tráchtála, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil siad le dul chuig bunaíocht theoranta nó chuig bunaíocht choraintín fhormheasta agus i gcásanna nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe agus maidir le madraí, cait agus fíréid a thabhairt isteach san Aontas arna n-aistriu i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe CANIS-FELIS-FERRETS
	Cuid I: Bosca I.20: Deimhnithe mar nó le haghaidh: sonraigh - 'Á gcoimeád thairis sin' i gcás ina n-aistrítear madraí, cait nó fíréid i gcomhréir le Teideal V de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; - Bunaíocht theoranta: mar a shainmhínítear in Airteagal 4(48) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; - Bunaíocht choraintín fhormheasta: mar a shainmhínítear in Airteagal 3(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún - 'ainmhithe eile' i gcás ina n-aistrítear madraí (*Canis lupus familiaris*), cait (*Felis silvestris catus*) nó fíréid (*Mustela putorius furo*) i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. **Cuid II:** (1) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gColún 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (2) Coimeád de réir mar is iomchuí. (3) Níl sé infheidhme maidir le gluaiseacht madraí, cat agus firéad seachas gluaiseachtaí neamhthráchtálacha a choimeádtar mar pheataí i dteaghlaigh nach féidir a dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 245(2) nó in Airteagal 246(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/429. (4) Dáta luchtaithe: ní fhéadfaidh sé a bheith ar dháta roimh dháta údaraithe an chreasa maidir leis an tabhairt isteach san Aontas, ná ar dháta i dtréimhse ina mbeidh bearta srianta glactha ag an Aontas in aghaidh na hainmhithe sin a thabhairt isteach ón gcrios. (5) Ní mór aon athvacsaíniú a mheas ina vacsaíniú príomhúil mura ndearnadh é laistigh den tréimhse bhailíochta a bhain le vacsaíniú roimhe. (6) Cuirfear cóip dheimhnithe de mhionsonraí aitheantais agus vacsaínithe na n-ainmhithe lena mbaineann i gceangal leis an deimhniú. (7) An tástáil le haghaidh thoirtmheascadh antasubstainte an chonfaidh dá dtagraítear i bpointe II.5: - ní mór an tástáil a dhéanamh ar shampla arna bhailiú ag tréidlia arna údarú ag an údarás inniúil, 30 lá ar a laghad tar éis dháta an vacsaínithe agus 3 mhí roimh dháta an allmhairithe; - ní mór don tástáil leibhéal antasubstainte neodraithe ar víreas an chonfaidh a thomhas i séiream a bheidh comhhionann le nó níos mó ná 0.5 IU/ml; - ní mór do shaotharlann oifigiúil é a dhéanamh; - ní chaithfear é a athnuachan maidir le hainmhí, tar éis na tástála sin dá bhfuarthas torthaí sásúla, a athvacsaíníodh in aghaidh an chonfaidh laistigh den tréimhse bhailíochta a bhain le vacsaíniú roimhe. Cuirfear cóip dheimhnithe den tuarascáil oifigiúil ón tsaotharlann fhormheasta maidir le toradh na tástála antasubstainte confaidh dá dtagraítear i bpointe II.5. i gceangal leis an deimhniú. (8) Tríd an toradh sin a dheimhniú, dearbhaíonn an tréidlia oifigiúil gur fhíoraigh sé, ar feadh a chumais agus i gcás inar gá le teagmhálaithe leis an tsaotharlann a shonraítear sa tuarascáil, barántúlacht thuarascáil na saotharlainne maidir le torthaí na tástála maidir le toirtmheascadh antasubstainte dá dtagraítear i bpointe II.5. (9) I gcomhar le fonóta (6), ní mór marcáil na n-ainmhithe lena mbaineann trí thrasfhreagróir a ionchlannú a fhíorú sula ndéanfar aon iontráil sa deimhniú sin agus ní mór an mharcáil sin a dhéanamh roimh aon vacsaíniú i gcónaí, nó i gcás inarb infheidhme, roimh aon tástáil dá ndéantar ar na hainmhithe sin.
	(10) Maidir leis na gcóireáil in aghaidh fíniú le *Echinococcus multilocularis* dá dtagraítear i bpointe II.6, ní mór: - í a bheith á tabhairt ag tréidlia laistigh de thréimhse nach mó ná 48 n-uair an chloig agus a chríochnaíonn tráth nach lú ná 24 uair an chloig roimh am thabhairt isteach sceidealaithe na madraí i gceann de na Ballstáit nó i gcodanna díobh a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún; - atá comhdhéanta de tháirge íocshláinte formheasta ina bhfuil an dáileog iomchuí de praziquantel nó de shubstaint atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lenar cruthaíodh, ina n-aonar nó i gcomhar le chéile, go laghdaítear leo ualaí na bhfoirmeacha stéigeacha aibí agus neamhaibí de *Echinococcus multilocularis* sa speiceas óstála lena mbaineann. (11) Ní mór an tábla dá dtagraítear i bpointe II.6 a úsáid chun mionsonraí cóireála breise a dhoicimeadú má thugtar an chóireáil tar éis an dáta a síníodh an deimhniú agus roimh an tabhairt isteach sceidealaithe i gceann de na Ballstáit nó i gcodanna díobh a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún.	
	Tréidlia oifigiúil	

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe CANIS-FELIS-FERRETS**

Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 39

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE SHEAMHAN Ó BHÓ-AINMHITHE ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/692 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'BOV-SEM-A-ENTRY')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="4"></td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="3">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td colspan="2">Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.3</td><td colspan="2">Príomhúdarás Inniúil</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.4</td><td colspan="2">Údarás Inniúil Áitiúil</td><td></td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="3">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="3">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="3">Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="3">Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="3">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="3">Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.17</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td></td><td>I.18</td><td>Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td colspan="2">□ Reoite</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td colspan="7">I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td></td><td>I.20</td><td colspan="6">Deimhnithe mar nó le haghaidh
□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td></td><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22</td><td colspan="2">□ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe d'atáirgeadh saorga agus fuarthas é ó ainmhithe bronntacha a thionscaíonn ó thríú tír, ó chríoch nó ó chrios di

II.1.1. údaraithe maidir le seamhan ó bhó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[1]*cibé acu* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain go dtí dáta a sheolta;]

[1]*nó* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[2]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;]

II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;

II.1.4. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ná pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta, agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch ná sa chrios di le linn na tréimhse sin.

II.2. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha a thionscaíonn, roimh thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.8., ó bhunaíochtaí

II.2.1. atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an mbunaíocht ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad agus nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad, agus

[1]*cibé acu* [níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil;]

[1]*nó* [vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil iad le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta bailithe an tseamhain ach ní le linn na tréimhse 30 lá díreach roimh dháta bailithe an tseamhain, agus cuireadh 5 % (le cúig shop ar a laghad) de gach cainníocht seamhain arna tógáil ó ainmhí bronntach ag tráth ar bith faoi thástáil scoite víreas le haghaidh an ghalair crúb is béil agus torthaí diúltacha uirthi;]

II.2.2. atá saor ó ionfhabhtú le *coimpléasc* Mycobacterium tuberculosis (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*) agus nár coimeádadh iad riamh roimhe in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

II.2.3. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

[1]*cibé acu* [II.2.4. atá saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;]

[1]*nó* [II.2.4. nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus tá na hainmhithe bronntacha níos óige ná 2 bhliain d'aois agus táirgeadh iad le máithreacha a cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí diúltacha uirthi, le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach tar éis an t-ainmhí a bhaint den mháthair;]

[1]*nó* [II.2.4. nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus tá 2 bhliain d'aois slánaithe ag na hainmhithe bronntacha agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí diúltacha uirthi, iad le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY
	[(1)]*cibé acu* [II.2.5. atá saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht lena mbaineann stádas sláinte níos ísle;]
	[(1)]*nó* [II.2.5. nach bhfuil saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus, maidir leis na hainmhithe bronntacha, cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad (an víreas ina iomláine) ar shampla fola;]
	II.2.6. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) iontu le linn an 30 lá roimhe sin, agus
	[(1)]*cibé acu* [nár tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí le 2 bhliain anuas;]
	[(1)]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do surra sna bunaíochtaí le 2 bhliain anuas agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrian ghluaiseachta go dtí – gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht, agus – go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht a chur faoi thástáil le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht.]
	II.3. Rinneadh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil, agus a sheoladh ón lárionad bailithe seamhain[(3)]
	II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;
	II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.
	II.4. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha
	II.4.1. nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh;
	II.4.2. a d'fhan ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcrios di dá dtagraítear i mBosca I.7.;
	II.4.3. nár thaispeáin aon siomptóm ná comhartha cliniciúil de ghalair in-tarchurtha ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain ná ar an lá a bailíodh an seamhan;
	II.4.4. atá sainaitheanta go haonarach mar a fhoráiltear in Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;
	II.4.5. ar feadh treimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus le linn na tréimhse bailiúcháin
	II.4.5.1. coimeádadh iad i mbunaíochtaí nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach nó galar an chraicinn chnapánaigh nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha do na bó-ainmhithe;
	II.4.5.2. coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin iad nár tuairiscíodh inti ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis*, ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis* coimpléasc (*M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*), confadh, antrasc, surra*(Trypanosoma evansi),* liúcóis bhólachta eansótach, rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, buinneach víreasach bhólachta, ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), campalabaictéaróis ghinitiúil bhuaibheach ná triceamónóis;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY

II.4.5.3. nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá lonnaithe i gcrios srianta mar gheall ar tharlú na ngalar dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2.;

II.4.5.4. níor úsáideadh le haghaidh pórúchán nádúrtha iad;

II.4.6. cuireadh faoi choraintín iad ar feadh tréimhse 28 lá ar a laghad i gcóiríocht choraintín, áit nach raibh ann ach ainmhithe crúbscaoilte eile a raibh an stádas sláinte céanna acu ar a laghad, ar cóiríocht í a chomhlíon na coinníollacha seo a leanas ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain:

II.4.6.1. nach raibh lonnaithe i gcrios teoranta arna bunú mar gheall ar ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1.;

II.4.6.2. nár tuairiscíodh aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad;

II.4.6.3. bhí sí lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an gcóiríocht choraintín ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad;

II.4.6.4. níor tuairiscíodh an galar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta chead isteach na n-ainmhithe sa lárionad bailithe seamhain;

II.4.7. coimeádadh sa lárionad bailithe seamhain iad

II.4.7.1. nach raibh lonnaithe i gcrios teoranta arna bunú mar gheall ar ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1.;

II.4.7.2. nár tuairiscíodh aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain, agus

[(1)(4)][30 lá ar a laghad tar éis an dáta bailithe;]

[(1)(5)][go dtí dáta seolta na coinsíneachta seamhain chuig an Aontas;]

II.4.7.3. atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad; agus

[(1)(4)][saor ón ngalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus ar feadh 30 lá ón dáta bailithe;]

[(1)(5)][saor ón ngalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus go dtí dáta seolta na coinsíneachta seamhain chuig an Aontas agus gur coimeádadh na hainmhithe bronntacha ag an lárionad bailithe seamhain sin ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe an tseamhain;]

II.4.8. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):

[(1)*cibé acu*][II.4.8.1. rinneadh iad a choimeád ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú an tseamhain i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcás nár deimhníodh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le linn na 24 mhí roimhe sin i bpobal ainmhithe spriocdhírithe;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY
	[(1)*agus/nó* [II.4.8.2. rinneadh iad a choimeád i gcrios saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú an tseamhain, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]
	[(1)*agus/nó* [II.4.8.3. rinneadh iad a choimeád i gcrios atá saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse atá saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di ina bhfuil toiliú údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe faighte i scríbhinn roimh ré ag údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta seamhain, ar toiliú é leis na coinníollacha a bhaineann leis an gcrios sin atá saor ó ghalar go séasúrach a bhunú agus le glacadh leis an gcoinsíneacht seamhain;]
	[(1)*agus/nó* [II.4.8.4. rinneadh iad a choimeád i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin;]
	[(1)*agus/nó* [II.4.8.5. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí maidir le séireaghrúpa 1-24 an víris gormtheanga a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, idir 28 agus 60 lá ó dháta gach bailiúcháin seamhain;]
	[(1)*agus/nó* [II.4.8.6. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin iad le haghaidh an víris gormtheanga (séiritíopaí 1-24), agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí fola arna dtógáil ar thosú agus ar bhailiú críochnaitheach an tseamhain agus gach 7 lá ar a laghad i gcás na tástála scoite víreas, nó gach 28 lá ar a laghad i gcás ISP, le linn an bhailiúcháin seamhain;]
	II.4.9. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (séiritíopaí 1-7) (EHDV 1-7):
	[(1)*cibé acu*[II.4.9.1. rinneadh iad a choimeád ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di nár tuairiscíodh EHDV 1-7 ar feadh na tréimhse 2 bhliain roimhe ar a laghad laistigh de gha 150 km ón mbunaíocht;]
	[(1)*agus/nó* [II.4.9.2. rinneadh iad a choimeád i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin;]
	[(1)*agus/nó* [II.4.9.3. bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de EHDV de réir torthaí oifigiúla: …… agus cuireadh faoi na tástálacha seo a leanas iad, agus torthaí diúltacha orthu i ngach cás, agus rinneadh na tástálacha i saotharlann oifigiúil:
	[(1)*cibé acu* [II.4.9.3.1.tástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí maidir le EHDV 1-7 a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, gach 60 lá ar a laghad le linn na tréimhse bailiúcháin agus idir 28 agus 60 lá ó dháta bailithe chríochnaithigh an tseamhain;]]
	[(1)*agus/nó* [II.4.9.3.2. tástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh EHDV 1-7, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí fola arna dtógáil ar thosú agus ar bhailiú críochnaitheach an tseamhain agus gach 7 lá ar a laghad, i gcás na tástála scoite víreas, nó gach 28 lá ar a laghad, i gcás ISP, le linn bhailiú an tseamhain.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY

II.4.10. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, arna ndéanamh ar shamplaí fola arna dtógáil laistigh den tréimhse 30 lá roimh thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6., dá bhfuarthas torthaí diúltacha, ach amháin ar an tástáil le haghaidh antasubstaint na buinní víreasaí bólachta dá dtagraítear i bpointe II.4.10.5.2., a éilítear i gcomhréir le pointe 1(b) de Chaibidil I de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686:

II.4.10.1. i gcás ionfhabhtaithe le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*), tástáil craicinn tiúibeircline dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

II.4.10.2. i gcás ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

[(1)(6)][II.4.10.3. i gcás liúcóise bólachta eansótaí, tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe (a) de Chuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;]

II.4.10.4. i gcás rineatraicéitis thógálaigh bhuaibhigh/bált-fhaighnítis phuchóidigh ionfhabhtaíoch, tástáil shéireolaíoch (an víreas ina iomláine) ar shampla fola mura dtagann na hainmhithe ó bhunaíocht atá saor ó rineatraicéíteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch;

II.4.10.5. i gcás buinní víreasaí bólachta:

II.4.10.5.1. tástáil scoite víreas, tástáil le haghaidh géanóm víreasach nó tástáil le haghaidh antaigin víreasach, agus

II.4.10.5.2. tástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí a bhrath;

II.4.11. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, arna ndéanamh ar shamplaí fola arna dtógáil laistigh de thréimhse 21 lá ar a laghad, nó 7 lá i gcás na dtástálacha dá dtagraítear i bpointe II.4.11.4. agus i bpointe II.4.11.5., tar éis thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6., dá bhfuarthas torthaí diúltacha, ach amháin ar an tástáil le haghaidh antasubstaint na buinní víreasaí bólachta dá dtagraítear i bpointe II.4.11.3.2., is gá i gcomhréir le pointe 1(c) de Chaibidil I de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686:

II.4.11.1. i gcás ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

II.4.11.2. i gcás rineatraicéitis thógálaigh bhuaibhigh/bált-fhaighnítis phuchóidigh ionfhabhtaíoch, tástáil shéireolaíoch (an víreas ina iomláine) ar shampla fola;

II.4.11.3. i gcás buinní víreasaí bólachta:

II.4.11.3.1. tástáil scoite víreas, tástáil le haghaidh géanóm víreasach nó tástáil le haghaidh antaigin víreasach, agus

II.4.11.3.2. tástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí a bhrath;

II.4.11.4. i gcás campalabaictéaróise ginitiúla buaibhí (*Campylobacter foetus ssp. venerealis*):

[(1)*cibé acu*][II.4.11.4.1. tástáil aonair arna déanamh ar shampla de sciúradh faighne saorga nó d'eiseamal forchraicneach, i gcás ainmhithe is óige ná 6 mhí d'aois nó a coimeádadh ón aois sin i ngrúpa aon inscne gan teagmháil le hainmhithe baineanna roimh an gcoraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6.;]

[(1)*nó*] [II.4.11.4.2. tástálacha arna ndéanamh ar shamplaí de sciúradh faighne saorga nó d'eiseamal forchraicneach arna dtógáil ar thrí ócáid le tréimhsí 7 lá eatarthu;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY

II.4.11.5. i gcás triceamónóise (*Trichomonas foetus*):

[(1)]*cibé acu* [II.4.11.5.1. tástáil aonair arna déanamh ar shampla d'eiseamal forchraicneach, i gcás ainmhithe is óige ná 6 mhí d'aois nó a coimeádadh ón aois sin i ngrúpa aon inscne gan teagmháil le hainmhithe baineanna roimh an gcoraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6.;]

[(1)]*nó* [II.4.11.5.2. tástálacha arna ndéanamh ar shamplaí d'eiseamal forchraicneach arna dtógáil ar thrí ócáid le tréimhsí 7 lá eatarthu;]

II.4.12. gur cuireadh, uair sa bhliain ar a laghad, na gnáth-thástálacha éigeantacha seo a leanas orthu ag an lárionad bailithe seamhain, a éilítear i gcomhréir le pointe 2 de Chaibidil I de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686:

II.4.12.1. i gcás ionfhabhtaithe le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*), tástáil craicinn tiúibeircline dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

II.4.12.2. i gcás ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

II.4.12.3. i gcás liúcóise bólachta eansótaí, tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe (a) de Chuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

II.4.12.4. i gcás rineatraicéitis thógálaigh bhuaibhigh/bált-fhaighnítis phuchóidigh ionfhabhtaíoch, tástáil shéireolaíoch (an víreas ina iomláine) ar shampla fola;

[(1)(7)][II.4.12.5. i gcás buinní víreasaí bólachta, tástáil shéireolaíoch chun antasubstaint a bhrath;]

[(1)(8)][II.4.12.6. i gcás campalabaictéaróise ginitiúla buaibhí (*Campylobacter foetus ssp. venerealis*), tástáil ar shampla d'eiseamal forchraicneach;]

[(1)(8)][II.4.12.7. i gcás triceamónóise (*Trichomonas foetus*), tástáil ar shampla d'eiseamal forchraicneach;]

II.5. Maidir leis an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

II.5.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh é i gcomhréir le ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.5.2. chuirtear i soip nó i bpacáistí eile é ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

II.5.3. aistrítear i gcoimeádán é:

II.5.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh roimh an seoladh ón lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia oifigiúil an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.5.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

[(1)(4)][II.5.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe.]

II.6. Caomhnaítear an seamhan trí antaibheathaigh a chur leis mar a leanas:

II.6.1. An t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach a leanas, ar antaibheathach nó meascán é atá éifeachtach in aghaidh campalabaictéar, leiptispioranna agus míceaplasma go háirithe, cuireadh leis an seamhan é tar éis an chaolaithe chríochnaithigh, nó tá sé sna caolaitheoirí seamhain úsáidte, chun an tiúchan a shonraítear a bhaint amach in aghaidh gach ml seamhain:

[(1)]*cibé acu* [meascán de ghentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg);]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY**

	[1]*nó* [meascán de lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);] [1]*nó* [meascán d'aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg);] [1]*nó* [antaibheathach nó meascán antaibheathach[9]……, ag a bhfuil gníomhaíocht bhaictéiriocídeach is coibhéiseach, ar a laghad, le ceann de na meascáin seo a leanas: - gentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg); - lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg); - aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg).] II.6.2. Díreach tar éis na hantaibheathaigh a chur leis, agus sula raibh aon seans reoite ann, coimeádadh an seamhan caolaithe ar theocht 5 °C ar a laghad ar feadh tréimhse nach lú ná 45 nóiméad, nó faoi chóras am-teochta le gníomhaíocht bhaictéiriocídeach choibhéiseach dhoiciméadaithe. **Nótaí** Tá an deimhniú seo beartaithe maidir le seamhan bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear i gcás nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain. I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún. **Cuid I:** Tagairt bhosca I.11: *'Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh an lárionaid bailithe seamhain a sheol an choinsíneacht seamhain. Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/index_en.htm Tagairt bhosca I.12: *'Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht seamhain á seoladh chuici. Tagairt bhosca I.19: Sonrófar uimhir an tséala. Tagairt bhosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán. Tagairt bhosca I.27: '*Cineál*': Sonraigh seamhan. '*Speiceas*': Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta. *'An dáta bailithe/táirgthe':* Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan. *'Cainníocht'*: Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY**

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(3) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin:http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/index_en.htm.

(4) Is infheidhme maidir le seamhan reoite.

(5) Is infheidhme maidir le seamhan úr agus seamhan fuaraithe.

(6) Níl sé infheidhme maidir le hainmhithe a thagann ó bhunaíocht nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus arb óige ná 2 bhliain d'aois iad dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.

(7) Is infheidhme maidir le hainmhithe séireadhiúltacha amháin.

(8) Is infheidhme maidir le tairbh a tháirgeann seamhan nó tairbh a mbíonn teagmháil acu le tairbh a tháirgeann seamhan, agus na tairbh sin amháin. Tairbh a thagann ar ais go dtí an lárionad bailithe tar éis tréimhse sosa níos mó ná 6 mhí, déanfar iad a thástáil le linn tréimhse 30 lá sula gcuirfear chun táirgeachta arís iad.

(9) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan nó ainm trádála an chaolaitheora seamhain a bhfuil na hantaibheathaigh ann.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 40

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC DE SHEAMHAN Ó BHÓ-AINMHITHE ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL TAR ÉIS 31 NOLLAIG 2004 AGUS ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021 I GCOMHRÉIR LE TREOIR 88/407/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA LEASÚ LE TREOIR 2003/43/CE ÓN GCOMHAIRLE ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'BOV-SEM-B-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** □ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-SEM-B-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas:

II.1. ……

(ainm na tíre is onnmhaireoir nó cuid di)[1]

bhí an tír saor ó phlá na mbó agus ón ngalar crúb is béil le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh bhailiú an tseamhain le honnmhairiú agus go dtí dáta a sheolta chuig an Aontas agus níor tharla aon vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin le linn na tréimhse céanna.

II.2. Maidir leis an lárionad[2] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. inar bailíodh an seamhan atá le honnmhairiú:

II.2.1. chomhlíon sé na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil I(1) d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 88/407/CEE;

II.2.2. oibríodh é agus rinneadh maoirsiú air i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil II(1) d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 88/407/CEE.

II.3. Bhí an lárionad ag ar bailíodh an seamhan atá le honnmhairiú saor ón gconfadh, ón eitinn, ón mbruisealóis, ón antrasc agus ó phliúrainiúmóine tógálach buaibheach le linn 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain a bhí le honnmhairiú agus le linn an 30 lá tar éis a bhailithe (i gcás seamhain úir go dtí dáta a sheolta chuig an Aontas).

II.4. Maidir leis na bó-ainmhithe atá ina seasamh ag an lárionad bailithe seamhain:

[3]II.4.1. tagann siad ó thréada a chomhlíonann coinníollacha mhír 1(b) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE;

II.4.2. tagann siad ó thréada nó rugadh iad do mháithreacha a chomhlíonann coinníollacha mhír 1(c) de Chaibidil I d'Iarscríbhnn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE, nó tástáladh iad ar aois 24 mhí ar a laghad i gcomhréir le mír 1(c) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Treoir sin;

II.4.3. rinneadh na tástálacha orthu is gá i gcomhréir le mír 1(d) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE sna 28 lá roimh an tréimhse leithlisithe coraintín;

II.4.4. chomhlíon an tréimhse leithlisithe coraintín agus ceanglais tástála a leagtar síos i mír 1(e) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE;

II.4.5. rinneadh, uair sa bhliain ar a laghad, na tástálacha gnáthúla orthu dá dtagraítear i gCaibidil II d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE.

II.5. Fuarthas an seamhan atá le honnmhairiú ó thairbh bhronntacha:

II.5.1. a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn C de Threoir 88/407/CEE;

[4]*cibé acu* [II.5.2. d'fhan siad sa tír is onnmhaireoir ar feadh na 6 mhí ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain atá le honnmhairiú;

[4]*nó* [II.5.2. d'fhan siad sa tír is onnmhaireoir ar feadh 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain ón uair a tugadh isteach iad agus a allmhairíodh iad ó…….[1] le linn na tréimhse is lú ná 6 mhí í roimh bhailiú an tseamhain agus shásaigh na coinníollacha sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le hainmhithe bronntacha an tseamhain a bhfuil sé beartaithe é a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach;]

II.5.3. comhlíonann siad ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le gormtheanga, mar a mhionsonraítear sa tábla i bpointe I.27.:

[4]*cibé acu* [II.5.3.1. coimeádadh i dtír nó i gcrios iad atá saor ón víreas gormtheanga ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, agus lena linn sin;]

[4]*agus/nó* [II.5.3.2. coimeádadh iad le linn tréimhse atá saor go séasúrach ón víreas gormtheanga i gcrios atá saor go séasúrach ar feadh 60 lá ar a laghad roimh, agus roimh bhailiú an tseamhain, agus lena linn sin;]

[4]*agus/nó* [II.5.3.3. coimeádadh i mbunaíocht iad atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, agus lena linn sin;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-SEM-B-ENTRY

[(4)]*agus/nó* [II.5.3.4. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaint maidir le séireaghrúpa an víris ghormtheanga a bhrath, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE, agus torthaí diúltacha uirthi, gach 60 lá ar a laghad le linn na tréimhse bailiúcháin agus idir 21 agus 60 lá tar éis an bhailiúcháin chríochnaithigh don choinsíneacht seamhain sin;]

[(4)]*agus/nó* [II.5.3.5. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin iad le haghaidh víreas gormtheanga, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí fola arna dtógáil ag tosú agus ag bailiú críochnaitheach na coinsíneachta seamhain sin agus gach 7 lá ar a laghad (tástáil scoite víreas) nó gach 28 ar a laghad, má dhéantar mar imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) í, le linn bhailiú na coinsíneachta seamhain sin;]

II.5.4. comhlíonann siad ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHD), mar a mhionsonraítear sa tábla i bpointe I.27.:

[(4)]*cibé acu* [II.5.4.1. bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir atá saor, de réir torthaí oifigiúla, ó víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHD);]

[(4)][(5)]*agus/nó* [II.5.4.2. bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHD) de réir torthaí oifigiúla: …… agus rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, dá bhfuarthas torthaí diúltacha i ngach cás, arna ndéanamh i saortharlann fhormheasta:

[(4)]*cibé acu* [II.5.4.2.1. tástáil shéireolaíoch[(6)] chun antasubstaint maidir le séireaghrúpa an víris EHD a bhrath, arna déanamh ar shamplaí fola arna dtógáil ar dhá ócáid tráth nach mó ná 12 mhí ó chéile iad roimh bhailiú na coinsíneachta seamhain sin agus tráth nach lú ná 21 lá dá éis sin;]]

[(4)]*agus/nó* [II.5.4.2.2. tástáil shéireolaíoch[(6)] chun antasubstaint maidir le séireaghrúpa an víris EHD a bhrath, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil ar eatraimh nach mó ná 60 lá le linn na tréimhse bailiúcháin agus idir 21 agus 60 lá tar éis an bhailiúcháin chríochnaithigh don choinsíneacht seamhain sin.]]

[(4)]*agus/nó* [II.5.4.2.3. tástáil sainaitheantais oibreáin[(6)] arna déanamh ar shamplaí fola arna dtógáil ag tosú agus ag críochnú an bhailiúcháin, agus gach 7 lá ar a laghad (tástáil scoite víreas) nó gach 28 lá ar a laghad, má dhéantar mar ISP í, le linn an bhailiúcháin don choinsíneacht seamhain sin.]]

II.6. Bailíodh an seamhan atá le honnmhairiú tar éis an dáta ar fhormheas údaráis náisiúnta inniúla na tíre is onnmhaireoir an lárionad.

II.7. Próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh an seamhan atá le honnmhairiú faoi choinníollacha lena gcomhlíontar téarmaí Threoir 88/407/CEE.

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe maidir le seamhan bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear i gcás nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-SEM-B-ENTRY**

Cuid I:

Bosca I.6: *'An tOibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht'*: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.11: Beidh *'Áit seolta'* ag freagairt don lárionad bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 88/407/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/index_en.htm agus inar bailíodh an seamhan.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.21: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.22: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: *'Speiceas'*: Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison' nó 'Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí.

Beidh an uimhir aitheantais ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Sonrófar 'Dáta bailithe/táirgthe' san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Beidh *'Cainníocht'* ag freagairt do líon na sop seamhain arna bhailiú ar dháta áirithe ó tharbh bronntach sainaitheanta a chomhlíonann coinníollacha áirithe maidir le gormtheanga agus EHD.

Cuid II:

(1) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le seamhan bó-ainmhithe, agus an tríú tír, críoch nó crios sin amháin.

(2) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 88/407/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/index_en.htm.

(3) I gcás na Nua-Shéalainne, atá le feiceáil agus lena mbaineann an tabhairt isteach le 'XII' i gcolún 6 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún (IO L 73, 20.3.2010, lch. 1), measfar maidir le tréada bó-ainmhithe atá saor ón eitinn go hoifigiúil go bhfuil siad coibhéiseach le tréada bó-ainmhithe atá saor ón eitinn go hoifigiúil sna Ballstáit arna sainaithint bunaithe ar na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn A.I a ghabhann le Treoir 64/432/CEE ón gComhairle.

(4) Scrios mar is iomchuí.

(5) Éigeantach don Astráil, do Cheanada agus do Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(6) Tugtar tuairisc ar chaighdeáin maidir le tástálacha diagnóiseacha víreas EHD sa Chaibidil Ghormtheanga (2.1.3) den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 41

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC DE SHEAMHAN Ó BHÓ-AINMHITHE ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL ROIMH AN 1 EANÁIR 2005, I GCOMHRÉIR LE TREOIR 88/407/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA LEASÚ LE TREOIR 93/60/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'BOV-SEM-C-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17			
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas:

II.1. ……..

(ainm na tíre is onnmhaireoir)[1]

bhí an tír saor ó phlá na mbó agus ón ngalar crúb is béil le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh bhailiú an tseamhain atá le honnmhairiú agus go dtí dáta a sheolta agus níor tharla aon vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin le linn na tréimhse céanna.

II.2. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc thuas roimh an 31 Nollaig 2004 ag an lárionad bailithe seamhain[2]:

II.2.1. a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil I d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 88/407/CEE;

II.2.2. oibríodh agus rinneadh maoirsiú ar an lárionad i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil II d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 88/407/CEE.

II.3. Bhí an lárionad ag ar bailíodh an seamhan atá le honnmhairiú saor ón gconfadh, ón eitinn, ón mbruisealóis, ón antrasc agus ó phliúrainiúmóine tógálach buaibheach le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain atá le honnmhairiú agus le linn na 30 lá tar éis a bhailithe.

II.4. Tráth bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc thuas, b'amhlaidh maidir le gach bó-ainmhí a bhí ina seasamh ag an lárionad bailithe seamhain:

II.4.1. tháinig siad ó thréada agus/nó rugadh do mháithreacha iad lena gcomhlíontar coinníollacha mhír 1(b) agus (c) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE;

II.4.2. fuair siad torthaí diúltacha, laistigh den 30 lá roimh an tréimhse leithlise coraintín:

– ar na tástálacha dá dtagraítear i bpointe 1(d)(i), (ii) agus (iii) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE, agus

– ar thástáil neodraithe séirim nó ar thástáil ELISA le haghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, agus

– ar thástáil scoite víreas (tástáil antasubstaintí fluaraiseacha nó tástáil imdhíonsárocsaíodáise) le haghaidh buinneach víreasach bhólachta, arna cur siar go dtí gur bhain an t-ainmhí 6 mhí d'aois amach i gcás ainmhithe níos óige;

II.4.3. chuir siad an tréimhse choraintín leithlise 30 lá isteach agus fuair toradh diúltach ar na tástálacha sláinte seo a leanas:

– tástáil shéireolaíoch le haghaidh bruisealóise arna déanamh i gcomhréir leis an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 64/432/CEE;

– cibé acu, tástáil le haghaidh antasubstaintí fluaraiseacha nó tástáil chultúir le haghaidh ionfhabhtú le *Campylobacter fetus* ar shampla d'ábhar forchraicneach nó de sciúradh faighne saorga, nó, i gcás ainmhí bhaininn, tástáil gleanúna múcais faighne;

– scrúdu micreascópach agus tástáil chultúir le haghaidh *Trichomonas foetus* ar shampla d'ábhar forchraicneach nó de sciúradh faighne saorga, nó i gcás ainmhí bhaininn, tástáil gleanúna múcais faighne;

II.4.4. a fuair toradh diúltach, uair sa bhliain ar a laghad, ar na tástálacha gnáthúla dá dtagraítear i bpointí 1(a), (b) agus (c) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 88/407/CEE.

II.5. Tráth bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,

II.5.1. fuair gach bó-ainmhí baineann sa lárionad toradh diúltach ar thástáil uair sa bhliain ar a laghad de bharr tástáil gleanúna múcais faighne le haghaidh ionfhabhtú le *Campylobacter fetus*, agus

II.5.2. fuair gach tarbh arna úsáid chun seamhan a tháirgeadh toradh diúltach ar thástáil antasubstaintí fluaraiseacha nó tástáil chultúir le haghaidh dionfhabhtú *Campylobacter fetus* ar shampla d'ábhar forchraicneach nó de sciúradh faighne saorga arna déanamh le linn an 12 mhí roimh bhailiú.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY
	II.6. Fuarthas an seamhan atá le honnmhairiú ó thairbh bhronntacha II.6.1. a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn C de Threoir 88/407/CEE; (3)*cibé acu* [II.6.2. a raibh cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir le linn na 6 mhí díreach roimh bhailiú an tseamhain lena onnmhairiú;] (3)*nó* [II.6.2. a allmhairíodh ó……(1) tar éis dóibh tréimhse ba lú ná 6 mhí a chaitheamh sa tír is onnmhaireoir agus tráth an allmhairithe, a chomhlíon na coinníollacha sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le hainmhithe bronntacha an tseamhain a bhfuil sé beartaithe é a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach;] II.6.3. atá ina seasamh i lárionad bailithe seamhain: (3)*cibé acu* [nár vacsaíníodh gach bó-ainmhí ann in aghaidh rineatraicéítis tógálaigh buaibhigh agus fuair siad toradh diúltach uair sa bhliain ar a laghad ar thástáil neodraithe séirim nó ar thástáil ELISA le haghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch;] (3)*nó* [fuair bó-ainmhithe nár vacsaíníodh in aghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach toradh diúltach, uair sa bhliain ar a laghad ar thástáil neodraithe séirim nó ar thástáil ELISA le haghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, tráth nach ndearnadh tástáil le haghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach ar thairbh a fuair a chéad vacsaíniú in aghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach ag an lárionad inseamhnaithe tar éis dóibh toradh diúltach a fháil ar thástáil neodraithe séirim nó tástáil ELISA le haghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus a athvacsaíníodh go tráthrialta ar eatraimh nach mó ná 6 mhí ón gcéad vacsaíniú;] (3)*cibé acu* [II.6.4. [nár vacsaíníodh in aghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach;] (3)*nó* [II.6.4. a vacsaíníodh in aghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach i gcomhréir le pointe II.6.3.,] II.6.5. a chomhlíonann na coinníollacha maidir le hallmhairiú a bhaineann le seamhan bó-ainmhithe a leagtar síos sa Chaibidil Ghormtheanga den Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid OIE, ag brath ar stádas na tíre nó ar an gcrios cónaithe;**** II.6.6. a raibh cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHD): ……..: agus a fuair toradh diúltach ar dhá ócáid nach mó ná 12 mhí ó chéile ar thástáil idirleata imdhíonach le glóthach agair(4) agus ar thástáil neodraithe víreas le haghaidh gach séiritíopa EHD dá liostaítear thuas, arna déanamh i saotharlann fhormheasta ar shamplaí fola arna dtógáil roimh agus tráth nach lú ná 21 lá tar éis bhailiú an tseamhain;** II.6.7. a raibh cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHD): ……..: agus a fuair toradh diúltach, roimh thabhairt isteach dóibh agus ar eatraimh 6 mhí, ar thástáil idirleata imdhíonach le glóthach agair(4) agus tástáil neodraithe víreas le haghaidh gach séiritíopa EHD dá liostaítear thuas, arna déanamh i saotharlann fhormheasta;** II.6.8. a fuair toradh diúltach ar dhá ócáid nach mó ná 12 mhí ó chéile ar thástáil neodraithe séirim le haghaidh víreas Akabane arna déanamh i saotharlann fhormheasta ar shamplaí fola arna dtógáil roimh agus tráth nach lú ná 21 lá tar éis bhailiú an tseamhain.* II.7. Bailíodh an seamhan atá le honnmhairiú tar éis an dáta ar fhormheas údaráis náisiúnta inniúla na tíre is onnmhaireoir an lárionad. II.8. Próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh an seamhan atá le honnmhairiú faoi choinníollacha lena gcomhlíontar téarmaí Threoir 88/407/CEE roimh leasú na Treorach sin le Treoir 2003/43/CE. **Nótaí** Tá an deimhniú seo beartaithe maidir le seamhan bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear i gcás nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-SEM-A-ENTRY**

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.6: *'An tOibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht'*: Níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.11: Beidh *'Áit seolta"* ag freagairt don lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

Bosca I.12: *'Ceann scríbe'*: Níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.21: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.22: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: Beidh an uimhir aitheantais ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Beidh *'Dáta bailithe/táirgthe'* roimh an 31 Nollaig 2004 agus sonrófar san fhormáid seo a leanas é: (ll/mm/bbbb).

Beidh *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchana/na bunaíochta/an lárionaid'* ag freagairt d'uimhir formheasa an lárionaid bailithe seamhain fhormheasta inar bailíodh an seamhan.

Cuid II:

(1) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le seamhan bó-ainmhithe, agus an tríú tír, críoch nó crios sin amháin.

(2) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 88/407/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/index_en.htm.

(3) Scrios mar is iomchuí.

(4) Tugtar tuairisc ar chaighdeáin maidir le tástálacha diagnóiseacha víreas EHD sa Chaibidil Ghormtheanga den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún.

**** Le húsáid ag an Astráil, ag Ceanada agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá amháin.

*** Le húsáid ag an Astráil agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá amháin.

** Le húsáid ag Ceanada amháin.

* Le húsáid ag an Astráil amháin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 42

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD D'ÚICÍTÍ AGUS DE SHUTHANNA BÓ-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/692 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA A BHAILIGH NÓ A THÁIRG NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA (SAMHAIL 'BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha					
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**		**II.a**	**Tagairt an deimhnithe**	**II.b** **Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá na húicítí[1]/ na suthanna arna ndíorthú*in vivo*[1]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1]/ na suthanna micri-ionramháilte[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe d'atáirgeadh saorga agus fuarthas iad ó ainmhithe bronntacha a thagann ó thríú tír, ó chríoch nó ó chrios di

II.1.1. údaraithe maidir le húicítí[1]/ suthanna[1] bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[1]*cibé acu* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

[1]*nó* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[2]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;

II.1.4. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ná pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1], agus go dtí dáta a seolta, agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch nó sa chrios di le linn na tréimhse sin.

[1][II.2. Bhailigh, phróiseáil agus stóráil, agus sheol an fhoireann bailithe suthanna na suthanna arna ndíorthú *in vivo* ar a dtugtar tuairisc i gCuid I[3]

II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.]

[1][II.2. Rinneadh na húicítí[1]/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil ag an bhfoireann táirgthe suthanna[3]

II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCodanna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.]

II.3. Fuarthas na húicítí[1]/ na suthanna[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha a thagann ó bhunaíochtaí

II.3.1. atá saor ó ionfhabhtú le *coimpléasc* Mycobacterium tuberculosis (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*), agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht lena mbaineann stádas sláinte níos ísle;

II.3.2. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

[1]*cibé acu* [II.3.3. atá saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;]

[1]*nó* [II.3.3. nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach agus go bhfuil deimhniú déanta ag tréidlia oifigiúil na bunaíochta tionscnaimh nach raibh aon chás cliniciúil de liúcóis bhólachta eansótach ann le linn na tréimhse 3 bliana roimhe sin ar a laghad;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	[(1)]*cibé acu* [II.3.4. atá saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht lena mbaineann stádas sláinte níos ísle;]
	[(1)]*nó* [II.3.4. nach bhfuil saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch agus go bhfuil deimhniú déanta ag tréidlia oifigiúil na bunaíochta tionscnaimh nach raibh aon chás cliniciúil de rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch ann le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin ar a laghad;]
	II.3.5. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ann le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiú[(1)]/ tháirgeadh[(1)] na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)], agus
	[(1)]*cibé acu* [nár tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí sa 2 bhliain roimh bhailiú[(1)]/tháirgeadh[(1)] na n-úicítí[(1)]/suthanna[(1)];]
	[(1)]*nó* [gur tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí sa 2 bhliain roimh bhailiú[(1)]/tháirgeadh[(1)] na n-úicítí[(1)]/na suthanna[(1)] agus gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí go dtí – gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht, agus – gur cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht;]
	II.4. Fuarthas na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha
	II.4.1. nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh;
	II.4.2. a d'fhan ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe[(1)]/ táirgthe[(1)] na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcrios di dá dtagraítear i mBosca I.7.;
	II.4.3. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe[(1)]/ táirgthe[(1)] na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] agus le linn na tréimhse bailiúcháin
	II.4.3.1. coimeádadh iad i mbunaíochtaí nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach nó galar an chraicinn chnapánaigh nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha do na bó-ainmhithe;
	II.4.3.2. a coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin nár tuairiscíodh inti ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis* coimpléasc (*M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*), confadh, antrasc, surra *(Trypanosoma evansi),* liúcóis bhólachta eansótach, rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, buinneach víreasach bhólachta, ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);
	II.4.3.3. ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá lonnaithe i gcrios srianta mar gheall gurbh ann do ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.3.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.4.3.2.;
	II.4.3.4. níor úsáideadh le haghaidh pórúchán nádúrtha iad;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	II.4.4. a ndearna tréidlia na foirne nó comhalta foirne scrúdú orthu agus nár thaispeáin siad siomptóim ná comharthaí cliniciúla galar ainmhithe in-tarchurtha ar lá bailithe[1]/táirgthe[1] na n-úicítí[1]/na suthanna[1]; II.4.5. atá sainaitheanta go haonarach mar a fhoráiltear in Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún; II.4.6. a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas maidir leis an ngalar crúb is béil II.4.6.1. tagann siad ó bhunaíochtaí – atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 láraithe ar an mbunaíocht ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad díreamh roimh dháta bailithe[1]/ táirgthe[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1]; – nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad díreach roimh dháta bailithe[1]/ táirgthe[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1]; [1]*cibé acu* [II.4.6.2. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil;] [1][4]*nó* [II.4.6.2. vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil le linn na tréimhse 12 mí díreach roimh dháta bailithe na suthanna agus II.4.6.2.1. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil laistigh den tréimhse 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na suthanna; II.4.6.2.2. bailíodh an seamhan a úsáideadh ar mhaithe le toirchiú ó ainmhí fireann bronntach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1(b) de Chaibidil I de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 nó comhlíonann an seamhan na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 2 de Chaibidil I de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686; II.4.6.2.3. roimh reo dóibh, rinneadh glanadh tripsine ar na suthanna arna dhéanamh i gcomhréir le moltaí Lámhleabhar IETS[5]; II.4.6.2.4. stóráladh na suthanna íosreoite ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ón dáta bailithe, agus le linn na tréimhse sin, níor thaispeáin an t-ainmhí bronntach aon chomhartha sóirt cliniciúil den ghalar crúb is béil;] [1][6][II.4.7. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24): [1]*cibé acu*[II.4.7.1. coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn i dtríú tír, críoch nó crios di atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcás nár deimhníodh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le linn na 24 mhí roimhe sin sa daonra ainmhithe spriocdhírithe;] [1]*agus/nó* [II.4.7.2. coimeádadh iad i gcrios a bhíonn saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse sin nach mbíonn galar de chineál séasúrach ann, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú na n-úicítí, i dtríú tír, críoch nó crios di a bhfuil clár díothaithe formheasta ann in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	[(1)*agus/nó* [II.4.7.3. coimeádadh iad i gcrios a bhíonn saor ó ghalar de chineál séasúrach, le linn na tréimhse sin nach mbíonn galar de chineál séasúrach ann, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú na n-úicítí, i dtríú tír, críoch nó crios di ina bhfuair údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta úicítí(1)/suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*(1) toiliú scríofa ó údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe roimh ré maidir leis na coinníollacha chun an crios sin a bhíonn saor ó ghalar de chineál séasúrach a bhunú agus chun go nglacfaí le coinsíneacht na n-úicítí(1)/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*(1);] [(1)*agus/nó* [II.4.7.4. coimeádadh i mbunaíocht iad atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn sin;] [(1)*agus/nó* [II.4.7.5. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí maidir le séireaghrúpa 1-24 an víris gormtheanga a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, idir 28 agus 60 lá ó dháta gach bailiúcháin úicítí;] [(1)*agus/nó* [II.4.7.6. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil ar lá bailithe na n-úicítí;]] [(1)(6)[II.4.8. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (séiritíopaí 1-7) (EHDV 1-7): [(1)*cibé acu*[II.4.8.1. coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú na n-úicítí, i dtríú tír, críoch nó crios di nár tuairiscíodh EHDV 1-7 ar feadh na tréimhse 2 bhliain roimhe ar a laghad laistigh de gha 150 km ón mbunaíocht;] [(1)*agus/nó* [II.4.8.2. coimeádadh i mbunaíocht iad atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn sin;] [(1)*agus/nó* [II.4.8.3. bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de EHDV de réir torthaí oifigiúla: …… agus cuireadh faoi na tástálacha seo a leanas iad, agus torthaí diúltacha orthu i ngach cás, agus rinneadh na tástálacha i saotharlann oifigiúil: [(1)*cibé acu* [II.4.8.3.1.tástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí EHDV 1-7 a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil idir 28 agus 60 lá ó dháta bailithe na n-úicítí;]] [(1)*agus/nó* [II.4.8.3.2. tástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh EHDV 1-7, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil ar lá bailithe na n-úicítí.]]] [(1)(6)[II.4.9. comhlíonann siad na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i gCaibidil III de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;] II.5. Maidir leis na húicítí(1)/na suthanna(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I II.5.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid 2(1)/Cuid 3(1)/Cuid 4(1)/Cuid 5(1) agus Cuid 6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686; II.5.2. cuirtear i soip nó i bpacáistí eile é ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY

II.5.3. aistrítear i gcoimeádán iad:

II.5.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh sular sheol an fhoireann bailithe nó táirgthe suthanna é faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.5.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

(1)(7)[II.5.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe sin;]

(1)(8)[II.5.4. a chuirtear i soip nó i bpacáistí eile a shéalaítear go daingean heirméiteach;

II.5.5. a aistrítear i gcoimeádán ina gcoinnítear iad amach óna chéile le hurranna fisiciúla nó trína gcur i málaí cosanta tánaisteacha.]

(1)(9)[II.6. Gineadh na suthanna arna ndíorthú *in vivo*(1)/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*(1)/ na suthanna micri-ionramháilte(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I trí atáirgeadh saorga trí sheamhan a úsáid a thagann ó lárionad bailithe seamhain, ó bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha nó ó lárionad stórála táirgí geirmeacha a d'fhormheas údarás inniúil tríú tír, críche nó creasa di nó údarás inniúil Ballstáit, chun seamhan a bhailiú, a phróiseáil agus/nó a stóráil, a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le seamhan bó-ainmhithe.]

(1)(10)[II.7. Cuireadh an t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach seo a leanas(11) leis na córacha bailithe, próiseála, níocháin nó stórála: ……]

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: *'Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a sheol an choinsíneacht úicítí nó suthanna. Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin:
http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

Tagairt bhosca I.12: *'Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht úicítí nó suthanna á seoladh chuici.

Tagairt bhosca I.19: Sonrófar uimhir an tséala.

Tagairt bhosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY**

Tagairt bhosca I.27:

'*Speiceas*': Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí.

'Cineál': Sonraigh más úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte iad.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta atá á seoladh.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(3) Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

(4) Níl an rogha seo ar fáil ach i gcás coinsíneachta suthanna arna ndíorthú *in vivo*.

(5) Lámhleabhar an Chumainn Aistrithe Suthanna Idirnáisiúnta — treoir nós imeachta agus faisnéis ghinearálta maidir le teicneolaíocht a bhaineann le haistriú suthanna a úsáid ina leagtar béim ar nósanna imeachta sláintíochta, lámhleabhar a d'fhoilsigh an Cumann Aistrithe Suthanna Idirnáisiúnta 1 111 North Dunlap Avenue, Savoy, Illinois 61 874 USA (http://www.iets.org/).

(6) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht úicítí agus suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*.

(7) Is infheidhme maidir le húicítí nó suthanna reoite.

(8) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht ina ndéantar úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* agus suthanna micri-ionramháilte bó-ainmhithe a chur agus a iompar in aon choimeádán amháin.

(9) Níl feidhm aige maidir le húicítí.

(10) Deimhniú éigeantach i gcás inar cuireadh antaibheathaigh leis.

(11) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 43

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC SUTHANNA BÓ-AINMHITHE ARNA NDÍORTHÚ *IN VIVO* Ó BHÓ-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021 I GCOMHRÉIR LE TREOIR 89/556/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 AG AN BHFOIREANN BAILITHE SUTHANNA A BHAILIGH NA SUTHANNA (SAMHAIL 'BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**	

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a**	**Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, tréidlia oifigiúil…….……..……..…… a bhfuil m'ainm anseo thíos, an méid seo a leanas:

(an tír is onnmhaireoir)[1]

II.1. Na suthanna atá le honnmhairiú:

II.1.1. bailíodh iad sa tír is onnmhaireoir, arb amhlaidh maidir léi de réir torthaí oifigiúla:

II.1.1.1. bhí an tír saor ó phlá na mbó le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh bhailiú dóibh;

[2]*cibé acu* [II.1.1.2. a bhí saor ón ngalar crúb is béil agus ó ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh bhailiú dóibh agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse sin.]

[2]*nó* [II.1.1.2. ní raibh an tír saor ón ngalar crúb is béil ná ó ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh bhailiú dóibh ná nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse, agus:

- ní dheachthas isteach i zona pellucide na suthanna,
- stóráladh na suthanna faoi choinníollacha formheasta ar feadh 30 lá ar a laghad díreach tar éis a mbailithe,
- tagann na hainmhithe bronntacha baineanna ó ghabháltais nár vacsaíníodh aon ainmhí in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh iontu le linn an 30 lá roimh bhailiú dóibh agus níor thaispeáin aon ainmhí de speiceas soghabhálach comharthaí cliniciúla den ghalar crúb is béil ná de ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn an 30 lá roimh bhailiú na suthanna, agus ar feadh an 30 lá dá éis sin.]

II.1.2. bhailigh an fhoireann bailithe suthanna iad[3] agus maidir leis an bhfoireann sin:

- formheasadh í i gcomhréir le Caibidil I d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;
- rinne sí bailiú, próiseáil, stóráil agus iompar na suthanna i gcomhréir le Caibidil II d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;
- rinne tréidlia oifigiúil iniúchadh faoi dhó sa bhliain ar a laghad uirthi.

II.1.3. a bailíodh agus a próiseáladh ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad láraithe orthu, nár tharla de réir torthaí oifigiúla aon chás den ghalar crúb is béil, galar fuilreatha eipeasótaigh, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná de ghalar an chraicinn chnapanaigh sna 30 lá díreach roimh bhailiú dóibh agus go dtí tráth a seolta chuig an Aontas, i gcás suthanna úra, nó le linn an 30 lá i ndiaidh a mbailithe, i gcás suthanna nach mór a stóráil go héigeantach ar feadh 30 lá ar a laghad i gcomhréir le pointe II.1.1.2.

II.1.4. ó thráth a mbailithe go dtí 30 lá dá éis sin, nó i gcás suthanna úra go dtí lá a seolta chuig an Aontas, stóráladh iad ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad láraithe orthu, nár tharla de réir torthaí oifigiúla aon chás ann den ghalar crúb is béil, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh.

II.1.5. bailíodh iad ó na hainmhithe bronntacha baineanna:

II.1.5.1. a bhí lonnaithe, le linn an 30 lá díreach roimh bhailiú dóibh, ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad láraithe orthu, nár tharla, de réir torthaí oifigiúla, aon chás den ghalar crúb is béil, gormtheanga, víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapanaigh;

II.1.5.2. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil galair ar lá a mbailithe;

II.1.5.3. a chaith na 6 mhí díreach roimh bhailiú dóibh laistigh de chríoch na tíre is onnmhaireoir i nach mó ná dhá thréad:

- a bhí, de réir torthaí oifigiúla, saor ón eitinn le linn an ama sin,
- a bhí, de réir torthaí oifigiúla, saor ón mbruisealóis le linn an ama sin,
- a bhí saor ó liúcóis bhólachta eansótach nó nár thaispeáin aon bhó-ainmhí ann aon chomhartha cliniciúil de liúcóis bhólachta eansótach le linn na 3 bliana roimhe sin,
- nár thaispeáin aon bhó-ainmhí ann aon chomhartha cliniciúil de rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch le linn an 12 mhí roimhe sin.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY
	II.1.6. Gineadh na suthanna atá le honnmhairiú trí atáirgeadh saorga trí sheamhan a úsáid a thagann ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain arna bhformheas maidir le seamhan a bhailiú, a phróiseáil agus/nó a stóráil ag údarás inniúil tríú tír nó cuid di a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/630/AE[4] nó ag údarás inniúil Ballstáit. **Nótaí** Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh suthanna bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na suthanna. I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún. **Cuid I:** Bosca I.6: '*An tOibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht'*: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é. Bosca I.11: Beidh '*Áit seolta'* ag freagairt don fhoireann bailithe suthanna óna seoltar na suthanna chuig an Aontas agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm. Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala. Bosca I.21: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann. Bosca I.22: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann. Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán. Bosca I.27: '*Speiceas'*: Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison' nó 'Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí. *'Cineál*': Roghnaigh 'suthanna arna ndíorthú *in vivo*'. Beidh an uimhir aitheantais ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí. *Sonrófar 'Dáta bailithe/táirgthe'* san fhormáid seo a leanas: ll.mm.bbbb Beidh *'uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid'* ag freagairt don fhoireann bailithe suthanna a bhailigh, a phróiseáil agus a stóráil na suthanna; agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY**

	Cuid II: (1) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le suthanna bó-ainmhithe, agus an tír, críoch nó crios sin amháin. (2) Scrios de réir mar is iomchuí. (3) Foirne bailithe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm. (4) IO L 247, 24.9.2011, lch. 32.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 44

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC SUTHANNA BÓ-AINMHITHE ARNA DTÁIRGEADH *IN VITRO* ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021 I GCOMHRÉIR LE TREOIR 89/556/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA NGINIÚINT LE SEAMHAN A CHOMHLÍONANN CEANGLAIS THREOIR 88/407/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 AG AN BHFOIREANN TÁIRGTHE SUTHANNA A THÁIRG NA SUTHANNA (SAMHAIL 'BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="3">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="15">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2 Tagairt an deimhnithe

I.3 Príomhúdarás Inniúil

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9 An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10 An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td>I.12 Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3">Áit luchtaithe</td><td>I.14 Dáta agus am imeachta</td><td></td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair

Aitheantas</td><td colspan="2">I.16 Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach
I.17</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td colspan="2">□ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="5">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="5">Deimhnithe mar nó le haghaidh
□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="3">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.22 □ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, tréidlia oifigiúil……..…….....……..… a bhfuil m'ainm anseo thíos, an méid seo a leanas:

(an tír is onnmhaireoir)[1]

II.1. Na suthanna atá le honnmhairiú:

II.1.1. táirgeadh iad sa tír is onnmhaireoir, arb amhlaidh maidir léi de réir torthaí oifigiúla:

II.1.1.1. bhí an tír saor ó phlá na mbó le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh tháirgeadh dóibh;

[2]*cibé acu* [II.1.1.2. bhí an tír saor ón ngalar crúb is béil agus ó ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh tháirgeadh dóibh agus ní dhearna vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse sin.]

[2]*nó* [II.1.1.2. ní raibh an tír saor ón ngalar crúb is béil ná ó ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh tháirgeadh dóibh ná ní dhearna vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse sin, agus

– táirgeadh na suthanna gan dul isteach in zona pellucida,
– stóráladh na suthanna faoi choinníollacha formheasta ar feadh 30 lá ar a laghad díreach tar éis a dtáirgthe,
– tagann na hainmhithe bronntacha baineanna ó ghabháltais nár vacsaíníodh aon ainmhí in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh ann le linn an 30 lá roimh bhailiú dóibh agus níor thaispeáin aon ainmhí de speiceas soghabhálach comharthaí cliniciúla den ghalar crúb is béil ná de ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn an 30 lá roimh bhailiú na n-úicítí, agus ar feadh an 30 lá ar a laghad dá éis sin.]

II.1.2. tháirg an fhoireann táirgthe suthanna[3] iad agus maidir leis an bhfoireann sin:

– formheasadh í i gcomhréir le Caibidil I d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;
– rinne sí bailiú, próiseáil, stóráil agus iompar na suthanna i gcomhréir le Caibidil II d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;
– rinne tréidlia oifigiúil iniúchadh faoi dhó sa bhliain ar a laghad uirthi.

II.2. Bailíodh na húicítí a úsáideadh i dtáirgeadh na suthanna atá le honnmhairiú ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad láraithe orthu, nár tharla de réir torthaí oifigiúla aon chás ann den ghalar crúb is béil, galar fuilreatha eipeasótach, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh sna 30 lá díreach roimh bhailiú dóibh agus go dtí tráth a seolta chuig an Aontas, i gcás suthanna úra, nó le linn an 30 lá tar éis a mbailithe, i gcás suthanna nach mór a stóráil go héigeantach ar feadh 30 lá ar a laghad i gcomhréir le pointe II.1.1.2.

II.3. Ó thráth bailithe na n-úicítí go dtí 30 lá dá éis sin, nó i gcás suthanna úra, go dtí lá a seolta, stóráladh na suthanna atá le honnmhairiú ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad láraithe orthu, nár tharla de réir torthaí oifigiúla aon chás ann den ghalar crúb is béil, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh.

II.4. Maidir le hainmhithe bronntacha na n-úicítí a úsáidtear i dtáirgeadh na suthanna atá le honnmhairiú:

II.4.1. bhí siad lonnaithe, le linn an 30 lá díreach roimh bhailiú na n-úicítí, ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad, nár tharla, de réir torthaí oifigiúla, aon chás ann den ghalar crúb is béil, gormtheanga, galar fuilreatha eipeasótach, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapanaigh;

II.4.2. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil galair ar lá a mbailithe;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY

II.4.3. a chaith na 6 mhí díreach roimh bhailiú dóibh laistigh de chríoch na tíre is onnmhaireoir i nach mó ná dhá thréad:

- a bhí, de réir torthaí oifigiúla, saor ón eitinn le linn an ama sin,
- a bhí, de réir torthaí oifigiúla, saor ón mbruisealóis le linn an ama sin,
- a bhí saor ó liúcóis bhólachta eansótach nó nár thaispeáin aon bhó−ainmhí ann aon chomhartha cliniciúil de liúcóis bhólachta eansótach le linn na 3 bliana roimhe sin,
- nár thaispeáin aon bhó−ainmhí ann comharthaí cliniciúla de rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált−fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch le linn an 12 mhí roimhe.

[(2)]*cibé acu* [II.4.4. a coimeádadh i dtír nó i gcrios atá saor ón víreas gormtheanga ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn.]

[(2)]*nó* [II.4.4. a coimeádadh le linn tréimhse atá saor go séasúrach nó cosanta ar an veicteoir ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn, agus gur táirgeadh na suthanna gan dul isteach in *zona pellucida*, ach amháin sa chás go ndearnadh tástáil shéireolaíoch ar na hainmhithe bronntacha chun antasubstaintí maidir le grúpa na víreas gormtheanga a bhrath, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE idir 21 agus 60 lá tar éis a mbailithe agus lenar tugadh torthaí diúltacha agus stóráladh na suthanna ar feadh 30 lá ar a laghad.]

[(2)]*nó* [II.4.4. rinneadh tástáil shéireolaíoch orthu chun antasubstaintí maidir le grúpa na víreas gormtheanga a bhrath, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE idir 21 agus 60 lá tar éis a mbailithe agus lenar tugadh torthaí diúltacha, agus stóráladh na suthanna ar feadh 30 lá ar a laghad.]

[(2)]*nó* [II.4.4. rinneadh tástáil sainaitheantais oibreáin orthu, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE ar shampla fola arna thógail ar an lá bailithe nó ar an lá maraithe agus lenar tugadh torthaí diúltacha – agus táirgeadh na suthanna, sa chás deiridh, gan dul isteach in *zona pellucida*.]

II.5. Gineadh na suthanna atá le honnmhairiú trí thoirchiú *in vitro* trí sheamhan a úsáid a thagann ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain[(4)]:

[(2)]*cibé acu* [II.5.1. a formheasadh i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Threoir 88/407/CEE agus atá lonnaithe i mBallstát den Aontas Eorpach, agus comhlíonann an seamhan ceanglais Threoir 88/407/CEE.]

[(2)]*nó* [II.5.1. a formheasadh i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir 88/407/CEE agus atá lonnaithe i dtríú tír nó i gcuid di a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/630/AE, agus comhlíonann an seamhan na ceanglais a leagtar amach i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.]

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh suthanna bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na suthanna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY**

Cuid I:

Bosca I.6: '*An tOibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht*: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.11: Beidh *'Áit seolta'* ag freagairt don fhoireann táirgthe suthanna óna seoltar na suthanna chuig an Aontas agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.21: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.22: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: '*Speiceas*': Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison' nó 'Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí.

'Cineál': Roghnaigh 'suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*'.

'Uimhir aitheantais':

Beidh *'Aitheantas na máthar'* ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Beidh *'Aitheantas an athar'* ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Beidh *'uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid'* ag freagairt don fhoireann táirgthe suthanna a bhailigh, a phróiseáil agus a stóráil na suthanna; agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm

Cuid II:

(1) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le suthanna bó-ainmhithe, agus an tír, críoch nó crios sin amháin.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(3) Foirne táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

(4) Lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag údarás inniúil tríú tír, críche nó creasa di nó ag údarás inniúil Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le seamhan bó-ainmhithe, agus na lárionaid sin amháin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 45

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC SUTHANNA BÓ-AINMHITHE ARNA DTÁIRGEADH *IN VITRO* ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021 I GCOMHRÉIR LE TREOIR 89/556/CEE ÓN GCOMHAIRLE, ARNA NGINIÚINT LE SEAMHAN Ó LÁRIONAID BAILITHE NÓ STÓRÁLA SEAMHAIN ATÁ FORMHEASTA AG ÚDARÁS INNIÚIL NA TÍRE IS ONNMHAIREOIR, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 AG AN BHFOIREANN TÁIRGTHE SUTHANNA A THÁIRG NA SUTHANNA (SAMHAIL 'BOV-in-vitro-EMB-B-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**	
				I.17		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**				
		□ Táirgí geirmeacha				
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach**	
				I.23		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-in-vitro-EMB-D-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, tréidlia oifigiúil……..…….....……..… a bhfuil m'ainm anseo thíos, an méid seo a leanas:

(an tír is onnmhaireoir)[1]

II.1. Na suthanna atá le honnmhairiú

II.1.1. táirgeadh iad sa tír is onnmhaireoir, arb amhlaidh maidir léi de réir torthaí oifigiúla:

II.1.1.1 bhí an tír saor ó phlá na mbó le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh tháirgeadh dóibh;

[2]*cibé acu* [II.1.1.2. bhí an tír saor ón ngalar crúb is béil agus ó ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh tháirgeadh dóibh agus ní dhearna vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse sin.]

[2]*nó* [II.1.1.2. ní raibh an tír saor ón ngalar crúb is béil ná ó ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh tháirgeadh dóibh ná ní dhearna vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn na tréimhse sin, agus

- táirgeadh na suthanna gan dul isteach in *zona pellucida,*
- stóráladh na suthanna faoi choinníollacha formheasta ar feadh 30 lá ar a laghad díreach tar éis a dtáirgthe,
- tagann na hainmhithe bronntacha baineanna ó ghabháltais nár vacsaíníodh aon ainmhí in aghaidh an ghalair crúb is béil ná in aghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh ann le linn an 30 lá roimh bhailiú dóibh agus níor thaispeáin aon ainmhí de speiceas soghabhálach comharthaí cliniciúla den ghalar crúb is béil ná de ghalar an chraicinn chnapánaigh le linn an 30 lá roimh bhailiú na n-úicítí, agus ar feadh an 30 lá ar a laghad dá éis sin.]

II.1.2. tháirg an fhoireann táirgthe suthanna[3] iad agus maidir leis an bhfoireann sin:

- formheasadh í i gcomhréir le Caibidil I d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;
- a rinne bailiú, próiseáil, stóráil agus iompar na suthanna i gcomhréir le Caibidil II d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 89/556/CEE;
- rinne tréidlia oifigiúil iniúchadh faoi dhó sa bhliain ar a laghad uirthi.

II.2. Bailíodh na húicítí arna n-úsáid i dtáirgeadh na suthanna atá le honnmhairiú ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad láraithe orthu, nár tharla de réir torthaí oifigiúla aon chás ann den ghalar crúb is béil, galar fuilreatha eipeasótach, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh sna 30 lá díreach roimh bhailiú dóibh agus go dtí tráth a seolta chuig an Aontas, i gcás suthanna úra, nó le linn an 30 lá tar éis a mbailithe, i gcás suthanna nach mór a stóráil go héigeantach ar feadh 30 lá ar a laghad i gcomhréir le pointe II.2.2.

II.3. Ó thráth bailithe na n-úicítí go dtí 30 lá dá éis sin, nó i gcás suthanna úra, go dtí lá a seolta, stóráladh na suthanna atá le honnmhairiú ar áitreabh atá suite i limistéar dar ga 10 km ar a laghad láraithe orthu, nár tharla de réir torthaí oifigiúla aon chás ann den ghalar crúb is béil, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh.

II.4. Maidir le hainmhithe bronntacha na n-úicítí a úsáidtear i dtáirgeadh na suthanna atá le honnmhairiú:

II.4.1. bhí siad lonnaithe, le linn an 30 lá díreach roimh bhailiú na n-úicítí, ar áitreabh atá suite laistigh de limistéar dar ga 10 km ar a laghad, nár tharla de réir torthaí oifigiúla, aon chás ann den ghalar crúb is béil, gormtheanga, galar fuilreatha eipeasótach, stómaitíteas saicíneach, fiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh;

II.4.2. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil galair ar lá a mbailithe;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-in-vitro-EMB-D-ENTRY

II.4.3. a chaith na 6 mhí díreach roimh bhailiú dóibh laistigh de chríoch na tíre is onnmhaireoir i nach mó ná dhá thréad:

- a bhí, de réir torthaí oifigiúla, saor ón eitinn le linn an ama sin,
- a bhí, de réir torthaí oifigiúla, saor ón mbruisealóis le linn an ama sin,
- saor ó liúcóis bhólachta eansótach nó nár thaispeáin aon ainmhí ann comharthaí cliniciúla de liúcóis bhólachta eansótach le linn na 3 bliana roimhe,
- nár thaispeáin aon bhó-ainmhí ann aon chomhartha cliniciúil de rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch le linn an 12 mhí roimhe sin.

[(2)]*cibé acu* [II.4.4. a coimeádadh i dtír nó i gcrios atá saor ón víreas gormtheanga ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn.]

[(2)]*nó* [II.4.4. a coimeádadh le linn tréimhse atá saor go séasúrach nó cosanta ar an veicteoir ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí agus lena linn, agus gur táirgeadh na suthanna gan dul isteach in *zona pellucida*, ach amháin sa chás go ndearnadh tástáil shéireolaíoch ar na hainmhithe bronntacha chun antasubstaintí maidir le grúpa na víreas gormtheanga a bhrath, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE idir 21 agus 60 lá tar éis a mbailithe agus lenar tugadh torthaí diúltacha agus stóráladh na suthanna ar feadh 30 lá ar a laghad.]

[(2)]*nó* [II.4.4. rinneadh tástáil shéireolaíoch orthu chun antasubstaintí maidir le grúpa na víreas gormtheanga a bhrath, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE idir 21 agus 60 lá tar éis a mbailithe agus lenar tugadh torthaí diúltacha, agus stóráladh na suthanna ar feadh 30 lá ar a laghad.]

[(2)]*nó* [II.4.4. rinneadh tástáil sainaitheantais oibreáin orthu, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE ar shampla fola arna thógail ar an lá bailithe nó ar an lá maraithe agus lenar tugadh torthaí diúltacha – agus táirgeadh na suthanna, sa chás deiridh, gan dul isteach in *zona pellucida*.]

II.5. Gineadh na suthanna atá le honnmhairiú trí thoirchiú *in vitro* trí sheamhan a úsáid a thagann ó lárionaid bailithe nó stórala seamhain a d'fhormheas údarás inniúil tríú tír, críche nó cuid di nó údarás inniúil Ballstáit, chun seamhan a bhailiú, a phróiseáil agus/nó a stóráil, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/630/AE[(4)].

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh suthanna bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na suthanna.

I gcomhréir le hAirteagal 3(a) de Threoir 89/556/CEE, maidir leis na suthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* lena n-úsáidtear seamhan ó lárionaid seamhain arna bhformheas ag an tír is onnmhaireoir, arna n-allmhairiú faoi réir ag na coinníollacha a leagtar síos sa deimhniú seo, eisiatar ón trádáil laistigh den Aontas Eorpach iad.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-in-vitro-EMB-D-ENTRY**

Cuid I:

Bosca I.6: *'An tOibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht'*: Níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.11: Beidh *'Áit seolta'* ag freagairt don fhoireann táirgthe suthanna óna seoltar na suthanna chuig an Aontas agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.21: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.22: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: *'Speiceas'*: Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison' nó 'Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí.

'Cineál': Roghnaigh 'suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*'.

'Uimhir aitheantais':

Beidh *'Aitheantas na máthar'* ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Beidh *'Aitheantas an athar'* ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Beidh *'uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid'* ag freagairt don fhoireann táirgthe suthanna a bhailigh, a phróiseáil agus a stóráil na suthanna; agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

Cuid II:

(1) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le suthanna bó-ainmhithe, agus an tír, críoch nó crios sin amháin.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(3) Foirne táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 89/556/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

(4) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le seamhan bó-ainmhithe, agus an tríú tír, an chríoch nó an crios sin amháin.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 46

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE THÁIRGÍ GEIRMEACHA A LIOSTAÍTEAR THÍOS, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN MBUNAÍOCHT PRÓISEÁLA TÁIRGÍ GEIRMEACHA:

— seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle;

— úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna ndíothú *in vivo* agus arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna nginiúint trí sheamhan a úsáid lena gcomhlíontar ceanglais Threoir 88/407/CEE ón gComhairle;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna nginiúint trí sheamhan a úsáid a thagann ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain arna bhformheas ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir.

(SAMHAIL ‘BOV-GP-PROCESSING-ENTRY’)

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO

▼B

I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite
I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala	
I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**			
□ Táirgí geirmeacha				

I.21	□ **Le haghaidh iompair**	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**
	Tríú tír Cód tíre ISO	**I.23**	

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**
		I.26	

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-GP-PROCESSING-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá an bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[1] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. ar próiseáladh agus ar stóráladh ann an seamhan[2]/ na húicítí[2]/ na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[2]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[2]/ na suthanna micri-ionramháilte[2] atá le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach:

II.1.1. lonnaithe i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di

II.1.1.1. údaraithe maidir le seamhan[2]/ úicítí[2]/ suthanna[2] bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[2]*cibé acu* [II.1.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;]

[2]*nó* [II.1.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[3]…….. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;]

II.1.1.3. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;

II.1.1.4. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ná pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta, agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch nó i gcrios di le linn na tréimhse sin;

II.1.2. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.1.3. comhlíontar na ceanglais inti maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.]

II.2. Tá an seamhan[2]/ na húicítí[2]/ na suthanna[2] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe le húsáid d'atáirgeadh saorga agus

II.2.1. rinneadh é/iad a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i lárionad bailithe seamhain[2][4]/ ag foireann bailithe suthanna[2][4]/ ag foireann táirgthe suthanna[2][4], agus/nó próiseáladh agus stóráladh é/iad i mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[2][4], agus/nó stóráladh é/iad i lárionad stórála táirgí geirmeacha[2][4] lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i gCuid 1[2]/Cuid 2[2]/Cuid 3[2]/Cuid 4[2]/Cuid 5[2] d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus

[2]*cibé acu* [lonnaithe sa tír is onnmhaireoir;]

[2]*agus/nó* [lonnaithe in/i/sa……..[5], agus allmhairíodh é/iad chuig an tír is onnmhaireoir faoi choinnollacha atá ar a laghad chomh dian céanna le coinníollacha maidir le seamhan[2]/ úicítí[2]/ suthanna[2] bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;]

II.2.2. aistríodh é/iad chuig an mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. faoi choinníollacha a bhí chomh dian ar a laghad is a dtugtar tuairisc fúthu in/i/sa:

[2]*cibé acu* [Samhail BOV-SEM-A-ENTRY[4];]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-GP-PROCESSING-ENTRY

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-B-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-C-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vitro-EMB-D-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-PROCESSING-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-STORAGE-ENTRY [(4)];]]

II.2.3. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh é/iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.2.4. cuireadh é/iad i soip nó i bpacáistí eile ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

II.2.5. iompraítear i gcoimeádán é/iad:

II.2.5.1. a séalaíodh agus a uimhríodh roimh an seoladh ón mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.2.5.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

[(2)(7)][II.2.5.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe.]

[(2)(8)][II.2.6. a chuirtear i soip nó i bpacáistí eile a shéalaítear go daingean heirméiteach;

II.2.7. iompraítear i gcoimeádán é/iad ina gcoinnítear iad amach óna chéile le hurranna fisiciúla nó trína gcur i málaí cosanta tánaisteacha.]

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan, úicítí agus suthanna bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gComisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: *'Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh na bunaíochta próiseála táirgí geirmeacha a sheol an choinsíneacht seamhain, úicítí agus/nó suthanna. Bunaíochtaí próiseála táirgí geirmeacha a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na bunaíochtaí sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

Tagairt bhosca I.12: '*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta ar ceann scríbe í don choinsíneacht seamhain, úicítí agus/nó suthanna.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-GP-PROCESSING-ENTRY**

	Tagairt bhosca I.17:	'*Doiciméid tionlacain*': Beidh líon an deimhnithe/na ndeimhnithe bunaidh ag freagairt do shraithuimhir an doiciméid oifigiúil aonair/na ndoiciméad oifigiúil aonair nó an deimhnithe/na ndeimhnithe sláinte a bhí in éineacht leis an seamhan, na húicítí agus/nó na suthanna ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan, agus/nó an fhoireann bailithe agus/nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí agus/nó na suthanna, agus/nó an bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha inar próiseáladh agus stóráladh an seamhan, na húicítí agus/nó na suthanna, agus/nó an lárionad stórála táirgí geirmeacha inar stóráladh an seamhan, na húicítí nó na suthanna chuig an mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. Ní mór bunchóip/bunchóipeanna den doiciméad nó de na doiciméid sin nó den deimhniú nó de na deimhnithe sin nó na cóipeanna agus iad formhuinithe go hoifigiúil de na doiciméid chéanna a bheith i gceangal leis an deimhniú seo.
	Tagairt bhosca I.19:	Sonrófar uimhir an tséala.
	Tagairt bhosca I.24:	Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.
	Tagairt bhosca I.27:	'*Cineál':* Sonraigh más seamhan, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, úicítí arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte atá ann. *'Speiceas'*: Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan, úicítí agus/nó suthanna na coinsíneachta. *'An dáta bailithe/táirgthe':* Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh seamhan, úicítí agus/nó suthanna na coinsíneachta. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan, agus/nó na foirne bailithe agus/nó táirgthe seamhain lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí agus/nó na suthanna. *'Cainníocht'*: Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Bunaíochtaí próiseála táirgí geirmeacha a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na bunaíochtaí sin amháin:
http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

(2) Scrios murab infheidhme.

(3) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(4) Bunaíochtaí táirgí geirmeacha atá formheasta a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na bunaíochtaí sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/index_en.htm.

(5) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus na Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh, agus iad sin amháin.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-GP-PROCESSING-ENTRY**

	(6) Maidir le leagan/acha bunaidh an doiciméid/na ndoiciméad nó an deimhnithe/na ndeimhnithe sláinte nó na cóipeanna díobh atá formhuinithe go hoifigiúil a bhí in éineacht leis an seamhan, na húicítí nó na suthanna ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan, agus/nó an fhoireann bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí agus/nó na suthanna, agus/nó an bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha inar próiseáladh agus stóráladh an seamhan, na húicítí nó na suthanna, agus/nó an lárionad stórála táirgí geirmeacha inar stóráladh an seamhan, na húicítí nó na suthanna ónar seoladh seamhan, na húicítí nó na suthanna a stóráladh chuig bunaíocht próiseála táirgí geirmeacha an tseamhain, na n-úicítí agus/nó suthanna ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11, ní mór na doiciméid sin a bheith i gceangal leis an deimhniú sin. (7) Is infheidhme maidir le seamhan, úicítí nó suthanna reoite. (8) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht ina ndéantar seamhan, úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* agus suthanna micri-ionramháilte bó-ainmhithe a chur agus a iompar in aon choimeádán amháin.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 47

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE THÁIRGÍ GEIRMEACHA A LIOSTAÍTEAR THÍOS, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD STÓRÁLA TÁIRGÍ GEIRMEACHA:

— seamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2003/43/CE ón gComhairle, tar éis an 31 Nollaig 2004 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan bó-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil roimh an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le Treoir 88/407/CEE ón gComhairle, arna leasú le Treoir 93/60/CEE ón gComhairle;

— úicítí agus suthanna bó-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna ndíothú *in vivo* agus arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna nginiúint trí sheamhan a úsáid lena gcomhlíontar ceanglais Threoir 88/407/CEE ón gComhairle;

— stoic de shuthanna bó-ainmhithe arna dtáirgeadh *in vitro* arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 89/556/CEE roimh an 21 Aibreán 2021, arna nginiúint trí sheamhan a úsáid a thagann ó lárionaid bailithe nó stórála seamhain arna bhformheas ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir.

(SAMHAIL ‘BOV-GP-STORAGE-ENTRY’)

<table>
<tr><th colspan="3">TÍR</th><th colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</th></tr>
<tr><td rowspan="8">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td>Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a</td><td>Tagairt IMSOC</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>I.3</td><td>Príomhúdarás Inniúil</td><td colspan="2" rowspan="2">CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td>Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td>An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>I.7</td><td>An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td>An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>I.8</td><td>An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td>An réigiún cinn scríbe Cód</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>I.11</td><td>Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td>Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>I.13</td><td>Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td>Dáta agus am imeachta</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td rowspan="2"></td><td>I.15</td><td>Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td>Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>I.17</td><td>Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

▼B

I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite
I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala	
I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**			
□ Táirgí geirmeacha				

I.21	□ **Le haghaidh iompair**	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**
	Tríú tír Cód tíre ISO	**I.23**	

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	

I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód CN Cineál	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	Uimhir aitheantais An dáta bailithe/táirgthe	Cainníocht Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-GP-STORAGE-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**		**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**	

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá an lárionad stórála táirgí geirmeacha[1] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. ar stóráladh inti an seamhan[2]/ na húicítí[2]/ na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[2]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[2]/ na suthanna micri-ionramháilte[2] atá le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach:

II.1.1. lonnaithe i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di

II.1.1.1. údaraithe maidir le seamhan[2]/ úicítí[2]/ suthanna[2] bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[2]*cibé acu* [II.1.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;]

[2]*nó* [II.1.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[3]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;]

II.1.1.3. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ná galar an chraicinn chnapánaigh ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;

II.1.1.4. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise ná pliúrainiúmóine tógálach buaibheach ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta, agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch nó i gcrios di le linn na tréimhse sin;

II.1.2. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.1.3. comhlíontar ann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.]

II.2. Tá an seamhan[2]/ na húicítí[2]/ na suthanna[2] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe le húsáid d'atáirgeadh saorga agus

II.2.1. rinneadh é/iad a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil i lárionad bailithe seamhain[2][4]/ ag foireann bailithe suthanna[2][4]/ ag foireann táirgthe suthanna[2][4], agus/nó próiseáladh agus stóráladh é/iad i mbunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[2][4], agus/nó stóráladh é/iad i lárionad stórála táirgí geirmeacha[2][4] lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i gCuid 1[2]/Cuid 2[2]/Cuid 3[2]/Cuid 4[2]/Cuid 5[2] d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus

[2]*cibé acu* [lonnaithe sa tír is onnmhaireoir;]

[2]*agus/nó* [lonnaithe in/i/sa…….[5], agus allmhairíodh é/iad chuig an tír is onnmhaireoir faoi choinníollacha atá ar a laghad chomh dian céanna le coinníollacha maidir le seamhan[2]/ úicítí[2]/ suthanna arna ndíorthú *in vivo*[2]/ suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[2] bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE)2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;]

II.2.2. aistríodh é/iad chuig an lárionad stórála táirgí geirmeacha ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. faoi choinníollacha a bhí chomh dian ar a laghad le coinníollacha ar a dtugtar tuairisc in:

[2]*cibé acu* [Samhail BOV-SEM-A-ENTRY[4];]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe BOV-GP-STORAGE-ENTRY

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-B-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-SEM-C-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail 1 i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2011/630/AE[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail 2 i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2011/630/AE[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail 3 i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2011/630/AE[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-OOCYTES-EMB-A-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vivo-EMB-B-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vitro-EMB-C-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-in-vitro-EMB-D-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-PROCESSING-ENTRY[(4)];]

[(2)]*agus/nó* [Samhail BOV-GP-STORAGE-ENTRY[(4)];]]

II.2.3. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh é/iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.2.4. cuireadh é/iad i soip nó i bpacáistí eile ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

II.2.5. iompraítear i gcoimeádán é/iad:

II.2.5.1. a séalaíodh agus a uimhríodh roimh an seoladh ón lárionad stórála táirgí geirmeacha faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.2.5.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

[(2)(7)][II.2.5.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe.]

[(2)(8)][II.2.6. a chuirtear i soip nó i bpacáistí eile a shéalaítear go daingean heirméiteach;

II.2.7. iompraítear i gcoimeádán é/iad ina gcoinnítear iad amach óna chéile le hurranna fisiciúla nó trína gcur i málaí cosanta tánaisteacha.]

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe maidir le seamhan bó-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear i gcás nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: *'Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh an lárionaid stórála táirgí geirmeacha a sheol an choinsíneacht seamhain, úicítí agus/nó suthanna. Lárionad stórála táirgí geirmeacha a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus an lárionad sin amháin:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-GP-STORAGE-ENTRY**

	Tagairt bhosca I.12:	'*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta ar ceann scríbe í don choinsíneacht seamhain, úicítí agus/nó suthanna.
	Tagairt bhosca I.17:	'*Doiciméid tionlacain*': Beidh líon an deimhnithe/na ndeimhnithe bunaidh ag freagairt do shraithuimhir an doiciméid oifigiúil aonair/na ndoiciméad oifigiúil aonair nó an deimhnithe/na ndeimhnithe sláinte a bhí in éineacht leis an seamhan, na húicítí agus/nó na suthanna ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan, agus/nó an fhoireann bailithe agus/nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí agus/nó na suthanna, agus/nó an bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha inar próiseáladh agus stóráladh an seamhan, na húicítí agus/nó na suthanna, agus/nó an lárionad stórála táirgí geirmeacha inar stóráladh an seamhan, na húicítí nó na suthanna chuig an lárionad stórála táirgí geirmeacha ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. Ní mór bunchóip/bunchóipeanna den doiciméad nó de na doiciméid sin nó den deimhniú nó de na deimhnithe sin nó na cóipeanna agus iad formhuinithe go hoifigiúil de na doiciméid chéanna a bheith i gceangal leis an deimhniú seo.
	Tagairt bhosca I.19:	Sonrófar uimhir an tséala.
	Tagairt bhosca I.24:	Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.
	Tagairt bhosca I.27:	'*Cineál':* Sonraigh más seamhan, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, úicítí arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte atá ann. *'Speiceas'*: Roghnaigh idir '*Bos taurus*', '*Bison bison*' nó '*Bubalus bubalis*' de réir mar is iomchuí. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan, úicítí agus/nó suthanna na coinsíneachta. *'An dáta bailithe/táirgthe':* Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh seamhan, úicítí agus/nó suthanna na coinsíneachta. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan, agus/nó na foirne bailithe agus/nó táirgthe seamhain lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí agus/nó na suthanna. *'Cainníocht'*: Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Lárionaid stórála táirgí geirmeacha a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin:
http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/ova_embryos_en.htm.

(2) Scrios murab infheidhme.

(3) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(4) Bunaíochtaí táirgí geirmeacha atá formheasta a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na bunaíochtaí sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/bovine/index_en.htm.

(5) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus na Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh, agus iad sin amháin.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe BOV-GP-STORAGE-ENTRY**

	(6) Maidir le leagan/acha bunaidh an doiciméid/na ndoiciméad nó an deimhnithe/na ndeimhnithe sláinte nó na cóipeanna díobh atá formhuinithe go hoifigiúil a bhí in éineacht leis an seamhan, na húicítí nó na suthanna ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ón lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan, agus/nó an fhoireann bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí agus/nó na suthanna, agus/nó an bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha inar próiseáladh agus stóráladh an seamhan, na húicítí nó na suthanna, agus/nó an lárionad stórála táirgí geirmeacha inar stóráladh an seamhan, na húicítí nó na suthanna ónar seoladh seamhan, na húicítí nó na suthanna a stóráladh chuig lárionad stórála táirgí geirmeacha an tseamhain, na n-úicítí agus/nó suthanna ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11, ní mór na doiciméid sin a bheith i gceangal leis an deimhniú sin. (7) Is infheidhme maidir le seamhan, úicítí nó suthanna reoite. (8) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht ina ndéantar seamhan, úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* agus suthanna micri-ionramháilte bó-ainmhithe a chur agus a iompar in aon choimeádán amháin.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 48

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE SHEAMHAN AINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS AINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/692 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'OV/CAP-SEM-A-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
				I.3	**Príomhúdarás Inniúil**		
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach**		
				I.17			
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala				
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha					
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach**		
				I.23			

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe d'atáirgeadh saorga agus fuarthas é ó ainmhithe bronntacha a thionscaíonn ó thríú tír, ó chríoch nó ó chrios di

II.1.1. údaraithe chun seamhan ainmhithe den chineál caorach[1]/ainmhithe den chineál gabhair[1] a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[1]*cibé acu* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain go dtí dáta a sheolta;]

[1]*nó* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[2]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;]

II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;

II.1.4. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta, agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch ná i gcrios di le linn na tréimhse sin.

II.2. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha a thagann ó bhunaíochtaí, arb amhlaidh maidir leo roimh thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6.

II.2.1. atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an mbunaíocht ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad agus nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad, agus

[1]*cibé acu* [níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil;]

[1]*nó* [vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil iad le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta bailithe an tseamhain ach ní le linn na tréimhse 30 lá díreach roimh dháta bailithe an tseamhain, agus cuireadh 5 % (le cúig shop ar a laghad) de gach cainníocht seamhain arna tógáil ó ainmhí bronntach ag tráth ar bith faoi thástáil scoite víreas le haghaidh an ghalair crúb is béil agus torthaí diúltacha uirthi;]

II.2.2. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* agus nár coimeádadh riamh iad roimhe sin in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

[1][3][II.2.3. nár tuairiscíodh ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*) iontu le linn an 42 lá roimhe sin;]

[1][5][II.2.3. ina ndearnadh faireachas maidir le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* ar na hainmhithe den chineál gabhair arna gcoimeád ar na bunaíochtaí le linn an 12 mhí roimhe sin ar a laghad, i gcomhréir le nósanna imeachta dá bhforáiltear i bpointí 1 agus 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus i gcás, le linn na tréimhse sin, inar tuairiscíodh ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* in ainmhithe den chineál gabhair arna gcoimeád ar an mbunaíocht, go ndearnadh bearta i gcomhréir le Cuid 1(3) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY

II.2.4. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ann le linn an 30 lá roimhe sin, agus

(1)*cibé acu* [nár tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí le 2 bhliain anuas;]

(1)*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do surra sna bunaíochtaí le 2 bhliain anuas agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrian ghluaiseachta go dtí

– gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht, agus
– gur cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht faoi thástáil le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht;]

(1)(3)[II.2.5. i gcás inar fhan siad iontu ar feadh tréimhse leanúnach 60 lá ar a laghad agus i gcás nár tuairiscíodh eipididimítis chaorach (*Brucella ovis*) le linn na tréimhse 12 mhí;]

(1)(4)[II.2.6. i gcás, le linn na tréimhse 60 lá roimh dóibh fanacht sa chóiríocht choraintín, dá dtagraítear i bpointe II.4.6. ina ndearnadh tástáil shéireolaíoch orthu le haghaidh eipididimítis chaorach (*Brucella ovis*) nó aon tástáil eile lena mbaineann íogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe, dá bhfuarthas torthaí diúltacha, a éilítear i gcomhréir le pointe 1(b) de Chaibidil I de Chuid 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;]

(1)(5)[II.2.7. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* le linn na tréimhse 6 mhí.]

II.3. Rinneadh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil, agus a sheoladh ón lárionad bailithe seamhain(6)

II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.

II.4. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha

II.4.1. nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar, ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar;

II.4.2. a d'fhan ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcrios di dá dtagraítear i mBosca I.7.;

II.4.3. nár thaispeáin aon siomptóm ná comhartha cliniciúil de ghalair in-tarchurtha ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain ná ar an lá a bailíodh an seamhan;

II.4.4. atá sainaitheanta go haonarach mar a fhoráiltear in Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

II.4.5. ar feadh treimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus le linn na tréimhse bailiúcháin

II.4.5.1. coimeádadh i mbunaíochtaí iad nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar agus pliúrainiúmóine tógálach gabhar nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY
	II.4.5.2. coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin iad nár tuairiscíodh inti ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*), confadh, antrasc, surra *(Trypanosoma evansi),* ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus, i gcás ainmhithe den chineál caorach agus na n-ainmhithe den chineál gabhair sin a choimeádtar in éineacht leis na hainmhithe den chineál caorach, eipididimítis chaorach (*Brucella ovis*); II.4.5.3. nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá lonnaithe i gcrios srianta mar gheall ar tharlú na ngalar dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2.; II.4.5.4. níor úsáideadh le haghaidh pórúchán nádúrtha iad; II.4.6. cuireadh faoi choraintín iad ar feadh tréimhse 28 lá ar a laghad i gcóiríocht choraintín, áit nach raibh ann ach ainmhithe crúbscaoilte eile a raibh an stádas sláinte céanna acu ar a laghad, ar cóiríocht í a chomhlíon na coinníollacha seo a leanas ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain: II.4.6.1. nach raibh lonnaithe i gcrios teoranta arna bunú mar gheall ar ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1.; II.4.6.2. nár tuairiscíodh aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad; II.4.6.3. bhí sí lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an gcóiríocht choraintín ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad; II.4.6.4. níor tuairiscíodh an galar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta chead isteach na n-ainmhithe sa lárionad bailithe seamhain; II.4.7. coimeádadh sa lárionad bailithe seamhain iad II.4.7.1. nach raibh lonnaithe i gcrios teoranta arna bunú mar gheall ar ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1.; II.4.7.2. nár tuairiscíodh aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain, agus [1][7][30 lá ar a laghad tar éis an dáta bailithe;] [1][8][go dtí dáta seolta na coinsíneachta seamhain chuig an Aontas;] II.4.7.3. atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad; agus [1][7][saor ón ngalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus 30 lá ón dáta bailithe;] [1][8][saor ón ngalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus go dtí dáta seolta na coinsíneachta seamhain chuig an Aontas agus coimeádadh na hainmhithe bronntacha ag an lárionad bailithe seamhain sin ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe an tseamhain;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY
	II.4.8. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):
	[1]*cibé acu*[II.4.8.1. rinneadh iad a choimeád ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú an tseamhain i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcás nár deimhníodh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le linn na 24 mhí roimhe sin i bpobal ainmhithe spriocdhírithe;]
	[1]*agus/nó* [II.4.8.2. rinneadh iad a choimeád i gcrios saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú an tseamhain, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]
	[1]*agus/nó* [II.4.8.3. rinneadh iad a choimeád i gcrios atá saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse atá saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di ina bhfuil toiliú údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe faighte i scríbhinn roimh ré ag údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta seamhain, ar toiliú é leis na coinníollacha a bhaineann leis an gcrios sin atá saor ó ghalar go séasúrach a bhunú agus le glacadh leis an gcoinsíneacht seamhain;]
	[1]*agus/nó* [II.4.8.4. rinneadh iad a choimeád i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin;]
	[1]*agus/nó* [II.4.8.5. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí maidir le séireaghrúpa 1-24 an víris gormtheanga a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, idir 28 agus 60 lá ó dháta gach bailiúcháin seamhain;]
	[1]*agus/nó* [II.4.8.6. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin iad le haghaidh an víris gormtheanga (séiritíopaí 1-24), agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí fola arna dtógáil ar thosú agus ar bhailiú críochnaitheach an tseamhain agus gach 7 lá ar a laghad i gcás na tástála scoite víreas, nó gach 28 lá ar a laghad i gcás ISP, le linn an bhailiúcháin seamhain;]
	II.4.9. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (séiritíopaí 1-7) (EHDV 1-7):
	[1]*cibé acu*[II.4.9.1. rinneadh iad a choimeád ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di nár tuairiscíodh EHDV 1-7 ar feadh na tréimhse 2 bhliain roimhe ar a laghad laistigh de gha 150 km ón mbunaíocht;]
	[1]*agus/nó* [II.4.9.2. rinneadh iad a choimeád i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus lena linn sin;]
	[1]*agus/nó* [II.4.9.3. bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de EHDV de réir torthaí oifigiúla: …… agus cuireadh faoi na tástálacha seo a leanas iad, agus torthaí diúltacha orthu i ngach cás, agus rinneadh na tástálacha i saotharlann oifigiúil:
	[1]*cibé acu* [II.4.9.3.1.tástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí maidir le EHDV 1-7 a bhrath, agus torthaí diúltacha uirthi, gach 60 lá ar a laghad le linn na tréimhse bailiúcháin agus idir 28 agus 60 lá ó dháta bailithe chríochnaithigh an tseamhain;]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY
	[(1)*agus/nó* [II.4.9.3.2. tástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh EHDV 1-7, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí fola arna dtógáil ar thosú agus ar bhailiú críochnaitheach an tseamhain agus gach 7 lá ar a laghad, i gcás na tástála scoite víreas, nó gach 28 lá ar a laghad, i gcás ISP, le linn bhailiú an tseamhain.]]
	II.4.10. go ndearnadh na tástálacha seo a leanas orthu, arna ndéanamh ar shamplaí fola arna dtógáil laistigh den tréimhse 30 lá roimh thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6., agus torthaí diúltacha orthu, a éilítear i gcomhréir le pointe 1(c) de Chaibidil I de Chuid 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686:
	II.4.10.1. i gcás ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;
	[(1)(9)[II.4.10.2. i gcás eipididimítis caorach (*Brucella ovis*), tástáil shéireolaíoch nó aon tástáil eile lena mbaineann íogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe;]
	II.4.11. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, arna ndéanamh ar shamplaí fola arna dtógáil laistigh de thréimhse 21 lá ar a laghad tar éis thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6., dá bhfuarthas torthaí diúltacha, a éilítear i gcomhréir le pointe 1(d) de Chaibidil I de Chuid 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686:
	II.4.11.1. i gcás ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;
	[(1)(9)[II.4.11.2. i gcás eipididimítis caorach (*Brucella ovis*), tástáil shéireolaíoch nó aon tástáil eile lena mbaineann íogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe;]
	II.4.12. rinneadh, uair sa bhliain ar a laghad, na gnáth-thástálacha éigeantacha seo a leanas orthu ag an lárionad bailithe seamhain, a éilítear i gcomhréir le pointe 2 de Chaibidil I de Chuid 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686:
	II.4.12.1. i gcás ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil shéireolaíoch dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;
	[(1)(9)[II.4.12.2. i gcás eipididimítis caorach (*Brucella ovis*), tástáil shéireolaíoch nó aon tástáil eile lena mbaineann íogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe.]]
	[(10)[II.4.13. comhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas maidir le scráibeach chlasaiceach:
	II.4.13.1. coimeádadh iad go leanúnach ó rugadh iad i dtír ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
	II.4.13.1.1. tá scráibeach chlasaiceach infhógartha go héigeantach;
	II.4.13.1.2. tá córas feasachta, faireachais agus faireacháin i bhfeidhm;
	II.4.13.1.3. déantar ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair ar a bhfuil scráibeach chlasaiceach a mharú agus a scriosadh go hiomlán;
	II.4.13.1.4. tá toirmeasc ar mhin feola agus cnámh nó geirdheascadh de bhunadh athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a thabhairt d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair, agus forfheidhmíodh go héifeachtach é sa tír iomlán ar feadh na tréimhse 7 mbliana roimhe sin ar a laghad;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY

Agus

[(1)]*cibé acu*[II.4.13.2. rinneadh iad a choimeád go leanúnach ar feadh na 3 bliana ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain atá le honnmhairiú i ngabháltas nó i ngabháltais a chomhlíon na ceanglais uile a leagtar amach i bpointe 1.3 le linn na tréimhse sin. (a) go dtí (f) de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, cé is moite den tréimhse ar lena linn a coimeádadh ag lárionad bailithe seamhain iad, áit inar comhlíonadh, le linn na tréimhse sin, na coinníollacha a leagtar amach sna ceithre fhleasc faoi phointe 1.3.(c)(iv) den Roinn sin;]

[(1)]*nó* [II.4.13.2. is ainmhithe den chineál caorach iad lena mbaineann géinitíopa phróitéin phrióin ARR/ARR.]]

II.5. Maidir leis an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

II.5.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh é i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach i bpointí 1 agus 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.5.2. chuirtear i soip nó i bpacáistí eile é ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

II.5.3. aistrítear i gcoimeádán é:

II.5.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh roimh an seoladh ón lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia oifigiúil an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.5.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

[(1)(7)][II.5.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe.]

[(1)(11)][II.6. Caomhnaítear an seamhan trí antaibheathaigh a chur leis mar a leanas:

II.6.1. Cuireadh an t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach a leanas leis sa seamhan é tar éis an chaolaithe chríochnaithigh, nó tá sé sna caolaitheoirí seamhain úsáidte, chun an tiúchan a shonraítear a bhaint amach in aghaidh gach ml seamhain:

[(1)]*cibé acu* [gentamicin (250 µg);]

[(1)]*nó* [meascán de pheinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);]

[(1)]*nó* [meascán de ghentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg);]

[(1)]*nó* [meascán de lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);]

[(1)]*nó* [meascán d'aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg);]

[(1)]*nó* [antaibheathach nó meascán antaibheathach[(12)]……, ag a bhfuil gníomhaíocht bhaictéiricídeach is coibhéiseach, ar a laghad, le ceann de na meascáin seo a leanas:

- gentamicin (250 µg);
- peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);
- gentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg);
- lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);
- aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg).]

II.6.2. Díreach tar éis do na hantaibheathaigh a bheith curtha leis, agus sula raibh aon seans reoite ann, coimeádadh an seamhan caolaithe ar theocht 5 °C ar a laghad ar feadh tréimhse nach lú ná 45 nóiméad, nó faoi chóras am-teochta le gníomhaíocht bhaictéiricídeach choibhéiseach dhoiciméadaithe.]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY**

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11: '*Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh an lárionaid bailithe seamhain a sheol an choinsíneacht seamhain. Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/ovine/index_en.htm

Tagairt bhosca I.12: '*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht seamhain á seoladh chuici.

Tagairt bhosca I.19: Sonrófar uimhir an tséala.

Tagairt bhosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Tagairt bhosca I.27: '*Cineál*': Sonraigh seamhan.

'Speiceas': Roghnaigh idir '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí.

'Uimhir aitheantais': Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh.

'Marc aitheantais': Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta.

'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid': Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

'Cainníocht': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(3) Is infheidhme maidir le hainmhithe den chineál caorach.

(4) Is infheidhme maidir le hainmhithe den chineál caorach agus do na hainmhithe sin den chineál gabhair a choimeádtar in éineacht leis na hainmhithe den chineál caorach.

(5) Is infheidhme maidir le hainmhithe den chineál gabhair.

(6) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/ovine/index_en.htm.

(7) Is infheidhme maidir le seamhan reoite.

(8) Is infheidhme maidir le seamhan úr agus seamhan fuaraithe.

(9) Is infheidhme maidir le hainmhithe den chineál caorach agus do na hainmhithe sin den chineál gabhair a choimeádtar in éineacht leis na hainmhithe den chineál caorach.

(10) Scrios murab é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-A-ENTRY**

	(11) Fianú éigeantach i gcás inar cuireadh antaibheathaigh leis. (12) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan nó ainm trádála an chaolaitheora seamhain a bhfuil na hantaibheathaigh ann.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 49

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC DE SHEAMHAN AINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS AINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR ARNA MBAILIÚ, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'OV/CAP-SEM-B-ENTRY')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1 Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2 Tagairt an deimhnithe
I.3 Príomhúdarás Inniúil
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt IMSOC
CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5 Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7 An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.9 An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8 An réigiún tionscnaimh Cód</td><td colspan="2">I.10 An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11 Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13 Áit luchtaithe</td><td colspan="2">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15 Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td colspan="2">I.16 Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach
I.17</td></tr>
<tr><td colspan="3">I.18 Coinníollacha iompair □ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td colspan="3">I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td colspan="3">I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh
□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td>I.21 □ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.22 □ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-B-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**		**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**	
	Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo maidir leis an méid seo a leanas:				
	II.1.	Bhí an tír is onnmhaireoir…… (*ainm na tíre is onnmhaireoir*)[1]			
		II.1.1. saor ó phlá na mbó, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, ó bholgach caorach agus ó bholgach gabhar, ó phliúrainiúmóine tógálach gabhar agus ó fiabhras Ghleann na Claise le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh bhailiú an tseamhain atá le honnmhairiú agus go dtí dáta a sheolta chuig an Aontas agus nár tharla aon vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin le linn na tréimhse sin;			
		II.1.2. saor ón ngalar crúb is béil le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh bhailiú an tseamhain atá le honnmhairiú agus go dtí dáta a sheolta chuig an Aontas agus níor tharla aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse sin.			
	II.2.	Maidir leis an lárionad bailithe seamhain[2] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. agus inar bailíodh agus stóráladh an seamhan atá le honnmhairiú:			
		II.2.1. chomhlíon an lárionad na coinníollacha maidir le lárionaid bailithe seamhain a fhormheas a leagtar síos i gCaibidil I(I)(1) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;			
		II.2.2. oibríodh agus rinneadh maoirsiú air i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme maidir le lárionaid bailithe seamhain agus lárionaid stórála seamhain a leagtar síos i gCaibidil I(II)(1) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE.			
	II.3.	Na hainmhithe den chineál caorach[3]/ainmhithe den chineál gabhair[3] atá ina seasamh ag an lárionad bailithe seamhain:			
		II.3.1. roimh fanacht dóibh sa chóiríocht choraintín ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.3.,			
	[3][4]*cibé acu*	[II.3.1.1. tagann siad ón gcríoch ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.8., a sainaithníodh mar chríoch atá saor ó bhruisealóis (*B. melitensis*) go hoifigiúil,]			
	[3]*nó*	[II.3.1.1. bhain siad le gabháltas a fuair agus a choinnigh a stádas saor ó bhruisealóis (*B. melitensis*) go hoifigiúil i gcomhréir le Treoir 91/68/CEE,]			
	[3]*nó*	[II.3.1.1. tagann siad ó ghabháltas, a raibh, i leith na bruisealóise (*B. melitensis*), gach ainmhí soghabhálach saor ó chomhartha cliniciúil nó ó aon chomhartha den ghalar sin ar feadh na tréimhse 12 mhí roimhe sin, níor vacsaíníodh aon cheann de na hainmhithe de chineál caorach ná na hainmhithe den chineál gabhair in aghaidh an ghalair sin, seachas iad siúd a vacsaíníodh le vacsaín Rev. 1 breis agus 2 bhliain ó shin, agus rinneadh dhá thástáil ar a laghad ar gach ainmhí de chineál caorach agus ar gach ainmhí den chineál gabhair[5], arna ndéanamh agus dá bhfuarthas torthaí diúltacha ar shamplaí arna dtógáil an……. (*dáta*) agus an……. (*dáta*) 6 mhí ar a laghad ó chéile, agus an ceann deireanach laistigh de 30 lá roimh dóibh dul isteach sa chóiríocht choraintín,]			
	agus	níor coimeádadh roimhe iad i ngabháltas lenar bhain stádas níos ísle;			
		II.3.1.2. coimeádadh go leanúnach ar feadh 60 lá ar a laghad iad ar ghabháltas nár diagnóisíodh aon chás d'eipididimíteas caorach (*Brucella ovis*) sa tréimhse 12 mhí roimhe sin,			
	[3]*agus*	[is ainmhithe den chineál caorach iad agus, le linn na tréimhse 60 lá roimh dóibh fanacht sa chóiríocht choraintín ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.3., rinneadh tástáil fosúcháin chomhlántach orthu, nó aon tástáil eile lena mbaineann íogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe, chun eipididimíteas caorach a bhrath dá bhfuarthas toradh ba lú ná 50 ICFTU/ml;]			
		II.3.1.3. de réir mar is fearr is eol dom ní thagann siad ó ghabháltais agus ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe gabháltais, inar braitheadh go cliniciúil, bunaithe ar an gcóras fógra oifigiúil agus de réir an dearbhaithe i scríbhinn arna dhéanamh ag an úinéir, aon cheann de na galair seo a leanas laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) roimh dóibh fanacht sa chóiríocht choraintín ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.3.			
		(a) agalaicse thógálach chaorach nó ghabhar (*Mycoplasma agalactiae, Mycoplasma capricolum, Mycoplasma mycoides var. mycoides* 'cóilíneacht mhór'), laistigh de na 6 mhí roimhe sin,			

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-B-ENTRY
	(b) para-eitinn agus liomfadainíteas cáiseach, laistigh den tréimhse 12 mhí roimhe sin, (c) adanamatóis scamhógach caorach, laistigh de na 3 bliana roimhe sin; [(3)]*cibé acu* [(d) Maedi/Visna do chaoirigh nó airtríteas/einceifilíteas gabhair víreasach do ghabhair, laistigh de na 3 bliana roimhe sin;] [(3)]*nó* [(d) Maedi/Visna do chaoirigh nó airtríteas/einceifilíteas gabhair víreasach do ghabhair, laistigh den tréimhse 12 mhí roimhe sin, agus maraíodh na hainmhithe ionfhabhtaithe uile agus d'fhreagair na hainmhithe a bhí fágtha go diúltach dá éis sin do dhá thástáil arna ndéanamh 6 mhí ar a laghad ó chéile;] II.3.2. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu arna ndéanamh ar shampla fola arna bhailiú laistigh de na 28 lá roimh thosú na tréimhse coraintín arna sonrú i bpointe II.3.3. le haghaidh: – bruisealóis (*B. melitensis*), agus torthaí diúltacha uirthi i ngach cás i gcomhréir le hIarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 91/68/CEE; – eipididimíteas caorach (*Brucella. ovis*), i gcás caorach amháin, agus torthaí diúltacha uirthi i ngach cás i gcomhréir le hIarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 91/68/CEE, nó aon tástáil eile le híogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe; – galar teorann i gcomhréir le pointe 1.4(c) de Chaibidil II(II) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE; II.3.3. chomhlíon siad an tréimhse leithlisithe coraintín de 28 lá ar a laghad i gcóiríocht choraintín arna formheas go sonrach chun na críche sin ag an údarás inniúil agus le linn na tréimhse sin: II.3.3.1. ní raibh i láthair sa chóiríocht choraintín ach ainmhithe lenar bhain an stádas sláinte céanna ar a laghad; II.3.3.2. rinneadh na tástálacha seo a leanas ar na hainmhithe, arna ndéanamh ag an tsaotharlann arna formheas ag údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir ar shamplaí nár tógadh tráth nach luaithe ná 21 lá tar éis na hainmhithe a cheadú isteach sa chóiríocht choraintín, le haghaidh: – bruisealóis (*B. melitensis*), dá bhfuarthas torthaí diúltacha i ngach cás i gcomhréir le hIarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 91/68/CEE; – eipididimíteas caorach (*Brucella. ovis*), i gcás caorach amháin, dá bhfuarthas torthaí diúltacha i ngach cás i gcomhréir le hIarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 91/68/CEE, nó aon tástáil eile le híogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe; – galar teorann i gcomhréir le pointe 1.6 de Chaibidil II(II) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE; II.3.4. rinneadh, uair sa bhliain ar a laghad, na tástálacha gnáthúla orthu le haghaidh: – bruisealóis (*B. melitensis*), dá bhfuarthas torthaí diúltacha i ngach cás i gcomhréir le hIarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 91/68/CEE; – eipididimíteas caorach (*Brucella. ovis),* i gcás caorach amháin, dá bhfuarthas torthaí diúltacha i ngach cás i gcomhréir le hIarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 91/68/CEE, nó aon tástáil eile le híogaireacht choibhéiseach dhoiciméadaithe agus sainiúlacht choibhéiseach dhoiciméadaithe; – galar teorann i gcomhréir le pointe 5(c) de Chaibidil II(II) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE; II.4. Fuarthas an seamhan atá le honnmhairiú ó reithí bronntacha[(3)]/ó phoic bhronntacha[(3)]: II.4.1. a ceadaíodh isteach sa lárionad bailithe seamhain formheasta le cead sainráite thréidlia an láionaid. II.4.2. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil galair ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain formheasta agus ar lá bailithe an tseamhain;

▼B

TÍR			Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-B-ENTRY
	[3]*cibé acu*	[II.4.3.	nár vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil le linn na tréimhse 12 mí roimh bhailiú an tseamhain;]
	[3]*nó* [II.4.3.		a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil 30 lá ar a laghad roimh an mbailiúchán, agus cuireadh 5 % (le cúig shop ar a laghad) de gach bailiúchán faoi thástáil scoite víreas le haghaidh an ghalair crúb is béil agus torthaí diúltacha uirthi;]
		II.4.4.	a coimeádadh ag lárionad bailithe seamhain formheasta ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain, i gcás bailiúchán seamhain úir;
		II.4.5.	nár sheirbheáil go nádúrtha tar éis dóibh dul isteach sa chóiríocht choraintín ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.3.3. agus chomh fada le lá bailithe an tseamhain agus an lá sin san áireamh;
		II.4.6.	a rinneadh a choimeád ag lárionaid bailithe seamhain fhormheasta:
		II.4.6.1.	a bhí saor ón ngalar crúb is béil ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain agus 30 lá tar éis a bhailithe, nó i gcás seamhain úir, go dtí dáta a sheolta, agus atá suite i lár limistéir dar ga 10 ciliméadair nach raibh aon chás den ghalar crúb is béil ann ar feadh 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain;
		II.4.6.2.	a bhí saor, le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh bhailiú an tseamhain agus dar críoch 30 lá tar éis bhailiú an tseamhain, nó i gcás seamhain úir, go dtí dáta a sheolta, ó bhruisealóis (*B. melitensis*), eipididimíteas caorach(*Brucella. ovis*), antrasc agus confadh;
	[3]*cibé acu*	[II.4.7.	a d'fhan sa tír is onnmhaireoir ar feadh na 6 mhí ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain atá le honnmhairiú;]
	[3]*nó* [II.4.7.		le linn na 6 mhí roimh bhailiú an tseamhain, a chomhlíon na coinníollacha sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le hainmhithe bronntacha an tseamhain a bhfuil sé beartaithe é a onnmhairiú chuig an Aontas agus allmhairíodh iad isteach sa tír is onnmhaireoir 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain ó…….[1];]
	[3]*cibé acu*	[II.4.8.	coimeádadh i dtír nó i gcrios iad atá saor ón víreas gormtheanga ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, agus lena linn sin;]
	[3]*nó* [II.4.8.		a coimeádadh le linn tréimhse atá saor ón víreas gormtheanga go séasúrach i gcrios atá saor ó ghalar go séasúrach ar feadh 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, agus lena linn sin;]
	[3]*nó* [II.4.8.		a coimeádadh i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 60 lá ar a laghad roimh, agus le linn, bhailiú an tseamhain;]
	[3]*nó* [II.4.8.		a cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch chun antasubstaint maidir le grúpa an víris ghormtheanga a bhrath, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE, dá bhfuarthas torthaí diúltacha, ar shamplaí fola arna dtógáil gach 60 lá ar a laghad le linn na tréimhse bailiúcháin agus idir 21 agus 60 lá tar éis an bhailiúcháin chríochnaithigh don choinsíneacht seamhain sin;]
	[3]*nó* [II.4.8.		a cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh víreas gormtheanga, arna déanamh i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún dá bhfuarthas torthaí diúltacha ar shamplaí fola arna dtógáil ag tosú agus ag bailiú críochnaitheach na coinsíneachta seamhain sin agus gach 7 lá ar a laghad (tástáil scoite víreas) nó gach 28 lá ar a laghad (tástáil ISP) le linn an bhailiúcháin don choinsíneacht seamhain sin;]
	[3][6]*cibé acu*	[II.4.9.	bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir atá saor, de réir torthaí oifigiúla, ó víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHD);]
	[3]*nó* [II.4.9.		bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHD) de réir torthaí oifigiúla: …… agus dá bhfuarthas torthaí diúltacha i ngach cás:
		[3]*cibé acu*	[ar thástáil shéireolaíoch[7] chun antasubstaint maidir le grúpa EHD a bhrath, arna déanamh i saotharlann fhormheasta ar shamplaí fola arna dtógáil ar dhá ócáid nach mó ná 12 mhí ó chéile iad roimh an mbailiúchán críochnaitheach don choinsíneacht seamhain sin agus tráth nach lú ná 21 lá dá éis sin.]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-B-ENTRY

[3]*nó* [ar thástáil shéireolaíoch[7] chun antasubstaint maidir le grúpa EHD a bhrath, arna déanamh i saotharlann fhormheasta ar shamplaí fola arna dtógáil ar eatraimh nach mó ná 60 lá le linn na tréimhse bailiúcháin agus idir 21 lá agus 60 lá tar éis an bhailiúcháin chríochnaithigh don choinsíneacht seamhain sin.]]

[3]*nó* [ar thástáil sainaitheantais oibreáin[7] arna déanamh i saotharlann fhormheasta ar shamplaí fola arna dtógáil ag tosú agus ag críochnú, agus gach 7 lá ar a laghad (tástáil scoite víreas) nó gach 28 lá ar a laghad (tástáil ISP) le linn an bhailiúcháin don choinsíneacht seamhain sin.]]

II.4.10. comhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas maidir le scráibeach chlasaiceach:

II.4.10.1. coimeádadh iad go leanúnach ó rugadh iad i dtír ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

II.4.10.1.1. tá scráibeach chlasaiceach infhógartha go héigeantach;

II.4.10.1.2. tá córas feasachta, faireachais agus faireacháin i bhfeidhm;

II.4.10.1.3. déantar ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair ar a bhfuil scráibeach chlasaiceach a mharú agus a scriosadh go hiomlán;

II.4.10.1.4. cuireadh toirmeasc ar mhin feola agus cnámh nó geirdheascadh de bhunadh athchogantaigh a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair agus forfheidhmíodh é go héifeachtach sa tír ar fad ar feadh tréimhse is ionann agus na 7 mbliana roimhe sin ar a laghad;

Agus

[3]*cibé acu* [II.4.10.2. rinneadh iad a choimeád go leanúnach ar feadh na 3 bliana ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain atá le honnmhairiú i ngabháltas nó i ngabháltais a chomhlíon na ceanglais a leagtar amach i bpointe 1.3 ar feadh na 3 bliana roimh bhailiú an tseamhain atá le honnmhairiú. (a) go dtí (f) de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

[3]*nó* [II.4.10.2. is ainmhithe den chineál caorach iad lena mbaineann géinitíopa phróitéin phrióin ARR/ARR.]

II.5. Maidir leis an seamhan atá le honnmhairiú:

II.5.1. bailíodh é tar éis an dáta ar ar fhormheas údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir an lárionad bailithe seamhain;

II.5.2. bailíodh, próiseáladh, caomhnaíodh, stóráladh agus iompraíodh é i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme maidir le seamhan a leagtar síos i gCaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE.

II.5.3. seoladh chuig an áit luchtaithe i gcoimeádán séalaithe é i gcomhréir leis na ceanglais maidir le seamhan atá le trádáil agus a leagtar síos i bpointe 1.4 de Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus ar a bhfuil an uimhir a shonraítear i mBosca I.19.

[3]*cibé acu* [II.6. Níor cuireadh aon antaibheathach leis an seamhan.]

[3]*nó* [II.6. Cuireadh an t-antaibheathach seo a leanas nó an meascán antaibheathach seo a leanas leis chun tiúchan a tháirgeadh sa seamhan caolaithe críochnaitheach nach lú ná[8]:

…….]

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-SEM-B-ENTRY**

Cuid I:

Bosca I.6: '*An tOibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht*': níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.11: Beidh áit seolta ag freagairt don lárionad bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan agus a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/ovine/index_en.htm.

Bosca I.19: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.21: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.22: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.24: Beidh '*Líon na bpacáistí*' ag freagairt do líon na gcoimeádán.

Bosca I.27: '*Speiceas*': roghnaigh idir '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí.

Beidh an uimhir aitheantais ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Sonrófar 'Dáta bailithe/táirgthe' san fhormáid seo a leanas: ll.mm.bbbb.

Beidh *'uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchana/na bunaíochta/an lárionaid'* ag freagairt d'uimhir formheasa an lárionaid bailithe seamhain a shonraítear i mBosca I.11.

Cuid II:

(1) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le seamhan ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair, agus an tríú tír, an chríoch nó an crios di amháin.

(2) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/ovine/index_en.htm.

(3) Scrios mar is iomchuí.

(4) I gcás na críche atá le feiceáil atá le feiceáil agus lena mbaineann an tabhairt isteach le 'V' i gcolún 6 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún (IO L 73, 20.3.2010, lch. 1) agus i gcás na críche sin amháin.

(5) Déanfar tástálacha i gcomhréir le hIarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 91/68/CEE.

(6) Féach an ráiteas maidir leis an tír is onnmhaireoir lena mbaineann in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/472/AE.

(7) Tugtar tuairisc ar chaighdeáin maidir le tástálacha diagnóiseacha víreas EHD i gCaibidil 2.1.3. den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE.

(8) Cuir isteach na hainmneacha agus na tiúchain.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 50

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD D'ÚICÍTÍ AGUS DE SHUTHANNA AINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS AINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/692 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA A BHAILIGH NÓ A THÁIRG NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA (SAMHAIL 'OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**	

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht				
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir	Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá na húicítí[1]/ na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[1]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1]/ na suthanna micri-ionramháilte[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe d'atáirgeadh saorga agus fuarthas iad ó ainmhithe bronntacha a thagann ó thríú tír, ó chríoch nó ó chrios di

II.1.1. atá údaraithe maidir le húicítí[1]/ suthanna[1] d'ainmhithe den chineál caorach[1]/d'ainmhithe den chineál gabhair[1] a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[1]*cibé acu* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

[1]*nó* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[2]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;

II.1.4. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le fiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, ionfhabhtú le bolgach caorach agus bolgach gabhair ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch nó sa chrios di le linn na tréimhse sin.

[1][II.2. Bhailigh, phróiseáil agus stóráil, agus sheol an fhoireann bailithe suthanna na suthanna arna ndíorthú *in vivo* ar a dtugtar tuairisc i gCuid I[3]

II.2.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.2.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.]

[1][II.2. Rinneadh na húicítí[1]/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1]/ na suthanna micri-ionramháilte[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil ag an bhfoireann táirgthe suthanna[3]

II.2.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

II.2.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCodanna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.]

II.3. Fuarthas na húicítí[1]/ na suthanna[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha a thagann ó bhunaíochtaí

II.3.1. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* agus nár coimeádadh riamh in aon bhunaíocht ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

[1][4][II.3.2. nár tuairiscíodh ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*) iontu le linn an 42 lá roimhe sin;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	[(1)(5)][II.3.2. ina ndearnadh faireachas maidir le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* ar na hainmhithe den chineál gabhair arna gcoimeád ar na bunaíochtaí le linn an 12 mhí roimhe sin ar a laghad, i gcomhréir le nósanna imeachta dá bhforáiltear i bpointí 1 agus 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus i gcás, le linn na tréimhse sin, inar tuairiscíodh ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis)* in ainmhithe den chineál gabhair arna gcoimeád ar an mbunaíocht, go ndearnadh bearta i gcomhréir le Cuid 1(3) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin;] II.3.3. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ann le linn an 30 lá roimhe sin, agus [(1)]*cibé acu* [níor tuairiscíodh surra sna bunaíochtaí le 2 bhliain anuas.] [(1)]*nó* [tuairiscíodh gurbh ann do surra sna bunaíochtaí le 2 bhliain anuas agus tar éis na ráige deireanaí d'fhan an bhunaíocht faoi shrian ghluaiseachta go dtí – gur baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe den bhunaíocht, agus – go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha ar an mbunaíocht a chur faoi thástáil le haghaidh surra (*Trypanosoma evansi*) le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint den bhunaíocht.] II.4. Fuarthas na húicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha II.4.1. nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar, ná pliúrainiúmóine tógálach gabhar; II.4.2. a d'fhan ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe[(1)]/ táirgthe[(1)] na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcrios di dá dtagraítear i mBosca I.7.; II.4.3. ar feadh treimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe[(1)]/ táirgthe[(1)] na n-úicítí[(1)]/ na suthanna[(1)] agus le linn na tréimhse bailithe[(1)]/ táirgthe[(1)] II.4.3.1. coimeádadh i mbunaíochtaí iad nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, víreas fhiabhras Ghleann na Claise, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach agus bolgach gabhar agus pliúrainiúmóine tógálach gabhar nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair; II.4.3.2. coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin iad nár tuairiscíodh inti ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*), confadh, antrasc, surra *(Trypanosoma evansi),* ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus, i gcás ainmhithe den chineál caorach agus na n-ainmhithe den chineál gabhair sin a choimeádtar in éineacht leis na hainmhithe den chineál caorach, eipididimítis chaorach (*Brucella ovis*); II.4.3.3. ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá lonnaithe i gcrios srianta mar gheall gurbh ann do ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.3.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.4.3.2.; II.4.3.4. níor úsáideadh le haghaidh pórúchán nádúrtha iad;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	II.4.4. a ndearna tréidlia na foirne nó comhalta foirne scrúdú orthu agus nár thaispeáin siad siomptóim ná comharthaí cliniciúla galar ainmhithe in-tarchurtha ar lá bailithe[1]/táirgthe[1] na n-úicítí[1]/na suthanna[1]; II.4.5. atá sainaitheanta go haonarach mar a fhoráiltear in Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún; II.4.6. a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas maidir leis an ngalar crúb is béil II.4.6.1. tagann siad ó bhunaíochtaí – atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 láraithe ar an mbunaíocht ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad díreamh roimh dháta bailithe[1]/ táirgthe[1] na n–úicítí[1]/ na suthanna[1]; – nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad díreach roimh dháta bailithe[1]/ táirgthe[1] na n–úicítí[1]/ na suthanna[1]; [1]*cibé acu* [II.4.6.2. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil;] [1][6]*nó* [II.4.6.2. vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil le linn na tréimhse 12 mí díreach roimh dháta bailithe na suthanna agus II.4.6.2.1. níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil laistigh den tréimhse 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe na suthanna; II.4.6.2.2. bailíodh an seamhan a úsáideadh ar mhaithe le toirchiú ó ainmhí fireann bronntach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1(b) de Chaibidil I de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 nó comhlíonann an seamhan na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 2 de Chaibidil I de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686; II.4.6.2.3. roimh reo dóibh, rinneadh glanadh tripsine ar na suthanna arna dhéanamh i gcomhréir le moltaí Lámhleabhar IETS[7]; II.4.6.2.4. stóráladh na suthanna íosreoite ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ón dáta bailithe, agus le linn na tréimhse sin, níor thaispeáin an t-ainmhí bronntach aon chomhartha sóirt cliniciúil den ghalar crúb is béil;] II.4.7. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24): [1]*cibé acu*[II.4.7.1. rinneadh iad a choimeád ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcás nár deimhníodh aon chás ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le linn na 24 mhí sa phobal ainmhithe spriocdhírithe;] [1]*agus/nó* [II.4.7.2. rinneadh iad a choimeád i gcrios atá saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse atá saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1], i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	[(1)*agus/nó* [II.4.7.3. rinneadh iad a choimeád i gcrios atá saor ó ghalar go séasúrach, le linn na tréimhse atá saor ó ghalar go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú agus le linn bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1), i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di ina bhfuair údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta úicítí(1)/ suthanna(1) toiliú scríofa údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe roimh ré maidir leis na coinníollacha chun an crios sin atá saor ó ghalar go séasúrach a bhunú agus chun glacadh le coinsíneacht na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);] [(1)*agus/nó* [II.4.7.4. rinneadh iad a coimeád i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);] [(1)*agus/nó* [II.4.7.5. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí maidir le séireaghrúpa an víris gormtheanga 1-24 a bhrath, dá bhfuarthas torthaí diúltacha, idir 28 agus 60 lá ó dháta bhailiúchán(1)/ tháirgeacht(1) uile na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);] [(1)*agus/nó* [II.4.7.6. cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh víreas gormtheanta (séiritíopaí 1-24) iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola arna thógáil ar lá bailithe na n-úicítí(1)/ na suthanna(1).] II.4.8. a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas maidir le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (séiritíopaí 1-7) (EHDV 1-7): [(1)*cibé acu*[II.4.8.1. rinneadh iad a choimeád ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di nár tuairiscíodh EHDV 1-7 inti ar feadh tréimhse 2 bhliain roimhe ar a laghad laistigh de gha 150 km ón mbunaíocht;] [(1)*agus/nó* [II.4.8.2. rinneadh iad a coimeád i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh agus le linn bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);] [(1)*agus/nó* [II.4.8.3. bhí cónaí orthu sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí seo a leanas de EHDV de réir torthaí oifigiúla: …… agus cuireadh faoi na tástálacha seo a leanas iad, agus torthaí diúltacha orthu i ngach cás, agus rinneadh na tástálacha i saotharlann oifigiúil: [(1)*cibé acu* [II.4.8.3.1.tástáil shéireolaíoch chun antasubstaintí maidir le EHDV 1-7 a bhrath, dá bhfuarthas torthaí diúltacha, ar shampla fola arna thógáil idir 28 agus 60 lá ó dháta bailithe(1)/ táirgthe(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1);]] [(1)*agus/nó* [II.4.8.3.2. tástáil sainaitheantais oibreáin chun EHDV 1-7 a bhrath, dá bhfuarthas torthaí diúltacha, ar shampla fola arna thógáil ar dháta bailithe(1)/ táirgthe(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1).]] [(8)[II.4.9. comhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas maidir le scráibeach chlasaiceach: II.4.9.1. rinneadh iad a choimeád go leanúnach ó rugadh iad i dtír mar a gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: II.4.9.1.1. tá scráibeach chlasaiceach infhógartha go héigeantach; II.4.9.1.2. tá córas feasachta, faireachais agus faireacháin i bhfeidhm; II.4.9.1.3. déantar ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair ar a bhfuil scráibeach chlasaiceach a mharú agus a scriosadh go hiomlán;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY

II.4.9.1.4. tá toirmeasc ar mhin feola agus cnámh a thabhairt d'ainmhithe den chineál caorach agus d'ainmhithe den chineál gabhair, nó geirdheascadh de bhunadh athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, agus forfheidhmíodh go héifeachtach é sa tír iomlán ar feadh na tréimhse 7 mbliana roimhe sin ar a laghad;

Agus

(1)*cibé acu* [II.4.9.2. rinneadh iad a choimeád go leanúnach iad ar feadh na 3 bliana ar a laghad roimh dháta bailithe na suthanna atá le honnmhairiú i ngabháltas nó i ngabháltais a chomhlíon na ceanglais ar fad a leagtar amach i bpointe 1.3 le linn na tréimhse sin. (a) go dtí (f) de Roinn A de Chaibidil A d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, cé is moite den tréimhse ar lena linn a coimeádadh ag lárionad bailithe seamhain iad, áit inar comhlíonadh, le linn na tréimhse sin, na coinníollacha a leagtar amach sna ceithre fhleasc faoi phointe 1.3.(c)(iv) den Roinn sin;]

(1)*nó* [II.4.9.2. is ainmhithe den chineál caorach iad agus maidir leis na suthanna

(1)*cibé acu* is den ghéinitíopa phróitéin phrióin ARR/ARR iad;]

(1)*nó* [tá aon ailléil ARR amháin iontu ar a laghad.]]]

II.5. Maidir leis na húicítí(1)/ na suthanna(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

II.5.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid 2(1)/Cuid 3(1)/Cuid 4(1)/Cuid 5(1) agus Cuid 6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.5.2. cuirtear i soip nó i bpacáistí eile é ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

II.5.3. aistrítear i gcoimeádán iad:

II.5.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh sular sheol an fhoireann bailithe nó táirgthe suthanna é faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.5.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

(1)(8)[II.5.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh roimhe do tháirgí eile;

(1)(10)[II.5.4. a chuirtear i soip nó i bpacáistí eile a shéalaítear go daingean heirméiteach;

II.5.5. a aistrítear i gcoimeádán ina gcoinnítear iad amach óna chéile le hurranna fisiciúla nó trína gcur i málaí cosanta tánaisteacha.]

(1)(11)[II.6. Gineadh na suthanna arna ndíorthú *in vivo*(1)/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*(1)/ na suthanna micri-ionramháilte(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I trí atáirgeadh saorga trí sheamhan a úsáid a thagann ó lárionad bailithe seamhain, ó bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha nó ó lárionad stórála táirgí geirmeacha atá formheasta chun seamhan a bhailiú, a phróiseáil agus/nó a stóráil ag údarás inniúil tríú tír, críche nó creasa di nó ag údarás inniúil Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le seamhan ainmhithe den chineál caorach nó ainmhithe den chineál gabhair.]

(1)(12)[II.7. Cuireadh an t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach seo a leanas(13) leis na córacha bailithe, próiseála, níocháin nó stórála: ……]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY**

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-úicítí agus na suthanna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11:	'*Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a sheol an choinsíneacht úicítí nó suthanna. Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/ovine/index_en.htm.
Tagairt bhosca I.12:	'*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht úicítí nó suthanna á seoladh chuici.
Tagairt bhosca I.19:	*Sonrófar uimhir an tséala*'.
Tagairt bhosca I.24:	Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.
Tagairt bhosca I.27:	'*Cineál':* Sonraigh más suthanna arna ndíorthú *in vivo* iad, úicítí arna ndíorthú *in vivo* iad, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* iad nó suthanna micri-ionramháilte iad. '*Speiceas*': Roghnaigh idir '*Ovis aries*' nó '*Capra hircus*' de réir mar is iomchuí. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta atá á seoladh. *'An dáta bailithe/táirgthe':* Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna. *'Cainníocht*': Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(3) Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/ovine/index_en.htm.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-ENTRY**

	(4) Is infheidhme maidir le hainmhithe den chineál caorach. (5) Is infheidhme maidir le hainmhithe den chineál gabhair.[6] Níl an rogha ar fáil ach do choinsíneacht na suthanna arna ndíorthú *in vivo*. (7) Lámhleabhar an Chumainn Aistrithe Suthanna Idirnáisiúnta — treoir nós imeachta agus faisnéis ghinearálta maidir le teicneolaíocht a bhaineann le haistriú suthanna a úsáid ina leagtar béim ar nósanna imeachta sláintíochta, lámhleabhar a d'fhoilsigh an Cumann Aistrithe Suthanna Idirnáisiúnta 1 111 North Dunlap Avenue, Savoy, Illinois 61 874 USA (http://www.iets.org/). (8) Scrios murab é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-úicítí agus na suthanna[9] Is infheidhme maidir le húicítí nó suthanna reoite. (10) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht ina ndéantar úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* agus suthanna micri-ionramháilte ó ainmhithe den chineál caorach nó ó ainmhithe den chineál gabhair a chur agus a iompar in aon choimeádán amháin. (11) Níl feidhm aige maidir le húicítí. (12) Deimhniú éigeantach i gcás inar cuireadh antaibheathaigh leis. (13) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 51

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD D'ÚICÍTÍ AGUS DE SHUTHANNA AINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS AINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA A BHAILIGH NÓ A THÁIRG NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA (SAMHAIL 'OV/CAP-OOCYTES-EMB-B-ENTRY')

TÍR					**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ SEAMHAIN A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ DE SHEAMHAN IAD Ó MHUC-AINMHITHE ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/692 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'POR-SEM-A-ENTRY')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="15">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1 Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.2 Tagairt an deimhnithe

I.3 Príomhúdarás Inniúil

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5 Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7 An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.9 An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8 An réigiún tionscnaimh Cód</td><td colspan="3">I.10 An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11 Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13 Áit luchtaithe</td><td colspan="3">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15 Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td colspan="3">I.16 Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach
I.17</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.18 Coinníollacha iompair □ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh
□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td>I.21 □ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.22 □ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POR-SEM-A-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe d'atáirgeadh saorga agus fuarthas é ó ainmhithe bronntacha a thionscaíonn ó thríú tír, ó chríoch nó ó chrios di

II.1.1. údaraithe chun seamhan muc-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[1]*cibé acu* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain go dtí dáta a sheolta;]

[1]*nó* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[2]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;]

[1]*cibé acu* [II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh fiabhras na muc ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;]

[1]*nó* [II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh fiabhras na muc ar feadh tréimhse dar tús an dáta[3]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;]

II.1.4. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ná fiabhras Afracach na muc ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;

II.1.5. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlána mbó ná fhiabhras na muc ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta, agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch ná sa chrios di le linn na tréimhse sin.

II.2. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha a thagann, roimh thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6., ó bhunaíochtaí

II.2.1. atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an mbunaíocht ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad agus nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad, agus

[1]*cibé acu* [níor vacsaíníodh iad in aghaidh an ghalair crúb is béil;]

[1]*nó* [vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil iad le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta bailithe an tseamhain ach ní le linn na tréimhse 30 lá díreach roimh dháta bailithe an tseamhain, agus cuireadh 5 % (le cúig shop ar a laghad) de gach cainníocht seamhain arna tógáil ó ainmhí bronntach ag tráth ar bith faoi thástáil scoite víreas le haghaidh an ghalair crúb is béil agus torthaí diúltacha uirthi;]

II.2.2. saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* i gcomhréir le ceanglais a leagtar síos i gCaibidil IV de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún;

II.2.3. i gcás nár braitheadh aon fhianaise chlinicúil, shéireolaíoch, víreolaíoch ná phaiteolaíoch d'ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky le linn na tréimhse 12 mhí ar a laghad;

II.2.4. i gcás, le linn na tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh an dáta a tugadh na hainmhithe isteach sa chóiríocht choraintín, nár vacsaíníodh aon ainmhí in aghaidh ionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil agus nár braitheadh aon ionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mucúil.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POR-SEM-A-ENTRY
	II.3. Rinneadh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil, agus a sheoladh ón lárionad bailithe seamhain[4] II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche; II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686. II.4. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha II.4.1. nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, fiabhrais na muc ná ionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil; II.4.2. a d'fhan ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcrios di dá dtagraítear i mBosca I.7.; II.4.3. nár thaispeáin aon siomptóm ná comhartha cliniciúil de ghalair in-tarchurtha ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain ná ar an lá a bailíodh an seamhan; II.4.4. atá sainaitheanta go haonarach mar a fhoráiltear in Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún; II.4.5. ar feadh treimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus le linn na tréimhse bailiúcháin II.4.5.1. a coimeádadh i mbunaíochtaí nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, fiabhras na muc nó fiabhras Afracach na muc, nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha do mhuc-ainmhithe; II.4.5.2. a coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin nár tuairiscíodh inti ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis*, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh, antrasc, ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky ná ionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil; II.4.5.3. nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá lonnaithe i gcrios srianta mar gheall ar tharlú na ngalar dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2.; II.4.5.4. níor úsáideadh le haghaidh pórúchán nádúrtha iad; II.4.6. cuireadh faoi choraintín iad ar feadh tréimhse 28 lá ar a laghad i gcóiríocht choraintín, áit nach raibh ann ach ainmhithe crúbscaoilte eile a raibh an stádas sláinte céanna acu ar a laghad, ar cóiríocht í a chomhlíon na coinníollacha seo a leanas ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain: II.4.6.1. nach raibh lonnaithe i gcrios teoranta arna bunú mar gheall ar ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1.; II.4.6.2. nár tuairiscíodh aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad; II.4.6.3. bhí sí lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an gcóiríocht choraintín ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad; II.4.6.4. níor tuairiscíodh an galar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta chead isteach na n-ainmhithe sa lárionad bailithe seamhain; II.4.6.5. bhí sé saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, Brucella melitensis* agus *Brucella suis* le linn na tréimhse 3 mhí ar a laghad roimhe sin; II.4.7. coimeádadh sa lárionad bailithe seamhain iad II.4.7.1. nach raibh lonnaithe i gcrios teoranta arna bunú mar gheall ar ghalair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1.;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POR-SEM-A-ENTRY
	II.4.7.2. nár tuairiscíodh aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.4.5.2. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain, agus
	[1][5][30 lá ar a laghad tar éis an dáta bailithe;]
	[1][6][go dtí dáta seolta na coinsíneachta seamhain chuig an Aontas;]
	II.4.7.3. atá lonnaithe i limistéar nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann laistigh de gha 10 km láraithe ar an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad; agus
	[1][5][saor ón ngalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus 30 lá ón dáta bailithe;]
	[1][6][saor ón ngalar crúb is béil ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus go dtí dáta seolta na coinsíneachta seamhain chuig an Aontas agus rinneadh na hainmhithe bronntacha a choimeád ag an lárionad bailithe seamhain sin ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe an tseamhain;]
	II.4.7.4. i gcás nár braitheadh aon fhianaise chlinicúil, shéireolaíoch, víreolaíoch ná phaiteolaíoch d'ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky le linn na tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an cheadaithe isteach agus 30 lá ar a laghad díreach roimh dháta bailithe an tseamhain;
	II.4.8. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, arna ndéanamh laistigh den tréimhse 30 lá roimh thosú an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6., dá bhfuarthas torthaí diúltacha, a éilítear i gcomhréir le pointe 1(b) de Chaibidil I de Chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686:
	II.4.8.1. maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil antaigin brucella maolánaithe (tástáil rósdearg Beangál), ELISA iomaíoch nó ELISA indíreach chun antasubstaintí a bhrath chun speiceas *Brucella* a dhéanamh níos réidhe;
	II.4.8.2. maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky
	[1][i gcás ainmhithe neamhvacsaínithe, ELISA chun antasubstaintí maidir le víreas ghalar Aujeszky iomlán a bhrath nó gliceapróitéin B (ADV-gB) nó gliceapróitéin D (ADV-gD) den víreas nó tástáil neodraithe séirim;]
	[1][i gcás ainmhithe arna vacsaíniú le vacsaín gliceapróitéine E-scriosta, ELISA chun antasubstaintí maidir le gliceapróitéin E (ADV-gE) de víreas ghalar Aujeszky a bhrath;]
	[1][II.4.8.3. maidir le fiabhras na muc, tástáil antasubstaintí ELISA nó tástáil neodraithe séirim, i gcás ainmhithe arna dteacht ó Bhallstát nó ó chrios de inar tuairiscíodh fiabhras na muc nó inar tugadh vacsaíní in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin;]
	II.2.8.4. maidir le hionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil, tástáil shéireolaíoch (an mheasúnacht imdhíon-sárocsaíodáise aonchisil (IPMA), tástáil imdhíonfhluaraiseachta (IFA), nó tástáil ELISA);

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POR-SEM-A-ENTRY
	II.4.9. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, arna ndéanamh ar shamplaí arna dtógáil laistigh de thréimhse 21 lá ar a laghad ó dháta tosaithe an choraintín dá dtagraítear i bpointe II.4.6., dá bhfuarthas torthaí diúltacha, a éilítear i gcomhréir le pointe 1(c) de Chaibidil I de Chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686: II.4.9.1. maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil antaigin brucella maolánaithe (tástáil rósdearg Beangál), ELISA iomaíoch nó ELISA indíreach chun antasubstaintí a bhrath chun speiceas *Brucella* a dhéanamh níos réidhe; II.4.9.2. maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky [1][i gcás ainmhithe neamhvacsaínithe, ELISA chun antasubstaintí maidir le víreas ghalar Aujeszky iomlán a bhrath nó gliceapróitéin B (ADV-gB) nó gliceapróitéin D (ADV-gD) den víreas nó tástáil neodraithe séirim;] [1][i gcás ainmhithe arna vacsaíniú le vacsaín gliceapróitéine E-scriosta, ELISA chun antasubstaintí maidir le gliceapróitéin E (ADV-gE) de víreas ghalar Aujeszky a bhrath;] [1][II.4.9.3. maidir le fiabhras na muc, tástáil antasubstaintí ELISA nó tástáil neodraithe séirim, i gcás ainmhithe arna dteacht ó Bhallstát nó ó chrios de nár tuairiscíodh fiabhras na muc ann nó nár tugadh vacsaíní ann in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin;] II.4.9.4. maidir le hionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil, tástáil shéireolaíoch (IPMA, IFA, nó ELISA) agus tástáil le haghaidh géanóm víreasach (imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise (ISP cúl-trascrioptáise), ISP-CT neadaithe, imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise cainníochtúil fíor-ama); II.4.10. a ndearnadh na gnáth-thástálacha éigeantacha seo a leanas orthu ag an lárionad bailithe seamhain, arna ndéanamh i gcomhréir le pointe 2(a) de Chaibidil I de Chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686: II.4.10.1. maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis,* tástáil antaigin brucella maolánaithe (tástáil rósdearg Beangál), ELISA iomaíoch nó ELISA indíreach chun antasubstaintí a bhrath chun speiceas *Brucella* a dhéanamh níos réidhe; II.4.10.2. maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky [1][i gcás ainmhithe neamhvacsaínithe, ELISA chun antasubstaintí maidir le víreas ghalar Aujeszky iomlán a bhrath nó gliceapróitéin B (ADV-gB) nó gliceapróitéin D (ADV-gD) den víreas nó tástáil neodraithe séirim;] [1][i gcás ainmhithe arna vacsaíniú le vacsaín gliceapróitéine E-scriosta, ELISA chun antasubstaintí maidir le gliceapróitéin E (ADV-gE) de víreas ghalar Aujeszky a bhrath;] II.4.10.3. maidir le fiabhras na muc, tástáil antasubstaintí ELISA nó tástáil neodraithe séirim; II.4.10.4. maidir le hionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil, tástáil shéireolaíoch (IPMA, IFA, nó ELISA); II.4.11. rinneadh na tástálacha orthu dá dtagraítear i bpointe II.4.10., arna ndéanamh i gcomhréir le pointe 2(b) de Chaibidil I de Chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, ar shamplaí arna dtógáil ó: [1]*cibé acu* [gach ainmhí díreach roimh imeacht dóibh ón lárionad bailithe seamhain, nó ar a dteacht isteach chun an tseamlais, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná 12 mhí ó dháta a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain.]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POR-SEM-A-ENTRY**

	[(1)]*nó* [25 % de na hainmhithe ar a laghad sa lárionad bailithe seamhain chun tástáil a dhéanamh gach 3 mhí le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, Brucella melitensis* agus *Brucella suis*, ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky agus fiabhras na muc agus ó 10 % de na hainmhithe ar a laghad sa lárionad bailithe seamhain chun tástáil a dhéanamh gach mí le haghaidh ionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil.] [(1)]*nó* [10 % de na hainmhithe ar a laghad sa lárionad bailithe seamhain chun tástáil a dhéanamh gach mí le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, Brucella melitensis* agus *Brucella suis*, ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky agus fiabhras na muc agus ionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil.] II.5. Maidir leis an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I II.5.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh é i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach i bpointí 1 agus 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686; II.5.2. chuirtear i soip nó i bpacáistí eile é ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27; II.5.3. aistrítear i gcoimeádán é: II.5.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh roimh an seoladh ón lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia oifigiúil an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala; II.5.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é; [(1)(5)][II.5.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe.] II.6. Caomhnaítear an seamhan trí antaibheathaigh a chur leis mar a leanas: II.6.1. An t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach a leanas, ar antaibheathach nó meascán é atá éifeachtach in aghaidh leiptispior go háirithe, cuireadh leis an seamhan é tar éis an chaolaithe chríochnaithigh, nó tá sé sna caolaitheoirí seamhain úsáidte, chun an tiúchan a shonraítear a bhaint amach in aghaidh gach ml seamhain: [(1)]*cibé acu* [meascán de ghentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg);] [(1)]*nó* [meascán de lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);] [(1)]*nó* [meascán d'aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg);] [(1)]*nó* [antaibheathach nó meascán antaibheathach[(7)]……, le gníomhaíocht bhaictéiricídeach ar coibhéiseach í le ceann de na meascáin seo a leanas: - gentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg); - lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg); - aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg).] II.6.2. Díreach tar éis do na hantaibheathaigh a bheith curtha leis, agus sula raibh aon seans reoite ann, coimeádadh an seamhan caolaithe ar theocht 5 °C nó 15 °C ar a laghad ar feadh tréimhse nach lú ná 45 nóiméad, nó faoi chóras am-teochta le gníomhaíocht bhaictéiricídeach choibhéiseach dhoiciméadaithe. **Nótaí** Ciallaíonn 'muc-ainmhí' muc-ainmhí mar a shainmhínítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 2020/686. Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan muc-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POR-SEM-A-ENTRY**

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11:	*'Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh an lárionaid bailithe seamhain a sheol an choinsíneacht seamhain. Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/porcine_en
Tagairt bhosca I.12:	*'Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht seamhain á seoladh chuici.
Tagairt bhosca I.19:	Sonrófar uimhir an tséala.
Tagairt bhosca I.24:	Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.
Tagairt bhosca I.27:	*'Cineál':* sonraigh seamhan. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta. *'An dáta bailithe/táirgthe':* Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan. *'Cainníocht'*: Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(3) I gcás tríú tír, críche nó creasa di le dáta oscailte i gcomhréir le colún 9 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ina gcás siúd amháin.

(4) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/porcine_en.

(5) Is infheidhme maidir le seamhan reoite.

(6) Is infheidhme maidir le seamhan úr agus seamhan fuaraithe.

(7) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan nó ainm trádála an chaolaitheora seamhain a bhfuil na hantaibheathaigh ann.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

▼B

CAIBIDIL 55

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC DE SHEAMHAN MUC-AINMHITHE ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 90/429/CEE ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'POR-SEM-B-ENTRY')

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="15">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1 Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.2 Tagairt an deimhnithe

I.3 Príomhúdarás Inniúil

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5 Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7 An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.9 An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8 An réigiún tionscnaimh Cód</td><td colspan="3">I.10 An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11 Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13 Áit luchtaithe</td><td colspan="3">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="2">I.15 Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td colspan="3">I.16 Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td></tr>
<tr><td colspan="3">I.17</td></tr>
<tr><td>I.18 Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td>□ Reoite</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20 Deimhnithe mar nó le haghaidh</td><td colspan="3">□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td colspan="2">I.21 □ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.22 □ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POR-SEM-B-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo maidir leis an méid seo a leanas:

II.1. an tír is onnmhaireoir……

(ainm na tíre is onnmhaireoir)[1]

[2]*cibé acu* [II.1.1. bhí an tír saor le linn an 12 mhí roimhe sin ón ngalar crúb is béil, ó fhiabhras na muc agus ó fhiabhras Afracach na muc,

agus ní dhearnadh aon vacsaíniú sa tír in aghaidh aon cheann de na galair sin le linn an 12 mhí roimhe sin;]

[2]*nó* [II.1.1. tá an tír sainaitheanta mar thír atá saor ón ngalar crúb is béil gan vacsaíniú ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) agus saor ó fhiabhras na muc agus ó fhiabhras Afracach na muc, i gcomhréir leis na moltaí a leagtar síos sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid OIE;]

II.2. maidir leis an lárionad bailithe seamhain[3] inar bailíodh an seamhan sa choinsíneacht seo:

II.2.1. d'fhormheas seirbhísí tréidliachta…… é maidir le honnmhairiú chuig an Aontas. *(ainm an tríú tír*[2]*)* agus chomhlíon ar an dáta bailithe na coinníollacha maidir le formheas agus maoirseacht a leagtar amach i gCaibidlí I agus II d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 90/429/CEE;

II.2.2. bhí sé, le linn na tréimhse dar tús 3 mhí roimh dháta bailithe an tseamhain sa choinsíneacht sin go dtí dáta a seolta, suite i limistéar nach raibh srianta mar gheall ar ráig den ghalar crúb is béil, d'fhiabhras na muc, d'fhiabhras Afracach na muc, den ghalar saicíneach mucúil, ná de stómaitíteas saicíneach;

II.2.3. bhí sé, le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain sa choinsíneacht sin go dtí dáta a seolta, saor ó bhruisealóis agus ó ghalar Aujeszky;

[2]*cibé acu* [II.2.4. ní raibh ann ach ainmhithe nach raibh vacsaínithe in aghaidh ghalar Aujeszky agus a chomhlíon ceanglais Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 90/429/CEE.]

[2][4]*agus/nó* [II.2.4. ba lárionad é inar vacsaíníodh cuid nó gach ceann de na hainmhithe in aghaidh ghalar Aujeszky trí vacsaín gE-scriosta a úsáid agus chomhlíon sé ceanglais Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 90/429/CEE.]

Coinníollacha maidir le cead chun ainmhithe a thabhairt isteach sa lárionad bailithe seamhain

II.3. Sula dtabharfar cead chun gach ainmhí a thabhairt isteach sa lárionad bailithe seamhain:

II.3.1. tugadh orthu tréimhse choraintín de 30 lá ar a laghad a chur isteach i gcóiríocht a bhí formheasta go sonrach chun na críche sin ag an údarás inniúil, agus mar nach raibh i láthair ach ainmhithe lenar bhain an stádas sláinte céanna ar a laghad (cóiríocht choraintín);

II.3.2. roimh dóibh dul isteach sa chóiríocht choraintín, roghnaíodh as tréada nó as gabháltais iad:

II.3.2.1. a bhí saor ó bhruisealóis i gcomhréir leis an gCaibidil maidir le bruisealóis muc den Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE);

II.3.2.2. nach raibh aon ainmhí a vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil i láthair sa 12 mhí roimhe;

II.3.2.3. nach raibh suite i limistéar srianta arna shainmhíniú faoi fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta mar gheall ar ráig den ghalar crúb is béil, d'fhiabhras na muc, d'fhiabhras Afracach na muc, den ghalar saicíneach mucúil, de stómaitíteas saicíneach ná de ghalar Aujeszky;

II.3.2.4. nár braitheadh aon fhianaise chlinicúil, shéireolaíoch, víreolaíoch ná phaiteolaíoch de ghalar Aujeszky sa 12 mhí roimhe;

II.3.3. roimh dul isteach dóibh sa chóiríocht choraintín, nach ndearnadh iad a coimeád roimhe in aon tréad ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná an stádas ar a dtugtar tuairisc in II.3.2.;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POR-SEM-B-ENTRY
	II.3.4. laistigh de 30 lá roimh dul isteach dóibh sa chóiríocht choraintín dá dtagraítear i bpointe II.3.1., rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, arna bhfeidhmiú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, dá bhfuarthas torthaí diúltacha: II.3.4.1. maidir le bruisealóis, tástáil antigen *Brucella* maolánaithe (tástáil rósdearg Beangál), nó ELISA iomaíoch nó ELISA indíreach; II.3.4.2. maidir le galar Aujeszky, [(2)]*cibé acu* [II.3.4.2.1. i gcás ainmhithe neamhvacsaínithe, tástáil neodraithe séirim nó ELISA chun antasubstaintí maidir le víreas ghalar Aujeszky iomlán a bhrath nó maidir lena ghliceapróitéin B (ADV-gB) nó gliceapróitéin D (ADV-gD);] [(2)]*nó* [II.3.4.2.1. i gcás ainmhithe arna vacsaíniú le vacsaín gliceapróitéine E-scriosta, ELISA chun antasubstaintí maidir le gliceapróitéin E (ADV-gE) a bhrath;]
	[(2)]*cibé acu* [II.3.5. tugadh cead chun iad a thabhairt isteach sa lárionad tar éis do na hainmhithe uile freagairt le toradh diúltach ar thástáil antaigin *Brucella* maolánaithe (tástáil rósdearg Beangál), nó ELISA iomaíoch nó ELISA indíreach arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na 15 lá dheireanacha den tréimhse choraintín arna sonrú i bpointe II.3.1.;]
	[(2)]*nó* [II.3.5. tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad tar éis nár fhreagair na hainmhithe uile le toradh diúltach ar thástáil antaigin *Brucella* maolánaithe (tástáil rósdearg Beangál), nó ar ELISA iomaíoch nó ar ELISA indíreach arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na 15 lá dheireanacha den tréimhse choraintín arna sonrú i bpointe II.3.1. agus cuireadh amhras faoi bhruisealóis as an áireamh i gcomhréir le pointe 1.5. de Chaibidil I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 90/429/CEE;]
	II.3.6. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu le haghaidh ghalar Aujeszky arna ndéanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn na 15 lá dheireanacha den tréimhse choraintín arna sonrú i bpointe II.3.1.: [(2)]*cibé acu* [II.3.6.1. i gcás ainmhithe neamhvacsaínithe, tástáil neodraithe séirim nó ELISA chun antasubstaintí maidir le víreas ghalar Aujeszky iomlán a bhrath nó maidir lena ghliceapróitéin B (ADV-gB) nó gliceapróitéin D (ADV-gD);] [(2)]*nó* [II.3.6.1. i gcás ainmhithe arna vacsaíniú le vacsaín gliceapróitéine E-scriosta, ELISA chun antasubstaintí maidir le gliceapróitéin E (ADV-gE) a bhrath;] [(2)]*cibé acu* [II.3.6.2. rinneadh na tástálacha dá dtagraítear i bpointe II.3.6.1. le toradh diúltach i ngach cás;] [(2)]*nó* [II.3.6.2. baineadh na hainmhithe, a fuair toradh dearfach ar thástáil dá dtagraítear i bpointe II.3.6.1., as an gcóiríocht choraintín láithreach agus rinne an t-údarás inniúil gach beart is gá chun a áirithiú go raibh stádas sláinte sásúil ag na hainmhithe a bhí fágtha sular tugadh cead iad a thabhairt isteach iad sa lárionad bailithe i gcomhréir le pointe II.3.;]
	II.3.7. Rinneadh gach tástáil i saotharlann arna formheas ag an údarás inniúil; II.3.8. Níor tugadh ainmhithe isteach sa lárionad bailithe seamhain ach amháin le cead sainráite thréidlia an lárionaid agus taifeadtar gluaiseachtaí na n-ainmhithe uile a théann isteach agus amach as an lárionad bailithe seamhain; II.3.9. Níor thaispeáin aon ainmhí ar tugadh cead é a thabhairt isteach sa lárionad bailithe seamhain aon chomhartha cliniciúil galair ar an lá a tugadh cead é a thabhairt isteach; tháinig gach ainmhí ón gcóiríocht choraintín go díreach agus chomhlíon an chóiríocht, ar lá na coinsíneachta agus le linn thréimhse chónaithe na n-ainmhithe, na coinníollacha seo a leanas go hoifigiúil: II.3.9.1. ní raibh sé suite i limistéar srianta arna shainmhíniú faoi fhorálacha reachtaíochta náisiúnta mar gheall ar ráig den ghalar crúb is béil, d'fhiabhras na muc, d'fhiabhras Afracach na muc, den ghalar saicíneach mucúil, de stómaitíteas saicíneach ná de ghalar Aujeszky; II.3.9.2. níor taifeadadh aon fhianaise chlinicúil, shéireolaíoch, víreolaíoch ná phaiteolaíoch den ghalar crúb is béil, d'fhiabhras na muc, d'fhiabhras Afracach na muc, den ghalar saicíneach mucúil, de stómaitíteas saicíneach ná de ghalar Aujeszky sa 30 lá roimhe sin.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POR-SEM-B-ENTRY

Tástálacha gnáthúla éigeantacha d'ainmhithe a dhéantar a choimeád ag an lárionad bailithe seamhain

II.4. Déantar na tástálacha gnáthúla seo a leanas, arna ndéanamh i saotharlann atá formheasta ag an údarás inniúil, ar gach ainmhí a dhéantar a choimeád ag an lárionad bailithe seamhain:

II.4.1. maidir le bruisealóis, tástáil antigen *Brucella* maolánaithe (tástáil rósdearg Beangál), nó ELISA iomaíoch nó ELISA indíreach;

II.4.2. maidir le víreas ghalar Aujeszky,

[(1)]*cibé acu* [II.4.2.1. i gcás ainmhithe neamhvacsaínithe, tástáil neodraithe séirim nó ELISA chun antasubstaintí maidir le víreas ghalar Aujeszky iomlán a bhrath nó maidir lena ghliceapróitéin B (ADV-gB) nó gliceapróitéin D (ADV-gD);]

[(1)]*nó* [II.4.2.1. i gcás ainmhithe arna vacsaíniú le vacsaín gliceapróitéine E-scriosta, ELISA chun antasubstaintí maidir le gliceapróitéin E (ADV-gE) a bhrath;

II.4.3. Déantar na tástálacha gnáthúla dá dtagraítear i bpointe II.4.1. agus i bpointe II.4.2. ar shamplaí arna dtógail i gcomhréir le pointe 1.2 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 90/429/CEE chun a áirithiú go dtástálfar gach ainmhí sa lárionad uair amháin ar a laghad le linn dóibh fanacht ag an lárionad sin agus gach 12 mhí ar a laghad ón dáta a thugtar isteach iad, má fhanann siad tráth is mó ná 12 mhí ann;

[(2)]*cibé acu* [II.4.4. D'fhreagair na hainmhithe uile le torthaí diúltacha sna tástálacha gnáthúla dá dtagraítear i bpointe II.4.1. agus i bpointe II.4.2. arna ndéanamh ar shamplaí dá dtagraítear i bpointe II.4.3.]

[(2)]*nó* [II.4.4. Níor fhreagair na hainmhithe uile le torthaí diúltacha sna tástálacha dá dtagraítear i bpointe II.4.1. agus i bpointe II.4.2., a rinneadh ar shamplaí dá dtagraítear i bpointe II.4.3.:

(a) cuireadh na hainmhithe a fuair torthaí dearfacha ar leithlis,

(b) coimeádadh an seamhan arna bhailiú ó gach ainmhí ag an lárionad ó dháta thástáil dhiúltach dheireanach an ainmhí sin i stóras ar leith ó sheamhan a bhí incháilithe lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach a bailíodh roimh thástáil dhiúltach dheireanach an ainmhí nó tar éis do stádas sláinte an láionaid a bheith athbhunaithe faoi fhreagracht údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir.

Coinníollacha maidir le seamhan arna bhailiú ag lárionad bailithe seamhain agus a bhfuil sé beartaithe é a onnmhairiú chuig an Aontas

II.5. Fuarthas an seamhan sa choinsíneacht sin ó ainmhithe:

II.5.1. ar a raibh cónaí i……*(ainm trúú tír[(1)])* ar feadh tréimhse íosta 3 mhí díreach roimh bhailiú dóibh;

II.5.2. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil galair ar an lá a bailíodh an seamhan;

II.5.3. nár vacsaíníodh in aghaidh an ghalair crúb is béil;

II.5.4. a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.3.;

II.5.5. nár ceadaíodh dóibh seirbheáil go nádúrtha;

II.5.6. a rinneadh a choimeád i lárionaid bailithe seamhain nach raibh suite i limistéar srianta arna ainmniú faoi fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta a bhaineann leis an ngalar crúb is béil, fiabhras na muc, fiabhras Afracach na muc, galar saicíneach mucúil, stómaitíteas saicíneach agus galar Aujeszky;

II.5.7. rinneadh iad a choimeád i lárionaid bailithe seamhain nár braitheadh ann aon fhianaise chlinicúil, shéireolaíoch, víreolaíoch ná phaiteolaíoch den ghalar crúb is béil, d'fhiabhras na muc, d'fhiabhras Afracach na muc, den ghalar saicíneach mucúil, de stómaitíteas saicíneach ná de ghalar Aujeszky sa tréimhse 30 lá díreach roimh bhailiú dóibh.

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POR-SEM-B-ENTRY

II.6. Cuireadh meascán éifeachtach antaibheathach, go háirithe in aghaidh leiptispioranna, leis an seamhan sa choinsíneacht sin tar éis an chaolaithe chríochnaithigh air nó leis an gcaolaitheoir. I gcás seamhain reoite, cuireadh antaibheathaigh leis sular reodh an seamhan.

II.6.1. Táirgeadh éifeacht, de bharr mheascán na n-antaibheathach dá dtagraítear i bpointe II.6., a bhí coibhéiseach ar a laghad leis an tiúchan seo a leanas sa seamhan caolaithe críochnaitheach:

(a) nach lú ná 500 µg streiptimícin in aghaidh an ml de chaolaitheoir críochnaitheach,

(b) nach lú ná 500 IU peinicillin in aghaidh an ml de chaolaitheoir críochnaitheach,

(c) nach lú ná 150 µg lioncóimícin in aghaidh an ml de chaolaitheoir críochnaitheach,

(d) nach lú ná 300 µg streiptimícin in aghaidh an ml de chaolaitheoir críochnaitheach;

II.6.2. Coimeádadh an seamhan caolaithe ar theocht 15 °C ar a laghad ar feadh tréimhse nach lú ná 45 nóiméad díreach tar éis na hantaibheathaigh a chur leis.

II.7. Maidir leis an seamhan sa choinsíneacht seo:

II.7.1. stóráladh é mar a leagtar síos i bpointe 2(d) de Chaibidil I agus i bpointe 6(a), (b), (e) agus (f) de Chaibidil II d' Iarscríbhinn A a ghabhann le Treoir 90/429/CEE roimh sheoladh dó;

II.7.2. tá sé á iompar chuig an tír chinn scríbe i bhfleascáin a glanadh agus a díghalraíodh nó a steirilíodh roimh úsáid dóibh agus a séalaíodh roimh sheoladh dóibh ó na saoráidí stórála formheasta.

Nótaí

Ciallaíonn 'muc-ainmhí' muc-ainmhí mar a shainmhínítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 2020/686.

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan muc-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.6: '*An tOibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht*': níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.7: Soláthair cód an tríú tír.

Bosca I.11: Beidh áit seolta ag freagairt don lárionad bailithe seamhain as ar seoladh an seamhan a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 90/429/CEE:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/porcine/index_en.htm.

Bosca I.12: '*Ceann scríbe*': Níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin sa chás inar deimhniú do thráchtearra idirthurais é.

Bosca I.19: *'Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala'*: Sonrófar aitheantas an choimeádáin agus uimhir an tSéala.

Bosca I.21: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.22: Líon isteach de réir cibé acu an deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: Beidh an uimhir aitheantais ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

Sonrófar 'Dáta bailithe/táirgthe' san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Beidh *'uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid'* ag freagairt d'uimhir formheasa an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POR-SEM-B-ENTRY**

	Cuid II: (1) Tríú tír, críoch nó crios di a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le seamhan muc-ainmhithe, agus an tríú tír, críoch nó crios sin amháin. (2) Scrios mar is iomchuí. (3) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 90/429/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/porcine_en. (4) Scriosfar an rogha sin i gcás inar chuir an Ballstát cinn scríbe, nó réigiún de sin, atá saor ó ghalar Aujeszky i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 64/432/CEE, an Coimisiún ar an eolas i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 90/429/CEE agus i gcás ina liostaítear ar an suíomh gréasáin seo a leanas é: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/porcine_en
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 56

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD D'ÚICÍTÍ AGUS DE SHUTHANNA MUC-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/692 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA A BHAILIGH NÓ A THÁIRG NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA (SAMHAIL 'POR-OOCYTES-EMB-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**				
		□ Táirgí geirmeacha				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**	

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe POR-OOCYTES-EMB-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá na húicítí[1]/ na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[1]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe d'atáirgeadh saorga agus fuarthas iad ó ainmhithe bronntacha iad a thagann ó thríú tír, ó chríoch nó ó chrios di

II.1.1. údaraithe chun úicítí[1]/ suthanna arna ndíorthú *in vivo*[1]/ suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1]/ suthanna micri-ionramháilte[1] ó mhuc-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

[1]*cibé acu* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

[1]*nó* [II.1.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ar feadh tréimhse dar tús an dáta[2]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

[1]*cibé acu* [II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh fiabhras na muc ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

[1]*nó* [II.1.3. i gcás nár tuairiscíodh fiabhras na muc ar feadh tréimhse dar tús an dáta[3]……. (*cuir isteach dáta ll/mm/bbbb*) díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

II.1.4. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó agus fiabhras Afracach na muc ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;

II.1.5. i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ná fhiabhras na muc ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta, agus nár tugadh aon ainmhí vacsaínithe isteach sa tríú tír, sa chríoch ná sa chrios di le linn na tréimhse sin.

[1][4][II.1.6. saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky nó i gcás ina ndéantar clár díothúcháin formheasta maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky.]

II.2. Fuarthas na húicítí[1]/ na suthanna[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha a thagann ó bhunaíochtaí

II.2.1. nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* ná *B. suis* i muc-ainmhithe ann le linn an 42 lá roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1], agus le linn na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh bhailiú na n-úicítí[1]/ na suthanna[1]

[1]*cibé acu* [II.2.2.1. feidhmíodh bearta bithshlándála agus maolaithe riosca, lena n-áirítear na dálaí tithíochta agus córais bheathaithe, de réir mar is gá chun tarchur ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe chuig muc-ainmhithe a dhéantar a choimeád ar an mbunaíocht agus nár tugadh isteach ach muc-ainmhithe ó bhunaíochtaí a fheidhmíonn bearta bithshlándála coibhéiseacha;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe POR-OOCYTES-EMB-ENTRY
	[1]*nó* [II.1.2.2. ón mbunaíocht tionscnaimh i gcás nár tuairiscíodh an galar cúplála eachaí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta, agus gur thug an Coimisiún aitheantas don chlár faireachais arna dhéanamh in each-ainmhithe pórúcháin sa bhunaíocht tionscnaimh chun a léiriú nach raibh ionfhabhtú i láthair le linn na tréimhse 6 mhí sin;]				
	[1]*cibé acu* [II.2.3. i gcás nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta;]				
	[1]*nó* [II.2.3. ón mbunaíocht tionscnaimh i gcás nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) le linn tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain agus go dtí dáta a sheolta, agus gur thug an Coimisiún aitheantas don chlár faireachais arna dhéanamh in each-ainmhithe pórúcháin sa bhunaíocht tionscnaimh chun a léiriú nach raibh ionfhabhtú i láthair le linn na tréimhse 6 mhí sin;]				

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-ENTRY

II.2. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha a thagann, roimh dóibh dul isteach sa lárionad bailithe seamhain, ó bhunaíochtaí

II.2.1. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) inti le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiú an tseamhain, agus

(1)*cibé acu* [nár tuairiscíodh surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú an tseamhain;]

(1)*nó* [gur tuairiscíodh surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú an tseamhain agus gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí

(1)*cibé acu* [go dtí go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht a chur faoi thástáil le haghaidh surra le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis an t-ainmhí ionfhabhtaithe deireanach a bhaint den bhunaíocht;]]

(1)nó [ar feadh 30 lá ar a laghad ón dáta glantacháin agus dífhabhtaithe tar éis an t-ainmhí deireanach den speiceas liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]]

II.2.2. nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí ann le linn na tréimhse 6 mhí roimh bhailiú an tseamhain, agus

(1)*cibé acu* [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú an tseamhain;]

(1)*nó* [gur tuairiscíodh galar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú an tseamhain agus gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí

(1)*cibé acu* [go dtí gur cuireadh na heachainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht, cé is moite de na heachainmhithe fireanna coillte, faoi thástáil iad le haghaidh galar cúplála eachaí leis an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh, nó tar éis na heach-ainmhithe fireanna ionfhabhtaithe go léir a choilleadh;]]

(1)*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis an t-each-ainmhí deireanach sa bhunaíocht a mharú agus a scriosadh, agus an t-áitreabh a ghlanadh agus a dhífhabhtú;]]

II.2.3. nár tuairiscíodh ainéime thógálach eachaí ann le linn na tréimhse 90 lá roimh bhailiú an tseamhain, agus

(1)*cibé acu* [nár tuairiscíodh ainéime thógálach eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 12 mhí roimh bhailiú an tseamhain;]

(1)*nó* [gur tuairiscíodh ainéime thógálach eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 12 mhí roimh bhailiú an tseamhain agus gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí

(1)*cibé acu* [go dtí go ndéanfar tástáil ar na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht le haghaidh ainéime thógálach eachaí leis an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 9 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh íosta 3 mhí tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh agus tar éis an bhunaíocht a ghlanadh agus a dhíghalrú.]]

(1)*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis an t-each-ainmhí deireanach sa bhunaíocht a mharú agus a scriosadh, agus an t-áitreabh a ghlanadh agus a dhífhabhtú;]]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-ENTRY
	II.2.4. nár thaispeáin aon each-ainmhí comharthaí ionfhabhtaithe le hartairíteas víreasach eachaí ná meitríteas tógálach eachaí le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain.
	II.3. Rinneadh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil, agus a sheoladh ón lárionad bailithe seamhain[2]
	II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;
	II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.
	II.4. Fuarthas an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó na hainmhithe bronntacha
	II.4.1. níor vacsaíníodh in aghaidh tinneas Afracaigh eachaí iad sa 40 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain;
	II.4.2. níor vacsaíníodh in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach iad sa 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain;
	II.4.3. a d'fhan ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcrios di dá dtagraítear i mBosca I.7.;
	II.4.4. ar feadh treimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain agus le linn na tréimhse bailiúcháin
	II.4.4.1. a coimeádadh i mbunaíochtaí nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú tinnis Afracaigh eachaí, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha d'each-ainmhithe;
	II.4.4.2. coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin iad nár tuairiscíodh ann einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, an galar cúplála eachaí, surra (*Trypanosoma evansi*), ainéime thógálach eachaí, ionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí, meitríteas tógálach eachaí, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh ná antrasc;
	II.4.4.3. nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá suite i gcrios srianta mar gheall ar tharlú na ngalar dá dtagraítear i bpointe II.4.4.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.4.4.2.;
	II.4.5. nár úsáideadh ar mhaithe le pórúchán nádúrtha le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain agus idir dátaí an chéad sampla dá dtagraítear i bpointí II.4.8.1., II.4.8.2. agus/nó i bpointe II.4.8.3. agus go dtí deireadh na tréimhse bailiúcháin;
	II.4.6. níor thaispeáin aon siomptóm de ghalair in-tarchurtha ar an lá a tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad bailithe seamhain agus ar an lá ar bailíodh an seamhan;
	II.4.7. sainaithnítear go haonarach mar a fhoráiltear in Airteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;
	II.4.8. a cuireadh faoi na tástálacha seo a leanas dá dtagraítear i bpointe 1(a) de Chaibidil I de Chuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, mar a leanas:
	[3][II.4.8.1. le haghaidh ionfhabhtú le hainéime thógálach eachaí (EIA), triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le toradh diúltach;]
	II.4.8.2. i gcás ionfhabhtaithe le hartairíteas víreasach eachaí (EVA),
	[1]*cibé acu* [II.4.8.2.1. tástáil neodraithe séirim le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 4;]
	[1]*agus/nó* [II.4.8.2.2. tástáil scoite víreas, imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) nó ISP fíor-ama arna déanamh ar shlánchuid sheamhan iomlán na staile bronntaí, agus toradh diúltach uirthi;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-ENTRY
	II.4.8.3. i gcás meitrítis thógálaigh eachaí (CEM): tástáil sainaitheantais oibreáin arna déanamh ar thrí eiseamal tástála (maipíneachtaí) arna dtógáil ar dhá ócáid ón stail bhronntach, is é sin ón bhforchraiceann, ón úiréadra agus ón fossa glandis agus tréimhse nach lú ná 7 lá ar a laghad idir an dá ócáid sin; Ní dhearnadh na samplaí a thógáil in aon chás níos luaithe ná 7 lá (cóireáil shistéamach) nó 21 lá (cóireáil áitiúil) tar éis teiripe fhrithmhiocróbach a thabhairt don stail bhronntach agus cuireadh i gcóir iompair iad le fioghual gníomhachtaithe, amhail meán iompair Amies, sular seoladh chuig an tsaotharlann iad, áit ar cuireadh faoi thástáil iad, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh: [(1)]*cibé acu* [II.4.8.3.1. leithlisiú *Taylorella equigenitalis* tar éis a shaothraithe faoi choinníollacha miocraeraifileacha ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad, arna shocrú laistigh de 24 uair an chloig tar éis thógáil na n-eiseamal tástála ón ainmhí bronntach, nó 48 n-uair an chloig i gcás ina gcoimeádtar na heiseamail tástála fionnuar le linn a n-iompartha;] [(1)]*agus/nó* [II.4.8.3.2. déantar géanóm *Taylorella equigenitalis* a bhrath trí ISP nó ISP fíor-ama, arna déanamh laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis thógáil na n-eiseamal tástála ón ainmhí bronntach;] II.4.9. cuireadh iad faoi cheann amháin ar a laghad de na cláir thástála seo a leanas a dtugtar mionsonraí fúthu faoi seach i bpointí 1(b)(i), (ii) agus (iii) de Chaibidil I de Chuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, leis na torthaí a mhionsonraítear i bpointe II.4.8. i ngach cás: [(4)][II.4.9.1. Bhí cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, agus níor tháinig aon each-ainmhí sa lárionad bailithe seamhain le linn an ama sin i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná an stail bhronntach. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.8. ar shamplaí arna dtógáil[(5)] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin nó roimh an gcéad bhailiúchán seamhain a bhí le teacht isteach san Aontas mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe thréimhse chónaithe an 30 lá ar a laghad roimh an gcéad bhailiúchán seamhain.] [(4)][II.4.9.2. Bhí cónaí ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, ach d'imigh sé as an lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid ar feadh tréimhse leanúnach ba ghiorra ná 14 lá le linn na tréimhse bailiúcháin, nó tháinig each-ainmhithe eile sa lárionad bailithe seamhain i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.8. ar shamplaí arna dtógáil[(5)] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin nó roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain a raibh sé beartaithe é a thabhairt isteach san Aontas mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe thréimhse chónaithe an 30 lá ar a laghad roimh an gcéad bhailiúchán seamhain, agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain a raibh sé beartaithe é a thabhairt isteach san Aontas mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite, cuireadh an stail bhronntach faoi na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.8., mar a leanas: (a) i gcás ainéime tógálaí eachaí, rinneadh ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.8.1. den uair dheireanach ar shampla fola arna thógáil[(5)] tráth nach mó ná 90 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I; (b) i gcás ionfhabhtaithe le hartairíteas víreasach eachaí: ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc [(1)]*cibé acu* [i bpointe II.4.8.2. a rinneadh den uair dheireanach ar shampla arna thógáil[(5)] tráth nach mó ná 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-ENTRY
	[1]*nó* [i bpointe II.4.8.2.2., i gcás ina ndeimhnítear staid neamh-shilteach staile bronntaí séiridhearfaí maidir le hionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí, arna dhéanamh ar shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí arna thógáil[5] tráth nach mó ná 6 mhí roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus ar shampla fola arna thógáil[5] ón stail bhronntach le linn na tréimhse 6 mhí a d'fhreagair le toradh dearfach i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh ionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí de réir caolú séirim de bhreis is 1 ar 4;] (c) i gcás meitrítis thógálaigh eachaí, rinneadh an tástáil ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.8.3. den uair dheireanach ar thrí eiseamal tástála (maipíneachtaí) arna dtógáil[5] tráth nach mó ná 60 lá roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I; [1]*cibé acu* [ar dhá ócáid;] [1]*nó* [ar ócáid amháin agus cuireadh faoi ISP nó ISP fíor-ama iad.]] [4][II.4.9.3. Ní chomhlíonann an stail bhronntach na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 1(b)(i) agus (ii) de Chaibidil I de Chuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 agus bailítear an seamhan le tabhairt isteach san Aontas mar sheamhan reoite. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.8.1, i bpointe II.4.8.2 agus i bpointe II.4.8.3 ar shamplaí arna dtógáil[5] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin, agus rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc ii bpointe II.4.8.1 agus i bpointe II.4.8.3. ar shamplaí arna dtógáil[5] ón stail bhronntach le linn thréimhse stórála an tseamhain ar feadh tréimhse íosta 30 lá ó dháta bailithe an tseamhain agus sula mbaintear an seamhan amach as an lárionad bailithe seamhain, tráth nach lú ná 14 lá agus nach mó ná 90 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, agus [1]*cibé acu* [rinneadh na tástálacha le haghaidh ionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.8.2. ar shamplaí arna dtógáil[5] le linn thréimhse stórála an tseamhain ar feadh tréimhse íosta 30 lá ó dháta bailithe an tseamhain agus sula mbaintear an seamhan amach as an lárionad bailithe seamhain nó sula n-úsáidtear é, tráth nach lú ná 14 lá agus nach mó ná 90 lá tar éis dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I.] [1]*nó* [deimhníodh staid neamh-shilteach staile bronntaí séiridhearfaí maidir le hionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí, le tástáil scoite víreas, ISP nó ISP fíor-ama a rinneadh le toradh diúltach ar shamplaí de shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí arna dtógáil[5] faoi dhó sa bhliain ar eatramh 4 mhí ar a laghad agus d'fhreagair an stail bhronntach le toradh dearfach ag caolú séirim de cheann amháin ar a laghad as ceithre cinn i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh ionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí.]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-ENTRY**

II.4.10. chuaigh faoin tástáil dá bhforáiltear i bpointe II.4.9. ar shamplaí arna dtógáil ar na dátaí seo a leanas:

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaithe[5]		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte[5]					
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	EIA II.4.8.1.		EVA II. 4.8.2.		CEM II.4.8.3.	
						Sampla fola	Sampla seamhain	1. sampla	2. sampla

II.5. Maidir leis an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

II.5.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh é i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach i bpointí 1 agus 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.5.2. chuirtear i soip nó i bpacáistí eile é ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

II.5.3. aistrítear i gcoimeádán é:

II.5.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh roimh an seoladh ón lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia oifigiúil an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.5.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

[1][6][II.5.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe.]

[1][7][II.6. Caomhnaítear an seamhan trí antaibheathaigh a chur leis mar a leanas:

II.6.1. Cuireadh an t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach a leanas leis sa seamhan é tar éis an chaolaithe chríochnaithigh, nó tá sé sna caolaitheoirí seamhain úsáidte, chun an tiúchan a shonraítear a bhaint amach in aghaidh gach ml seamhain:

[1]*cibé acu* [meascán de ghentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg);]

[1]*nó* [meascán de lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);]

[1]*nó* [meascán d'aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg);]

[1]*nó* [antaibheathach nó meascán antaibheathach[8]……, ag a bhfuil gníomhaíocht bhaictéiricídeach is coibhéiseach, ar a laghad, le ceann de na meascáin seo a leanas:

- gentamicin (250 µg), tíolóisin (50 µg) agus lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg);
- lioncóimícin-speictinimícin (150/300 µg), peinicillin (500 IU) agus streiptimícin (500 µg);
- aimíocaicin (75 µg) agus dibheacaicin (25 µg).]

II.6.2. Díreach tar éis do na hantaibheathaigh a bheith curtha leis, agus sula raibh aon seans reoite ann, coimeádadh an seamhan caolaithe ar theocht 5 °C ar a laghad ar feadh tréimhse nach lú ná 45 nóiméad, nó faoi chóras am-teochta le gníomhaíocht bhaictéiricídeach choibhéiseach dhoiciméadaithe.]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-ENTRY**

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11:	*'Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh an lárionaid bailithe seamhain a sheol an choinsíneacht seamhain. Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en
Tagairt bhosca I.12:	*'Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht seamhain á seoladh chuici.
Tagairt bhosca I.19:	Sonrófar uimhir an tséala.
Tagairt bhosca I.24:	Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.
Tagairt bhosca I.27:	*'Cineál'*: Sonraigh seamhan. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear seamhan na coinsíneachta. *'An dáta bailithe/táirgthe':* Sonraigh an dáta a bailíodh seamhan na coinsíneachta san fhormáid seo a leanas: ll.mm.bbbb. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil an lárionaid bailithe seamhain inar bailíodh an seamhan. *'Cainníocht'*: Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

Cuid II:

Treoraíocht maidir leis an tábla i bpointe II.4.10. a líonadh isteach.

Giorrúcháin:

EIA-1	Tástáil le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) an chéad ócáid
EIA-2	Tástáil le haghaidh EIA an dara hócáid
EVA-B1	Tástáil le haghaidh ionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí (EVA) ar shampla fola an chéad ócáid
EVA-B2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla fola an dara hócáid
EVA-S1	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an chéad ócáid
EVA-S2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an dara hócáid
CEM-11	Tástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) an chéad ócáid an chéad sampla
CEM-12	Tástáil le haghaidh CEM an chéad ócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-11
CEM-21	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an chéad sampla
CEM-22	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-21

Treoracha:

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-A-ENTRY**

Maidir le gach seamhan arna shainaithint i gcolún A agus is comhfhreagrach le Bosca I.27, sonrófar an clár tástála (pointí II.4.9.1., II.4.9.2. agus/nó pointe II.4.9.3.) i gcolún B, agus líonfar colún C agus colún D leis na dátaí is gá.

Cuirfear na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a dtástála i saotharlann roimh an gcéad bhailiúchán seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I de réir mar is gá i bpointe II.4.9.1., i bpointe II.4.9.2. agus i bpointe II.4.9.3., sa líne uachtarach de cholúin 5 go 9 den tábla, is é sin na boscaí arna marcáil le EIA-1, EVA-B1 nó EVA-S1 agus CEM-11 agus CEM-12 sa sampla thíos.

Cuirfear na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a n-atástála i saotharlann de réir mar is gá i gcomhréir le pointe II.4.9.2. nó le pointe II.4.9.3. sa líne íochtarach de cholúin 5 go 9 den tábla, is é sin na boscaí EIA-2, EVA-B2 nó EVA-S2 agus CEM-21 agus CEM-22 sa sampla thíos.

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaigh		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte				
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	EIA II.4.8.1.	EVA II.4.8.2.		CEM II.4.8.3.	
					Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla
A	**B**	**C**	**D**	**EIA-1**	**EVA-B1**	**EVA-S1**	**CEM-11**	**CEM-12**
				EIA-2	**EVA-B2**	**EVA-S2**	**CEM-21**	**CEM-22**

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en.

(3) Ní éilítear triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) ná ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí d'each-ainmhithe bronntacha a raibh cónaí orthu go leanúnach san Íoslainn ó rugadh iad, ar choinníoll gur fhan an Íoslainn saor go hoifigiúil ón ainéime thógálach eachaí agus nár tugadh aon each-ainmhithe ná a gcuid seamhain, úicítí agus suthanna isteach san Íoslainn ón taobh amuigh roimh an tréimhse inar bailíodh an seamhan agus lena linn sin.

(4) Cuir líne trí na cláir nach bhfuil feidhm acu maidir leis an gcoinsíneacht.

(5) Cuir dáta i dtábla i bpointe II.4.10 (lean an Treoraíocht i gCuid II de na Nótaí).

(6) Is infheidhme maidir le seamhan reoite.

(7) Deimhniú éigeantach i gcás inar cuireadh antaibheathaigh leis.

(8) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan nó ainm trádála an chaolaitheora seamhain a bhfuil na hantaibheathaigh ann.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 60

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC DE SHEAMHAN EACH-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE TAR ÉIS AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 AGUS ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'EQUI-SEM-B-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	□ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**	

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an tréidlia oifigiúil, de chuid na tíre is onnmhaireoir [(1)]…… leis seo

(*ainm na tíre is onnmhaireoir*)

an méid seo a leanas:

II.1. Maidir leis an lárionad bailithe seamhain[(2)], inar bailíodh, inar próiseáladh agus inar stóráladh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I le honnmhairiú chuig an Aontas, go ndearna an t-údarás inniúil é a fhormheas agus a mhaoirsiú i gcomhréir le coinníollacha Chaibidil I(I)(1) agus Chaibidil I(II)(1) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE[(3)];

II.2. Le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I go dtí an dáta a seoladh an seamhan úr nó an seamhan fuaraithe nó go dtí go rachaidh an tréimhse stórála 30 lá do sheamhan reoite in éag, maidir leis an lárionad bailithe seamhain:

II.2.1. bhí sé suite sa tír is onnmhaireoir nó, i gcás réigiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/156/CE[(4)], sa chuid sin de chríoch na tíre is onnmhaireoir:

– nár measadh a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le Airteagail 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE,

– a bhí saor ón einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad,

– a bhí saor ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei agus ón ngalar cúplála eachaí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad;

II.2.2. a chomhlíon na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE agus go háirithe:

[(5)]*cibé acu* [II.2.2.1. tar éis cás galair a luaitear thíos nár maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar sin a bhí lonnaithe sa ghabháltas agus go raibh an gabháltas saor:

– ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad, ag tosú ar an lá a mharaítear na heach-ainmhithe a bhfuil an galar orthu,

– ó ainéime thógálach eachaí (EIA) ar feadh na tréimhse is gá ar a laghad chun toradh diúltach a fháil i dtriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú ar dhá ócáid 3 mhí ó chéile as measc na n-ainmhithe atá fágtha,

– ó stómaitíteas saicíneach (VS) ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach;

– ó chonfadh ar feadh tréimhse 1 mhí ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach;

– ó antrasc ar feadh tréimhse 15 lá ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach;]

[(5)]*nó* [II.2.2.1. tar éis cás galair a luaitear thíos gur maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar sin atá lonnaithe sa ghabháltas agus an t-áitreabh a bheith díghalraithe, agus an gabháltas a bheith saor ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí, ainéime tógálaí eachaí, stómaitítis saicínigh agus confaidh nó 15 lá i gcás antraisc, ag tosú ar an lá tar éis scriosadh na n-ainmhithe gur cuireadh díghalrú an áitribh i gcrích go sásúil;]

II.2.3. nach raibh ann ach each-ainmhithe a bhí saor ó aon chomhartha cliniciúil d'artairíteas víreasach eachaí agus de mheitríteas tógálach eachaí,

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-ENTRY
	II.3. Sula dtéann na staileanna bronntacha agus d'aon each-ainmhí eile atá lonnaithe sa lárionad isteach sa lárionad bailithe seamhain:
	II.3.1. bhí cónaí orthu go leanúnach ar feadh tréimhse 3 mhí (nó ón uair a tháinig siad isteach má allmhairíodh iad ó Bhallstát den Aontas go díreach le linn na tréimhse 3 mhí) sa tír is onnmhaireoir nó, i gcás réigiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/156/CE, sa chuid sin de chríoch na tíre is onnmhaireoir le linn na tréimhse sin: – nár measadh a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le Airteagail 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE, – a bhí saor ón einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad, – a bhí saor ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei agus ón ngalar cúplála eachaí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad;
	[(5)]*cibé acu* [II.3.2. thionscain siad ón tír is onnmhaireoir a bhí ar an lá a tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad saor ó stómaitíteas saicíneach (VS) ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad,]
	[(5)]*nó* [II.3.2. rinneadh tástáil neodraithe víreas orthu le haghaidh stómaitíteas saicíneach (VS) arna déanamh le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 32 i gceist nó VS ELISA arna déanamh le toradh diúltach i gcomhréir leis an gCaibidil ábhartha den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE ar shampla fola arna thógáil[(6)] laistigh de 14 lá roimh dóibh dul isteach sa lárionad;]
	II.3.3. tháinig siad ó ghabháltais a chomhlíon ceanglais phointe II.2.2. ar an lá a tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad;
	II.4. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó staileanna bronntacha:
	II.4.1. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil de ghalar tógálach ionfhabhtaíoch san am a ceadaíodh isteach sa lárionad bailithe seamhain iad ná ar lá bailithe an tseamhain;
	II.4.2. a rinneadh a choimeád ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe an tseamhain i ngabháltais nár thaispeáin aon each-ainmhí ann aon chomhartha cliniciúil den artairíteas víreasach eachaí ná den mheitríteas tógálach eachaí le linn na tréimhse sin;
	II.4.3. nár úsáideadh ar mhaithe le síolrú nádúrtha le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain agus idir dátaí an chéad sampla dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1., i bpointe II.4.5.2. agus/nó i bpointe II.4.5.3. agus go dtí deireadh na tréimhse bailiúcháin;
	II.4.4. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu, a chomhlíonann ceanglais na Caibidle ábhartha den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE ar a laghad, arna ndéanamh i saotharlann atá sainaitheanta ag an údarás inniúil agus a bhfuil na tástálacha dá dtagraítear ina dhiaidh seo san áireamh acu ina chreidiúnú a bheidh coibhéiseach leis an gcreidiúnú dá bhforáiltear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004[(7)], mar a leanas:
	[(8)][II.4.4.1. i gcás ainéime tógálaí eachaí (EIA), triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (AGID nó tástáil Coggins) nó measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le haghaidh ainéime thógálach eachaí le toradh diúltach;]
	II.4.4.2. i gcás artairítis víreasaigh eachaí (EVA),
	[(5)]*cibé acu* [II.4.4.2.1. tástáil neodraithe séirim le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 4;]
	[(5)]*agus/nó* [II.4.4.2.2. tástáil scoite víreas, imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) nó ISP fíor-ama arna déanamh ar shlánchuid sheamhan iomlán na staile bronntaí, agus toradh diúltach uirthi;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-ENTRY
	II.4.4.3. i gcás meitrítis thógálaigh eachaí (CEM): tástáil sainaitheantais oibreáin arna déanamh ar thrí eiseamal tástála (maipíneachtaí) arna dtógáil ar dhá ócáid ón stail bhronntach, is é sin ón bhforchraiceann, ón úiréadra agus ón fossa glandis agus tréimhse nach lú ná 7 lá ar a laghad idir an dá ócáid sin; Ní dhearnadh na samplaí a thógáil in aon chás níos luaithe ná 7 lá (cóireáil shistéamach) nó 21 lá (cóireáil áitiúil) tar éis teiripe fhrithmhiocróbach a thabhairt don stail bhronntach agus cuireadh i gcóir iompair iad le fioghual gníomhachtaithe, amhail meán iompair Amies, sular seoladh chuig an tsaotharlann iad, áit ar cuireadh faoi thástáil iad, agus toradh diúltach uirthi, le haghaidh: [5]*cibé acu* [II.4.4.3.1. leithlisiú *Taylorella equigenitalis* tar éis a shaothraithe faoi choinníollacha miocraeraifileacha ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad, arna shocrú laistigh de 24 uair an chloig tar éis thógáil na n-eiseamal tástála ón ainmhí bronntach, nó 48 n-uair an chloig i gcás ina gcoimeádtar na heiseamail tástála fionnuar le linn a n-iompartha;] [5]*agus/nó* [II.4.4.3.2. déantar géanóm *Taylorella equigenitalis* a bhrath trí ISP nó ISP fíor-ama, arna déanamh laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis thógáil na n-eiseamal tástála ón ainmhí bronntach;] II.4.5. cuireadh iad faoi cheann amháin ar a laghad de na cláir thástála seo a leanas a dtugtar mionsonraí fúthu faoi seach i bpointí 1.6(a), (b) agus (c) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE, leis na torthaí a mhionsonraítear i bpointe II.4.4. i ngach cás: [9][II.4.5.1. Bhí cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, agus níor tháinig aon eachainmhí sa lárionad bailithe seamhain i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe le linn an ama sin ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná an stail bhronntach. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4. ar shamplaí arna dtógáil[6] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin nó roimh an gcéad bhailiúchán seamhain a raibh sé beartaithe é a allmhairiú isteach san Aontas mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe thréimhse chónaithe an 30 lá ar a laghad roimh an gcéad bhailiúchán seamhain.] [9][II.4.5.2. Bhí cónaí ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, ach d'imigh sí as an lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid ar feadh tréimhse leanúnach ba ghiorra ná 14 lá, agus/nó tháinig each-ainmhithe eile sa lárionad bailithe seamhain i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4. ar shamplaí arna dtógáil[6] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin nó roimh an gcéad bhailiúchán seamhain a raibh sé beartaithe é a allmhairiú isteach san Aontas mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe thréimhse chónaithe an 30 lá ar a laghad roimh an gcéad bhailiúchán seamhain, *agus* le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain a raibh sé beartaithe é a allmhairiú isteach san Aontas mar sheamhan úr, fuaraithe nó reoite, cuireadh an stail bhronntach faoi na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4., mar a leanas: (a) i gcás ainéime tógálaí eachaí, rinneadh ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.1. den uair dheireanach ar shampla fola arna thógáil[6] tráth nach mó ná 90 lá roimh bhailiúchán an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I; (b) i gcá artairítis víreasaigh eachaí, ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc [5]*cibé acu* [i bpointe II.4.4.2., rinneadh den uair dheireanach í ar shampla arna thógáil[6] tráth nach mó ná 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;]

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-ENTRY**

[5]*nó* [i bpointe II.4.4.2.2, rinneadh í ar shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí arna thógáil[6] tráth nach mó ná 6 mhí roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus ar shampla fola arna thógáil[6] ón stail bhronntach le linn na tréimhse 6 mhí a d'fhreagair le toradh dearfach i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí de réir caolú séirim de bhreis is 1 ar 4;]

(c) i gcás meitrítis thógálaigh eachaí, rinneadh an tástáil ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.3. den uair dheireanach ar thrí eiseamal tástála (maipíneachtaí)[6] tráth nach mó ná 60 lá roimh dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

[5]*cibé acu* [ar dhá ócáid;]

[5]*nó* [ar ócáid amháin agus cuireadh faoi ISP nó ISP fíor-ama iad.]]

[9][II.4.5.3. Ní chomhlíonann an stail bhronntach na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 1.6(a) agus (b) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus bailítear an seamhan le hallmhairiú isteach san Aontas mar sheamhan reoite.

Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.1, i bpointe II.4.4.2 agus i bpointe II.4.4.3 ar shamplaí arna dtógáil[6] ón stail bhronntach uair sa bhliain ar a laghad ag tús an tséasúir pórúcháin,

agus rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.1 agus i bpointe II.4.4.3. ar shamplaí arna dtógáil[6] ón stail bhronntach le linn thréimhse stórála an tseamhain ar tréimhse íosta 30 lá í ó dháta bailithe an tseamhain agus sula mbaintear an seamhan amach as an lárionad bailithe seamhain, tráth nach lú ná 14 lá agus nach mó ná 90 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,

agus [5]*cibé acu* [rinneadh na tástálacha le haghaidh artairíteas víreasach eachaí ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.2. ar shamplaí arna dtógáil[6] le linn thréimhse stórála an tseamhain ar tréimhse íosta 30 lá í ó dháta bailithe an tseamhain agus sula mbaintear an seamhan amach as an lárionad bailithe seamhain nó sula n-úsáidtear é, tráth nach lú ná 14 lá agus nach mó ná 90 lá tar éis dháta bailithe an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I.]

[5]*nó* [deimhníodh staid neamh-shilteach staile bronntaí séiridhearfaí maidir le hartairíteas víreasach eachaí le tástáil scoite víreas, ISP nó ISP fíor-ama a rinneadh le toradh diúltach ar shamplaí de shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí arna tógáil[6] faoi dhó sa bhliain ar eatramh 4 mhí ar a laghad agus d'fhreagair an stail bhronntach le toradh dearfach ag caolú séirim de cheann amháin ar a laghad as ceithre cinn i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí.]

II.4.6. chuaigh faoin tástáil dá bhforáiltear i bpointe II.3.2.[5] agus i bpointe II.4.5. ar shamplaí arna dtógáil ar na dátaí seo a leanas:

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaithe[6]		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte[6]					
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	VS[5] II.3.2	EIA II.4.4.1.	EVA II. 4.4.2.		CEM II.4.4.3.	
						Sampla fola	Sampla seamhain	1. sampla	2. sampla

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-ENTRY**

[5]nó [II.5. Cuireadh an t-antaibheathach seo a leanas nó an meascán antaibheathach seo a leanas leis chun tiúchan a tháirgeadh sa seamhan caolaithe críochnaitheach nach lú ná[10]:

…….....

……..…….. ;]

II.6. An seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.6.1. bailíodh, próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh é faoi choinníollacha a chomhlíonann ceanglais Chaibidil II(I)(1) agus Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.6.2. seoladh chuig an áit luchtaithe i gcoimeádán séalaithe é i gcomhréir le pointe 1.4 de Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus ar a bhfuil an uimhir a shonraítear i mBosca I.19.

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh an áit seolta ag freagairt do lárionad bailithe seamhain tionscnaimh an tseamhain.

Bosca I.19: Sonrófar sainaitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: *'Uimhir aitheantais'*: Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Cuid II:

Treoraíocht maidir leis an tábla i bpointe II.4.6. a líonadh isteach.

Giorrúcháin:

VS	Tástáil le haghaidh stómaitíteas saicíneach más gá i gcomhréir le pointe II.3.2
EIA-1	Tástáil le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) an chéad ócáid
EIA-2	Tástáil le haghaidh EIA an dara hócáid
EVA-B1	Tástáil le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) ar shampla fola an chéad ócáid
EVA-B2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla fola an dara hócáid
EVA-S1	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an chéad ócáid
EVA-S2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an dara hócáid
CEM-11	Tástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) an chéad ócáid an chéad sampla
CEM-12	Tástáil le haghaidh CEM an chéad ócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-11
CEM-21	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an chéad sampla
CEM-22	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-21

Treoracha:

Maidir le gach seamhan arna shainaithint i gcolún A agus is comhfhreagrach le Bosca I.27, sonrófar an clár tástála (pointí II.4.5.1., II.4.5.2. agus/nó II.4.5.3.) i gcolún B, agus líonfar isteach colúin C agus D leis na dátaí is gá.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-B-ENTRY**

Cuirfear na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a dtástála i saotharlann roimh an gcéad bhailiúchán seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I de réir mar is gá i bpointe II.4.5.1., i bpointe II.4.5.2. agus i bpointe II.4.5.3., sa líne uachtarach de cholúin 5 go 9 den tábla, is é sin na boscaí arna marcáil le EIA-1, EVA-B1 nó EVA-S1 agus CEM-11 agus CEM-12 sa sampla thíos.

Cuirfear na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a n-atástála i saotharlann de réir mar is gá i gcomhréir le pointe II.4.5.2. nó le ointe II.4.5.3. sa líne íochtarach de cholúin 5 go 9 den tábla, is é sin na boscaí EIA-2, EVA-B2 nó EVA-S2 agus CEM-21 agus CEM-22 sa sampla thíos.

An seamhan a chaingithint	Clár tástála	Dáta tosaigh		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte					
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	VS II.3.2.	EIA II.4.4.1.	EVA II.4.4.2.		CEM II.4.4.3.	
						Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla
A	**B**	**C**	**D**	**VS**	**EIA-1**	**EVA-B1**	**EVA-S1**	**CEM-11**	**CEM-12**
					EIA-2	**EVA-B2**	**EVA-S2**	**CEM-21**	**CEM-22**

(1) Údaraítear allmhairí seamhain eachaí ó thríú tír a liostaítear i gcolún 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ar choinníoll gur bailíodh an seamhan sa chuid de chríoch an tríú tír a mhionsonraítear i gcolún 2 den Iarscríbhinn sin ó stail bhronntach de chatagóir na n-each-ainmhithe a shonraítear i gcolún 3 den Iarscríbhinn sin.

(2) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en.

(3) Treoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil agus allmhairí ainmhithe, seamhain, ubhán agus suthanna nach mbeidh faoi réir ceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos i rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE (IO L 268, 14.9.1992, lch. 54).

(4) Treoir 2009/156/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe lena rialaítear gluaiseacht agus allmhairiú each-ainmhithe ó thríú tíortha (IO L 192, 23.7.2010, lch. 1).

(5) Scrios mar is iomchuí.

(6) Cuir dáta i dtábla i bpointe II.4.6 (lean an Treoraíocht i gCuid II de na Nótaí).

(7) Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmítear chun a áirithiú go bhfíorófar comhlíonadh dlí beatha agus bia ainmhithe, agus rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

(8) Ní éilítear triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) ná ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí d'each-ainmhithe bronntacha a raibh cónaí orthu go leanúnach san Íoslainn ó rugadh iad, ar choinníoll gur fhan an Íoslainn saor go hoifigiúil ón ainéime thógálach eachaí agus nár tugadh aon each-ainmhithe ná a gcuid seamhain, úicítí agus suthanna isteach san Íoslainn ón taobh amuigh roimh an tréimhse inar bailíodh an seamhan agus lena linn sin.

(9) Cuir líne trí na cláir nach bhfuil feidhm acu maidir leis an gcoinsíneacht.

(10) Cuir isteach na hainmneacha agus na tiúchain.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 61

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC DE SHEAMHAN EACH-AINMHITHE ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE TAR ÉIS AN 31 LÚNASA 2010 AGUS ROIMH AN 1 DEIREADH FÓMHAIR 2014, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'EQUI-SEM-B-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** □ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an tréidlia oifigiúil, de chuid na tíre is onnmhaireoir [1]…… leis seo

(*ainm na tíre is onnmhaireoir*)

deimhním:

II.1. Maidir leis an lárionad bailithe seamhain[2], inar bailíodh, inar próiseáladh agus inar stóráladh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rinne an t-údarás inniúil é a fhormheas agus a mhaoirsiú i gcomhréir le coinníollacha Chaibidil I(I)(1) agus Chaibidil I(II)(1) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE,

II.2. le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I go dtí go ndeachaigh an tréimhse stórála 30 lá do sheamhan reoite in éag, is amhlaidh seo maidir leis an lárionad bailithe seamhain:

II.2.1. bhí sé suite sa tír is onnmhaireoir nó, i gcás réigiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/156/CE[3], sa chuid sin de chríoch na tíre is onnmhaireoir:

– nach meastar a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le Airteagail 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE[3],

– bhí sé saor ón einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh 2 bhliain,

– bhí sé saor ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei agus ón ngalar cúplála eachaí ar feadh 6 mhí;

II.2.2. chomhlíon sé na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE[3] agus go háirithe:

[4]*cibé acu* [II.2.2.1. tar éis cás galair a luaitear thíos níor maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar sin a bhí lonnaithe sa ghabháltas agus go raibh an gabháltas saor:

– ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí ar feadh 6 mhí ar a laghad, ag tosú ar an lá a mharaítear na heach-ainmhithe a bhfuil an galar orthu,

– ó ainéime thógálach eachaí (EIA) ar feadh na tréimhse is gá ar a laghad chun toradh diúltach a fháil i dtriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú ar dhá ócáid 3 mhí ó chéile as measc na n-ainmhithe uile atá fágtha,

– ó stómaitíteas saicíneach ar feadh 6 mhí ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach;

– ó chonfadh ar feadh 1 mhí amháin ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach;

– ó antrasc ar feadh 15 lá ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach,]

[4]*nó* [II.2.2.1. tar éis cás galair a luaitear thíos gur maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar atá lonnaithe ar an ngabháltas agus tar éis don áitreabh a bheith díghalraithe, agus tar éis don ghabháltas a bheith saor ar feadh 30 lá ar a laghad ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí, ainéime tógálaí eachaí, stómaitítis saicínigh agus confaidh nó 15 lá i gcás antraisc, ag tosú ar an lá tar éis scriosadh na n-ainmhithe gur cuireadh díghalrú an áitribh i gcrích go sásúil;]

II.2.3. nach raibh ann ach each-ainmhithe a bhí saor ó aon chomhartha cliniciúil d'artairíteas víreasach eachaí agus de mheitríteas tógálach eachaí,

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-ENTRY

II.3. Sula dtéann na staileanna bronntacha agus d'aon each-ainmhí eile atá lonnaithe sa lárionad isteach sa lárionad bailithe seamhain:

II.3.1. bhí cónaí orthu go leanúnach ar feadh 3 mhí (nó ón uair a tháinig siad isteach má allmhairíodh iad ó Bhallstát den Aontas Eorpach go díreach le linn na tréimhse 3 mhí) sa tír is onnmhaireoir nó, i gcás réigiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/156/CE[3], sa chuid sin de chríoch na tíre is onnmhaireoir arb amhlaidh maidir léi le linn na tréimhse sin:

– nach meastar a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le Airteagail 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE[3],

– bhí an chuid sin saor ón einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh 2 bhliain ar a laghad,

– bhí an chuid sin saor ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei agus ón ngalar cúplála eachaí ar feadh 6 mhí ar a laghad;

[4]cibé acu [II.3.2. thionscain siad ón tír is onnmhaireoir a bhí ar an lá a tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad saor ó stómaitíteas saicíneach (VS) ar feadh 6 mhí ar a laghad,]

[4]nó [II.3.2. rinneadh tástáil neodraithe víreas orthu le haghaidh stómaitíteas saicíneach (VS) arna déanamh le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 12 ar shampla fola arna thógáil[5] laistigh de 14 lá roimh dhul isteach sa lárionad dóibh;]

II.3.3. tháinig siad ó ghabháltais a chomhlíon ceanglais phointe II.2.2. ar an lá a tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad;

II.4. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó staileanna bronntacha:

II.4.1. nár thaispeáin aon chomhartha cliniciúil de ghalar tógálach ionfhabhtaíoch san am a ceadaíodh isteach sa lárionad bailithe seamhain iad ná ar lá bailithe an tseamhain;

II.4.2. rinneadh iad a choimeád ar feadh 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain i ngabháltais nár thaispeáin aon each-ainmhí ann aon chomhartha cliniciúil den artairíteas víreasach eachaí ná den mheitríteas tógálach eachaí le linn na tréimhse sin;

II.4.3. níor úsáideadh ar mhaithe le síolrú nádúrtha iad le linn 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain agus idir dátaí an chéad sampla dá dtagraítear i bpointe II.4.5.1., i bpointe II.4.5.2. agus/nó i bpointe II.4.5.3. agus go dtí deireadh na tréimhse bailiúcháin;

II.4.4. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu lena gcomhlíontar ceanglais na Caibidle ábhartha den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE ar a laghad, arna ndéanamh ar shamplaí arna dtógáil i gcomhréir le ceann de na cláir a shonraítear i bpointe II.4.5. i saotharlann atá sainaitheanta ag an údarás inniúil:

[4][6]cibé acu [II.4.4.1. triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) le toradh diúltach;]

[4][6]nó [II.4.4.1. ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) le toradh diúltach;]

agus *[4]cibé acu* [II.4.4.2. tástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 4;]

[4]nó [II.4.4.2. tástáil scoite víreas le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) arna déanamh le toradh diúltach ar shlánchuid sheamhan iomlán na staile bronntaí;]

agus II.4.4.3. tástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) arna déanamh ar dhá ócáid ar shamplaí fola arna mbailiú le heatramh 7 lá trí leithlisiú *Taylorella equigenitalis* tar éis saothrú idir 7 agus 14 lá ó leacht réamh-sheadta nó ó shampla seamhain agus ó mhaipíneachtaí ginitiúla arna dtógáil ón bhforchraiceann, ón úiréadra agus ón fossa glandis le toradh diúltach i ngach cás;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-ENTRY
	II.4.5. ar cuireadh, leis na torthaí arna sonrú i bpointe II.4.4. i ngach cás, faoi cheann amháin ar a laghad de na cláir thástála[7] a mhionsonraítear i bpointe II.4.5.1., i bpointe II.4.5.2. agus i bpointe II.4.5.3. mar a leanas:
	II.4.5.1. Bhí cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, agus níor tháinig aon eachainmhí sa lárionad bailithe seamhain le linn an ama sin i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná an stail bhronntach. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4. ar shamplaí arna dtógáil[5] roimh an gcéad bhailiúchán seamhain agus 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaithe thréimhse cónaithe an 30 lá ar a laghad.
	II.4.5.2. Bhí cónaí ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe seamhain ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta an chéad bhailiúcháin agus le linn thréimhse bhailiúcháin an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, ach d'imigh sé as an lárionad bailithe seamhain faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid ar feadh tréimhse leanúnach ba ghiorra ná 14 lá, nó tháinig each-ainmhithe eile sa lárionad bailithe i dteagmháil dhíreach le heachainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4. ar shamplaí arna dtógáil[5] roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain den séasúr pórúcháin nó na tréimhse bailiúcháin sa bhliain inar bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaithe na tréimhse cónaithe 30 lá ar a laghad,
	agus rinneadh an tástáil ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.1. le haghaidh ainéime thógálach eachaí den uair dheireanach ar shampla fola arna thógáil[5] tráth nach mó ná 90 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I;
	agus[4]*cibé acu* [rinneadh ceann de na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.2. le haghaidh artairíteas víreasach eachaí den uair dheireanach ar shampla fola arna thógáil[5] tráth nach mó ná 30 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,]
	[4]*nó* [rinneadh tástáil scoite víreas le haghaidh artairíteas víreasach eachaí le toradh diúltach ar shlánchuid de sheamhan iomlán na staile bronntaí arna tógáil[5] tráth nach mó ná 6 mhí roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I agus maidir le sampla fola arna thógáil ar an dáta céanna,[5] d'fhreagair sé le toradh dearfach i dtástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí de réir caolú séirim de bhreis is 1 ar 4,]
	agus rinneadh an tástáil ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4.3. le haghaidh meitríteas tógálach eachaí den uair dheireanach ar shamplaí arna dtógáil[5], tráth nach mó ná 60 lá roimh bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I.
	II.4.5.3. Rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4. ar shamplaí arna dtógáil[5] roimh dháta an chéad bhailiúcháin seamhain den séasúr pórúcháin nó na tréimhse bailiúcháin sa bhliain inar bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I,
	agus rinneadh na tástálacha ar a dtugtar tuairisc i bpointe II.4.4. ar shamplaí arna dtógáil[5] idir 14 lá agus 90 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-ENTRY**

II.4.6. chuaigh faoin tástáil dá bhforáiltear i bpointe II.3.2.[4] agus i bpointe II.4.5. ar shamplaí arna dtógáil ar na dátaí seo a leanas:

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaithe[5]		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte[5]					
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	VS[4] II.3.2	EIA II.4.4.1.	EVA II. 4.4.2.		CEM II.4.4.3.	
						Sampla fola	Sampla seamhain	1. sampla	2. sampla

[4]*cibé acu* [II.5. Níor cuireadh aon antaibheathach leis an seamhan;]

[4]*nó* [II.5. Cuireadh an t-antaibheathach seo a leanas nó an meascán antaibheathach seo a leanas leis chun tiúchan a tháirgeadh sa seamhan caolaithe críochnaitheach nach lú ná[8]:

…….....

…….. ;]

II.6. An seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.6.1. bailíodh, próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh é faoi choinníollacha a chomhlíonann ceanglais Chaibidil II(I)(1) agus Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.6.2. seoladh chuig an áit luchtaithe i gcoimeádán séalaithe é i gcomhréir le pointe 1.4 de Chaibidil III(I) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus ar a bhfuil an uimhir a shonraítear i mBosca I.19.

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh an áit seolta ag freagairt do lárionad bailithe seamhain tionscnaimh an tseamhain.

Bosca I.19: Sonrófar sainaitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: *'Uimhir aitheantais'*: Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-ENTRY**

Cuid II:

Treoraíocht maidir leis an tábla i bpointe II.4.6. a líonadh isteach.

Giorrúcháin:

VS	Tástáil le haghaidh stómaitíteas saicíneach más gá i gcomhréir le pointe II.3.2
EIA-1	Tástáil le haghaidh ainéime thógálach eachaí (EIA) an chéad ócáid
EIA-2	Tástáil le haghaidh EIA an dara hócáid
EVA-B1	Tástáil le haghaidh artairíteas víreasach eachaí (EVA) ar shampla fola an chéad ócáid
EVA-B2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla fola an dara hócáid
EVA-S1	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an chéad ócáid
EVA-S2	Tástáil le haghaidh EVA ar shampla seamhain an dara hócáid
CEM-11	Tástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (CEM) an chéad ócáid an chéad sampla
CEM-12	Tástáil le haghaidh CEM an chéad ócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-11
CEM-21	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an chéad sampla
CEM-22	Tástáil le haghaidh CEM an dara hócáid an dara sampla tógtha 7 lá tar éis CEM-21

Treoracha:

Maidir le gach seamhan arna shainaithint i gcolún A agus is comhfhreagrach le Bosca I.27, ní mór an clár tástála (II.4.5.1., II.4.5.2. agus/nó II.4.5.3.) a shonrú i gcolún B, agus ní mór colúin C agus D a líonadh isteach leis na dátaí is gá.

Cuirtear na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a dtástála i saotharlann roimh an gcéad bhailiúchán seamhain ar a dtugtar tuairisc i gCuid I de réir mar is gá in II.4.5.1., II.4.5.2. agus II.4.5.3., sa líne uachtarach de cholúin 5 go 9 den tábla, is é sin na boscaí arna marcáil le EIA-1, EVA-B1 nó EVA-S1 agus CEM-11 agus CEM-12 sa sampla thíos.

Cuirtear na dátaí ar ar tógadh samplaí le haghaidh a n-atástála i saotharlann de réir mar is gá i gcomhréir le II.4.5.2. nó II.4.5.3. sa líne íochtarach de cholúin 5 go 9 sa tábla, is é sin na boscaí EIA-2, EVA-B2 nó EVA-S2 agus CEM-21 agus CEM-22 sa sampla thíos.

An seamhan a shainaithint	Clár tástála	Dáta tosaigh		Dáta na samplála le haghaidh tástálacha sláinte					
		Áit chónaithe an ainmhí bhronntaigh	Bailiúchán an tseamhain	VS II.3.2.	EIA II.4.4.1.	EVA II.4.4.2.		CEM II.4.4.3.	
						Sampla fola	Sampla seamhain	1.sampla	2.sampla
A	**B**	**C**	**D**	**VS**	**EIA-1**	**EVA-B1**	**EVA-S1**	**CEM-11**	**CEM-12**
					EIA-2	**EVA-B2**	**EVA-S2**	**CEM-21**	**CEM-22**

(1) Údaraítear allmhairí seamhain eachaí ó thríú tír a liostaítear i gcolún 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ar choinníoll gur bailíodh an seamhan i gcuid de chríoch an tríú tír a mhionsonraítear i gcolún 2 den Iarscríbhinn sin ó stail bhronntach de chatagóir na n-each-ainmhithe a shonraítear i gcolún 3 den Iarscríbhinn sin.

(2) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en.

(3) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.

(4) Scrios mar is iomchuí.

(5) Cuir dáta isteach i dtábla i bpointe II.4.6 (lean an Treoraíocht i gCuid II de na Nótaí).

(6) Ní éilítear an triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) ná ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí d'each-ainmhithe bronntacha a raibh cónaí orthu go leanúnach san Íoslainn ó rugadh iad, ar choinníoll gur fhan an Íoslainn saor go hoifigiúil ón ainéime thógálach eachaí agus nár tugadh aon eachainmhí ná a chuid seamhain, ubhán agus suthanna isteach san Íoslainn ón taobh amuigh roimh an tréimhse inar bailíodh an seamhan agus lena linn sin.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-C-ENTRY**

	(7) Cuir líne trí na cláir nach bhfuil feidhm acu maidir leis an gcoinsíneacht. (8) Cuir isteach na hainmneacha agus na tiúchain.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 62

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC DE SHEAMHAN EACH-AINMHITHE ARNA BHAILIÚ, ARNA PHRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE ROIMH AN 1 MEÁN FÓMHAIR 2010, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN LÁRIONAD BAILITHE SEAMHAIN INAR BAILÍODH AN SEAMHAN (SAMHAIL 'EQUI-SEM-D-ENTRY')

<table>
<tr><td colspan="3">TÍR</td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a Tagairt IMSOC
CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td>I.3</td><td>Príomhúdarás Inniúil</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td><td></td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="2">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="2">Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="2">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="2">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="2">Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="2">Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach
I.17</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td>Coinníollacha iompair</td><td colspan="4">□ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="5">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="5">Deimhnithe mar nó le haghaidh
□ Táirgí geirmeacha</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="2">□ Le haghaidh iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22</td><td colspan="2">□ Don mhargadh inmheánach
I.23</td></tr>
</table>

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-D-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an tréidlia oifigiúil, de chuid na tíre is onnmhaireoir[1]…… leis seo

(*ainm na tíre is onnmhaireoir*)

an méid seo a leanas:

II.1. Maidir leis an lárionad bailithe seamhain[2] inar bailíodh, inar próiseáladh agus inar stóráladh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach:

II.1.1. rinne an t-údarás inniúil é a fhormheas agus a mhaoirsiú i gcomhréir le coinníollacha Chaibidil I, Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE,

II.1.2. tá sé suite sa chríoch nó i gcás réigiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/156/CE[3] i gcuid de chríoch na tíre is onnmhaireoir a bhí ar an lá a bailíodh an seamhan go dtí dáta a sheolta saor:

- ó thinneas Afracach eachaí, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh,
- ó einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh 2 bhliain,
- ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei agus ón ngalar cúplála eachaí ar feadh 6 mhí;

II.1.3. ní raibh an lárionad le linn na tréimhse dar tús 30 lá roimh dháta bailithe an tseamhain go dtí dáta a seolta faoi réir ordú toirmisc ar chúiseanna sláinte ainmhithe lena leagtar síos ceann de na coinníollacha seo a leanas:

II.1.3.1. murar maraíodh ainmhithe uile speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar a bhí lonnaithe sa ghabháltas, go raibh an toirmeasc i bhfeidhm ar feadh:

- 6 mhí, ag tosú ar an lá a mharaítear na heach-ainmhithe a bhfuil an galar orthu, i gcás einceifealaimiailítis eachaí,
- tréimhse is gá chun dhá thástáil Coggins a dhéanamh 3 mhí ó chéile sna hainmhithe atá fágtha tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú, i gcás ainéime tógálaí eachaí,
- 6 mhí, i gcás stómaitítis shaicínigh,
- mí amháin ón gcás taifeadta deireanach, i gcás confaidh,
- 15 lá ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach, i gcás antraisc.

II.1.3.2. má maraíodh ainmhithe uile speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar a bhí lonnaithe sa ghabháltas agus má díghalraíodh an t-áitreabh, gur mhair an toirmeasc ar feadh 30 lá, nó 15 lá i gcás antraisc, ag tosú ar an lá tar éis scriosadh na n-ainmhithe gur cuireadh díghalrú an áitribh i gcrích go sásúil;

II.1.4. murar coimeádadh laistigh den tréimhse dar tús 30 lá roimh bhailiú an tseamhain agus a mhair go dáta a seolta, ach each-ainmhithe a bhí saor ó aon chomhartha cliniciúil d'artairíteas víreasach eachaí agus de mheitríteas tógálach eachaí agus na heach-ainmhithe sin amháin,

II.2. Sula dtéann na staileanna bronntacha agus d'aon each-ainmhí eile atá lonnaithe sa lárionad isteach sa lárionad bailithe seamhain:

II.2.1. bhí cónaí orthu go leanúnach ar feadh 3 mhí (nó ón uair a tháinig siad isteach má allmhairíodh iad ó Bhallstát den Aontas go díreach le linn na tréimhse 3 mhí) sa chríoch nó i gcás réigiúnaithe i gcuid de chríoch[4] na tíre is onnmhaireoir a bhí saor le linn na tréimhse sin:

- ó thinneas Afracach eachaí, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh,
- ó einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh 2 bhliain,
- ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei ar feadh 6 mhí;
- ón ngalar cúplála eachaí ar feadh 6 mhí;

[4]*cibé acu* [II.2.2. tháinig siad ón gcríoch de chuid na tíre is onnmhaireoir a bhí ar an lá a tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad saor ó stómaitíteas saicíneach ar feadh 6 mhí,]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-SEM-D-ENTRY
	[4]*nó* [II.2.2. rinneadh tástáil neodraithe víreas orthu le haghaidh stómaitíteas saicíneach ar shampla fola arna thógáil an.....[5], agus é sin laistigh de 14 lá roimh dul isteach san lárionad dóibh, le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 12;]
	II.2.3. tháinig siad ó ghabháltais a chomhlíon ceanglais phointe II.1.3. ar an lá a tugadh cead iad a thabhairt isteach sa lárionad;
	II.3. Bailíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó staileanna bronntacha:
	II.3.1. nár léirigh, an lá a bailíodh an seamhan, comharthaí cliniciúla de ghalar ionfhabhtaíoch ná galar tógálach,
	II.3.2. nár úsáideadh ar mhaithe le síolrú nádúrtha le linn 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain,
	II.3.3. a rinneadh a choimeád le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiú an tseamhain i ngabháltais nár thaispeáin aon each-ainmhí ann comharthaí cliniciúla den artairíteas víreasach eachaí,
	II.3.4. a rinneadh a choimeád le linn na tréimhse 60 lá roimh bhailiú an tseamhain i ngabháltais nár thaispeáin aon each-ainmhí ann comharthaí cliniciúla den mheitríteas tógálach eachaí,
	II.3.5. de réir mar is fearr is eol dom agus a mhéid arbh fhéidir liom a dhéanamh amach, nach raibh i dteagmháil le heach-ainmhithe a raibh galar ionfhabhtaíoch ná galar tógálach orthu 15 lá díreach roimh bhailiú an tseamhain;
	II.3.6. rinneadh na tástálacha sláinte ainmhithe seo a leanas orthu arna ndéanamh i saotharlann arna sainaithint ag an údarás inniúil, i gcomhréir le clár tástála mar a shonraítear i bpointe II.3.7.:
	II.3.6.1. triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) le haghaidh ainéime thógálach eachaí le toradh diúltach[6];
	[4]*cibé acu* [II.3.6.2. tástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 4;]
	[4]*nó* [II.3.6.2. tástáil neodraithe séirim le haghaidh artairíteas víreasach eachaí arna déanamh le toradh diúltach ar shlánchuid den seamhan iomlán;]
	II.3.6.3. tástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí arna déanamh ar dhá ócáid le heatramh 7 lá trí leithlisiú *Taylorella equigenitalis* ó leacht réamh-sheadta nó ó shampla seamhain agus ó mhaipíneachtaí ginitiúla arna dtógáil ón bhforchraiceann, ón úiréadra agus ón fossa glandis ar a laghad le toradh diúltach i ngach cás;
	II.3.7. cuireadh iad faoi cheann de na cláir thástála seo a leanas[7]:
	II.3.7.1. Bhí cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe ar feadh 30 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, agus le linn na tréimhse bailiúcháin, agus níor tháinig aon eachainmhí sa lárionad bailithe le linn an ama sin i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná na staileanna bronntacha. Rinneadh na tástálacha a cheanglaítear i bpointe II.3.6. ar shamplaí arna dtógáil an……..[5] agus an……..[5] 14 lá ar a laghad tar éis thosú na tréimhse cónaithe thuas agus ag tús an tséasúir pórúcháin ar a laghad;
	II.3.7.2. Ní raibh cónaí leanúnach ar an stail bhronntach ag an lárionad bailithe nó tháinig each-ainmhithe eile sa lárionad bailithe i dteagmháil dhíreach le heach-ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle ná na staileanna bronntacha. Rinneadh na tástálacha a cheanglaítear i bpointe II.3.6. ar shamplaí arna dtógáil an……..[5] agus an……..[5], laistigh den tréimhse 14 lá roimh an gcéad bhailiúcháin seamhain agus ag tús an tséasúir pórúcháin ar a laghad. Rinneadh an tástáil a cheanglaítear i bpointe II.3.6.1. den uair dheireanach ar shampla fola nár tógadh tráth nach mó ná 120 lá sular bailíodh an seamhan an……..[5];
	[4]*cibé acu* [Rinneadh an tástáil a cheanglaítear i bpointe II.3.6.2. den uair dheireanach tráth nach mó ná 30 lá sular bailíodh an seamhan an……..[5];]
	[4]*nó* [Deimhníodh staid neamh-shilteach na staile séiridhearfaí maidir le hartairíteas víreasach eachaí, le tástáil scoite víreas a rinneadh tráth nach mó ná 1 bhliain amháin sular bailíodh an seamhan an……..[5];]
	II.3.7.3. Rinneadh na tástálacha a cheanglaítear i bpointe II.3.6. le linn na tréimhse stórála éigeantaí 30 lá maidir le seamhan reoite agus tráth nach lú ná 14 lá tar éis bhailiú an tseamhain ar shamplaí arna dtógáil an……..[5] agus an……..[5];

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-SEM-D-ENTRY**

II.4. Bailíodh, próiseáladh, stóráladh agus iompraíodh an seamhan ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faoi choinníollacha lena gcomhlíontar ceanglais Chaibidlí II agus III d'Iarscríbhinn D de Threoir 92/65/CEE.

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh seamhan each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach an tseamhain.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh an áit seolta ag freagairt do lárionad bailithe seamhain tionscnaimh an tseamhain.

Bosca I.19: Sonrófar sainaitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: '*Uimhir aitheantais*': Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Cuid II:

(1) Údaraítear allmhairí seamhain eachaí ó thríú tír a liostaítear i gcolún 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ar choinníoll gur bailíodh an seamhan i gcuid de chríoch an tríú tír a mhionsonraítear i gcolún 2 den Iarscríbhinn sin ó stail bhronntach de chatagóir na n-each-ainmhithe a shonraítear i gcolún 3 den Iarscríbhinn sin.

(2) Lárionaid bailithe seamhain a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na lárionaid sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en.

(3) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.

(4) Scrios mar is iomchuí.

(5) Cuir an dáta isteach.

(6) Ní éilítear an triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) ná ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí d'each-ainmhithe bronntacha a raibh cónaí orthu go leanúnach san Íoslainn ó rugadh iad, ar choinníoll gur fhan an Íoslainn saor go hoifigiúil ón ainéime thógálach eachaí agus nár tugadh aon eachainmhí ná a chuid seamhain, ubhán agus suthanna isteach san Íoslainn ón taobh amuigh roimh an tréimhse inar bailíodh an seamhan agus lena linn sin.

(7) Cuir líne trí na cláir nach bhfuil feidhm acu maidir leis an gcoinsíneacht.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 63

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD D'ÚICÍTÍ AGUS SUTHANNA EACH-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2016/429 AGUS RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2020/692 TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA A BHAILIGH NÓ A THÁIRG NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA (SAMHAIL 'EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY')

TÍR					**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**		Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**		Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO		**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	
	I.13	**Áit luchtaithe**			**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas			**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha					
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO		**I.22** □ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le:

II.1. Tá na húicítí[1]/ suthanna arna ndíorthú *in vivo*[1]/ suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1]/ suthanna micri-ionramháilte[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I beartaithe d'atáirgeadh saorga agus fuarthas iad ó ainmhithe bronntacha a thionscaíonn

II.1.1. ó thríú tír, ó chríoch nó ó chrios di

II.1.1.1. atá údaraithe chun úicítí[1]/ suthanna[1] each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus a liostaítear in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

II.1.1.2. inar galair intuairiscithe iad Tinneas Afracach eachaí, einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei*, surra (*Trypanosoma evansi*), galar cúplála eachaí (*Trypanosoma equiperdum*), ainéime thógálach eachaí, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh, antrasc, ionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí agus meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*);

II.1.1.3. saor ó thinneas Afracach eachaí ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún, agus i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú córasach in aghaidh tinneas Afracach eachaí ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta i gcomhréir le hAirteagal 22(4)(b) den Rialachán sin;

II.1.1.4. i gcás nár tuairiscíodh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;

II.1.2. ó bhunaíocht i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di:

[1]*cibé acu* [II.1.2.1. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* ar feadh tréimhse 36 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

[1]*nó* [II.1.2.1. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta, agus gur thug an Coimisiún aitheantas don chlár faireachais arna dhéanamh in each-ainmhithe pórúcháin sa bhunaíocht tionscnaimh chun a léiriú nach raibh ionfhabhtú i láthair le linn na tréimhse 6 mhí sin;]

[1]*cibé acu* [II.1.2.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar cúplála eachaí ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

[1]*nó* [II.1.2.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar cúplála eachaí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta, agus gur thug an Coimisiún aitheantas don chlár faireachais arna dhéanamh in each-ainmhithe pórúcháin sa bhunaíocht tionscnaimh chun a léiriú nach raibh ionfhabhtú i láthair le linn na tréimhse 6 mhí sin;]

[1]*cibé acu* [II.1.2.3. i gcás nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ suthanna[1] agus go dtí dáta a seolta;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	[(1)*nó* [II.1.2.3. i gcás nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) agus go dtí dáta a seolta, agus gur thug an Coimisiún aitheantas don chlár faireachais arna dhéanamh in each-ainmhithe pórúcháin sa bhunaíocht tionscnaimh chun a léiriú nach raibh ionfhabhtú i láthair le linn na tréimhse 6 mhí sin;] II.2. Fuarthas na húicítí(1)/ na suthanna(1) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha a thagann ó bhunaíochtaí II.2.1. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosoma evansi*) ann le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ suthanna(1), agus (1)*cibé acu* [nár tuairiscíodh surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ suthanna(1);] (1)*nó* [gur tuairiscíodh surra sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) agus gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí (1)*cibé acu* [go dtí go ndearnadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht a chur faoi thástáil le haghaidh surra le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis an t-ainmhí ionfhabhtaithe deireanach a bhaint den bhunaíocht;]] (1)nó [ar feadh 30 lá ar a laghad ón dáta glantacháin agus dífhabhtaithe tar éis an t-ainmhí deireanach den speiceas liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh.]] II.2.2. nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí ann le linn na tréimhse 6 mhí roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ suthanna(1), agus (1)*cibé acu* [nár tuairiscíodh galar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ suthanna(1);] (1)*nó* [gur tuairiscíodh galar cúplála eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 2 bhliain roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ na suthanna(1) agus gur fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí (1)*cibé acu* [go dtí go mbeidh na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht, cé is moite de na heach-ainmhithe fireanna atá coillte, curtha faoi thástáil le haghaidh galar cúplála eachaí leis an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh, nó tar éis na heach-ainmhithe fireanna ionfhabhtaithe go léir a choilleadh.]] (1)*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis an t-each-ainmhí deireanach sa bhunaíocht a mharú agus a scriosadh, agus an t-áitreabh a ghlanadh agus a dhífhabhtú;]] II.2.3. nár tuairiscíodh ainéime thógálach eachaí ann le linn na tréimhse 90 lá roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ suthanna(1), agus (1)*cibé acu* [nár tuairiscíodh ainéime thógálach eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 12 mhí roimh bhailiú(1)/ tháirgeadh(1) na n-úicítí(1)/ suthanna(1);]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY
	[1]*nó* [tuairiscíodh ainéime thógálach eachaí sa bhunaíocht le linn na tréimhse 12 mhí roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta tar éis na ráige deireanaí [1]*cibé acu* [go dtí go gcuirtear na heach-ainmhithe atá fágtha sa bhunaíocht faoi thástáil le haghaidh ainéime thógálach eachaí leis an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 9 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid le heatramh íosta 3 mhí tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú agus a scriosadh agus tar éis an bhunaíocht a ghlanadh agus a dhíghalrú.]] [1]*nó* [ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis an t-each-ainmhí deireanach sa bhunaíocht a mharú agus a scriosadh, agus tar éis an t-áitreabh a ghlanadh agus a dhíghalrú.]] [1][II.3. Bhailigh, phróiseáil agus stóráil, agus sheol an fhoireann bailithe suthanna na suthanna arna ndíorthú *in vivo* ar a dtugtar tuairisc i gCuid I[2] II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche; II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún.] [1][II.3. Rinneadh na húicítí[1]/na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[1]/ na suthanna micri-ionramháilte[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, a bhailiú nó a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil ag an bhfoireann táirgthe suthanna[2] II.3.1. atá formheasta agus liostaithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche; II.3.2. a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagrachtaí, nósanna imeachta oibríochtúla, saoráidí agus trealamh a leagtar amach i gCodanna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.] II.4. Fuarthas na húicítí[1]/ na suthanna[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe bronntacha II.4.1. nár vacsaíníodh in aghaidh tinneas Afracach eachaí sa 40 lá ar a laghad roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1]; II.4.2. nár vacsaíníodh in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach sa 60 lá ar a laghad roimh bhailiú[1]/ tháirgeadh[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1]; II.4.3. d'fhan siad ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta bailithe[1]/ táirgthe[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcrios di dá dtagraítear i mBosca I.7.; II.4.4. ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe[1]/ táirgthe[1] na n-úicítí[1]/ na suthanna[1] agus le linn na tréimhse bailiúcháin II.4.4.1. a coimeádadh i mbunaíochtaí nach bhfuil lonnaithe i gcrios srianta arna bhunú mar gheall ar tharlú tinnis Afracaigh eachaí, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (fothach) nó galar atá ag teacht chun cinn is ábhartha d'each-ainmhithe; II.4.4.2. a coimeádadh ar aon bhunaíocht amháin nár tuairiscíodh ann Einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, an galar cúplála eachaí, surra (*Trypanosoma evansi*), ainéime thógálach eachaí, meitríteas tógálach eachaí, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh ná antrasc; II.4.4.3. nach raibh i dteagmháil le hainmhithe ó bhunaíochtaí atá suite i gcrios srianta mar gheall ar tharlú na ngalar dá dtagraítear i bpointe II.4.4.1. nó ó bhunaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.4.4.2.; II.4.5. nár úsáideadh ar mhaithe le pórúchán nádúrtha le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-úicítí[1]/ suthanna[1] agus idir an dáta nuair a tógadh na chéad samplaí dá dtagraítear i bpointe II.4.8.1. agus i bpointe II.4.8.2. agus dáta bailithe na n-úicítí[1]/ na suthanna[1];

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY

II.4.6. a ndearna tréidlia na foirne nó comhalta foirne scrúdú orthu agus nár thaispeáin siad siomptóim ná comharthaí cliniciúla galar ainmhithe in-tarchurtha ar lá bailithe[1]/táirgthe[1] na n-úicítí[1]/na suthanna[1];

II.4.7. sainaithnítear go haonarach mar a fhoráiltear in Airteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.4.8. a cuireadh faoi na tástálacha seo a leanas, dá dtagraítear i bpointí 2(b) agus (c) de Chaibidil II de Chuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, mar a leanas:

[3][II.4.8.1. i gcás ainéime tógálaí eachaí (EIA), triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le toradh diúltach arna déanamh ar shampla fola arna thógáil an……[4], tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe na tréimhse dá dtagraítear i bpointe II.4.5, agus rinneadh an tástáil dheireanach ar shampla fola arna thógáil an……[4]; tráth nach mó ná 90 lá roimh dháta bailithe na n-úicítí[1]/na suthanna[1] a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt isteach san Aontas;]

II.4.8.2. i gcás meitrítis thógálaigh eachaí (CEM), tástáil sainaitheantais oibreáin arna déanamh le toradh diúltach ar dhá eiseamal tástála (maipíneachtaí) ar a laghad arna dtógáil le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe II.4.5. ó dhromchlaí múcóis fhossa an bhrillín agus de chuasa brillín na lárach bronntaí

[1]*cibé acu* [II.4.8.2.1. ar dhá ócaid le heatramh nach lú ná 7 lá an……[4] agus an……..[4], i gcás leithlisithe *Taylorella equigenitalis* tar éis a shaothraithe faoi choinníollacha miocraeraifileacha ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad, arna shocrú laistigh de thréimhse 24 uair an chloig tar éis na heiseamail tástála a thógáil ón ainmhí bronntach, nó laistigh de thréimhse 48 n-uair an chloig i gcás ina gcoimeádtar na heiseamail tástála fionnuar le linn a n-iompartha.]

[1]*agus/nó* [II.4.8.2.2. ar ócáid amháin an……..[4], i gcás ina mbraitear géanóm *Taylorella equigenitalis* trí imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) nó ISP fíor-ama, arna dhéanamh laistigh de thréimhse 48 n-uair an chloig tar éis na heiseamail tástála a thógáil ón ainmhí bronntach.]

Níor tógadh na samplaí dá dtagraítear i bpointe II.4.8.2.1. agus i bpointe II.4.8.2.2. in aon chás níos luaithe ná 7 lá (cóireáil shistéamach) nó 21 lá (cóireáil áitiúil) tar éis teiripe fhrithmhiocróbach don láir bhronntach agus tar éis iad a chur i gcóir iompair le fioghual gníomhachtaithe, amhail cóir iompair Amies, sular seoladh chuig an tsaotharlann iad.

II.5. Maidir leis na húicítí[1]/na suthanna[1] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I

II.5.1. bailíodh, próiseáladh agus stóráladh iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar amach i gCuid 2[1]/Cuid 3[1]/Cuid 4[1]/Cuid 5[1] agus Cuid 6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686;

II.5.2. cuirtear i soip nó i bpacáistí eile é ar a gcuirtear an marc i gcomhréir le ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 83(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus sonraítear an marc sin i mBosca I.27;

II.5.3. aistrítear i gcoimeádán iad:

II.5.3.1. a séalaíodh agus a uimhríodh sular sheol an fhoireann bailithe nó táirgthe suthanna é faoi fhreagracht thréidlia an lárionaid, nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile, agus tá an uimhir a shonraítear i mBosca I.19 ar an séala;

II.5.3.2. a glanadh agus a dífhabhtaíodh nó a steirilíodh sular úsáideadh é, nó is coimeádán aon úsáide é;

[1][5][II.5.3.3. a líonadh leis an oibreán crióigineach nár úsáideadh do tháirgí eile roimhe.]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY

[(1)(6)][II.5.4. a chuirtear i soip nó i bpacáistí eile a shéalaítear go daingean heirméiteach;

II.5.5. a aistrítear i gcoimeádán ina gcoinnítear iad amach óna chéile le hurranna fisiciúla nó trína gcur i málaí cosanta tánaisteacha.]

[(1)(7)][II.6. Gineadh na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[(1)]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[(1)]/ na suthanna micri-ionramháilte[(1)] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I trí atáirgeadh saorga trí sheamhan a úsáid ó lárionad bailithe seamhain, ó bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha nó ó lárionad stórála táirgí geirmeacha atá formheasta chun seamhan a bhailiú, a phróiseáil agus/nó a stóráil ag údarás inniúil tríú tír, críche nó creasa di nó ag údarás inniúil Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le seamhan each-ainmhithe[(8)].]

[(1)(9)][II.7. Cuireadh an t-antaibheathach nó an meascán antaibheathach seo a leanas[(10)] leis na córacha bailithe, próiseála, níocháin nó stórála: ……]

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh úicítí agus suthanna each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-úicítí agus na suthanna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.11:	'*Áit seolta':* Sonraigh an uimhir formheasa uathúil agus ainm agus seoladh na foirne bailithe nó táirgthe suthanna a sheol an choinsíneacht úicítí nó suthanna. Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en
Tagairt bhosca I.12:	'*Ceann scríbe':* Sonraigh seoladh agus cláruimhir uathúil nó uimhir formheasa uathúil na bunaíochta a bhfuil an choinsíneacht úicítí nó suthanna á seoladh chuici.
Tagairt bhosca I.19:	Sonrófar uimhir an tséala.
Tagairt bhosca I.24:	Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.
Tagairt bhosca I.27:	'*Cineál':* Sonraigh más suthanna arna ndíorthú *in vivo* iad, úicítí arna ndíorthú *in vivo* iad, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* iad nó suthanna micri-ionramháilte iad. *'Uimhir aitheantais'*: Sonraigh uimhir aitheantais gach ainmhí bhronntaigh. *'Marc aitheantais'*: Sonraigh marc ar an sop nó ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna na coinsíneachta atá á seoladh. *'An dáta bailithe/táirgthe':* Sonraigh an dáta a bailíodh nó a táirgeadh úicítí nó suthanna na coinsíneachta. *'Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid':* Sonraigh uimhir formheasa uathúil na foirne bailithe nó táirgthe suthanna lenar bailíodh nó lenar táirgeadh na húicítí nó na suthanna. *'Cainníocht'*: Sonraigh an líon sop nó pacáistí eile a bhfuil an marc céanna orthu.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-A-ENTRY**

Cuid II:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 233(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en.

(3) Ní éilítear triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) ná ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí d'each-ainmhithe bronntacha a raibh cónaí orthu leanúnach san Íoslainn ó rugadh iad, ar choinníoll gur fhan an Íoslainn saor go hoifigiúil ón ainéime thógálach eachaí agus nár tugadh aon eachainmhí ná a sheamhan, ubhán ná shuthanna isteach san Íoslainn ón taobh amuigh roimh agus le linn na tréimhse inar bailíodh na hubháin nó na suthanna agus inar úsáideadh an seamhan ar mhaithe le toirchiú.

(4) Cuir isteach an dáta san fhormáid seo a leanas: ll.mm.bbbb.

(5) Is infheidhme maidir le húicítí nó suthanna reoite.

(6) Is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht ina ndéantar úicítí, suthanna arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* agus suthanna micri-ionramháilte each-ainmhithe a chur agus a iompar in aon choimeádán amháin.

(7) Níl feidhm aige maidir le húicítí.

(8) Lárionad bailithe seamhain, bunaíocht próiseála táirgí geirmeacha nó lárionad stórála táirgí geirmeacha a liostaítear ar shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin, agus iad sin amháin:

- tríú tír, críoch nó crios di:

https://ec.europa.eu/food/animals/live_animals/approved-establishments_en

- de Bhallstát: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en

(9) Deimhniú éigeantach i gcás inar cuireadh antaibheathaigh leis.

(10) Cuir isteach ainm/ainmneacha an antaibheathaigh/na n-antaibheathach a cuireadh leis agus a thiúchan/a dtiúchan.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

▼B

CAIBIDIL 64

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC ÚICÍTÍ AGUS SUTHANNA EACH-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE TAR ÉIS AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 AGUS ROIMH AN 21 AIBREÁN 2021, ARNA SEOLADH AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA A BHAILIGH NÓ A THÁIRG NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 (SAMHAIL 'EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha				
	I.21	□ **Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** □ **Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		I.25 Cainníocht iomlán		I.26	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an tréidlia oifigiúil, de chuid na tíre is onnmhaireoir[1]…… leis seo (*ainm na tíre is onnmhaireoir*)

an méid seo a leanas:

II.1. Maidir leis na hubháin[2]/ na suthanna[2] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.2. bhailigh[2]/tháirg[2] an fhoireann[3] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11 iad, a formheasadh agus a ndearnadh maoirsiú uirthi i gcomhréir le Caibidil I(III) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE[4] agus rinne tréidlia oifigiúil iniúchadh orthu uair amháin ar a laghad gach bliain féilire;

II.1.3. bailíodh[2]/táirgeadh[2], próiseáladh agus stóráladh iad i gcomhréir le ceanglais Chaibidil III(II) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.1.4. bailíodh iad ag áit a bhí scoite ó chodanna eile den áitreabh nó den ghabháltas a bhfuil bail mhaith uirthi agus a glanadh agus a díghalraíodh roimh bhailiú dóibh;

II.1.5. a scrúdaíodh, a próiseáladh agus a pacáladh i saoráidí saotharlainne nach raibh suite i gcrios a bhí faoi réir ag toirmeasc nó ag bearta coraintín mar a leagtar amach i mBosca II.1.6., i roinn atá scoite ón roinn maidir le trealamh a stóráil agus ábhair a úsáidtear i dteagmháil le hainmhithe bronntacha agus ón limistéar mar a láimhseáiltear na hainmhithe bronntacha;

II.1.6. a thagann ó láracha bronntacha:

II.1.6.1. a raibh cónaí orthu go leanúnach ar feadh tréimhse 3 mhí (nó ón uair a tháinig siad isteach má allmhairíodh iad ó Bhallstát den Aontas go díreach le linn na tréimhse 3 mhí) sa tír is onnmhaireoir nó, i gcás réigiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/156/CE[5], sa chuid sin de chríoch na tíre is onnmhaireoir le linn na tréimhse sin:

– nár measadh a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le Airteagail 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE,

– a bhí saor ón einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad,

– a bhí saor ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei agus ón ngalar cúplála eachaí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad;

[2]*cibé acu* [II.1.6.2. a tháinig ó thír is onnmhaireoir a bhí ar lá a mbailithe saor ó stómaitíteas saicíneach (VS) ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad ón dáta sin;]

[2]*nó* [II.1.6.2. rinneadh tástáil neodraithe víreas orthu le haghaidh stómaitíteas saicíneach (VS) arna déanamh le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 32 nó VS ELISA arna déanamh le toradh diúltach i gcomhréir leis an gCaibidil ábhartha den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE ar shampla fola arna thógáil an……[6] laistigh de 30 lá roimh bhailiú na n-úbhán[2]/na suthanna[2];]

[2]*cibé acu* [II.1.6.3. a bhí lonnaithe le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta bailithe i ngabháltais a bhí faoi mhaoirseacht tréidlia a chomhlíon ó lá bailithe na n-ubhán[2]/na suthanna[2] go dtí dáta a seolta na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE, agus go háirithe:]

[2]*nó* [II.1.6.3. i gcás ubhán reoite[2]/suthanna reoite[2], a bhí lonnaithe le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta bailithe i ngabháltais a bhí faoi mhaoirseacht tréidlia a chomhlíon ó lá bailithe na n-ubhán[2]/na suthanna[2] go dtí deireadh na tréimhse stórála éigeantaí 30 lá ag an áitreabh formheasta, na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE, agus go háirithe:]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY
	[(2)*cibé acu* [II.1.6.3.1. tar éis cás galair a luaitear thíos nár maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar sin a bhí lonnaithe sa ghabháltas agus go raibh an gabháltas saor: – ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad, ag tosú ar an lá a mharaítear na heach-ainmhithe a bhfuil an galar orthu, – ó ainéime thógálach eachaí ar feadh na tréimhse a cheanglaítear ar a laghad chun toradh diúltach a fháil i dtriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástálacha AGID nó Coggins) arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú ar dhá ócáid 3 mhí ó chéile as measc gach ceann de na heach-ainmhithe a bhí fágtha, – ó stómaitíteas saicíneach ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach, – ó chonfadh ar feadh tréimhse 1 mhí ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach, – ó antrasc ar feadh tréimhse 15 lá ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach,] (2)*nó* [II.1.6.3.1. tar éis cás galair a luaitear thíos maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar sin atá lonnaithe sa ghabháltas agus tar éis don áitreabh a bheith díghalraithe, bhí an gabháltas saor ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí, ainéime tógálaí eachaí, stómaitítis saicínigh agus confaidh nó ar feadh tréimhse 15 lá i gcás antraisc, ag tosú ar an lá tar éis scriosadh na n-ainmhithe gur cuireadh díghalrú an áitribh i gcrích go sásúil;] II.1.6.4. a rinneadh a choimeád le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiú na n-ubhán(2)/na suthanna(2) i ngabháltais nár thaispeáin aon cheann de na heach-ainmhithe ann aon chomhartha cliniciúil den mheitríteas tógálach eachaí ar feadh tréimhse 60 ar a laghad; II.1.6.5. níor úsáideadh ar mhaithe le pórúchán nádúrtha le linn tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-úicítí(2)/ na suthanna(2) agus idir dáta na gcéad samplaí dá dtagraítear i bpointe II.1.6.6.1. agus i bpointe II.1.6.6.2. agus dáta bailithe na n-úicítí(2)/ na suthanna(2); II.1.6.6. rinneadh na tástálacha seo a leanas orthu a chomhlíonann ceanglais na gCaibidlí ábhartha den Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid OIE ar a laghad, arna ndéanamh i saotharlann atá sainaitheanta ag an údarás inniúil agus a bhfuil na tástálacha dá dtagraítear ina dhiaidh seo san áireamh ina creidiúnú is coibhéiseach leis an gcreidiúnú sin dá bhforáiltear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004(7), mar a leanas: (8)[II.1.6.6.1. i gcás ainéime tógálaí eachaí (EIA), triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) nó measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA) le toradh diúltach arna déanamh ar shampla fola arna thógáil an…….(6), tráth nach lú ná 14 lá tar éis dháta tosaithe na tréimhse dá dtagraítear i bpointe II.1.6.5, agus rinneadh an tástáil dheireanach ar shampla fola arna thógáil an…….(6); tráth nach mó ná 90 lá roimh dháta bailithe na n-úicítí(2)/na suthanna(2) atá beartaithe le haghaidh allmhairí isteach san Aontas;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY

II.1.6.6.2. i gcás meitrítis thógálaigh eachaí (CEM), tástáil sainaitheantais oibreáin arna déanamh le toradh diúltach ar dhá eiseamal tástála (maipíneachtaí) ar a laghad arna dtógáil le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe II.1.6.5. ó dhromchlaí múcóis fhossa an bhrillín agus ó chuasa brillín na lárach bronntaí

[(2)*cibé acu*[II.1.6.6.2.1. ar dhá ócaid le heatramh nach lú ná 7 lá an……(6) agus an……..(6), i gcás leithlisithe *Taylorella equigenitalis* tar éis a shaothraithe faoi choinníollacha miocraeraifileacha ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad, arna socrú laistigh de 24 uair an chloig tar éis do heiseamail tástála a thógáil ón ainmhí bronntach, nó laistigh de 48 n-uair an chloig i gcás ina gcoimeádtar na heiseamail tástála fionnuar le linn a n-iompartha,]

[(2)*agus/nó* [II.1.6.6.2.2. ar ócáid amháin an……..(6), i gcás ina mbraitear géanóm *Taylorella equigenitalis* trí imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) nó ISP fíor-ama, arna dhéanamh laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis do heiseamail tástála a thógáil ón ainmhí bronntach,]

Ní dhearnadh na samplaí dá dtagraítear i bpointe II.1.6.6.2.1. agus i bpointe II.1.6.6.2.2. a thógáil in aon chás níos luaithe ná 7 lá (cóireáil shistéamach) nó 21 lá (cóireáil áitiúil) tar éis teiripe fhrithmhiocróbach a thabhairt don stail bhronntach agus cuireadh i gcóir iompair iad le fioghual gníomhachtaithe, amhail meán iompair Amies, sular seoladh chuig an tsaotharlann iad.

II.1.6.7. de réir mar is fearr is eol dom agus a mhéid arbh fhéidir liom a dhéanamh amach, ní raibh siad i dteagmháil le heach-ainmhithe a raibh galar ionfhabhtaíoch ná galar tógálach orthu le linn na tréimhse 15 lá díreach roimh an mbailiúchán;

II.1.6.8. níor léirigh, lá bailithe na n-ubhán(2)/na suthanna(2) comharthaí cliniciúla de ghalar ionfhabhtaíoch nó tógálach;

II.1.7. a bailíodh(2)/táirgeadh(2) tar éis an dáta a d'fhhormheas údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir an fhoireann bailithe(2)/táirgthe suthanna(2) ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11;

II.1.8. próiseáladh agus stóráladh iad faoi choinníollacha formheasta ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad díreach tar éis a mbailithe,(2)/tar éis a dtáirgthe(2), agus iompraíodh iad faoi dhálaí lena gcomhlíontar na téarmaí a leagtar síos i gCaibidil III(II) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.2. Gineadh na suthanna ar a dtugtar tuairisc i gCuid I trí atáirgeadh saorga(1)/de thoradh toirchiú *in vitro*(2) trí sheamhan a úsáid lena gcomhlíontar ceanglais Threoir 92/65/CEE agus a thagann ó lárionaid bailithe seamhain atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 11(2) nó le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE(9) agus atá lonnaithe faoi seach i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtríú tír nó i gcodanna de chríoch tríú tír a liostaítear i gcolúin 2 agus 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún óna n-údaraítear allmhairiú seamhain eachaí arna bhailiú ó chapaill chláraithe, ó each-ainmhithe cláraithe nó ó each-ainmhithe ar mhaithe le pórúchán agus táirgeacht i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún agus a shonraítear i gcolúin 11, 12 agus 13 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis sin.(10)(11);

(12)[II.3. Comhlíonann na hubháin a úsáidtear ar mhaithe le táirgeacht *in vitro* na suthanna ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ceanglais Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus go háirithe na ceanglais arna socrú i bpointí II.1.1. go II.1.8. den deimhniú seo.]

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh úicítí agus suthanna each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-úicítí agus na suthanna.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY**

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh an áit seolta ag freagairt don fhoireann bailithe suthanna nó don fhoireann táirgthe suthanna a bhailigh/a tháirg, a phróiseáil, a stóráil agus a d'fhormheas na hubháin/na suthanna i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE agus a liostaítear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/equine/index_en.htm.

Bosca I.19: Sonrófar sainaitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: *'Cineál'*: Sonraigh más suthanna arna ndíorthú *in vivo*, ubháin arna ndíorthú *in vivo*, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* nó suthanna micri-ionramháilte iad.

'Uimhir aitheantais': Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

Cuid II:

(1) Tríú tíortha nó codanna de chríoch tríú tíortha a liostaítear i gcolún 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ónar údaraítear each-ainmhithe, nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas freisin agus mar a shonraítear i gcolún 3 den Iarscríbhinn sin, agus na tríú tíortha sin amháin nó na codanna sin amháin de chríoch tríú tíortha.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(3) Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en.

(4) Treoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil agus allmhairí ainmhithe, seamhain, ubhán agus suthanna nach mbeidh faoi réir ceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos i rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE (IO L 268, 14.9.1992, lch. 54).

(5) Treoir 2009/156/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe lena rialaítear gluaiseacht agus allmhairiú each-ainmhithe ó thríú tíortha (IO L 192, 23.7.2010, lch. 1).

(6) Cuir dáta isteach. (lean an Treoraíocht i gCuid II de na Nótaí).

(7) Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmítear chun a áirithiú go bhfíorófar comhlíonadh dlí beatha agus bia ainmhithe, agus rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

(8) Ní éilítear triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil AGID nó Coggins) ná ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí d'each-ainmhithe bronntacha a raibh cónaí orthu go leanúnach san Íoslainn ó rugadh iad, ar choinníoll gur fhan an Íoslainn saor go hoifigiúil ón ainéime thógálach eachaí agus nár tugadh aon each-ainmhí ná a sheamhan, ubhán ná shuthanna isteach san Íoslainn ón taobh amuigh roimh agus le linn na tréimhse inar bailíodh na hubháin nó na suthanna agus inar úsáideadh an seamhan ar mhaithe le toirchiú.

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-B-ENTRY**

	(9) Lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag údarás inniúil tríú tír, críche nó creasa di nó ag údarás inniúil Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún maidir le seamhan each-ainmhithe, agus na lárionaid sin amháin. (10) Údaraítear allmhairí de sheamhan eachaí ó thríú tíortha a liostaítear i gcolún 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún ar choinníoll gur bailíodh an seamhan i gcuid de chríoch an tríú tír a mhionsonraítear i gcolún 4 ó stail bhronntach de chatagóir na n-each-ainmhithe a shonraítear go dearfach i gcolúin 11, 12 nó 13 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis sin. (11) Níl feidhm aige maidir le hubháin. (12) Scrios murar táirgeadh aon cheann de na suthanna sa choinsíneacht trí thoirchiú úicítí *in vitro*.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 65

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE STOIC ÚICÍTÍ AGUS SUTHANNA EACH-AINMHITHE ARNA MBAILIÚ NÓ ARNA DTÁIRGEADH, ARNA BPRÓISEÁIL AGUS ARNA STÓRÁIL I GCOMHRÉIR LE TREOIR 92/65/CEE TAR ÉIS AN 31 LÚNASA 2010 AGUS ROIMH AN 1 DEIREADH FÓMHAIR 2014, ARNA SEOLADH AG AN BHFOIREANN BAILITHE NÓ TÁIRGTHE SUTHANNA A BHAILIGH NÓ A THÁIRG NA HÚICÍTÍ NÓ NA SUTHANNA TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 (SAMHAIL 'EQUI-OOCYTES-EMB-C-ENTRY')

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Príomhúdarás Inniúil** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt IMSOC** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Cóir iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach** **I.17**		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Táirgí geirmeacha				
	I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** **□ Don mhargadh inmheánach** **I.23**		

▼B

I.24 Líon iomlán pacáistí		**I.25 Cainníocht iomlán**		**I.26**	
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-C-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an tréidlia oifigiúil, de chuid na tíre is onnmhaireoir[1]…… leis seo (*ainm na tíre is onnmhaireoir*)

an méid seo a leanas:

II.1. Maidir leis na hubháin[2]/ na suthanna[2] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.2. bhailigh[2]/tháirg[2] an fhoireann[3] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11 iad, a formheasadh agus ar a ndearnadh maoirsiú i gcomhréir le Caibidil I(III) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus ar a ndéanann tréidlia oifigiúil iniúchadh uair amháin ar a laghad gach bliain féilire;

II.1.3. bailíodh[2]/táirgeadh[2], próiseáladh agus stóráladh iad i gcomhréir le ceanglais Chaibidil III(II) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.1.4. bailíodh iad ag áit a bhí scoite ó chodanna eile den áitreabh nó den ghabháltas a bhfuil bail mhaith uirthi agus a glanadh agus a díghalraíodh roimh bhailiú dóibh;

II.1.5. a scrúdaíodh, a próiseáladh agus a pacáladh i saoráidí saotharlainne nach raibh suite i gcrios a bhí faoi réir ag toirmeasc nó ag bearta coraintín mar a leagtar amach i mBosca II.1.6., i roinn atá scoite ón roinn maidir le trealamh a stóráil agus ábhair a úsáidtear i dteagmháil le hainmhithe bronntacha agus ón limistéar mar a láimhseáiltear na hainmhithe bronntacha;

II.1.6. a thagann ó láracha bronntacha:

II.1.6.1. a raibh cónaí orthu go leanúnach ar feadh tréimhse 3 mhí (nó ón uair a tugadh isteach iad má allmhairíodh iad ó Bhallstát den Aontas go díreach le linn na tréimhse 3 mhí) sa tír is onnmhaireoir nó, i gcás réigiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/156/CE[4], sa chuid sin de chríoch na tíre is onnmhaireoir arb amhlaidh maidir léi le linn na tréimhse sin

– nár measadh a bheith ionfhabhtaithe le tinneas Afracach eachaí i gcomhréir le Airteagail 5(2)(a) agus (b) de Threoir 2009/156/CE,

– bhí an chuid sin saor ón einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh 2 bhliain ar a laghad,

– bhí an chuid sin saor ó ionfhabhtú le Burkholderia mallei agus ón ngalar cúplála eachaí ar feadh 6 mhí ar a laghad;

[2]*cibé acu* [II.1.6.2. tháinig siad ó thír is onnmhaireoir a bhí ar an lá bailithe saor ó stómaitíteas saicíneach ar feadh 6 mhí ar a laghad;]

[2]*nó* [II.1.6.2. rinneadh tástáil neodraithe víreas orthu le haghaidh stómaitíteas saicíneach ar shampla fola arna thógáil an.....[5] laistigh de 30 lá roimh bhailiú dóibh, le toradh diúltach de réir caolú séirim 1 ar 12;]

[2]*cibé acu* [II.1.6.3. a bhí lonnaithe le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiúchán i ngabháltais a bhí faoi mhaoirseacht tréidlia a chomhlíon ó lá bailithe na n-ubhán[2]/na suthanna[2] go dtí dáta a seolta na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE, agus go háirithe:]

[2]*nó* [II.1.6.3. a bhí lonnaithe le linn na tréimhse 30 lá dheireanacha roimh bhailiúchán i ngabháltais a bhí faoi mhaoirseacht tréidlia a chomhlíon ó lá bailithe na n-ubhán[2]/na suthanna[2] go dtí, i gcás na n-ubhán reoite,[2]/na suthanna reoite[2], go ndeachaigh tréimhse 30 lá na stórála éigeantaí ag áitreabh formheasta in éag, na coinníollacha maidir le gabháltas a leagtar síos in Airteagal 4(5) de Threoir 2009/156/CE, agus go háirithe:]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-C-ENTRY
	[(2)*cibé acu* [II.1.6.3.1. tar éis cás galair a luaitear thíos níor maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar sin a bhí lonnaithe sa ghabháltas agus go raibh an gabháltas saor: – ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí ar feadh 6 mhí ar a laghad, ag tosú ar an lá a mharaítear na heach-ainmhithe a bhfuil an galar orthu, – ó ainéime thógálach eachaí ar feadh na tréimhse a cheanglaítear ar a laghad chun toradh diúltach a fháil i dtriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil tar éis na hainmhithe ionfhabhtaithe a mharú ar dhá ócáid 3 mhí ó chéile as measc gach ceann de na hainmhithe atá fágtha; – ó stómaitíteas saicíneach ar feadh 6 mhí ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach; – ó chonfadh ar feadh 1 mhí amháin ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach; – ó antrasc ar feadh 15 lá ar a laghad ón gcás taifeadta deireanach,]
	(2)*nó* [II.1.6.3.1. tar éis cás galair a luaitear thíos gur maraíodh ainmhithe uile an speicis atá soghabhálach maidir leis an ngalar atá lonnaithe sa ghabháltas agus tar éis don áitreabh a bheith díghalraithe, agus tar éis don ghabháltas a bheith saor ar feadh 30 lá ar a laghad ó aon chineál einceifealaimiailítis eachaí, ainéime tógálaí eachaí, stómaitítis saicínigh agus confaidh nó 15 lá i gcás antraisc, ag tosú ar an lá tar éis scriosadh na n-ainmhithe gur cuireadh díghalrú an áitribh i gcrích go sásúil;]
	II.1.6.4. le linn na tréimhse 30 lá roimh bhailiúchán i ngabháltais a raibh gach ceann díobh saor ó chomharthaí cliniciúla den mheitríteas tógálach eachaí ar feadh 60 ar a laghad;
	II.1.6.5. nár úsáideadh ar mhaithe le pórúchán nádúrtha iad le linn 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-ubhán nó na suthanna ná idir dáta na gcéad samplaí dá dtagraítear i bpointe II.1.6.6. agus i bpointe II.1.6.7. agus dáta bailithe na n-ubhán agus na suthanna;
	II.1.6.6. a cuireadh, le toradh diúltach, faoi thriail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) nó faoi ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí arna déanamh ar shamplaí fola a tógadh an…….(5), ar tréimhse í le linn an 30 lá roimhe sin roimh dháta an chéad bhailiúcháin ubhán nó suthanna agus rinneadh an tástáil dheireanach ar shampla fola a tógadh an…….(5), nach mó ná 90 lá sular bailíodh na hubhán nó na suthanna(6);
	II.1.6.7. a cuireadh faoi thástáil sainaitheantais oibreáin iad le haghaidh meitríteas tógálach eachaí trí leithlisiú *Taylorella equigenitalis* tar éis saothrú ar feadh 7 go 14 lá arna déanamh agus torthaí diúltacha uirthi i ngach cás ar shamplaí arna dtógáil le linn an 30 lá roimhe sin roimh dháta an chéad bhailiúcháin ubhán nó suthanna ó dhromchlaí múcóis an fhosa brillín agus ó dhromchlaí cuasa brillín ar dhá thréimhse éastrais leantacha an……(5) agus an……..(5), agus ar eiseamal tástála saothrúcháin breise arna thógáil le linn ceann de na tréimhsí éastrais ón gceirbheacs inmheitriam an…….(5);
	II.1.6.8. de réir mar is fearr is eol dom agus a mhéid arbh fhéidir liom a dhéanamh amach, ní raibh siad i dteagmháil le heach-ainmhithe a raibh galar ionfhabhtaíoch ná galar tógálach orthu le linn na 15 lá díreach roimh an mbailiúchán;

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-C-ENTRY

II.1.6.9. nár léirigh, ar lá bailithe na n-ubhán[2]/na suthanna[2] comharthaí cliniciúla de ghalar ionfhabhtaíoch nó tógálach;

II.1.7. a bailíodh[2]/táirgeadh[2] tar éis an dáta a d'fhhormheas údarás inniúil na tíre is onnmhaireoir an fhoireann bailithe[2]/táirgthe suthanna[2] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11;

II.1.8. gur próiseáladh agus gur stóráladh iad faoi choinníollacha formheasta ar feadh 30 lá ar a laghad díreach tar éis a mbailithe,[2]/a dtáirgthe[2], agus gur iompraíodh iad faoi dhálaí lena gcomhlíontar na téarmaí a leagtar síos i gCaibidil III(II) d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE;

II.2. Gineadh na suthanna ar a dtugtar tuairisc i gCuid I trí atáirgeadh saorga[2]/de thoradh toirchiú *in vitro*[2] trí sheamhan a úsáid lena gcomhlíontar ceanglais Threoir 92/65/CEE agus a thagann ó lárionaid bailithe seamhain atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 11(2) nó le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE agus atá lonnaithe faoi seach i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtríú tír nó i gcodanna de chríoch tríú tír a liostaítear i gcolúin 2 agus 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún óna n-údaraítear allmhairiú seamhain eachaí arna bhailiú ó chapaill chláraithe, ó each-ainmhithe cláraithe nó ó each-ainmhithe ar mhaithe le pórúchán agus táirgeacht i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún agus a shonraítear i gcolúin 11, 12 agus 13 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis sin.[7][8];

II.3. Comhlíonann na hubháin a úsáidtear ar mhaithe le táirgeacht *in vitro* na suthanna ar a dtugtar tuairisc thuas ceanglais Iarscríbhinn D a ghabhann le Treoir 92/65/CEE agus go háirithe na ceanglais a shocraítear i bpointe II.1.1. go pointe II.1.8. den deimhniú seo[2].

Nótaí

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh úicítí agus suthanna each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-úicítí agus na suthanna.

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

Bosca I.11: Beidh an áit seolta ag freagairt don fhoireann bailithe suthanna nó don fhoireann táirgthe suthanna a bhailigh/a tháirg, a phróiseáil, a stóráil agus a d'fhormheas na hubháin/na suthanna i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE ón gComhairle agus a liostaítear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

http://ec.europa.eu/food/animal/semen_ova/equine/index_en.htm.

Bosca I.19: Sonrófar sainaitheantas an choimeádáin agus uimhir an tséala.

Bosca I.24: Beidh an líon iomlán pacáistí ag freagairt don líon coimeádán.

Bosca I.27: 'Cineál': sonraigh más suthanna arna ndíorthú *in vivo* iad, úicítí arna ndíorthú *in vivo* iad, suthanna arna dtáirgeadh *in vitro* iad nó suthanna micri-ionramháilte iad.

'Uimhir aitheantais': Beidh aitheantas an ainmhí bhronntaigh ag freagairt d'aitheantas oifigiúil an ainmhí.

'An dáta bailithe/táirgthe': Sonrófar an dáta bailithe san fhormáid seo a leanas: (ll/mm/bbbb).

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-OOCYTES-EMB-C-ENTRY**

	Cuid II: (1) Tríú tíortha amháin nó codanna de chríoch tríú tíortha a liostaítear i gcolún 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún óna n-údaraítear each-ainmhithe, nach each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, a thabhairt isteach san Aontas freisin agus mar a shonraítear i gcolún 3 den Iarscríbhinn sin. (2) Scrios de réir mar is iomchuí. (3) Foirne bailithe nó táirgthe suthanna a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 17(3)(b) de Threoir 92/65/CEE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus na foirne sin amháin: https://ec.europa.eu/food/animals/semen/equine_en (4) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1. (5) Cuir an dáta isteach. (6) Ní éilítear an triail idirleata imdhíonach le glóthach agair (tástáil Coggins) ná ELISA le haghaidh ainéime thógálach eachaí d'each-ainmhithe bronntacha a raibh cónaí orthu go leanúnach san Íoslainn ó rugadh iad, ar choinníoll gur fhan an Íoslainn saor go hoifigiúil ón ainéime thógálach eachaí agus nár tugadh aon each-ainmhithe ná a gcuid seamhain, úicítí agus suthanna isteach san Íoslainn ón taobh amuigh roimh an tréimhse inar bailíodh an seamhan agus lena linn sin. (7) Lárionaid bailithe seamhain atá formheasta ag údarás inniúil tríú tír, críche nó creasa di nó ag údarás inniúil Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le seamhan each-ainmhithe, agus na lárionaid sin amháin. (8) Níl feidhm aige maidir le hubháin.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

▼B

CAIBIDIL 66

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AR COINSÍNEACHTAÍ IAD DE THÁIRGÍ GEIRMEACHA A LIOSTAÍTEAR THÍOS, ARNA SEOLADH TAR ÉIS AN 20 AIBREÁN 2021 ÓN MBUNAÍOCHT PRÓISEÁLA TÁIRGÍ GEIRMEACHA:

— seamhan each-ainmhithe arna bhailiú, arna phróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an Dé Máirt 31 Lúnasa 2010 agus roimh an Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair 2014;

— stoic de sheamhan each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE roimh an 1 Meán Fómhair 2010;

— úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 tar éis an 20 Aibreán 2021;

— stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú nó arna dtáirgeadh, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 30 Meán Fómhair 2014 agus roimh an 21 Aibreán 2021;

— stoic úicítí agus suthanna each-ainmhithe arna mbailiú, arna bpróiseáil agus arna stóráil i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE tar éis an 31 Lúnasa 2010 agus roimh an 1 Deireadh Fómhair 2014

(SAMHAIL ‘EQUI-GP-PROCESSING-ENTRY’)

<table>
<tr><th colspan="3">TÍR</th><th colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach</th></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td>Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe

I.3 Príomhúdarás Inniúil
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a</td><td>Tagairt IMSOC

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td>Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="3">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td>An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td>An tír chinn scríbe</td><td colspan="2">Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td>An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td>An réigiún cinn scríbe</td><td colspan="2">Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td>Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td>Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>I.13</td><td>Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td>Dáta agus am imeachta</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>I.15</td><td>Cóir iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td>Post Rialaithe Teorann um Thabhairt Isteach</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>I.17</td><td>Doiciméid tionlacain
Cineál Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

▼B

I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite
I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala	
I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh**			
	□ Táirgí geirmeacha			
I.21	**□ Le haghaidh iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Don mhargadh inmheánach** **I.23**
I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**			

Cód CN	Na speicis	Fospeiceas/Catagóir		Uimhir aitheantais	Cainníocht
Cineál		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Marc aitheantais	An dáta bailithe/táirgthe	Tástáil

▼B

TÍR **Samhail deimhnithe EQUI-GP-PROCESSING-ENTRY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo maidir le gach:

II.1. Tá an bhunaíocht próiseála táirgí geirmeacha[1] ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.11. ar próiseáladh agus ar stóráladh ann an seamhan[2]/ na húicítí[2]/ na suthanna arna ndíorthú *in vivo*[2]/ na suthanna arna dtáirgeadh *in vitro*[2]/ na suthanna micri-ionramháilte[2] atá le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach:

II.1.1. lonnaithe i dtríú tír, i gcríoch nó i gcrios di

II.1.1.1. údaraithe chun seamhan[2]/ úicítí[2]/ suthanna[2] each-ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas agus liostaithe in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún;

II.1.1.2. inar galair intuairiscithe iad Tinneas Afracach eachaí, einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, ionfhabhtú le *Burkholderia mallei*, surra (*Trypanosoma evansi*), galar cúplála eachaí (*Trypanosoma equiperdum*), ainéime thógálach eachaí, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh, antrasc, ionfhabhtú le hartairíteas víreasach eachaí agus meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*);

II.1.1.3. saor ó Thinneas Afracach eachaí ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí a sheolta/a seolta i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún, agus i gcás nach ndearnadh aon vacsaíniú córasach in aghaidh tinneas Afracach eachaí ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta i gcomhréir le hAirteagal 22(4)(b) den Rialachán sin;

II.1.1.4. i gcás nár tuairiscíodh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;

II.1.1. ina bunaíocht

[2]*cibé acu* [II.1.2.1. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* ar feadh tréimhse 36 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;]

[2]*nó* [II.1.2.1. i gcás nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta, , agus ar thug an Coimisiún aitheantas don chlár faireachais arna dhéanamh in each-ainmhithe pórúcháin sa bhunaíocht tionscnaimh chun a léiriú nach raibh ionfhabhtú i láthair le linn na tréimhse 6 mhí sin;]

[2]*cibé acu* [II.1.2.2. i gcás nár tuairiscíodh an galar cúplála eachaí ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad díreach roimh bhailiú[2]/ tháirgeadh[2] an tseamhain[2]/ na n-úicítí[2]/ na suthanna[2] agus go dtí dáta a sheolta/a seolta;]

▼B

TÍR	Samhail deimhnithe EQUI-GP-PROCESSING-ENTRY
